



COMHAIRLE
NA GAELSCOLAÍOCHTA

Comhairle na Gaelscolaíochta

Plean Forbartha Earnáil GS

[DRÉACHT]

Samhain 2020





Plean Forbartha na hEarnála GS

2^ú Eagrán

Lúnasa 2020

Dréacht

Clár an Ábhair

1.0 Réamhrá

- 1.1 Comhthéacs na Tuarascála
- 1.2 An Próiseas Pleanáil Cheantair agus an Ghaelscolaíocht (GS)
 - 1.2.1 Tuairisc Bain
 - 1.2.2 Athbhreithniú ar an Ghaelscolaíocht
 - 1.2.3 Polasaí Scoileanna Inbhuanaithe
 - 1.2.4 *Providing Pathways*
- 1.3 Achoimre ar an Phróiseas Pleanáil Cheantair
- 1.4 Dualgas Reachtúil na Roinne Oideachais maidir leis an Ghaelscolaíocht
(An Dualgas Reachtúil)
- 1.5 Dúshlán Oideachais, Teanga agus Sochaí sa Earnáil GS
- 1.6 Dúshlán Pleanáil Cheantair & GS
 - 1.6.1 Earnáil atá ag Méadú go Gasta
 - 1.6.2 Saincheisteanna Struchtúracha maidir le Foirmle Choiteann LMS
 - 1.6.3 Bonneagar GS – easpa acmhainneachta le riar ar fhás
 - 1.6.4 Baill foirne agus acmhainní teagaisc a bheith ar fáil
 - 1.6.5 GS á sholáthar trí réimse soláthraithe
 - 1.6.6 Easpa réimse iomlán de sholáthar i gcuid mhór ceantar
 - 1.6.7 Soláthar laistigh d'aonaid agus sruthanna san earnáil Bhéarla
 - 1.6.8 Soláthar réamhscolaíochta
- 1.7 Dúshlán roimh an GS mar ghealla ar phaindéim dhomhanda COVID-19
- 1.8 Dul chun Cinn i dTabhairt faoi Dhúshlán Earnála agus Dúshlán Pleanáil Cheantair
 - 1.8.1 Dul chun Cinn i Soláthar Pleanáil Cheantair

2.0 Fís don Ghaelscolaíocht

3.0 Samhail Riachtanais Earnála don GS

- 3.1 Tréithe earnála
- 3.2 Samhail riachtanas d'fhás na hearnála
 - 3.2.1 Réamh-mheastacháin bunscolaíocht GS
 - 3.2.2 Réamh-mheastacháin iarbhunscolaíocht GS
- 3.3 Impleachtaí na Samhla Fáis Earnála
- 3.4 Áiteanna barrachais agus méadú ar éileamh
- 3.5 Cuspóirí earnála
 - 3.5.1 Creat stóinsithe a bhunú don Phleanáil Cheantair
 - 3.5.2 Pleanáil bhonneagar earnáil GS

4.0 Tacaíocht Oideachais

- 4.1 Sainriachtanais Oideachais (SRO)
- 4.2 Soláthar Múinteoirí
- 4.3 Acmhainní GS
- 4.4 Tacaíocht do Ghobharnóirí
- 4.5 Pobal Foghlama Gaelscolaíochta
- 4.6 Tacaíocht ar Leith ÚO don GS
- 4.7 Oideachas Comhroinnte
- 4.8 Luathbhlianta GS
- 4.9 Bonneagar Tacaíocht Tuismotheoirí
- 4.10 Comhoibriú Trasteorann
- 4.11 Seirbhísí Óige agus Naisc leis an Phobal

5.0 Samhail Fáis Fho-réigiúnach / Gheografach

- 5.1 Cur chuige ón bhonn aníos
- 5.2 Réasúnaíocht sainmhíniú fo-réigiún
- 5.3 Sainmhíniú fo-réigiún

6.0. Anailís agus tosaíochtaí fo-réigiúnacha.

- 6.1 Béal Feirste Theas agus Thiar
- 6.2 Béal Feirste Thuaidh agus Ceantair Máguaird
- 6.3 An tIúr agus an Dún Theas
- 6.4 Co. Ard Mhacha
- 6.5 Tír Eoghain Thoir agus Láir
- 6.6 Doire agus an Srath Bán
- 6.7 Co. Dhoire Tuaithe
- 6.8 Aontroim Thuaidh
- 6.9 Fear Manach

7.0 Conclúid

Aguisíní

Aguisín 1. CnaG report on shortage of Substitute Teachers

Aguisín 2. Summary of recommendations to DE in relation to COVID 19

Aguisín 3. Irish-medium School Leaders' Working Group Report Collaborative *Practice to Drive School Improvement*

Aguisín 4. Area Planning Solution for IME in Derry City

Aguisín 5. Models of recruitment and training of immersion teachers in Wales and Scotland

Aguisín 6. Comhairle na Gaelscolaíochta Issues Paper on LMS Funding for Irish-medium Schools; Revised August 2018.

Tá aguisíní ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle na Gaelscolaíochta: www.comhairle.org

Achoimre ar Ghiorrúcháin

RF	Rollú Faofa
BG	Bord Gobharnóirí
CSCfC	Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil
CnaG	Comhairle na Gaelscolaíochta
COGG	An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
RO	Roinn Oideachais
ÚO	Údarás Oideachais
EOT	Estate Operations Team (sa Roinn Oideachais)
GSSM	Gach Scoil ina Scoil Mhaith (Polasaí de chuid na Roinne Oideachais)
GTCNI	Comhairle Mhúinteoireachta Thuaisceart Éireann
OI	Oideachas Imeachthach
GS	Gaelscolaíocht
InaG	Iontaobhas na Gaelscolaíochta
CRÁ	Ceantar Rialtais Áitiúil
RFT	Rolluithe Fadtéarmacha
NIAO	Oifig Iniúcháireachta Thuaisceart Éireann
NICIE	Northern Ireland Council for Integrated Education
SRO	Sainriachtanais Oideachais

1.0 Réamhrá

1.1 Comhthéacs na Tuarascála

Glactar sa tuarascáil seo cur chuige córasach maidir le forbairt straitéiseach na hearnála Gaelscolaíochta (GS) le cuidiú le gach gníomhaí agus gach páirtí leasmhar san earnáil a threorú ina n-iarachtaí chun forbairt GS ar fud an Tuaiscirt a spreagadh agus a éascú.

Glactar sa tuarascáil seo cur chuige céimnithe le riachtanais na hearnála a leagan amach mar a leanas:

- Ar dtús, leagtar amach inti an comhthéacs straitéiseach agus beartas ina bhfeidhmíonn an earnáil.
- Déantar machnamh oibiachtúil ar na treochtaí ginearálta sa Ghaelscolaíocht.
- Déantar machnamh ar impleachtaí treochtaí níos leithne maidir le riachtanais reatha agus réamh-mheasta na hearnála.
- Scrúdaítear treochtaí sa GC ag leibhéal áitiúil taobh istigh de scoilcheantair atá ann cheana féin nó a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le soláthar iarbhunscoile.
- Féachtar le riachtanais reatha agus réamh-mheasta scoileanna taobh istigh den scoilcheantar a shainmhíniú ag leibhéal áitiúla.

Ullmhaíodh an tuarascáil seo leis an chreat a shocrú faoi choinne pleanáil chuí cheantair agus forbairt straitéiseach earnáil na Gaelscolaíochta ag gach leibhéal sna blianta atá romhainn. Cé nach doiciméad pleanáil cheantair é, úsáidfear é le bonn eolais a chur faoin phróiseas pleanáil cheantair. Ní haidhm dó a bheith ina dhoiciméad doleasaithe agus déanfar é a athbhreithniú ar bhonn bliantúil, bunaithe ar dhul chun cinn i leith na spriocanna éagsúla a bheidh leagtha amach sa doiciméad. Déanfar é seo ag an am céanna le hathbhreithniú bliantúil an phróisis pleanáil cheantair ina mbeidh páirt ag gach earnáil oideachais. Leis an doiciméad seo, cuirfear san áireamh go hiomlán riachtanais pleanáil cheantair earnáil na Gaelscolaíochta.

Comhairle na Gaelscolaíochta

Is í Comhairle na Gaelscolaíochta (CnaG) an eagraíocht atá freagrach as comhairle a bhaineann le forbairt agus soláthar na Gaelscolaíochta (GS) a thabhairt don Roinn Oideachais. Chuir Comhaontú Bhéal Feirste, ar a dtugtar fosta Comhaontú Aoine an Chéasta, dualgas reachtúil ar an RO “*Gaelscolaíocht a spreagadh agus a éascú*”. In Airteagal 89 den Ordú Oideachais (TÉ) 1998 a lean, bhí foráil ann chun ligean don RO deontais a íoc le haon “*chomhlacht a léiríonn don Roinn go bhfuil sé mar chuspóir aige GS a spreagadh nó a chur chun cinn*”. Sa bhliain 2000, bhunaigh an RO Comhairle na Gaelscolaíochta leis an fheidhm seo a chomhlíonadh.

Feidhmeanna Chomhairle na Gaelscolaíochta

Is féidir feidhmeanna Chomhairle na Gaelscolaíochta a léiriú mar a leanas:

- Comhairle, tacaíocht agus eolas maidir le GS a sholáthar do chomhlachtaí deonacha, do chomhlachtaí sna hearnálacha príobháideacha agus pobail, do ghrúpaí ar mian leo

scoileanna agus aonaid GS a bhunú, agus suíomhanna agus cóiríocht chuí agus d'ardcháilíocht a chinntiú don earnáil.

- Forbairt GS agus scoileanna in Éirinn ó thuaidh a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh ar bhealach comhordaithe, pleanáilte, atá éifeachtúil ó thaobh oideachais agus ó thaobh costais de.
- Seasamh go héifeachtach ar son leas na hearnála GS ag gach leibhéal den phróiseas Pleanála Ceantair.
- Comhairle a thabhairt, ina haonar nó i gcomhar le comhlachtaí agus institiúidí eile, ar fhorbairt acmhainní le húsáid san earnáil GS.
- Riachtanais oiliúna na hearnála a shainaithint agus, i gcomhar leis an Údarás Oideachais, cur le forbairt oiliúna saincheaptha do mhúinteoirí, príomhoidí agus gobharnóirí GS.
- Comhairle a thabhairt don Roinn Oideachais maidir le ceisteanna a bhaineann le soláthar múinteoirí agus baill eile foirne don earnáil GS.
- Foinsí maoinithe breise a aithint agus iad a rochtain chun tacú le forbairt na Gaelscolaíochta.

Athbhreithniú ar an Ghaelscolaíocht (2008)

D'fhoilsigh an RO *Athbhreithniú ar an Ghaelscolaíocht* i mí Dheireadh Fómhair 2018 agus leag sí amach go ndéanfadh sí:

“a chinntiú go dtacaítear go hiomlán agus go cuí leis an Ghaelscolaíocht mar chuid lárnach den chóras oideachais agus go gcuireann sé le todhchaí chomhroinnte a thógáil dár saoránaigh uilig bunaithe ar chomhionannas.”

Rinne an tAthbhreithniú 24 moladh san iomlán, ar raon leathan ceisteanna earnála, lena n-áirítear eiseamláirí soláthair in GS; ceisteanna oiliúna agus acmhainne ar fud na hearnála; riachtanais acmhainní GS, lena n-áirítear SRO; bonneagar, agus go tábhachtach i gcomhthéacs na cáipéise seo, agus ó thaobh na Pleanála Áitiúla de, an gá atá le fás in earnáil na Gaelscolaíochta a thuar;

“Mar fhreagairt don fhás réamh-mheasta i líon daltaí a iarrann an Ghaelscolaíocht, tá Comhairle na Gaelscolaíochta, ó bhí 2002 ann, ag forbairt phróiseas na pleanála ar bhonn ceantair don earnáil, cé nach léirítear ina réamh-mheastacháin an rollú íosta faoi mar atá molta in Bain do scoileanna inbhuanaithe. Caithfidh soláthar áiteanna Gaelscolaíochta amach anseo a bheith taobh istigh de chomhthéacs na pleanála áitiúla ar bhonn ceantair atá á forbairt do gach scoil”. (Lch. 31 Para 5.10).

Pléitear go domhain an coincheap d'eiseamláir fáis saincheaptha d'earnáil na Gaelscolaíochta, níos déanaí sa doiciméad seo.

Comhthéacs na Pleanála Áitiúla

Foilsithe i mí Aibreáin 2017, ba é *Providing Pathways* an ÚO an chéad phlean straitéiseach áitiúil ar fud an réigiúin maidir le soláthar oideachais, ag teacht in áit na bpleananna réigiúnacha a dréachtaíodh faoi na Boird Oideachais agus Leabharlainne (roimhe seo). Bhí sé mar aidhm ag an doiciméad seo athruithe beartaithe ar sholáthar oideachais don tréimhse 2017-2020 a chur in oiriúint. Sainaithnítear sa doiciméad an gá atá le forbairt na Gaelscolaíochta a spreagadh agus a éascú mar phríomhthéama ag leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile. Leathnaíodh réimse phlean

2017-2020 go 2021, nuair a cheapfar plan nua chun an tréimhse trí bliana ina dhiaidh sin a chlúdach.

Sa chomhthéacs seo, ullmhaíodh an tuarascáil seo leis an chreat a leagan síos do Phleanáil Cheantair agus d'fhorbairt straitéiseach earnáil na Gaelscolaíochta ag gach leibhéal thar shaolré an phlean. Níl sé beartaithe mar dhoiciméad statach ach déanfar é a athbhreithniú ar bhonn bliantúil, bunaithe ar dhul chun cinn i gcoinne na spriocanna éagsúla atá leagtha amach sa doiciméad. Déanfar é seo in éineacht leis an athbhreithniú bliantúil ar an phróiseas Pleanála Ceantair lena mbaineann gach earnáil oideachais.

Go dtí seo, níor chuimsigh an próiseas Pleanála Ceantair cuspóirí pleanála atá curtha in oiriúint do riachtanais na n-earnálacha éagsúla Ghaelscolaíochta. Tá sé i gceist leis an doiciméad seo cuidiú agus eolas a thabhairt don phróiseas Pleanála Ceantair le haird iomlán a thabhairt ar na riachtanais shonracha seo.

1.2 An Próiseas Pleanáil Cheantair agus an Ghaelscolaíocht (GS)

Tá coincheap na Pleanála Ceantair, atá anois mar bhunús leis an phleanáil go léir do sholáthar oideachais reatha agus sa todhchaí sa tuaisceart, bunaithe go príomha ar Thuarascáil Bain (2006) agus ar thuarascálacha eile a tháinig ina diaidh.

Cúlra Pleanáil Cheantair

1.2.1 Tuarascáil Bain 2006

Ba í Tuarascáil Bain, a foilsíodh in 2006, an príomhdhoiciméad polasaí a chuir tús leis an phróiseas pleanáil cheantair. Leagtar amach sa doiciméad comhthéacs an phróisis iomláin pleanáil cheantair agus tábhacht na pleanála don GS laistigh den phróiseas seo. An tábhacht go háirithe, a bhaineann le pleanáil faoi choinne éileamh ionchais seachas éileamh léirithe ar GS (agus oideachas imeasctha). Fógraíodh an t-athbhreithniú seo i Márta 2006 agus na téarmaí tagartha seo a leanas aige:

“Maoiniú an chórais oideachais a scrúdú, go háirithe pleanáil straitéiseach agus eagrú eastát na scoileanna, ag cur san áireamh na n-athruithe curaclaim, lena n-áirítear soláthar níos leithne do dhaltáí 14-19 bliana le cois treochtaí déimeagrafacha.”

Tá ‘Bain’ iontach úsáideach maidir le socrú paraiméadair córas oideachais ardcháilíochta agus cuirtear béim ar thábhacht cháilíocht an "eispéireas oideachais" sa chiall is leithne. Leagtar béim ar leith ar an chomhghaol idir an pobal agus an córas oideachais le go n-éireoidh go maith le scoil. Moltar in Bain líon íosta fadtéarmach daltaí do scoileanna ag leibhéal na bunscolaíochta (105 i gceantair thuaithe agus 140 i gceantair uirbeacha) agus ag leibhéal na hiarbhunscolaíochta (500). Comhairlítear sa tuarascáil gur chóir polasaí inbhuanaitheachta a fhorbairt agus leagtar amach paraiméadair inbhuanaitheacht scoileanna amach anseo ina mbeidh fócas tréan ar an eispéireas oideachais agus ar an inbhuanaitheacht oideachais.

San am sin, d'aithin Bain gur bhain cuíchóiriú scoileanna go príomha le plé le hearnáil a bhí ag crapadh agus dhírigh sé ar fhabht ríomh figiúirí rollú fadtéarmach (LTE) in earnáil oideachais a bhí ag laghdú. Mar chodarsnacht leis sin, is gá cur chuige eile ar fad in earnálacha ina bhfuil an líon daltaí ag méadú. Go deimhin, aithníonn Bain é seo go follasach i leith na n-earnálacha GS agus Imeasctha:

*“Comhroinnt, na riachtanais réamh-mheasta atá ag gach earnáil bunaithe ar **chur chuige comhleanúnach i leith réamh-mheas rolluithe fadtéarmacha (RFT). Ciallaíonn sé seo pleanáil faoi choinne éileamh ionchais seachas éileamh léirithe san earnáil GS agus san earnáil Imeasctha. Ba chóir go gcuirfí san áireamh sna réamh-mheastacháin gach deitéarmanant bainteach éilimh a oiread agus is féidir ar bhonn praiticiúil, lena n-áirítear déimeagrafaic, bogadh daltaí, aistrithe daonra, forbairt eacnamaíochta, rogha tuismitheoirí agus athruithe i bhfeidhmíocht agus inbhuanaitheacht scoileanna.” Lch. 116 para 9.11 (Linn féin an cló trom ar mhaith le béim).***

Moltar in athbhreithniú ar an Ghaelscolaíocht Bain réimse saincheisteanna a shoiléiriú agus a fhorbairt a bhaineann le GS lena n-áirítear an t-éileamh a réamh-mheas sa todhchaí mar chuidiú d'fhonn riachtanais na hearnála amach anseo a phleanáil. Ba léir gur aithníodh in Bain castachtaí earnáil GS agus an gá a bhí le saothar suntasach a dhéanamh i leith earnáil GS, go háirithe mar gheall ar a riachtanais agus a huailmhianta ar leith.

“Is cosúil, áfach, nach bhfuiltear d'aon tuairim faoi ghnéithe den phróiseas oideachais sa GS agus faoin timpeallacht is fóirsteanaí: ó thaobh oideachais, teanga, cúrsaí sóisialta agus go fisiciúil. Tá gá le tuilleadh díospóireachta le bonn eolais a chur faoi réasúnaíocht i gcomhair samhail chomhaontaithe den tumoideachas, ar aon dul leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta. I bhfianaise an phatrúin fáis atá san earnáil, na gceisteanna ar gá iad a mheas agus comhthéacs pleanála oideachais atá ag athrú as éadan, is é atá á mholadh san Athbhreithniú gur chóir do RO beartas cuimsitheach, soiléir a fhorbairt don GS”. (Lch. 157 Para 11.23).

Rinneadh na saincheisteanna seo a mheas, eagraíodh comhairliúchán ina leith agus foilsíodh iad i ndoiciméad dar teideal *Athbhreithniú ar an Ghaelscolaíocht* ar 09 DF 2008.

1.2.2 Athbhreithniú ar an Ghaelscolaíocht, 2009

Breathnaíodh san athbhreithniú ar réimse leathan de riachtanais forbartha na hearnála agus, rud is tábhachtach ó thaobh na pleanála ceantair de, an gá atá le fás san earnáil GS a réamh-mheas:

“Mar fhreagairt don fhás réamh-mheasta i líon daltaí a iarrann an Ghaelscolaíocht, tá Comhairle na Gaelscolaíochta, ó bhí 2002 ann, ag forbairt phróiseas na pleanála ar bhonn ceantair don earnáil, cé nach léirítear ina réamh-mheastacháin an rollú íosta faoi mar atá molta in Bain do scoileanna inbhuanaithe. Caithfidh soláthar áiteanna Gaelscolaíochta amach anseo a bheith taobh istigh de chomhthéacs na pleanála áitiúla ar bhonn ceantair atá á forbairt do gach scoil”. (Lch. 31 Para 5.10)

Breathnaíodh sa tuarascáil ina dhiaidh sin, ar shamhail fáis don earnáil faoi mar atá leagtha amach sa rannán seo a leanas.

“Éileamh réamh-mheasta ar sholáthar bunscolaíochta trí mheán na Gaeilge

6.3)

Tá éiginnteacht, de nádúr, ag baint le réamh-mheastacháin. D'fhéadfaí cur leis an éiginnteacht seo agus muid ag bogadh ó réamh-mheastacháin ina mbreithnítear pobal iomlán dar aois scoile, mar atá i dtuarascáil Bain, go dtí aon fho-earnáil den pobal aois scoile, amhail pobal aois scoile na Gaelscolaíochta.

6.4)

Tá réamh-mheastacháin, ar ndóigh, tascach agus is gá iad a úsáid agus a léirthuisct ar bhonn réasúnta airdeallach.

6.5) Mar atá leagtha amach i gCaibidil 3, tá méadú ag teacht ar líon na ndaltaí atá sa Ghaelscolaíocht. Réamh-mheasadh an t-éileamh ar sholáthar GS, bunaithe ar shonraí fáis an ama atá caite, mar aon leis na réamh-mheastacháin don soláthar bunscolaíochta ar fad." Baineadh feidhm as an réimse iomlán den fhás iarbhír bliain ar bhliain de chionroinnt na Gaelscolaíochta den soláthar bunscolaíochta: Is é "Íseal" an % fás bliantúil is lú (0.05%), Is é "Meánach," an % meánfhás bliantúil (0.12%), agus is é "Ard" an % fás bliantúil is mó (0.2%). Mar bhonn agus taca ag an chur chuige seo tá an tuiscint gur tomhas maith ar mhéadú éilimh é méadú soláthair. Tá na réamh-mheastacháin léirithe i bhFíor 6.3.

6.6) D'ainneoin an líon daltaí bunscoile a bheith ag titim, fágann an fás réamh-mheasta san éileamh ar GS go dtuairt líon méadaithe daltaí bunscoile GS, fiú má úsáidtear an réamh-mheastachán fáis is ísle.

Éileamh réamh-mheasta ar sholáthar iarbunscolaíochta trí mheán na Gaeilge

6.7)

Ba chasta éileamh ar sholáthar iarbunscolaíochta a réamh-mheas ná soláthar bunscolaíochta. Dála na bunscolaíochta, rinneadh na chéad réamh-mheastacháin bunaithe ar shonraí iarbhír fáis a bhain le héileamh iarbunscolaíochta, ag úsáid % an fháis bhliantúil is lú ("Am atá caite. Íseal" arb ionann é agus 0.005%), an % fás meánach ("Am atá caite. Meánach" arb ionann é agus 0.03%) agus an % fás is mó ("Am atá caite. Ard" arb ionann é agus 0.05%).

6.8) D'fhéadfadh sé nach mbeadh an tuiscint gur tomhas maith é ar fhás san éileamh fás sa soláthar san am atá caite chomh stóinsithe céanna mar gheall ar an rochtain níos teoranta ar sholáthar iarbunscolaíochta trí mheán na Gaeilge. Mar sin de, forbraíodh réamh-mheastacháin bhreise, bunaithe ar na rátaí iarbhír aistrithe ó bhunscolaíocht go hiarbunscolaíocht i mBéal Feirste (mar ar dóchúla gur fearr a léiríonn fás sa soláthar fás san éileamh). Arís, úsáideadh réimse de rátaí iarbhír aistrithe, bunaithe ar shonraí a chuaigh siar deich mbliana: an chuid is ísle (68%), an chuid mheánach (80%) agus an chuid is airde (95%). Thug siad seo % rátaí fáis bliantúla éileamh ar sholáthar iarbunscolaíocht GS dar suim (0.1%); (0.13%) agus (0.16%) faoi seach. Ansin, cuireadh na rátaí aistrithe seo i bhfeidhm i leith dhaltaí uile bunscoile GS le héileamh féideartha sholáthar iarbunscolaíocht GS a thomhas. Leis seo, fuarthas 6 líon daltaí iarbunscolaíochta éagsúla faoi 2016 atá le feiceáil i bhFíor 6.4.

6.9) Léiríonn na trí réamh-mheastachán is ísle mar a d'fhéadfadh an líon daltaí san iarbunscolaíocht athrú mura bhforbrófaí aon soláthar úr. Léiríonn na trí réamh-mheastachán

is airde mar a d'fhéadfadh an líon daltaí san iarbhunscolaíocht athrú dá bhforbrófaí soláthar úr. Mar bhonn agus taca leis seo tá an tuiscint gur gá, maidir leis na réamh-mheastacháin is airde, dóthain daltaí a bheith i gceantar le go n-éileofaí soláthar inmharthana, i scoil neamhspleách, in aonad nó i sruth.

6.10) Breathnaíodh ar an líon iarbhunscoileanna agus aonaid Ghaelscolaíochta a bheadh de dhíth le freastal ar na leibhéil éilimh seo. Aithníodh go bhféadfaí riar ar éileamh méadaithe ar an Ghaelscolaíocht ar roinnt dóigheanna, ag brath ar athróga ar nós dáileadh geografach an éilimh agus acmhainn soláthar reatha nó úr freastal ar an éileamh seo. Lena chois sin, aithníodh go mbeidh tábhacht lena chinntiú, ag an leibhéal áitiúil, go mbeidh an soláthar éifeachtach agus inbhuanaithe.

Achoimre

6.11) D'ainneoin go bhféadann réamh-mheastacháin agus barúlacha faoi ráta fáis cur le hábhair mhachnaimh faoi na blianta atá le teacht, tá an chroítheachtairacht ón anailís ar threochtaí déimeagrafacha soiléir. Tá méadú ag teacht ar an éileamh ar an Ghaelscolaíocht a fhad is atá earnálacha eile Béarla ag crapadh. Gné de chuid an chraptha seo iad athruithe i bpatrúin an tsoláthair scoile agus is intuigthe go dtarraingítear cuid mhór airde orthu siúd. Cuireann ionadaithe de chuid earnáil na Gaelscolaíochta a n-údar imní in iúl go bhféadfadh nach dtarraingeofaí an aird chuí ar na riachtanais atá acusan nuair a chuirtear san áireamh iad i gcomparáid le riachtanais níos feiceálaí an tsoláthair Béarla. D'ainneoin fhás na Gaelscolaíochta ag leibhéal réigiúnach, beidh tábhacht go fóill le soláthar a chinntiú, ag leibhéal áitiúil, a rachaidh i dtreo soláthar inbhuanaithe sna blianta atá le teacht.

Leagtar amach go soiléir san athbhreithniú modheolaíocht faoi choinne "samhail riachtanas" laistigh den earnáil GS nár cuireadh i bhfeidhm go dtí seo i gcomhthéacs foriomlán na planála ceantair agus is aidhm don doiciméad reatha seo an cheist sin a réiteach. Tá cur chuige i leith na planála ceantair sa doiciméad seo bunaithe ar an chur chuige a mholtar san Athbhreithniú ar an GS agus breithnítear réimse de chásanna agus suíomhanna fáis trí úsáid treochtaí ón am a chuaigh thart le bonn eolais a chur faoi réamh-mheastacháin amach anseo ag leibhéal ginearálta ar fud an tuaiscirt agus taobh istigh de bhraislí sainiúla geografacha.

1.2.3 Polasaí Scoileanna Inbhuanaithe - Scoileanna don Am atá le Teacht 2009:

Leagtar amach sa pholasaí seo comhthéacs an phróisis reatha planáil cheantair. Tá achoimre ar fheidhm an doiciméid i dtrí phointe: 1.10-1.12

1.10

Scrúdaítear sa doiciméad seo na ceisteanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht scoileanna a bhaint amach ar chóir dóibh bheith lárnach maidir le planáil soláthar scoileanna amach anseo. Breathnaítear ceist na scoileanna inbhuanaithe i gcomhthéacs Thuarascáil Bain agus leagtar amach critéir agus táscairí a bheidh le húsáid ag an Roinn, ag na húdaráis oideachais, Boird Gobharnóirí scoileanna agus ag an phobal i gcoitinne, mar chuidiú lena mheas cé acu atá nó nach bhfuil scoil oiriúnach don fheidhm nó an bhfuil gá le beart a dhéanamh le tabhairt faoi fhadhbanna inmharthanachta atá ag teacht chun cinn. Is é an cuspóir cáilíocht an oideachais a thairgtear do dhaltaí de gach aois agus cúlra a fheabhsú. Ba chóir go mbeadh ról ag na critéir fosta le cuidiú le scoileanna monatóireacht agus féin-

athbhreithniú a dhéanamh ar a staid reatha agus machnamh a dhéanamh ar an dóigh lena neartú agus a fheabhsú.

1.11

Is rómhinic nach dtéitear i ngleic le hábhair imní faoi inmharthanacht scoile go dtí go mbíonn an líon daltaí tite cheana féin thar roinnt blianta go dtí leibhéal nach bhfuil inghlactha agus gur cuíchóiriú an t-aon rogha amháin. Is leithne i bhfad an tacar critéar atá leagtha amach sa doiciméad seo ná tairseacha rollúcháin agus is aidhm dóibh creat a chur ar fáil faoi choinne breithniú agus beartaíocht luath de réir mar is gá ionas gur féidir breathnú ar na roghanna is fearr a fhreastalaíonn ar riachtanais oideachais phobal na háite. Leis na critéir seo fosta, cinnteofar trédharcacht, comhleanúnachas agus cothroime sa chinnteoireacht ar an inbhuanaitheacht i scoileanna agus in earnálacha de gach cineál.

1.12

Trí na saincheisteanna seo a scrúdú, breithnítear sa doiciméad seo fosta an tábhacht atá le comhroinnt agus comhoibriú agus mar a thig le hearnáil an oideachais cur leis sin trí fhreastal ar an ghá atá le scoileanna inbhuanaithe. Baineann an polasaí leis na scoileanna deontaschúnta uile atá againn.”

Leagtar amach sa pholasaí táscairí scoil inbhuanaithe agus, mar sin de, an creat trínar chóir breathnú ar an phleanáil faoi choinne soláthar reatha agus feasta. Níos faide ar aghaidh sa doiciméad seo, tagraítear do na hearnálacha Imeasctha agus GS agus admhaítear go lom go gcaithfear freagairt go dearfach don éileamh atá ag tuismitheoirí ar GS agus ar an oideachas Imeasctha gan a aithint gur gá breithniú ar shamhail riachtanas ná ar phlean do na hearnálacha seo atá ag fás. Maítear sa doiciméad go gcaithfear plé le riachtanais gach cáis, seachas dul i mbun dearcadh straitéiseach ar riachtanais na hearnála a réamh-mheas. Níl aon tagairt ann don chur chuige a mholtar in Bain agus mar a forbraíodh an tAthbhreithniú ar an Ghaelscolaíocht.

Tá achoimre sa doiciméad Scoileanna Inbhuanaithe ar an bhonn atá leis an phróiseas pleanáil cheantair agus is léir go bhfuiltear ag moladh go bhfuil an phleanáil cheantair le déanamh ar bhonn córas iomlán, ag cur san áireamh tionchair laistigh agus ar fud ceantar agus ar fud earnálacha.

Cuid ríthábhachtach den mheasúnú seo an tionchar ag earnálacha atá ag fás go measartha gasta, lena n-áirítear GS agus Imeasctha agus an gá atá le méaduithe sa líon daltaí sna hearnálacha seo a réamh-mheas agus pleanáil ina leith. Níor pléadh leis seo go follasach sa doiciméad Scoileanna Inbhuanaithe agus go dtí seo níor tugadh aird air sa phróiseas Pleanáil Cheantair.

1.2.4 Providing Pathways

Foilsithe i mí Aibreáin 2017, is é *Providing Pathways* an ÚO an chéad phlean straitéiseach áitiúil ar fud an réigiúin maidir le soláthar oideachais, ag teacht in áit na bpleananna réigiúnacha a dréachtaíodh faoi na Boird Oideachais agus Leabharlainne (roimhe seo). Tá sé mar aidhm ag an doiciméad seo athruithe beartaithe ar sholáthar oideachais don tréimhse 2017-2020 a chur in oiriúint. Saináithnítear sa doiciméad an gá atá le forbairt na Gaelscolaíochta a spreagadh agus a éascú mar phríomhthéama ag leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile araon.


Taobh istigh den doiciméad sainaithníodh na príomhréimsí seo a leanas le haghaidh forbartha sna hEarnálacha Bunscolaíochta agus Iarbhunscolaíochta:

Bunscolaíocht	Iarbhunscolaíocht
Líon na n-áiteanna atá ar fáil i scoileanna a laghdú	Líon na n-áiteanna atá ar fáil i scoileanna a laghdú
An soláthar a mheaitseáil le treochothaí daonra	Aghaidh a thabhairt ar sholáthar scoile nach bhfuil inbhuanaithe.
Aghaidh a thabhairt ar sholáthar scoile nach bhfuil inbhuanaithe	Soláthar scoile a shocrú le rochtain chothrom a sholáthar do dhaltáí ar chonairí an Chreata Teidlíochta
Cáilíocht an tsoláthair a fheabhsú a thuilleadh	An soláthar a mheaitseáil le treochothaí daonra
An gá atá ann ‘Oideachas Comhroinnte’ a spreagadh, a éascú agus a chur chun cinn	Cáilíocht an tsoláthair a fheabhsú a thuilleadh
An dualgas atá ann forbairt soláthair inbhuanaithe sna hEarnálacha Imeachta agus Gaelscolaíochta a spreagadh agus a éascú	An gá atá ann ‘Oideachas Comhroinnte’ a spreagadh, a éascú agus a chur chun cinn
-	An dualgas atá ann forbairt soláthair inbhuanaithe sna hEarnálacha Imeachta agus Gaelscolaíochta a spreagadh agus a éascú

1.3 Achoimre ar Phróiseas na Pleanála Ceantair

Cuireadh an próiseas pleanála ceantair i bhfeidhm i gcomhthéacs an chreata reachtaíochta agus polasaí thuas. Cuireadh an próiseas i bhfeidhm agus eagraítear é i dtimthriall trí bliana. Is é aidhm an timthrialla soiléireacht a sholáthar do scoileanna, do thuismitheoirí agus don phobal i gcoitinne maidir le cineál, scóip agus comhuainiú na dtograí atá á mbeartú do cheantar. Mar aon le Plean Ceantair Straitéiseach trí bliana, déantar Pleananna Gníomhaíochta Bliantúla a chur ar fáil chun na gníomhartha atá sa Plean Réimse Straitéiseach ardleibhéil a chur i bhfeidhm.

Le struchtúr rialachais comhdhéanta de thrí ghrúpa, tá na comhlachtaí seo a leanas bainteach: An tÚdarás Oideachais, Comhairle na Gaelscolaíochta, CSCC, Cumann na gComhlachtaí Rialaithe, NICIE, Catholic Schools’ Trustee Service agus an Roinn Geilleagair.



Grúpa Stiúrtha Pleanáil Cheantair

Is é ról an GSPC tacú leis an RO maidir le polasaí agus tosaíochtaí Aire a chur i bhfeidhm, agus ar an bhealach sin, an próiseas Pleanáil Cheantair a leabú a thuilleadh. Tá ról tábhachtach ag an GSPC maidir le cur chuige saincheaptha agus comhsheasmhach a chinntiú maidir le Pleanáil Ceantair agus lena chur i bhfeidhm, grinnscrúdú a dhéanamh ar ghníomhartha a éiríonn as Pleananna Ceantair, réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíochta a shainaithint, agus mí-ailíniú nó bearnaí i bpolasaithe a shainaithint agus iad a chur faoi bhráid an RO.

Grúpa Oibre Pleanáil Cheantair

Is é ról an GOPC na húdaráis phleanála agus na comhlachtaí earnála a bhfuil baint acu le gnéithe oibríochta na Pleanála Ceantair a thabhairt le chéile. Tá cur chuige an GOPC comhsheasmhach leis an 11 Cheantar Rialtais Áitiúil. Pléann agus aontaíonn gach ceann de na GAPC na saincheistanna agus na dúshláin atá roimh gach ceantar.

Grúpaí Áitiúla Pleanáil Cheantair

Is é ról an GÁPC na páirtithe leasmhara agus na comhlachtaí earnála áitiúla a thabhairt le chéile leis na húdaráis phleanála mar aon le haon pháirtithe leasmhara ábhartha eile (lena n-áirítear Breisoideachas). Pléann an GÁPC saincheistanna ag leibhéal áitiúil, déanann siad athbhreithniú ar Phleananna Ceantair atá ann cheana, cuireann siad riachtanais áitiúla san áireamh agus cinntíonn siad go léiríonn pleananna riachtanais reatha na ndaltaí sa cheantar sin, chomh maith le riachtanais a d'fhéadfadh a bheith ann feasta, agus nuair is gá, go dtabharfaidh siad saincheistanna ábhartha ar díol spéise níos leithne iad le réiteach nó le tarchur chuig an GSPC.

Mar a léiríodh thuas, ba é doiciméad *Providing Pathways* an ÚO, a foilsíodh in 2017, an chéad phlean ceantair straitéiseach ar fud an réigiúin maidir le soláthar oideachais, ag teacht in áit na

bpleananna réigiúnacha a dréachtaíodh faoi na Boird Oideachais agus Leabharlainne (roimhe seo). Seo an doiciméad reatha a leagann amach na príomhréimsí le haghaidh gníomhaíochta chun athruithe ar sholáthar oideachais a chur i gcrích don tréimhse 2017-2020.

1.4 Dualgas Reachtúil na Roinne Oideachais maidir leis an Ghaelscolaíocht (*An Dualgas Reachtúil*)

Mar a dúradh i gcuid 1.1, chuir Airteagal 89 den Ordú um Oideachas (TÉ) 1998 dualgas reachtúil ar an RO “Gaelscolaíocht a spreagadh agus a éascú” (cuireadh an dualgas reachtúil céanna ar an RO maidir le hOideachas Imeachtha agus ina dhiaidh sin cruthaíodh dualgas den chineál céanna don Oideachas Comhroinnte) . Cuireann sé seo freagrachtaí breise ar an RO nach mór di a chur san áireamh agus an próiseas Pleanáil Cheantair á sholáthar.

Is faoin reachtaíocht thuas a bunaíodh CnaG le comhairle a bhaineann le forbairt agus soláthar na Gaelscolaíochta (GS) a chur ar fáil don Roinn Oideachais. Áirítear leis seo treoir agus tacaíocht maidir le dualgas reachtúil na Roinne a chomhlíonadh tríd an Phróiseas Pleanáil Cheantair.

Ar dtús, bhí an Roinn Oideachais den tuairim go raibh sé de dhualgas uirthi oideachas GS a spreagadh agus a éascú faoi airteagal 89 den Ordú Oideachais. Rinneadh an tuairim seo a cheistiú maidir le soláthar iompar scoile don GS i gcás Athbhreithniú Breithiúnach McKee V An Roinn Oideachais. Ina rialú in 2011, shoiléirigh an Breitheamh Treacy an méid seo faoin dualgas reachtúil seo “ní hionann nach bhfuil ann ach sprioc mhianaidhme” ach “tá – agus bhí sé beartaithe go mbeadh - iarmhairtí praiticiúla agus tábhachtach reachtach ag baint leis.”

Go bunúsach, tugann sé seo cumhacht agus oibleagáid don Aire an dualgas reachtúil a chomhlíonadh agus tacaíocht bhreise airgeadais, nó tacaíocht eile, a sholáthar má theastaíonn sé seo le GS a spreagadh agus a éascú. Shoiléirigh an Breitheamh Treacy fosta gur féidir é seo a dhéanamh gan fasaigh a chruthú d’earnálacha eile.

De réir bhreithiúnais an Bhreithimh Treacy ina dhiaidh sin in 2014, i gcás iarratais ar Athbhreithniú Breithiúnach a rinne Coláiste Imeachtha Dhroim Rátha ar an Ómaigh, tugadh soiléiriú breise maidir le sainmhíniú an dualgais reachtúil (a bhain le hearnáil na Gaelscolaíochta agus leis an earnáil Imeachtha araon). Tá an cas seo ábhartha go háirithe don phróiseas reatha Pleanáil Cheantair agus cionn is nach nglacann an próiseas Pleanáil Cheantair leis go mbeidh fás sna hearnálacha imeasctha nó GS. D’aithin cinneadh Dhroim Rátha teorainneacha na heiseamláire riachtanas i bPleanáil Ceantair go sonrach maidir leis an dualgas reachtúil na hearnálacha sin a spreagadh agus a éascú. Dá réir sin sa chás sin d’ordaigh an chúirt go gcaithfidh an RO a bheith “beo” dá dualgas spreagadh agus éascú “ag gach leibhéal lena n-áirítear an leibhéal straitéiseach” (Treacy J).

Is léir ó chinneadh Dhroim Rátha nach bhfuil an cur chuige pleanála ceantarbhunaithe curtha in oiriúint le forbairt na hearnála Imeachtha nó na hearnála GS a éascú agus a spreagadh. Rialaigh An Breitheamh Treacy go háirithe go léiríonn tairseacha a leagtar amach ar bhonn na hearnála traidisiúnta seanbhunaithe, constaic ar fhorbairt na hearnála imeasctha (agus ar fhorbairt na hearnála GS, dá réir).

I bhfianaise na gcásanna cúirte a luaitear thuas, is léir go bhfuil sé de chumhacht ag an Roinn Oideachais, nuair a chuirtear an dualgas reachtúil maidir leis an Ghaelscolaíocht i bhfeidhm,

déileáil le GS ar bhealaí éagsúla ná mar a dhéanadh sí murach sin leis an earnáil a spreagadh agus a éascú, lena n-áirítear ar leibhéal straitéiseach agus polasaí, agus caithfidh sí gníomhú leis an dualgas reachtúil a chur chun feidhme mar is ceart.

1.5 Dúshláin Oideachais, Teanga agus a bhaineann leis an tSochaí in Earnáil na Gaelscolaíochta

Ag eascirt ón taighde thuas agus ó thaithí carntha CnaG taobh istigh den earnáil, tá raon leathan dúshlán ann maidir le GS a fhorbairt agus a chur chun cinn atá sa bhreis ar na dúshláin shuntasacha oideachais, bhuiséadacha agus acmhainní atá ag dul i méid san earnáil Bhéarla. Baineann siad seo le riachtanais bhreise ar leith na hearnála seo agus tá na dúshláin ghinearálta seo a leanas san áireamh:

- **Fócas Aonteachais an Chórais Oideachais** - i dtéarmaí ginearálta, forbraítear polasaithe na Roinne Oideachais agus a bhfeidhmiú go príomha don earnáil Bhéarla agus ní i gcónaí a fhóireann siad don earnáil GS. Mar cheannródaithe tumoideachais/oideachas dátheangach, tá dúshláin ar leith roimh Ghaelscoileanna maidir le soláthar churaclam scoile TÉ, a bhaineann le hoideolaíocht agus cleachtas, cion curaclaim agus acmhainní. Is croícheist é an soláthar Sainriachtanais Oideachais don earnáil GS ag leibhéal na bunscolaíochta agus na hiarbhunscolaíochta araon. Lena chois sin, níl uirlisí fóirsteanacha ann faoi láthair san earnáil GS le dul chun cinn daltaí a mheas go beacht. Is gá an réimse reatha de sheirbhísí curaclaim agus tacaíochta daltaí eile a sholáthraítear i mBéarla a chur ar fáil i nGaeilge don earnáil GS.
- **Tionchar an-diúltach ag ranganna móra ar fhorbairt theangeolaíoch** - mar gheall ar shrianta buiséid tá méideanna ranga níos mó i bhfad níos coitianta agus cé go bhfuil méideanna móra ranganna i bhfad ón bharrmhaith san earnáil Bhéarla, tá tionchar an-díríreach acu ar Ghaelscoileanna mar gheall ar an mhéid breise riachtanais theangeolaíochta atá ag páistí nach cainteoirí dúchais iad in earnáil na Gaelscolaíochta. Níl sé neamhchoitianta ranganna suas le 30 páiste a bheith á dteagasc i rang ilchodach trí theanga nach í an mháthairtheanga í ag aon mhúinteoir amháin gan cuidiú cúntóir ranga. In Albain, leagtar amach i dTreoir Reachtúil Bórd na Gaidhlighe (Arna réiteach faoi Alt 9 den Gaelic Language (Scotland) Act 2005) 25 mar an mhéid comhranga uasta agus tá moltaí tréana ann le héifeachtacht na timpeallachta teanga a chothú trí mhéideanna ranganna a íoslaghdú agus cúntóirí teanga a thabhairt isteach. Moltar nár chóir go mbeadh méideanna na ranganna níos mó ná 25 páiste. Tá forbairt theangeolaíoch éifeachtach na bpáistí rithábhachtach dá ngnóthachtáil oideachais agus tá an staid reatha, ina bhfuil méid na ranganna ag fás agus tuilleadh comhranganna, ina bagairt mhór ar earnáil na Gaelscolaíochta.
- **Easpa múinteoirí agus foirne coimhdeacha a bhfuil leibhéal arda líofachta sa Ghaeilge acu**
Is í an earnáil is mó fáis í sa chóras oideachais faoi láthair, agus tá riachtanais mhóra soláthair múinteoirí agus foirne coimhdeacha ag an Ghaelscolaíocht. Tá straitéis de dhíth go práinneach le soláthar múinteoirí agus cúntóirí ranga san earnáil GS a mhéadú, le coinneáil suas leis an fhás san éileamh, go háirithe san oideachas iarbhunscoile, de réir dhualgas reachtúil na Roinne Oideachais. Pléitear an cheist seo níos mionsonraithe i mír 4.3 thíos.

- **Acmhainní** – Tá easnamh suntasach acmhainní teagaisc sainoiriúnaithe ann go fóill san earnáil GS. Le blianta beaga anuas tá líon na n-acmhainní méadaithe - tá RO agus CCSM ag tabhairt faoin dúshlán seo chomh maith leis an aonad tacaíochta GS in ÚO. Ach tá easnamh mór acmhainní ann go fóill, go háirithe ag leibhéal na hiarbhunscolaíochta.
- **Easpa eagrais foirmiúil tacaíochta do thuismitheoirí** - ní cainteoirí Gaeilge iad bunús mór maith thuismitheoirí páistí a bhíonn ag freastal ar an Ghaelscolaíocht. Bíonn an chuid is mó acu ag brath ar ghréasán tacaíochta neamhfhoirmiúil agus ar a seiftiúlacht féin maidir le heolas agus tacaíocht a fháil a bhaineann le hoideachas a bpáistí.
- **Easpa comhthéacs sóisialta don teanga** - i dtaca le cuid mhór páistí a bhíonn ag freastal ar an Ghaelscolaíocht agus a bhfuil Gaeilge acu, is teoranta na deiseanna a bhíonn acu a líofacht a fhorbairt taobh amuigh den scoil - Tá gá le soláthar cuimsitheach seirbhís óige. Ag an chuid is mó de pháistí is gníomhaíochtaí óige an t-aon chomhthéacs sochtheangeolaíoch atá acu don Ghaeilge agus dá thoradh sin, is tábhachtaí i bhfad gníomhaíochtaí óige do dhaltaí GS ná do dhaltaí earnáil an Bhéarla.
- **Easpa eolais agus tuisceana ar GS sa mhórphobal i gcoitinne** - Go ginearálta, tá easpa eolais faoin GS agus faoin tumoideachas i measc an phobail i gcoitinne agus ní fhreastalaíonn ach fíorbheagán daltaí ón phobal thraidisiúnta Aontachtach/Protastúnach ar scoileanna GS. Tá gá le forbairt straitéise a spreagfaidh agus a chuirfidh chun cinn an GS dóibh siúd ar de phobal traidisiúnta Aontachtach/Protastúnach iad.

D'ainneoin an iomad dúshlán atá roimh an earnáil, rinneadh cuid mhór dul chun cinn le deich mbliana anuas.

1.6_Dúshlán Pleanáil Cheantair agus GS

Le cois na ndúshlán ginearálta thuas, tá réimse de dhúshlán ann a bhaineann go sonrach leis an phróiseas pleanáil cheantair agus ar gá iad a bhreathnú ar bhonn níos doimhne mar seo a leanas

1.6.1 Earnáil atá ag fás go gasta


Fás gasta GS atá taobh thiar de bhunús na ndúshlán suntasach atá roimh an earnáil i dtaca le pleanáil cheantair de. Go dtí seo, is fás orgánach a bhí ann den chuid is mó agus is grúpaí áitiúla a bhí á thiomáint agus cinneadh déanta acu soláthar GS a bhunú ina gceantair féin. I mbunús na gceantar tá an líon daltaí ag méadú le 20 bliain anuas agus b'iondúil gur ar bhonn bliain ar bhliain a pleanáladh forbairt agus méadú. I gcuid mhór cásanna, is é an toradh atá air seo, cur chuige ad hoc agus frithghníomhach i leith phleanáil fhorbairt straitéiseach scoileanna aonair agus na hearnála go

ginearálta. Ta cuid mhór de na scoileanna iontach óg agus níl aibíocht/cothromaíocht bainte amach acu i dtéarmaí daltaí ag teacht agus ag imeacht.

D'fhás an earnáil GS go suntasach le 20 bliain anuas. Le linn na tréimhse seo mhéadaigh rolluithe fhoriomlána san earnáil bhunscolaíochta ó thimpeall 2,700 in 2009 go dtí 4,500 i Meán Fómhair 2019. Is ionann é seo agus fás tuairim ar 65% san earnáil thar thréimhse deich mbliana nó breis bheag agus 5% cumaiscthe sa bhliain. Le linn na tréimhse céanna mhéadaigh líon na ndaltaí úra san earnáil faoi bheagnach 85% (6.5% cumaiscthe) ó thimpeall 400 dalta in 2009 go dtí 739 i Meán Fómhair 2019.


Le cúig bliana anuas, moillíodh an fás beagán agus is díreach faoi bhun 3.5% atá meán-mhéaduithe bliantúla iontrálacha agus méaduithe thart faoi 5.2% sa bhliain i rollú foriomlán san earnáil. Is figiúirí cumaisc fáis iad seo agus léirítear iontu fás láidir comhsheasmhach san earnáil.

Tá an fás sna rolluithe foriomlána comhleanúnach go leor agus léirítear sa ghraf seo a leanas an treocht fáis in earnáil na bunscolaíochta le deich mbliana anuas:




Ar na himpleachtaí tábhachtacha atá leis an fhás ghasta seo tá go bhfuil an déimeagrafaic scoile san earnáil GS claonta i dtreo bhlianta Eochairchéim 1 - d'fhág thart ar 500 páiste R7 i Meitheamh 2019 agus tháinig 735 isteach i R1 ina n-áit.

Is é impleacht na déimeagrafaice seo, fiú má tá fás 0% sa teacht isteach bliantúil san earnáil, go méadódh an líon daltaí in GS go mór. Sa ghraf seo a leanas tá an tionchar seo á léiriú trí threochtaí an ama atá caite a chumasc le méadú 0% in iontrálacha.



Léirítear sa ghraf thuas go méadódh sé ó 4,501 go 5015 faoin scoilbhliain 2025/26 mura mbeidh aon mhéadú ar na hiontrálacha bliantúla reatha ar an rollú foriomlán san earnáil. Chiallódh sé seo cothrom le méadú iomlán de níos mó ná 500 dalta nó 11.4% i méid foriomlán na hearnála. Taispeánann sé seo go dtig linn a bheith beagnach cinnte go mbeidh acmhainní suntasacha breise de dhíth le freastal ar an éileamh folaigh seo, beag beann ar aon mhéadú breise ar rolluithe bliantúla san earnáil.

Má chuirtear cur chuige comhchosúil i bhfeidhm maidir le hearnáil na hiarbhunscolaíochta (.i. má tá ráta aistriithe Mheán Fómhair 2019 de 55% ó bhunscoil GS go hiarbhunscoil) feicfidh earnáil na hiarbhunscolaíochta méadú 978 dalta nó 74% sna 6 bliana amach romhainn. Is ionann seo agus meánfhás bliantúil de 9.65%. Tá an fás réamh-mheasta suntasach seo ar líon iarbhunscolaíochta mar thoradh ar an líon méadaitheach páistí a bheidh ag bogadh ar aghaidh ón GS sna blianta amach romhainn.



Le freastal ar an éileamh folaigh seo, mar aon leis an fhás ionchasach ar rolluithe taobh istigh den earnáil, beidh gá le pleananna a leagan amach agus a chur i gcrích le haghaidh múinteoirí breise, cóiríocht bhreise agus soláthar breise suntasach ag leibhéal na hiarbhunscolaíochta. Nuair a chuirtear san áireamh an drochdhóigh atá ar go leor de na foirgnimh san earnáil, méadóidh sé seo an brú ar acmhainní atá faoi bhrú cheana féin agus, mar sin de, tá riachtanas práinneach straitéis foirgneamh scoile a bheith ann don earnáil.

Anois tá sé ríthábhachtach pleanáil go straitéiseach le tacú le feabhsú an tsoláthair atá ann cheana agus le freastal ar fhás sa todhchaí. Tá sé iomlán riachtanach anailís a dhéanamh ar na treochoití i ndáil leis na rolluithe seo atá ag fás ar fud na hearnála agus réamh-mheastacháin a chur ar fáil a chuideoidh le bun eolais a chur ar fáil don earnáil agus pleanáil don fhás seo. Beidh sé seo riachtanach maidir le réimsí éagsúla a phleanáil lena n-áirítear an gá le múinteoirí breise, acmhainní teagasc agus cóiríocht nua, chomh maith le pleanáil do sholáthar scoile nua.

1.6.2 Saincheistanna struchtúir a bhaineann le Comhfhoirmle Mhaoiniúcháin BÁS

Dála an chuir chuige san oideachas trí mheán na Breatnaise sa Bhreatain Bheag, san oideachas trí mheán na Gaidhlice in Albain agus GS i ndeisceart na hÉireann, tríd an fhoirmle mhaoiniúchán scoile, cuirtear maoiniú breise per capita ar fáil do Ghaelscoileanna as siocair an ábhair bhreise churaclaim agus na ndúshlán suntasach breise a bhaineann le tumoideachas teanga mhionlaigh a sholáthar. Is den riachtanas an maoiniú breise seo lena chur ar chumas scoileanna oideachas ardcháilíochta a sholáthar dá bpáistí agus is luach maith ar airgead iad torthaí breise an chórais.

Tá corpas suntasach taighde idirnáisiúnta ann ina sainithnítear torthaí feabhsaithe oideachais na samhla oideachais dhátheangaigh a bhfuil an cur chuige céanna ann agus atá san oideachas GS. Áirítear leis seo "an dátheangachas suimitheach" ina sealbhaíonn páistí an dara teanga go dtí leibhéal ard líofachta agus iad ag feidhmiú lán chomh maith, ar a laghad, lena macasamhla aonteangacha sna hábhair eile churaclaim. Tá go leor fianaise ann fosta a thabharfadh le fios go bhfuil cumais fheabhsaithe smaointeoireacht chognaíoch agus réiteach fadhbanna ag páistí atá dátheangach ina luathbhlianta. Sainithníodh i dtaighde a rinneadh ar na mallaibh fosta go bhfuil buntáistí suntasacha meabhairshláinte ag páistí atá dátheangach ina luathbhlianta agus áirítear leis seo moill shuntasach a chur ar an néaltrú.

LMS (Bainistíocht Áitiúil Scoileanna)

Tá tús curtha ag an Roinn le hathbhreithniú a dhéanamh ar phróiseas Foirmle Choiteann Mhaoinithe an LMS a athbhreithniú. Tá baint ghníomhach ag CnaG leis an Ghrúpa Stiúrtha i bhforbairt tograí don athbhreithniú agus tá páipéar Saincheisteanna na Gaelscolaíochta curtha isteach aici le breithniú (féach Aguisín 6). Seo a leanas achoimre ar na príomh-mholtaí chun aghaidh a thabhairt ar na rudaí a shainithníonn CnaG mar laigí struchtúir san Fhoirmle Choiteann Mhaoinithe. Measann CnaG nach dtugann an fhoirmle reatha aghaidh ar riachtanais iomlána na hearnála, agus na riachtanais, na dúshláin agus an brú curaclaim breise atá os a comhair á gcur san áireamh.

- Méadú ar Fhachtóir Churaclaim & Riaracháin na Gaelscolaíochta

I ndiaidh Tuarascáil Salisbury in 2013, mar a moladh, bhí ardú i gCuraclam agus i bhfachtóir Riaracháin na Scéime Maoinithe Coitinne ach níor cuireadh i bhfeidhm é ach amháin in earnáil iarbhunscoile na Gaelscolaíochta.

De réir na saincheiste a sainithníodh i dTuarascáil Salisbury (2013), "Tá costais bhreise ag Gaelscoileanna a bhaineann le soláthar acmhainní agus forbairt curaclaim sa Ghaeilge, nach mór á léiriú sna leithdháiltí maoinithe". Moltar, ar a laghad, curaclam bunscoile GS agus an Fachtóir Riaracháin a ardú óna leibhéal reatha go dtí, ar a laghad, an leibhéal atá socraithe cheana féin le haghaidh iarbhunscoileanna GS.

- Fachtóir Tumoideachais Tosaigh na Gaelscolaíochta

Mar an gcéanna leis an réasúnaíocht atá taobh thiar den fhachtóir do pháistí atá i ndiaidh bogadh go dtí an tír seo, tagann go leor daltaí GS ó chúlra nach í teanga an teagaisc teanga an bhaile agus nach bhfuil Gaeilge ag a dtuismitheoirí. Tá an míbhuntáiste breise ag páistí GS de bhreis ar pháistí inimirceach sa mhéid go mbíonn blaiseadh sóisialta nó comhthéacsúil teoranta acu go ginearálta do theanga an teagaisc taobh amuigh den scoil, ina saol laethúil nó in idirghníomhaíocht phoiblí. Cuireann sé seo ualaí breise ar na scoileanna agus ar na páistí araon líofacht sa sprioctheanga a fhorbairt, go háirithe ag bonnchéim na scoile.

Dá bhrí sin, molann CnaG, Fachtóir Tumoideachais Tosaigh a thabhairt isteach do pháistí GS nach labhraíonn Gaeilge sa bhaile don chéad trí bliana dá bhfreastal ar scoil leis an tumoideachas a mhéadú agus dul chun cinn maidir le líofacht sa Ghaeilge a éascú sna blianta

fíorthábhachtacha seo ar scoil. Ligfeadh an maoiniú breise do scoileanna a leibhéal tumoideachais a mhéadú agus céimeanna a ghlacadh le tacú leis na páistí líofacht a thógáil agus aschuir oideachais a fheabhsú don chuid eile dá gcuid oideachais.

1.6.3 Bonneagar GS – gá le pleanáil le hacmhainn a sholáthar chun riar ar an fhás

Mar gheall ar an earnáil a bheith measartha úr agus ar a fás gasta, tá róphlódú agus barraíocht cóiríocht shealadach aici i gcomparáid leis an earnáil Bhéarla go ginearálta. Aithnítear gur éascaigh infhaighteacht an Pholasaí Cíosa Suímh bunú agus fás scoileanna úra roimh shealbhú suíomh buan. Is é an toradh atá air seo fosta, áfach, cuid mhór foirgnimh agus suíomhanna scoile nach bhfuil fóirsteanach dá riachtanais reatha ná fadtéarmacha.

I Meitheamh 2016, beidh timpeall 500 páiste ag aistriú ó R7 go dtí an iarbhunscolaíocht agus beidh 735 ag dul isteach i R1, rud a léiríonn go bhfuil an earnáil ag fás léi.

Léiríodh i mír 1.6.1, fiú gan aon mhéadú i rolluithe bliantúla go bhfásfaidh an líon páistí sna hearnálacha bunscolaíocht agus iarbhunscolaíocht GS faoi 11.4% agus 74% faoi seach. Ba chóir gur "bunlíne" é an cumas folaigh fáis seo san earnáil maidir le pleanáil riachtanais chóiríochta na hearnála.

Is é an seasamh traidisiúnta nach gcuirfeadh foirgnimh ar fáil roimh riachtanas. In earnáil na Gaelscolaíochta, áfach, ní hamháin go bhfuil an cumas folaigh seo ann, ach treocht fáis atá bunaithe go soiléir a ligeann dúinn pleanáil d'fhorbairt eastát na scoile.

Ní mór a chinneadh go bhfuil an cumas le haghaidh fáis earnála ar fáil agus go bhfuil sé suite i gceart agus is féidir é sin a dhéanamh tríd an Phróiseas Pleanáil Cheantair. Mar sin féin, ní mór aird ar leith a thabhairt ar earnáil na Gaelscolaíochta taobh istigh den phróiseas pleanáil cheantair ar bhonn riachtanais earnála réamh-mheasta le gur féidir pleanáil mar is ceart do riachtanais bhonneagair na hearnála.

Tá an measúnú bunlíne ríthábhachtach le cumas reatha na scoileanna agus a suíomhanna a fháil amach. Teastaíonn píosa breise oibre, áfach, le cumas na scoile a mheas le taobh 2 fhachtóir:

1. Cumas folaigh fáis na scoile bunaithe ar mheastachán nach mbeidh aon mhéadú ar iontráil bliantúil (réamh-mheastachán éadóchasach).
2. Measúnú ar oiriúnacht foirgnimh na scoile agus an láithreáin bunaithe ar mhéaduithe réamh-mheasta ar iontrálacha (réamh-mheastacháin réadúla agus dóchasacha).

Tá riachtanas soiléir ann go ndéanfar Suirbhé cuimsitheach ar staid agus acmhainneacht suímh Fhoirgnimh na Gaelscolaíochta le bunlíne a sholáthar le suíomhanna agus saoráidí scoile iomchuí a sholáthar. Ba cheart go bpléifí sa suirbhé seo le Rolluithe Fadtéarmacha (RFT) i gcomhthéacs an mhéid spáis atá ar fáil le haghaidh fáis faoi láthair; d'fhéadfaí Lámhleabhar Foirgnimh na Roinne Oideachais a úsáid mar theimpléad don suirbhé seo. Molann CnaG go gcruthófaí ciste ar leith lena chinntiú go mbeidh na suíomhanna agus na foirgnimh san earnáil ábalta déileáil leis an rollú reatha agus réamh-mheasta san earnáil. Beidh an cleachtas thuas thar a bheith tábhachtach le pleanáil straitéiseach a dhéanamh d'fhorbairt scoileanna aonair taobh istigh den earnáil lena

chinntiú go bhfuil forbairt bonneagair bunaithe ar fhaisnéis fhóna bhunlíne agus ar phrionsabail fhóna um pleanáil cheantair.

1.6.4 Baill foirne agus acmhainní teagaisc a bheith ar fáil

De thoradh an fháis a bhí san earnáil, tá le fada ganntanas múinteoirí a bhfuil na cáilíochtaí agus taithí chuí acu san earnáil, agus de thairbhe an fháis leanúnaigh i rolluithe iomlána beidh a lán baill bhreise teagaisc le hearcú sna blianta atá romhainn. Tá easpa shuntasach múinteoirí ionaid ann fosta faoi láthair, mar atá sainaitheanta ag CnaG (féach Aguisín 1).

In earnáil na hiarbhunscolaíochta, tá géarghá le múinteoirí cáilithe sna blianta atá le teacht, go háirithe múinteoirí sainábhair i réimsí ina bhfuil easnamh suntasach faoi láthair, amhail Mata agus Eolaíocht. Pléitear níos mine an gá atá le tuilleadh múinteoirí san earnáil i mír 4 den tuarascáil seo.

Níl soláthar acmhainní teagaisc agus foghlama don earnáil GS ar dhóigh ar bith leordhóthanach. Táirgeann an tÁisaonad ábhair ardchaighdeáin agus thosaigh CCSM ag tabhairt faoin dúshlán seo ach níl an earnáil ach ag tús próisis ar gá dó leanúint den fhás agus oideachas múinteoirí a fhorbairt go ceann deich mbliana. Arís, pléitear an cheist seo i mír 4 den tuarascáil seo.

1.6.5. GS á sholáthar trí réimse soláthraithe.

Ní hionann agus an earnáil Chaitliceach faoi Chothabháil agus an earnáil Oideachas Imeachta, tá réimse leathan de shamhlacha rialachais agus soláthair ag an earnáil GS. Tá 28 Bunscoil neamhspleách ann agus 2 iarbhunscoil neamhspleácha. Eagraítear agus bainistítear an chuid is mó de na scoileanna seo mar "scoileanna eile deontaschúnta" agus tá 2 bhunscoil neamhspleácha san earnáil Rialaithe agus ceann amháin san earnáil Chaitliceach faoi chothabháil. Lena chois sin, tá 7 nAonad Gaelscolaíochta san earnáil bhunscolaíochta agus 2 shruth iarbhunscolaíochta sna scoileanna Caitliceacha faoi chothabháil; 2 shruth iarbhunscolaíochta san earnáil Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil agus sruth amháin san earnáil Chaitliceach Ghramadaí. Laistigh den réimse éagsúil seo de shamhlacha, tá féidearthacht go mbíonn cuspóirí i gcoimhlint le chéile, rud a fhágann an próiseas pleanáil cheantair níos casta.

Tá croí-ról ag Comhairle na Gaelscolaíochta sa phróiseas pleanáil cheantair fhoriomlán lena chinntiú go mbíonn cumarsáid shoiléir, rialta agus straitéis chomhroinnte leis na hearnálacha faoi Chothabháil agus Rialaithe araon. Is an-tábhachtach go ndéanfar na cuspóirí seo atá in iomaíocht le chéile a bhreithmheas agus a bhainistiú mar is cuí lena chinntiú go gcomhlíonfar freagracht reachtúil na Roinne an GS a éascú agus a spreagadh.

1.6.6 Easpa réimse iomlán de sholáthar i gcuid mhór ceantar

D'ainneoin fhás suntasach GS agus gur síneadh an cumhdach le 10 mbliana anuas, tá ceantair ann go fóill nach bhfuil rogha iarbhunscolaíochta acu do na páistí a fhágann an bhunscolaíocht GS. Go dearfa, tá ceantair ann nach bhfuil aon soláthar GS acu ag leibhéal ar bith. Is tábhachtach go rachaimid i ngleic leis na heasnaimh seo sa soláthar trí fhorbairt cur chuige straitéiseach. Is

tábhachtach go n-aithneofar bearna ar bith sa soláthar san earnáil bhunscolaíochta GS agus go gcuirfear in ord tosaíochta iad trí phróiseas staidéir féidearthachta a chinntíonn go bhfuil aon soláthar úr ag cur le forbairt straitéiseach fhoriomlán na hearnála. I ndiaidh an staidéir féidearthachta, bunófar straitéis áitiúil forbartha le go n-éascófar bunú soláthar réamhscolaíochta agus plean oibre le soláthar bhunscolaíochta a bhunú ina dhiaidh sin.

Is é is dócha gur bunú earnáil iarbhunscolaíochta GS a bheidh ar fáil go forleathan an dúshlán is suntasaí atá roimh an earnáil. Tá neamart á dhéanamh ar chuid mhór daltaí de dheasca gan soláthar ardcháilíochta iarbhunscolaíochta a bheith ar fáil. Faigheann na daltaí seo a gcuid oideachas bunscoile i nGaeilge ach is beag rogha atá acu ina dhiaidh sin ach aistriú chuig an earnáil Bhéarla nach bhfuil in ann, níos minice ná a mhalairt, cur lena líofacht sa teanga nó fiú an líofacht a chothú. Dá bharr sin, cuid mhór de na páistí a aistríonn ón bhunscolaíocht GS go dtí an córas Béarla, cailleann siad a n-inniúlacht sa teanga. Féadann sé seo tionchar diúltach a imirt ar fhéinmhuinín a lán de na daltaí seo agus teacht salach ar an chiall atá acu den luach atá ar an dátheangachas a chothaigh siad le linn a gcuid oideachas bunscoile.

I Meán Fómhair 2019, d'aistrigh 55% de pháistí san iomlán ón earnáil bhunscolaíocht GS go dtí soláthar iarbhunscolaíocht GS agus d'aistrigh an chuid eile go dtí an earnáil Bhéarla. Cé gur dócha go méadófar an t-éileamh ar iarbhunscolaíocht GS, tá dúshlán shuntasacha roimh an earnáil riar ar an ráta aistrithe méadaithe seo sna blianta atá romhainn. Is cuid ríthábhachtach é an próiseas pleanáil cheantair le tabhairt faoin dúshlán seo agus rogha iarbhunscolaíochta GS a fhorbairt do gach páiste a bheidh ag imeacht as bunscoileanna GS. Tugann an Dualgas Reachtuil an chumhacht do RO agus ÚO tabhairt faoi na dúshláin seo agus cuideoidh CnaG leis na dúshláin seo a shainmhíniú tríd an phlean seo agus socrófar creat leis an dualgas reachtuil a chomhlíonadh.

Is ann do riachtanas práinneach cur chuige páistelárnach a sholáthar trína dtig le daltaí GS a mhothú go bhfuil ardmheas orthu agus ina dtig leo leanúint d'fhorbairt a líofacht Ghaeilge i gcóras atá luite ar oideachas den scoth a chur ar fáil. Is den riachtanas go dtarraingíonn an earnáil ar an chleachtas is fearr ó dhlínsí eile le hoideachas ardcháilíochta, iarbhunscolaíochta trí mheán na Gaeilge a thairiscint don líon daltaí, atá ag fás, atá ag teacht as an earnáil bhunscolaíocht GS. Ba dhoiligh áibhéil a dhéanamh faoi thábhacht na hearnála iarbhunscolaíocht GS i dtaca lena shuntasáí atá sí le glúin úr Gaeilgeoirí a chruthú atá dea-oilte, rathúil, ardinniúil agus féinmhuiníneach. Beidh ríthábhacht ag baint leis an ghlúin úr seo de chainteoirí Gaeilge atá óg agus an-tiomanta maidir le forbairt agus tacaíocht don earnáil GS atá ag fás léi, na pobail labhartha Gaeilge go ginearálta agus in athbhunú leathan na Gaeilge mar theanga bheo pobail sna deich mbliana atá romhainn agus ina dhiaidh sin.

1.6.7 Tá an soláthar in aonaid agus i sruthanna laistigh den earnáil Oideachas Béarla.

Is in aonaid agus i sruthanna atá ceangailte de scoileanna Béarla atá cuid mhór den soláthar GS. Cuireann aonaid agus sruthanna go mór agus go dearfach le forbairt na Gaelscolaíochta. D'ainneoin go bhfuil ról ag aonaid agus sruthanna, de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta, is fearr an tsamhail lán-tumoideachais i dtéarmaí barr feabhais oideachais a chur ar fáil, agus páistí lántumtha sa teanga bhunscoile ina bhfuil oideachas á thabhairt dóibh. Is cuidiú é an tumadh méadaithe seo lena líofacht, a bhféinmhuinín agus a ngnóthachtáil foghlama agus acadúil a chothú.

Tá ceist roghanna tuismitheora ann fosta a chaithfear a bhreithniú maidir le forbairt leanúnach agus méadú na n-aonad seo. Is in Airteagal 44 d'Ordú Oideachais agus Leabharlaine (Tuaisceart Éireann) 1986 atá an bunús reachtúil do roghanna tuismitheora, ina maítear go gcaithfidh an Roinn Oideachais agus na Boird Oideachais agus Leabharlann an aird chuí a thabhairt ar an phrionsabal ghinearálta go dtabharfar oideachas do dhaltáí de réir mhianta a dtuismitheoirí. Creideann CnaG gur chóir go mbainfeadh roghanna tuismitheora do GS le tuismitheoirí páistí atá in aonaid GS san earnáil Bhéarla atá níos mó ná an tairseach inmharthanachta le bheith ina scoileanna neamhspleácha.

Sa chás go dtairgeann na haonaid seo rogha soláthar inmharthana, ardcháilíochta, neamhspleách, creideann CnaG gur chóir gnáthamh a bheith ann, má tá tuismitheoirí i bhfách leis, chun na haonaid seo a fhorbairt ina scoileanna neamhspleácha. Is é a thoradh sin a chur ar chumas na scoileanna ról tábhachtach ceannaireachta a fheidhmiú sna pobail labhartha Gaeilge atá ag fás - ról ata thar a bheith deacair, mura dodhéanta, ag aonad nó sruth taobh istigh de scoil Bhéarla.

1.6.8 Soláthar réamhscolaíochta

Bunús mór maith na dtuismitheoirí a roghnaíonn an Ghaelscolaíocht dá bpáistí, ní labhraíonn siad Gaeilge sa bhaile. Cuireann an earnáil réamhscolaíocht GS an Ghaelscolaíocht i láthair páistí agus tuismitheoirí araon agus tugann feacht agus cumas teanga isteach sa ghnáthchuraclam réamhscolaíochta. Is ar an ábhar seo atá réamhscoileanna GS (Naíscóileanna) i bhfad níos tábhachtaí don earnáil bhunscolaíocht GS ná mar atá san earnáil Bhéarla. Bíonn réimse iomlán de dhúshláin agus de riachtanais oiliúna bhreise fosta ag Naíscóileanna de bhreis ar a bhfuil sna gnáth-réamhscoileanna Béarla.

Caithfidh Naíscóileanna plé le réimse leathan d'údair imní ag tuismitheoirí agus is minic a sholáthraíonn siad réimse iomlán de sheirbhísí tacaíochta do thuismitheoirí agus do theaghlaigh, lena n-áirítear ranganna Gaeilge agus imeachtaí eolais agus gníomhaíochtaí ar aidhm dóibh tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas faoi bhuntáistí an chuir chuige GS. Tá ganntanas baill foirne ann atá líofa sa Ghaeilge agus a bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha cúram leanaí acu fosta agus a bhfuil an taithí acu i dteagasc agus i sealbhú teangacha. Dá bharr sin, caithfidh Naíscóileanna oiliúint bhreise, idir fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil, a aimsiú le cuidiú leo dul i ngleic leis an easpa foireann fhóirsteanach seo - líofacht agus scileanna teagaisc teanga a fheabhsú ag baill foirne a bhfuil cáilíochtaí cúram leanaí acu nó cuidiú le baill foirne a bhfuil Gaeilge acu cáilíochtaí cúram leanaí a ghnóthú.

Tá tábhacht ar leith ag baint le hearnáil na Naíscolaíochta maidir le rath earnáil iomlán GS i gcothú líofacht agus cumas teanga ag daltaí a bhíonn ag teacht isteach san earnáil. Ar an drochuair, fágann an líon teoranta baill foirne le cois an fháis shuntasaigh san earnáil le fiche bliain anuas go bhfuil géarghá le forbairt acmhainne agus oiliúna san earnáil.

Is géarghá ar bhonn práinneach don earnáil infheistiú i bhforbairt foirne trí oiliúint agus oideachas a chur ar bhail foirne le saineolas, scileanna agus cumais a chothú le gur féidir tumoideachas Gaeilge a sholáthar ar fud na hearnála ag leibhéal na réamhscolaíochta a bhíonn i gcónaí ar ardchaighdeán. Tá na riachtanais seo de bhreis ar riachtanais na hearnála Béarla agus is gá iad a mhaoiniú agus tacú leo mar is ceart.

Tá géarghá le hamharc ar cheist an tsoláthair reachtúil náiscoil in earnáil na Gaelscolaíochta, agus ar na buntáistí sonracha a chuireann an cineál seo soláthair ar fáil. Scrúdaítear i dtuarascáil taighde, (*Research on the Educational Outcomes of Pre-School Irish Medium Education*¹), a choimisiúnaigh agus a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais in 2019, luach breise an tsoláthair reachtúil do mhúnla tumoideachais dátheangach de sholáthar luathbhlianta. Deirtear sa Tuarascáil:

*Is í an teachtaireacht láidir a thagann chun cinn ó na torthaí gur cheart difríochtaí sa soláthar agus na neamhréireachtaí bainteacha a mhaolú le comhionannas sa soláthar agus na torthaí is fearr is féidir a chinntiú d'fhoghlaimoírí óga in earnáil na Gaelscolaíochta. D'fhéadfaí é seo a éascú ar roinnt bealaí: trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach iomchuí agus tacaíocht theangeolaíoch a chinntiú do gach suíomh réamhscoile **agus trí líon na suíomhanna reachtúla náiscoil a mhéadú.** (: 80)*


Tá sé an-tábhachtach go spreagtar agus go n-éascaítear earnáil reachtúil na Gaelscolaíochta. Mar a leagtar amach sa tuarascáil arna choimisiúnú ag an RO, tá buntáistí suntasacha agus tábhachtacha ag baint le soláthar reachtúil GS. Go dtí seo, áfach, tá roinnt diúltuithe suntasacha ar Thograí Forbartha d'fhorbairt soláthair Reachtúil GS.

Molann Comhairle na Gaelscolaíochta go láidir don Roinn gur cheart soláthar Reachtúil maidir le forbairt an tsoláthair reachtúil a spreagadh go réamhghníomhach leis na tairbhí a leagtar amach sa tuarascáil thuas a chur ar fáil. Tá ceisteanna ann fosta a bhaineann le laghdú an líon páistí a socraíonn a dtuismitheoirí gan dul ar aghaidh leis an GS i ndiaidh oideachas réamhscolaíochta. I scoilbhliain 2019/20, tá líon iomlán de 961 spás maoinithe san earnáil - méadú suntasach ó 605 in 2010/11 (67%). Ar an drochuair, ar réimse de chúiseanna, ní gach páiste san earnáil réamhscolaíochta a théann ar aghaidh go dtí an earnáil bhunscolaíocht GS. Léirítear sa tábla seo a leanas, agus sa ghraf a ghabhann leis, an líon bliantúil 'céimiú' ag páistí ón earnáil réamhscolaíochta go dtí an earnáil Ghaelscolaíochta agus léirítear ráta aistrithe idir 74% agus 80% le blianta beaga anuas.

<i>Rátaí Aistrithe idir Náiscoil go Gaelscoil 2008/09 to 2016/16</i>											
	2009	2010	2011	2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019
Ag Teacht as Náiscoil	590	605	684	737	823	799	879	860	897	903	961
Iontrálacha Gaelscoile	393	407	447	532	622	621	647	688	709	717	735
	67%	67%	65%	72%	76%	78%	74%	80%	79%	79%	76%

¹ Tá Taighde ar Thorthaí Oideachais Réamhscolaíocht GS ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais, www.education-ni.gov.uk

Transfer Rates between Naíscoil to Gaelscoil 2009 - 2019



Léirítear sna figiúirí agus sa ghráf thuas go bhfuil cumas suntasach ann an líon daltaí a théann isteach sa bhunscolaíocht GS a mhéadú laistigh de bhonneagar reatha GS tríd an ráta aistrithe ó Naíscoil go Gaelscoil a mhéadú.

1.7 Páindéim Dhomhanda COVID 19

Bhí tionchar tubaisteach ag géarchéim Covid-19 ar an oideachas ar fud na cruinne. Sainithníodh daltaí ina gcónaí i gceantair díothacht shóisialta agus iad sin a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu mar na grúpaí is mó a mbeidh tionchar diúltach ag an pháindéim orthu. Aithníodh iad fosta mar iad sin ar chóir díriú orthu ar an bhonn is práinní ar fhilleadh ar an scoil dóibh leis an tionchar diúltach a mhaolú a bhí ag an ghéarchéim seo ar a bhfolláine shóisialta agus mhothúcháinach agus ar a bhforbairt acadúil.

Is iomaí Gaelscoil atá lonnaithe i gceantair dhíothacht shóisialta. Lena chois sin, tá réimse de riachtanais agus dúshlán eile ag gach Gaelscoil de bhreis ar a bhfuil ag earnáil an Bhéarla. Mar shampla, ní labhraíonn bunús mór maith na bpáistí GS an teanga trína bhfaigheann siad a gcuid oideachais (.i. Gaeilge) sa bhaile agus tá ról tábhachtach ag na scoileanna i gcothú a líofachta agus a stór focal lena chur ar a gcumas a gcuid oideachais a shealbhú. Cruthaíonn sé seo dúshlán mór don earnáil agus dúshlán ollmhór don GS ar gá dó acmhainní a chaitheamh ina leith.

B'éigean do scoileanna GS plé le heisiamh digiteach níos mó le linn na dianghlása agus d'éirigh líon ard daltaí as suim a léiriú san oideachas. Bhí dúshlán a bhain le ganntanas uirlisí measúnaithe agus idirghabháil mhí-oiriúnach cheana féin ag daltaí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu roimh Covid-19 agus is in olcas a chuaigh na dúshlán seo de dheasca na géarchéime.

Ní raibh moill ar mhúinteoirí GS dul i mbun na cianfhoghlana ach ní raibh an earnáil in ann leas a bhaint as ardáin foghlama ar líne, agus as an stór acmhainní clóite ná tacaíocht asraonta meáin mar a bhí a gcomhdhaltaí Béarla ábalta a dhéanamh.

Braitheann an cur chuige tumoideachais ar fhorbairt teanga sheasta, mhéadaitheach agus cuireadh stop leis seo le teacht Covid-19. Rachaidh sé seo i bhfeidhm ar gach dalta GS ag gach Eochairchéim ach is cóir aird ar leith a thabhairt ar dhaltaí Luathbhlianta agus Bonnchéime nach raibh ach sa chéim is túisce dá bhforbairt teanga nuair a thosaigh an ghéarchéim agus ar na daltaí Iarbhunscoile sin a mbeidh inní orthu faoi scrúduithe sa scoilbhliain atá chugainn.

Nuair a chuirtear san áireamh nach labhraíonn bunús tuismitheoirí daltaí GS Gaeilge sa bhaile, is í an timpeallacht scoile, ag formhór na ndaltaí, an t-aon fhoinse amháin faoi choinne sealbhú agus forbairt teanga. Is féidir, áfach, an ganntanas taithí Ghaeilge a mhaolú agus a chúiteamh le hinfheistíocht shuntasach i meicníochtaí le hoideolaíocht tumoideachais a chur chun cinn agus a chinntiú go bhfaigheann daltaí GS tacaíocht shóisialta, mhothúchánach agus acadúil.

Beidh scoilbhliain 2020/21 thar a bheith dúshlánach do Mhúinteoirí Nuacháilithe (NQT) san earnáil GS. Ní raibh faill ag NQTanna an bhliain dheireanach oiliúna chur i gcrích agus a n-eispéiris cleachtadh teagaisc a chríochnú in ionaid GS agus iad siúd a bhí ag gabháil do cháiliúcht aon bhliana TICO, chaill siad am luachmhar sa seomra ranga tumoideachais. Tá gá le Foghlaim Ghairmiúil Múinteora (FGM) shaindirithe óir baineann sí le cianfhoghlaim/foghlaim chumaiscthe lena chur ar chumas FGM san earnáil GS an curaclam tumoideachais a sholáthar go héifeachtach sna tosca eisceachtúla seo.

Lena chois sin, caithfidh scoileanna GS dul i ngleic le ceisteanna praiticiúla a bhaineann le cóiríocht, soláthar múinteoirí agus taisteal a chruthóidh tuilleadh fadhbanna do phríomhoidí GS. Níl na ceisteanna seo teoranta don earnáil GS ach is mó an tionchar atá acu uirthi mar gheall ar an fhás shuntasach san earnáil agus a lán scoileanna i gcóiríocht nach bhfoireann dá riachtanais. Chomh maith leis sin, caithfidh scoileanna déileáil le heaspa foireann teagaisc agus foireann choimhdeach GS.

Tá achoimre de na saincheisteanna agus moltaí a chuir CnaG faoi bhráid RO agus ÚO faoi Chlár Atosú COVID in Aguisín 2.

1.8 Dul chun Cinn i dTabhairt faoi Dhúshlán Earnála agus Pleanáil Cheantair.

Le tamall de bhlianta anuas, bhí CnaG ag obair i bpáirt le scoileanna, an Roinn Oideachais, ÚO agus eile le féachaint le dul i ngleic leis an iomad dúshlán earnála atá sainaitheanta thuas agus le tabhairt faoi na dúshláin Pleanáil Cheantair. Rinneadh dul chun cinn teoranta i dtabhairt faoi chuid de na dúshláin ghinearálta earnála a sainaitheodh, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Ba chuidiú iad le tuiscint is fearr ar riachtanais ghinearálta na hearnála a chothú an plean earnála, le cois na cumarsáide leanúnaí le RO agus ÚO agus le CSCfC.
- Tá roinnt dul chun cinn déanta le moltaí CnaG faoi choinne soláthar bunscolaíocht GS i gCathair Dhoire.
- Rannpháirtíocht leanúnach iomlán CnaG ar gach leibhéal de struchtúr Pleanáil Cheantair.
- Na luathchéimeanna tógtha i mbunú líonra d'Ionaid Tacaíocht Foghlama do GS trí sholáthar 2 *Soláthar Acmhainní* i mBéal Feirste, 1 bhunscoil, 1 iarbhunscoil.
- Feabhsaíodh an chóiríocht i scoileanna aonair de bhun Moltaí Forbartha fáis agus cóiríochta.

Tá CnaG ag dúil le bheith ag obair i bpáirt leis an Roinn Oideachais agus leis an Údarás Oideachais le leanúint de dhul i ngleic le riachtanais na hearnála agus tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh sna míonna agus blianta atá romhainn.

1.8.1 Dul chun Cinn sa Soláthar Pleanáil Cheantair

Rinneadh dul chun cinn suntasach i ngnóthú cuspóirí Pleanáil Cheantair sa GS le roinnt blianta anuas agus go háirithe ó ullmhaíodh an plean earnála deiridh. Áirítear leo:

Laghdú an líon Áiteanna nár Líonadh

Tá roinnt scoileanna ann go fóill agus ar páipéar tá rolluithe faofa acu agus áiteanna 'barrachais' nach léiríonn ar chor ar bith staid fhíor agus acmhainn áiseanna na scoile. Mar shampla, go hoifigiúil tá 105 áit 'bharrachais' ag Bunscoil Cholmcille bunaithe ar an líon seomraí ranga atá ag an scoil. Ach is seomraí ranga soghluaiste 30+ bliain an chuid is mó acu agus níl halla tionói nó spóirt ag an scoil ná aiseanna tábhachtacha eile; tá an scoil ar fad lonnaithe i seomraí ranga soghluaiste agus caithfidh na páistí dul amach sa síon le dul chuig an leithreas.

Dá ainneoin seo, sa tábla thíos tá achoimre ar na háiteanna 'barrachais' i gach scoil agus aonad GS san earnáil bhunscolaíochta agus léirítear 'ar páipéar' i mbliain acadúil 2019/20 go raibh 520 áit 'bharrachais' ann sa chóras ina iomláine (105 acu sin i sampla Bhunscoil Cholmcille atá luaite thuas). Is fiú a shonrú go léirítear sa tomhas reatha laghdú suntasach ón fhigiúr 941 áit 'bharrachais' in 2016 nuair a foilsíodh an plean earnála deiridh.

Tábla ina léirítear na hÁiteanna Barrachais reatha agus na hÁiteanna Barrachais réamh-mheasta ' Áiteanna Breise san earnáil bhunscolaíochta GS a bheidh de dhíth i mbliain acadúil 2025/26 le fás Réadúil (3.43%) in iontrálacha bliantúla						
	Rollú Faofa	Rollú 2019/20	Áiteanna 'Barrachais'	Réamh-mheasta M.Fó 2025	Áiteanna 'Barrachais'	Spásanna de Dhíth
Béal Feirste Thiar agus Theas						
Bunscoil an tSléibhe Dhuibh	203	189	14	200	3	
Gaelscoil an Lonnáin	71	56	15	67	4	
Gaelscoil na bhFál	196	186	10	209		13
Gaelscoil na Móna	145	116	29	162		17
Scoil an Droichid	145	152	0	180		35
Bunscoil Phobal Feirste	406	339	67	448		42
Scoil na Fuisgeoige	145	148	0	199		54
Iomlán an Cheantair	1,311	1186	135	1,465	7	161
Béal Feirste Thuaidh agus an Ceantar Máguaird						
Bunscoil Bheann Mhadagáin	182	157	25	202		20
Bunscoil Mhic Reachtain	87	105	0	159		72
Gaelscoil Ghleann Darach	105	79	26	81	3	
Gaelscoil Éanna	205	184	21	217		12
Iomlán an Cheantair	579	525	72	659	3	104

An tIúir agus An Dún Theas						
Bunscoil an Iúir	129	96	33	135		6
Bunscoil Bheanna Boirche	116	100	16	116	0	
Gaelscoil na mBeann	75	76	0	95		20
Scoil Mhuire agus Phádraig	99	99	0	87	3	
Iomlán an Cheantair	419	371	49	433	3	26
Ard Mhacha						
Bunscoil na mBráithre Críostaí	185	195	0	222		37
Bunscoil Eoin Baiste	71	75	0	157		86
Gaelscoil Phádraig Naofa	102	168	0	183		81
Bunscoil Naomh Prionsias	146	168	0	235		89
Iomlán an Cheantair	504	606	0	797	0	293
Tír Eoghain Thoir						
Gaelscoil Uí Néill	185	136	49	149	36	
Gaelscoil Aodha Rua	135	141	0	168		33
Gaelscoil Eoghain	130	104	26	133		3
Gaelscoil na gCrann	160	162	0	196		36
Bunscoil Naomh Colmcille	70	79	0	119		49
Gaelscoil Mhuire		-			0	
Iomlán an Cheantair	680	622	75	765	36	121
Cathair Dhoire agus an Srath Bán						
Bunscoil Cholmcille, Doire	196	91	105	111	85	
Gaelscoil Éadain Mhóir	182	156	26	176		-6
Gaelscoil na Daróige	81	88	0	169		88
Gaelscoil Uí Dhochartaigh	160	140	20	147	13	
Iomlán an Cheantair	619	475	151	603	98	82
Co. Dhoire Tuaithe						
Gaelscoil Léim an Mhadaidh	100	101	0	167		67
Gaelscoil Neachtain	135	121	14	158		23
Bunscoil Naomh Bríd	154	162	0	206		52
Gaelscoil na Speiríní	58	60	0	49	9	
Gaelscoil an tSeanchaí	120	109	11	140		20
Iomlán an Cheantair	567	553	25	720	9	162
Aontroim Thuaidh						
Bunscoil an Chaistil	116	103	13	110	6	
Iomlán an Cheantair	116	103	13	110	6	
Fear Manach						
Bunscoil an Traonaigh	58	60	0	86		28
Iomlán an Cheantair	58	60	0	86	0	28
Iomlán ar Fad	4,853	4,501	520	5,943	162	977

Taispeánann an tábla thuas fosta, bunaithe ar an chás réadúil fáis san earnáil de 3.43% in aghaidh na bliana, go mbeidh líon foriomlán na n-áiteanna ‘gan líonadh’ laghdaithe go 162 (agus 85 acu sin i mBunscoil Cholmcille). Níos tábhachtaí ná sin, léiríonn an méid thuas, le meánfhás réasúnta 3.43% san earnáil, go gcaithfear 1,000 áit a chruthú faoin bhliain acadúil 2025/26.


Leagann sé seo béim ar an ghá phráinneach le planáil le tacú leis an fhás seo i dtéarmaí oiliúint múinteoirí breise don earnáil, planáil do chóiríocht nua agus fheabhsaithe agus do thacaíocht churaclaim don earnáil seo atá ag fás.

Méadú ar inbhuanaitheacht bhunscoileanna GS

Is é cur chuige straitéiseach CnaG oibriú le bunscoileanna aonair agus cumas na mbunscoileanna a thógáil chun a rath agus a n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach a chinntiú. Tá CnaG ag obair le scoileanna chun a n-inbhuanaitheacht a thógáil mar atá leagtha amach ag na critéir éagsúla cháilíochta agus chainníochtúla SSP (Clár Scoileanna Inbhuanaitheachta). Tá tairbhe na hoibre seo le feiceáil sa cheannaireacht fheabhsaithe, sna naisc phobail agus i dtéarmaí líon na scoileanna a bhfuil rolluithe acu os cionn sprioc-thairseacha rollaithe an SSP. Tá líon iomlán na scoileanna atá faoi bhun na dtairseach uirbeach agus tuaithe forordaithe de 140 agus 105 faoi seach i ndiaidh titim go seasta ó 21 in 2009 go 13 sa bhliain acadúil 2019/20 agus tá sé beartaithe go leanfaidh sé ag titim sna blianta amach anseo le fás leanúnach ar rolluithe, mar a thaispeántar sa tábla thíos.

Gael scoileanna os cionn agus faoin Sprioc-thairseach Rollúcháin											
	09/10	10/11	11/12	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	18/19
Os cionn na Tairisí Rollúcháin	7	6	6	6	7	7	9	11	13	13	15
Faoi Tairseach Rollúcháin	21	22	22	22	21	21	19	17	15	15	13
% Os cionn	25%	21%	21%	21%	25%	25%	32%	39%	46%	46%	54%
% Faoi	75%	79%	79%	79%	75%	75%	68%	61%	54%	54%	46%


Léirítear sa ghraf seo a leanas an dul chun cinn a rinneadh i méadú rolluithe go dtí os cionn na sprioc-thairseacha rollúcháin le 10 mbliana anuas.



Má leanann na treochtaí rolluithe reatha ar aghaidh, gan fás breise, titfidh líon na scoileanna faoin tairseach rollaithe go 9 scoil laistigh de 3 bliana - is ionann sin agus thart ar 30% d'earnáil na bunscoile GS. I gcás gach ceann de na scoileanna seo, cuirtear bac ar fhorbairt agus ar fhás sa todhcháí mar gheall ar mhífheiliúnacht na suíomhanna nó droch-chaighdeán na cóiríochta.

Is riachtanach go tabharfar faoi na srianta seo agus go dtacófar leis na scoileanna má táthar ag dúil leo fás agus rollú inbhuanaithe a bheith acu. Is tionchair thar a bheith diúltach iad cóiríocht an-teoranta nó droch-chóiríocht ar scoileanna a bheith abalta tuismitheoirí a mhealladh lena gcuid páistí a chur chun na scoile. Tá cuid de na scoileanna seo idir dhá thine Bhealtaine sa mhéid nach dtig leo fás gan a gcuid áiseanna a fheabhsú agus ní thabharfaidh an Roinn tiomantas na háiseanna a fheabhsú go dtí go méadóidh an líon daltaí. Creideann CnaG nach bhfuil sé seo ag cur le dualgas reachtúil na Roinne i leith GS agus gur féidir aghaidh a thabhairt air trí infheistíocht straitéiseach in eastát GS mar a leagtar amach níos faide ar a aghaidh s tuarascáil seo (mír 3.2.5). Déanfar saincheisteanna ar leith a phlé níos moille, de réir ceantair.

Tuigeann CnaG go bhfuil moladh ag an RO faoi láthair na sainmhínte tuaithe agus uirbeacha a leasú, lena n-áireofar go leor bailte áitiúla agus réigiúnacha taobh amuigh de Bhéal Feirste agus Doire ach a rangáítear mar cheantair uirbeacha iad. D'ardaigh CnaG agóidí i gcoinne an tsainmhínte seo os rud é go bhféadfadh sé a bheith ina chonstaic maidir leis an tairseach a ardú i gcás soláthar nua GS a bhunú sna bailte seo. Dhearbhaigh an Roinn CnaG tríd an fhóram Pleanála Ceantair nach gcuirfidh an sainmhíniú nua seo bac breise ar scoileanna nua a bhunú sna ceantair seo.



(Tábla thuas) Iontrálacha i mBunscoileanna GS i ngach ceantar.

Torthaí Pleanáil Cheantair; Tograí Forbartha foilsithe & Ceadaithe.

Le linn an Phlean Ceantair reatha, 2017-2020, rinne Gaelscoileanna roinnt Moltaí Forbartha. Baineann formhór na Moltaí Forbartha seo le méadú ar líon na rolluithe agus na n-iontrálacha agus rinne líon níos lú de na moltaí sin iarracht soláthar reachtúil naíscoileanna a bhunú. De réir an tábla thíos, foilsíodh trí thogra dhéag san iomlán idir 2017 agus Eanáir 2020 agus diúltaíodh do 4 cinn díobh sin. Bhain gach ceann den 4 a diúltaíodh le soláthar nua Gaelscolaíochta a bhunú nó athrú ar sholáthar oideachais sa Bhéarla go Gaelscolaíocht. Glacadh leis na 6 thogra le haghaidh rolluithe méadaithe mar aon le moladh amháin le rolluithe agus iontrálacha a laghdú.

Bliain	Scoil	Togra Forbartha	Cinneadh
2020	Scoil an Droichid	Rollú agus iontrálacha méadaithe	Ceadaithe
2020	Gaelscoil na mBeann	Bunú Aonad Naíscoile	Neamhceadaithe
2020	Gaelscoil an tSeanchaí	Rollú agus iontrálacha méadaithe	Ceadaithe
2019	Bunscoil Bheanna Boirche	Rollú agus iontrálacha méadaithe	Ceadaithe
2018	Gaelscoil Neachtain	Bunú Aonad Naíscoile	Ceadaithe
2018	Gaelscoil na bhFál	Rollú agus iontrálacha	Ceadaithe

		laghdaithe	
2018	Bunscoil Bheanna Boirche	Bunú Aonad Náiscoile	Ceadaithe
2018	Gaelscoil Eadain Mhóir	Rollú agus iontrálacha méadaithe	Ceadaithe
2018	Bunscoil Naomh Bhríd, Thír Chiana	Rollú agus iontrálacha méadaithe (Aonad Gaelscolaíochta)	Ceadaithe
2018	Bunscoil Bheann Mhadagáin	Rollú agus iontrálacha méadaithe	Ceadaithe
2017	St. Mac Nissis' PS	Athrú soláthair go Gaelscolaíocht	Neamhcheadaithe
2017	Iarbhunscoil nua GS i gcathair Dhoire	Bunú Iarbhunscoil nua GS i nDoire	Neamhcheadaithe
2017	Bunscoil Naomh Cholmcille	Bunú Aonad Náiscoile Nua GS le rollú 26 páirtaimseartha	Neamhcheadaithe

2.0 Fís don GS

Tá CnaG dírithe go follasach ar fhorbairt bhreise na earnála GS sna blianta atá romhainn - oideachas den scoth a sholáthar, gnóthachtáil gach dalta a uasmhéadú agus daoine óga dátheangacha féinmhuinéacha, líofa a fhorbairt. Is mar seo a leanas atá Fís Chorparáideach CnaG:

Gréasán de Ghaelscoileanna bríomhara, inmharthana ó réamhscolaíocht go hiarbhunscolaíocht, ag soláthar oideachas den scoth, ag croí pobail Ghaeilge atá ag forbairt

Ní thig le CnaG an fhís seo a sholáthar ina n-aonar agus is gá tacaíocht na Roinne Oideachais, an Údaráis Oideachais agus réimse leathan d'eagrais eile ar suim leo GS. Soláthrófar an fhís trí thacaíocht agus comhoibriú díreach lena chinntiú go gcuirfear ar fáil tacaíocht oideachais agus forbartha do scoileanna, a chinnteoidh go mbeidh múinteoirí agus foireann tacaíocht teagaisc ar fáil don earnáil seo atá ag fás, go bhfuil clár leanúnach feabhsúcháin ann faoi choinne acmhainní teagasc agus go mbeidh cóiríocht ardcháilíochta ann don earnáil seo atá ag fás. Cé go dtuigeann CnaG go bhfuil roinnt scoileanna ann i láthair na huaire nach soláthraíonn lán-tumoideachas, tá CnaG go láidir den tuairim gurb í an tsamhail lán-tumoideachais an réiteach is fearr i dtaca le heispéireas éifeachtach a thabhairt do pháistí agus gur chóir gur chuspóir forbartha tábhachtach é don earnáil soláthar lán-tumoideachais ag gach leibhéal.

Aithníonn an Chomhairle an gá atá le tacú le forbairt gréasán láidir de scoileanna leis an fhís seo a chur i gcrích agus díreofar ar dhaingniú agus ar fhás laistigh den soláthar reatha, le cois soláthar úr breise, áit ar gá, lena chinntiú go mbeidh fáil ag gach páiste ar GS ón réamhscoil go hiarbhunscoil.

Aithnítear i bhfís na Comhairle an fhís agus an dícheall a bhí ag daoine 40 bliain ó shin, nuair a bhunaigh siad GS d'ainneoin naimhdeas suntasach oifigiúil, agus a mhaoinigh forbairt na hearnála trí dhíograis dheonach agus tiomsú airgid. Sa lá atá inniu ann is earnáil eile ar fad í, ag riar ar bhreis mhaith agus 6,000 dalta agus aitheantas agus tacaíocht mhéadaithe ón Roinn Oideachais agus ón Údarás Oideachais nuabhunaithe.

D'ainneoin fhás na hearnála le blianta beaga anuas, níl sa GS go fóill ach níos lú ná 3% d'earnáil na bunscolaíochta. Mar sin de, tá ollfhéidearthachtaí fáis inti go fóill, trí sciar GS den líon iomlán daltaí a mhéadú, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh an cruthúnas ar na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas agus oideachas teanga mhionlaigh. Is cuid de chóras domhanda é an GS a aithníodh ar dtús i gCeanada 60 bliain ó shin. Ón am sin i leith, rinneadh an-chuid taighde ina sainaitheann go follasach an mórán buntáistí oideachais, cognaíocha, foghlama, réiteach fadhbanna, sláinte agus folláine, sóisialta agus eile a bhaineann leis an chur chuige seo.

Is mó an t-eolas ná riamh atá ag tuismitheoirí ar bhuntáistí an dátheangachais agus GS agus, dá thoradh, tá CnaG ag dúil go leanfaidh an earnáil den fhás - a fhad is go dtugtar na hacmhainní cuí don earnáil le riar go héifeachtach ar an fhás seo.

Tá fás 80% tagtha ar iontrálacha san earnáil le seacht mbliana anuas. Creideann an Chomhairle gur féidir iontrálacha san earnáil a dhúbailt sna deich mbliana atá romhainn má bhíonn straitéis éifeachtach ann a chuireann in iúl go soiléir an iomad buntáistí a bhaineann leis an oideachas GS agus leis an dátheangachas. Ní bheadh sa leibhéal fáis seo ach muid leanúint ar aghaidh leis an treocht reatha fáis agus, go deimhin, fágann méid choibhéiseach na hearnála GS san earnáil fhoriomlán oideachais go bhféadfaí na figiúirí seo a shárú. Is léir go gcaithfear tacú leis an scála féideartha seo d'fhorbairt trí straitéis chuimsitheach fáis ina bhfuil fócas soiléir ar bharr feabhais oideachais a sholáthar agus a chothú agus an bonneagar, múinteoirí, foireann tacaíochta, acmhainní teagaisc agus foirgnimh scoile chuí a chur ar fáil le riar ar an fhás seo.

Is cuid thábhachtach d'Fhís na Comhairle iad na pobail. Le pobail Ghaeilge atá ag fás go bríomhar, tairgtear don GS an deis réimse leathan de bhuntáistí eile pobail agus cultúrtha a chur ar fáil. Dhírigh George Bain ar an tábhacht atá leis an chomhghaol idir pobal agus an córas oideachais agus is réimse é seo ina bhfuil láidreacht ar leith ag GS.

Is den riachtanas gur cuid dhílis í an Ghaeilge d'fhís níos leithne a chuireann an teanga ina comhthéacs sóisialta mar theanga phobail, ag tacú leis an chóras Gaelscolaíochta agus a mhalairt. Áirítear leis seo an ról ríthábhachtach atá ag GS in athbheochan na teanga mar theanga bheo phobail.

Is iondúil go gcuireann an bheogacht agus an chiall den chomhchuspóir atá ag gluaiseacht na Gaeilge réimse de dheiseanna ar fáil le naisc a neartú idir pobail, teaghlaigh agus an córas oideachais. Is cuidiú é seo le fáinne óir a chothú trínár ngnóthaítear féinforbairt phearsanta, comhtháthú teaghlaigh agus pobail agus athrú sóisialta. Trí athrú a thabhairt chun cinn, féadann an earnáil leibhéil gnóthachtáil oideachais a mhéadú, deiseanna saoil do pháistí a fheabhsú agus saibhreas a mhéadú ó ghlúin go glúin. Bíonn impleachtaí an-dearfach aige seo maidir le forbairt scoil inbhuanaithe mar a samhlaíodh i dtuarascáil Bain.

3.0 Éileamh Feasta agus Samhail Riachtanais Earnála don GS

3.1 Tréithe na hEarnála

Fágann gnéithe struchtúracha earnáil na Gaelscolaíochta an obair a bhaineann le héileamh amach anseo a réamh-mheas díreach go leor. Tá an tsamhail le riachtanais agus fás na hearnála a réamh-mheas bunaithe ar cheantair iarbhunscolaíochta nó ar cheantair a bhféadfaí scoilcheantar féideartha iarbhunscolaíochta a dhéanamh díobh. Is iondúil go mbíonn roinnt bunscóileanna agus/nó aonaid GS fhriothálacha sna ceantair seo.

Ós rud é go mbíonn iarbhunscóil GS teoranta, den chuid is mó, do tharraingt ar líon na bpáistí a bhíonn ag imeacht ar bhonn bliantúil as bunscóileanna friothálacha GS, ciallaíonn sé sin go mbíonn sonraí seacht mbliana (.i. rolluithe Gaelscoile) ar fáil a chuireann ar ár gcumas fás na hearnála a réamh-mheas go han-chruinn. Leis seo, tá bunús daingean againn ar a dtig linn ár dtuartha a bhunú sna blianta atá le teacht ag leibhéal na hiarbhunscolaíochta. Is í an athróg phríomha sa chomhthéacs seo an ráta aistrithe ó bhunscóil go meánscoil atá, ag leibhéal na hearnála, idir 51-55% le ceithre bliana anuas agus a bhfuil de chumas ann ardú é de réir mar a fhorbróidh earnáil na hiarbhunscolaíochta, a fhad is go dtacófar leis an earnáil agus go n-éascófar í sna blianta atá romhainn.

Tá sé beagán níos dúshlánaí sonraí fadtéarmacha beachta a aimsiú ar a mbunófaí tuartha in earnáil na bunscolaíochta GS. Mar sin féin, formhór na bpáistí a iontrálann bunscolaíocht GS, d'fhreastail siad ar earnáil na réamhbhunscolaíochta GS agus tá patrúin rollúcháin agus patrúin fáis iontrálacha réasúnta dea-bhunaithe le breis agus 20 bliain. Is féidir na sonraí seo a fheidhmiú go maith le samhail dhaingean go leor a chur ar fáil ar a dtig linn ár réamh-mheastacháin d'earnáil na bunscolaíochta GS a bhunú san am atá le teacht.

Mar atá leagtha amach i mír 1.7.1 thuas, de thoradh patrún fáis an ama a chuaigh thart, tá acmhainn shuntasach folaigh fosta ag an earnáil méadú. Is méaduithe suntasacha sa líon iomlán daltaí GS san earnáil an toradh a bheidh air sin, fiú mura bhfuil méadú ar bith sna rolluithe reatha bhliantúla ná sna rátaí reatha aistrithe ag daltaí idir leibhéal bunscolaíochta agus iarbhunscolaíochta GS. Léirítear san anailís atá leagtha amach i mír 1.6.1 gurb é an toradh a bheidh ar an éileamh folaigh seo méadú i rollú iomlán na n-earnálacha bunscolaíochta agus iarbhunscolaíochta GS le 11% agus 74% faoi seach.

Tá an tsamhail mholta riachtanas bunaithe ar dhá chur chuige ar leith, ach atá bainteach lena chéile, maidir le héileamh a mheas agus a thuar, mar atá:

Réamh-mheastacháin earnála

Tá an chéad chur chuige bunaithe ar chur chuige earnála trí fhás réamh-mheasta a bhreathnú ag leibhéal ginearálta ar fud gach ceantar geografach. Cuireann sé seo ar fáil

réimse de réamh-mheastacháin ghinearálta atá bunaithe ar threochtaí sna sonraí ón am atá caite a eachtarshuí. Beidh an cuir chuige earnála seo úsáideach le cuidiú leis an Roinn agus leis an Údarás Oideachais agus le páirtithe leasmhara eile, pleanáil i leith saincheistanna ginearálta acmhainne amhail an líon múinteoirí atá de dhíth le hoiliúint a chur orthu sna blianta amach romhainn le cois an líon seomraí ranga breise, acmhainní fisiciúla teagaisc, tacaíocht sainriachtanas, seirbhísí óige srl.

Réamh-mheastacháin gheografacha

Bhreithnigh muid treochtaí an ama a chuaigh thart i ngach ceann de na ceantair iarbhunscolaíochta máguaird reatha nó fhéideartha. Leis seo, tig linn pictiúr níos mine a chruthú de na riachtanais, spriocanna agus tosaíochtaí áirithe i ngach ceantar a chaithfear a sholáthar le hearnáil iarbhunscolaíochta bheoga, inmharthana a chruthú sna ceantair seo uile. Úsáidfear é seo mar chuidiú chun straitéis chomhordaithe, chomhaontaithe a fhorbairt a chuirfidh bonn eolais faoi bhearta pleanáil cheantair a chomhordóidh iarrachtaí gach duine ar suim leasaithe leo an Ghaelscolaíocht - Comhairle, lontaobhas na Gaelscolaíochta, Altram, an Roinn Oideachais, an tÚdarás Oideachais, CSCfC agus scoileanna eile agus eagrais eile tacaíochta.

Aithnítear, ar chúiseanna Pleanáil Cheantair, go n-úsáidfear an t-aon Cheantar Rialtas Áitiúil déag ach nach i gcónaí a shuíonn forbairt GS go néata, bunaithe ar shamhail gréasán de bhunscoileanna inbhuanaithe, sa chreat sin. Ach is i gcur chuig CnaG atá an creat is loighciúla le fás agus riachtanais na hearnála a réamh-mheas agus is ón chur chuige samhaltaithe seo a gheofar na cuspóirí Pleanáil Cheantair


3.2 Samhail riachtanas don fhás earnála

Ghlac muid le samhail riachtanais earnála bunaithe ar eachtarshuí treochtaí rollúcháin san earnáil ón am atá caite. Tá siad seo bunaithe ar thrí chás fhéideartha (mar atá molta in Athbhreithniú na Gaelscolaíochta 2008). Is é sin, cásanna éadóchasacha, réadúla agus dóchasacha. Tá na cásanna seo bunaithe ar na tuiscintí seo a leanas:

Cás féideartha	Tuiscintí a bhaineann le hlontrálacha in earnáil na bunscolaíochta	Tuiscintí a bhaineann le rátaí aistrithe go hearnáil na hiarbhunscolaíochta
1 Éadóchasach	Méadú 0% in lontrálacha sna 7 mbliana atá romhainn	Fanann rátaí aistrithe idir bunscolaíocht agus iarbhunscolaíocht GS mar an gcéanna ag 55% sna blianta atá romhainn.
2 Réadúil	Garmheastachán a bhaineann le measúnú meánfháis sna 9 mbliana roimhe (3.43% sa bhliain)	Méadú sna rátaí aistrithe go dtí iarbhunscolaíocht GS go dtí 60% faoi bhliain acadúil 2025/26.
3 Dóchasach	Fás 6.46% ar ionann é agus leanúint den fhás a bhí ann le 10 mbliana anuas.	Méadú sna rátaí aistrithe go dtí iarbhunscolaíocht GS go dtí 65% faoi bhliain acadúil 2025/26.

3.2.1 Réamh-mheastacháin bhunscolaíocht GS

Is iad seo na réamh-mheastacháin is toradh d'fheidhmiú na dtuiscintí thuas san earnáil bhunscolaíochta:



Mar atá leagtha amach thuas, beidh fás san earnáil go fóill go dtí 5,015 dalta (méadú 11.4% ar leibhéal 19/20) faoi bhliain acadúil 2025/26, rud is ionann agus 514 áit bhreise. Is é seo an bhonnlíne a d'úsáid CnaG dár gcás éadóchasach.

Sa chás réadúil déantar treochtaí an ama atá caite a eachtarshuí trí úsáid na meántreochta fáis in iontrálacha le cúig bliana anuas (3.43%). Tá sé iomlán réadúil glacadh leis go leanfaidh an méadú líon daltaí ag an leibhéal seo agus dáiríre, dar leis an Chomhairle gur seo an íos-spríoc rollúcháin feasta. Léirítear sa chás seo fás san earnáil bhunscolaíochta go dtí 5,600 dalta (méadú 24.4% ar leibhéal 19/20) faoi bhliain acadúil 2025/26, rud is ionann agus 1,099 dalta breise san earnáil. Creideann CnaG gur cás dóchúil é seo má thugtar tacaíocht agus acmhainní leordhóthanacha.

Maidir leis an chás dhóchasach, roghnaíodh ráta 6.46% - treocht fhadtéarmach an ama atá caite le seacht mbliana anuas, rud is ionann agus an figiúr fáis 10 mbliana. Is ionann an cás seo, dar linn, agus spríoc fhéideartha inghnóthaithe leis an earnáil a mhéadú sna blianta amach romhainn má bhíonn tosca fabhracha ann. Is ionann an cás seo agus fás go dtí 6,079 dalta (méadú breis agus

35% san earnáil bhunscolaíochta ó leibhéal 19/20) faoi bhliain acadúil 25/26, rud ab ionann agus 1,578 dalta breise.

Is fiú a shonrú nach bhfuil in iontrálacha san earnáil bhunscolaíochta GS ach níos lú ná 3% de na hiontrálacha iomlána sa bhunoideachas. Faoi na tosca cearta agus leis an tacaíocht atá de dhíth, tá cumas ollmhór ag an earnáil seo méadú de réir mar a thagann níos mó agus níos mó tuismitheoirí ar thuiscint ar an luach atá le buntáistí oideachais agus eile na Gaelscolaíochta. Go deimhin, dá mbeadh straitéis forbairt phleanáilte againn don earnáil agus ag cur san áireamh bhuntáistí oideachais agus eile an dátheangachais agus méid 'margadh' féideartha GS, creidimid go bhfuil d'acmhainn ag an earnáil leanúint den fhás go ceann na mblianta. Chuige seo, bheadh na hacmhainní cuí de dhíth ar an earnáil le soláthar ardchaighdeán oideachais a chur ar fáil le cois cóiríocht agus áiseanna tánaisteacha ardchaighdeán. Braithfidh inniúlacht na hearnála bunscolaíochta GS córas maith a sholáthar ar roinnt fachtóirí agus go háirithe an leibhéal acmhainní a chuirfear ar fáil don earnáil réamhscolaíochta agus an cháilíocht soláthair a bheidh inti siúd.

Creideann CnaG gur riachtanach maoiniú ceart na hearnála deonaí réamhscolaíochta leis na leibhéal chuí tacaíocht churaclaim agus theanga a thabhairt le cois forbairt ghairmiúil leanúnach agus luach saothair, téarmaí agus coinníollacha na ndaoine atá ag obair san earnáil a fheabhsú. Creideann CnaG fosta gur chóir tús áite a thabhairt do leathadh leanúnach na hearnála réamhscoile mar a bhfuil éileamh ar an soláthar seo. Is den rithábacht tacú le riachtanais an dá earnáil réamhscolaíochta chun cáilíocht an tsoláthair san earnáil a fheabhsú agus le tacú le samhail fáis na hearnála. I dtuairisc de chuid na Roinne Oideachais a foilsíodh ar na mallaibh, aithníodh an tábhacht atá le feabhsú cháilíocht an tsoláthair san earnáil agus pléitear é seo i mír 1.6.8 thuas.


Creideann CnaG gur chóir na cásanna féideartha fáis éagsúla a athbhreithniú agus, nuair is gá, a nuashonrú ar bhonn bliantúil, nuair a shocrófar na figiúirí bliantúla iontrála agus na treochoirí fáis a thiocfaidh chun cinn.

3.2.2 Réamh-mheastacháin iarbhunscolaíocht GS

Mar a léiríodh i mír 3.1 thuas ní deacair rollú féideartha na hearnála iarbhunscolaíocht GS a chainníochtú ós rud é go bhfuil sé, a bheag nó a mhór, teoranta don líon daltaí atá cláraithe ar bhunscoileanna GS ina scoilcheantair. Dá thairbhe sin, is eol dúinn, den chuid is mó, an líon páistí a bheidh ag teacht as bunscoileanna GS go ceann seacht mbliana. Tá sainmhíniú soiléir go leor fosta ar scoileanna friothálacha na gceantar éagsúil iarbhunscolaíochta. Is í an phríomhathróg, mar sin de, a bhaineann le riachtanais na hearnála iarbhunscolaíocht GS an ráta aistrithe ó bhunscolaíocht GS go dtí iarbhunscolaíocht GS a thuar. 55%, ag leibhéal earnála, an ráta i scoilbhliain 19/20 agus tá sé idir 51-55% le ceithre bliana anuas. Ar mhaithe lena réamh-mheastacháin earnála, tá CnaG ag glacadh leis go mbeidh meánráta reatha 53% i gceist.

Tá líon níos mó páistí ná riamh ag teacht amach as bunscoileanna GS agus leis an fhás sa soláthar iarbhunscolaíochta le blianta beaga anuas, cuirfear ar chumas na hearnála iarbhunscolaíochta leanúint de mhéadú a rollú foriomlán.

Léirítear sa ghraf seo a leanas an fás féideartha san earnáil, bunaithe ar an ráta reatha aistrithe fanacht mar an gcéanna ag 53% agus ar ráta aistrithe a mhéadú go 57% agus 60% faoi seach.



Léirítear sa ghraf thuas, fiú gan aon fhás i rátaí aistrithe, gó méadóidh an earnáil faoi 978 dalta ó 1,326 i Meán Fómhair 2019 go 2,304 faoi bhliain acadúil 2025/6 - méadú 74% rud is ionann agus fás cumaisc 9.65% san earnáil.

Léirítear inár gcás féideartha réadúil gurb é an toradh a bheidh ar mhéadú an ráta aistrithe go réidh thar thréimhse cúig bliana méadú 57% san earnáil ó 1,326 go 2,414, rud is ionann agus fás foriomlán 82% nó ráta fáis cumaisc 10.5%.

Léirítear inár gcás féideartha dóchasach de rátaí aistrithe 60% ó bhunscolaíocht GS go hiarbhunscolaíocht GS, méadú na hearnála go 2,467, méadú dar suim 1,141 dalta nó 86% faoi bhliain acadúil 2025/26, rud is ionann agus fás cumaisc 10.9% sa bhliain.

Beidh tionchar suntasach ar na rátaí aistrithe seo ag leibhéal tiomantais na Roinne i leith fhorbairt an tsoláthair iarbhunscolaíochta GS agus leibhéal na n-acmhainní agus na tacaíochta a chuirfear ar fáil. Beidh siad ag brath fosta ar a thoilteanaí a bheidh scoileanna, ina bhfuil aonaid, rolluithe a fhás nó sruthanna a fhorbairt ina scoileanna neamhspleácha inmharthana a ghabhann d'fheidhm

straitéiseach i bhforbairt na bpobal labhartha Gaeilge. Beidh gá fosta le hathrú ó bhun sa líon múinteoirí atá á n-oiliúint agus go háirithe múinteoirí sainábhar. Leis an leibhéal reatha oiliúint múinteoirí, ní féidir tacú le haon chás fáis acu seo thuas agus pléitear leis seo sa chéad mhír eile den tuarascáil seo.

3.3 Impleachtaí na samhla fáis earnála.

Léirítear san anailís thuas réamh-mheastachán i leith mhéid fhoriomlán na hearnála bunaithe ar threochtaí an ama a chuaigh thart agus réimse de chásanna féideartha. Léirítear sna cásanna seo uilig go bhfuil fíorghá don Roinn Oideachais, don Údarás Oideachais agus do gach páirtí leasmhar eile pleanáil i leith mhéadú suntasach na hearnála - fiú le fás 0% in iontrálacha bliantúla san earnáil. Beidh gá le riar ar an fhás seo i réimsí éagsúla, lena n-áirítear oiliúint múinteoirí breise, soláthar seomraí ranga breise, oscailt scoileanna úra, soláthar acmhainní breise teagaisc, gnóthú seirbhísí breise tacaíocht oideachais agus seirbhísí breise óige trí mheán na Gaeilge.

Is léir gur gá dul i mbun mionanailíse le nádúr agus méid riachtanais na hearnála a shainmhíniú go cruinn, bunaithe ar réamh-mheastachán fáis, lena n-áirítear an líon breise múinteoirí, cúntóirí ranga agus seomraí ranga breise ar dócha go mbeidh gá leo faoi gach cás, bunaithe ar na rolluithe réamh-mheasta sna blianta atá romhainn.

I dtéarmaí ginearálta, bunaithe ar an chás réadúil fáis 24.4% san earnáil bhunscolaíochta agus 82% san iarbhunscolaíocht, cruthófar gá práinneach le méaduithe suntasacha i líon baill foirne teagaisc, cúntóirí ranga agus i soláthar cóiríochta na hearnála. Le riachtanais na hearnála réamhscolaíochta, cruthófar éilimh eile arís.

I mír 4 den tuarascáil seo, tugtar aird ar leith ar riachtanais múinteoirí san earnáil a shainmhíniú mar chéad chéim i sainmhíniú na riachtanais acmhainní is leithne. Beidh CnaG ag obair i bpáirt leis an Roinn leis na riachtanais seo a mheas agus a scagadh a thuilleadh amach anseo, lena n-áirítear:

- A chinntiú go riartar ar riachtanais chóiríochta na hearnála, lena n-áirítear áiseanna scoileanna a fheabhsú ar a suíomhanna reatha nó scoileanna atá ag fás a athlonnú go dtí suíomhanna níos fóirsteanáí.
- Na seirbhísí cuí oideachais, curaclaim, seirbhísí tacaíochta sainriachtanas a sholáthar.
- Seirbhísí óige GS a fheabhsú.
- Tacaíocht leordhóthanach airgeadais a chur ar fáil do sheirbhísí tacaíochta earnála - trí Chomhairle, Altram, Iontaobhas, an tÚdarás Oideachais.
- Leibhéil leordhóthanacha acmhainní ranga GS a fháil.
- Áiteanna breise réamhscolaíochta a fháil agus go háirithe soláthar Reachtúil GS a chur ar fáil áit a bhfuil éileamh air seo ag bunadh an cheantair.

Tá géarghá ann fosta athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar reatha cóiríochta san earnáil agus na himpleachtaí a bhaineann le tuilleadh fáis do scoileanna aonair ar fud na hearnála. Caithefear oiriúnacht na cóiríochta a mheas dáiríre le cois na suíomhanna ar a bhfuil na scoileanna lonnaithe agus is gá cur chuir chuige straitéiseach a fheidhmiú nuair a bheifear ag pleanáil an fháis ar fud na hearnála.

3.5 Cuspóirí earnála

Bunaithe ar an eolas atá acu ar an earnáil agus ar an anailís thuas, tá réimse cuspóirí leagtha amach ag CnaG a mbeidh gá leo agus a thacóidh le forbairt fhoriomlán na hearnála agus a bheidh mar bhonn agus taca ag an phróiseas Pleanáil Cheantair.

3.5.1 Creat stóinsithe a chur ar bun don Phleanáil Cheantair

Feictear do CnaG go bhfuil d'acmhainn ag an Phróiseas Pleanáil Cheantair ionchur iontach dearfach a bheith aige maidir le todhchaí earnáil GS a phleanáil agus mar chuidiú le forbairt bonneagair a nascadh le prionsabail na pleanála cuí ceantair. Go deimhin, is tábhachtaí i bhfad an próiseas seo d'earnáil GS ná mar atá do bhunús na n-earnálacha Béarla sa mhéid gur earnáil í atá ag fás agus a bhfuil géarghá aici le forbairt bonneagar caipitiúil.

Tá CnaG iomlán tiomanta do chreat stóinsithe don Phleanáil Cheantair atá cothrom agus buanaithe ar eolas cruinn staidrimh agus ar eolas beacht ar an bhonneagar reatha in eastát na scoileanna. Ba chóir gurb é an bonn atá faoi phleanáil cheantair na hearnála GS na réamh-mheastacháin fáis sa doiciméad seo.

3.5.2 Pleanáil bonneagar earnáil GS

Tá an-chuid éagsúlachta sa bhail atá ar na foirgnimh reatha san earnáil agus idir sin agus riachtanais chóiríochta amach anseo mar gheall ar an éileamh folaigh agus iontrálacha méadaithe, is den ríthábhacht an phleanáil éifeachtach faoi choinne riachtanais chóiríochta na hearnála GS.

Mar atá leagtha amach i mír 3.2.1 má bhíonn fiú ráta méadaithe measartha de 3.43% in úsáid sa chás réadúil, méadófar an earnáil bhunscolaíochta faoi bheganach agus 1,100 dalta nó 24.4% faoi bhliain acadúil 2025/26. Cruthófar leis seo tuilleadh riachtanais chóiríochta de bhreis orthu sin atá ann cheana agus caithear pleanáil ina leith sin.

Ba mhian le CnaG, i gcomhar le hlontaobhas na Gaelscolaíochta agus le Foireann Oibríochtaí na Roinne, go ndéanfaí athbhreithniú cuimsitheach ar chóiríocht na hearnála GS agus na cuspóirí sainiúla seo a leanas leis:

1. Staidéar Bonnline Cóiríochta

Cionn is gur mhéadaigh scoileanna GS go mór, fágann sé sin go mbíonn riachtanais chóiríochta na hearnála ag síorchlaoslú. Ba bhunlíne thábhachtach í athbhreithniú bunlíne cuimsitheach ar gach scoil GS ag tús na chéad scoilbhliana eile trína bhféadfaí riachtanais mhéadaithe na scoileanna amach anseo a phleanáil agus a mhonatóiriú. Ba mhian le CnaG dul i bpáirt le RO agus ÚO le staidéar bunlíne iomlán a shocrú ar staid reatha na cóiríochta san earnáil GS.

2. Measúnuithe Riachtanas/Staidéir Féidearthachta

Creideann CnaG go bhfuil líon mór Gaelscoileanna ag feidhmiú thar a n-acmhainní maidir lena gcuid cóiríochta agus nach bhfuil an chóiríocht choimhdeach riachtanach ag go leor acu

chun eispéireas saibhir oideachais a sholáthar. Tá go leor acu suite ar shuíomhanna cúnga agus is beag an cumas atá acu leathnú amach le freastal ar fhás gan cur isteach ar cháilíocht na timpeallachta oideachais sa scoil a thuilleadh. D'fhéadfadh sé go mbeadh réimse measúnuithe riachtanas/staidéar féidearthachta de dhíth le cuidiú le scoileanna bealach a aithint le cóiríocht a sholáthar le freastal ar a riachtanais reatha, chomh maith le haon fhás réamh-mheasta. D'fhéadfadh sé seo a bheith ar shuíomh reatha nó leathnaithe na scoile nó ar shuíomh nua, i gcás athlonnaithe.

3. Plean Infheistíochta

Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí infheistíocht dhóthanach ar fáil i mbuiséid na RO chun déileáil le riachtanais chóiríochta na hearnála ionas nach mbeidh earnáil na Gaelscolaíochta faoi mhíbhuntáiste i dtéarmaí cháilíocht na timpeallachta oideachais, i gcomparáid leis an earnáil Bhéarla. Is gá plean infheistíochta meántéarmach leanúnach a chur i bhfeidhm, bunaithe ar riachtanais earnáil na Gaelscolaíochta sna 5-10 bliain amach romhainn, agus an réimse cásanna a sainaithníodh cheana féin agus go háirithe, easpa glan-fháis i rolluithe bliantúla agus an méadú réadúil ar rolluithe réamh-mheasta. Úsáidfear an plean seo le cuidiú le bun eolais a chur faoin Roinn maidir le riachtanais earnáil na Gaelscolaíochta atá le teacht le gur féidir iad a chur san áireamh i bpleananna forbartha caipitil na Roinne. Bheadh an Plean Infheistíochta seo bunaithe ar na réamh-mheastacháin fáis ghinearálta, ach ba chóir go mbeadh sé bunaithe ar an mheasúnú bunlíne agus ar mheasúnuithe riachtanas/staidéir féidearthachta na scoileanna aonair mar a shainaithnítear iad ag 1 agus 2 thuas.

4. Ceantair a Sainaithníodh lena bhFhorbairt Amach Anseo

Sa tábla thíos tá breac-chuntas ar na ceantair a d'fhéadfaí a fhorbairt faoi choinne soláthar GS amach anseo idir 2021-2026. Tá na dátaí ar aon dul leis an chéad Plean Gnímh Pleanáil Cheantair eile.

Faoi láthair níl soláthar GS ar bith sna ceantair seo nó tá soláthar breise de dhíth iontu agus suim curtha in iúl ag na pobail ina leithéid de sholáthar a bhunú ina gceantair.

Déanfaidh Comhairle na Gaelscolaíochta forbairtí a mhonatóiriú agus oibreoidh siad i ndlúthpháirt le pobail áitiúla ina gcuid iarrachtaí soláthar GS a bhunú trí staidéir indéantachta a thionscnamh nuair is cuí.

Ionad	CRÁ	Dáta Tosaigh	Comhthéacs
*Béal Feirste Thoir	Comhairle Cathrach Bhéal Feirste	2021	Rinneadh staidéar indéantachta ar dtús le pobal na háite lena fháil amach an raibh go leor éilimh ar sholáthar GS roimh dhul ar aghaidh chuig an chéad chéim forbartha eile; coiste bainistíochta a bhunú, ionad/suíomh a shainaithint srl.
Béal Feirste Thiar Lair	Comhairle Cathrach Bhéal Feirste	2021	Ró-éileamh ar an soláthar reatha agus, dá thoradh, éileamh méadaithe pobail ar sholáthar réamhscolaíocht GS.

Ionad	CRÁ	Dáta Tosaigh	Comhthéacs
Baile Aontroma, Co. Aontroma	Comhairle Buirge Aontroma & Bhaile Nua na Mainistreach	2021	Déanfar staidéar indéantachta ar dtús le pobal na háite lena fháil amach an mbeadh go leor éilimh ar sholáthar GS roimh dhul ar aghaidh chuig an chéad chéim forbartha eile; coiste bainistíochta a bhunú, ionad/suíomh a shainaitint srl.
An Chorr Uinseogach, Co. Ard Mhacha	An tIúr, Múrna agus Dún Pádraig	2022	Déanfar staidéar indéantachta ar dtús le pobal na háite lena fháil amach an mbeadh go leor éilimh ar sholáthar GS roimh dhul ar aghaidh chuig an chéad chéim forbartha eile; coiste bainistíochta a bhunú, ionad/suíomh a shainaitint srl.
Baile Hill Co. an Dúin	An tIúr, Múrna agus Dún Pádraig	2022	Déanfar staidéar indéantachta ar dtús le pobal na háite lena fháil amach an mbeadh go leor éilimh ar sholáthar GS roimh dhul ar aghaidh chuig an chéad chéim forbartha eile; coiste bainistíochta a bhunú, ionad/suíomh a shainaitint srl.
Ceathrú Aodha Dhuibh Co. an Dúin	Comhairle Lios na gCearrbhach agus an Chaisleáin Riabhaigh	2023	Déanfar staidéar indéantachta ar dtús le pobal na háite lena fháil amach an mbeadh go leor éilimh ar sholáthar GS roimh dhul ar aghaidh chuig an chéad chéim forbartha eile; coiste bainistíochta a bhunú, ionad/suíomh a shainaitint srl.
Cathair Ard Mhacha	Comhairle Ard Mhacha, Dhroichead na Banna & Craigavon	2023	Déanfar staidéar indéantachta ar dtús le pobal na háite lena fháil amach an mbeadh go leor éilimh ar sholáthar GS roimh dhul ar aghaidh chuig an chéad chéim forbartha eile; coiste bainistíochta a bhunú, ionad/suíomh a shainaitint srl.
Lag an Aoil, Béal Feirste Thuaidh	Comhairle Cathrach Bhéal Feirste	2024	Déanfar staidéar indéantachta ar dtús le pobal na háite lena fháil amach an mbeadh go leor éilimh ar sholáthar GS roimh dhul ar aghaidh chuig an chéad chéim forbartha eile; coiste bainistíochta a bhunú, ionad/suíomh a shainaitint srl.
Cnoc an Iolair, Béal Feirste Thiar Amuigh	Comhairle Cathrach Bhéal Feirste	2024	Déanfar staidéar indéantachta ar dtús le pobal na háite lena fháil amach an mbeadh go leor éilimh ar sholáthar GS roimh dhul ar aghaidh chuig an chéad chéim forbartha eile; coiste bainistíochta a bhunú, ionad/suíomh a shainaitint srl.
Ionad	CRÁ	Dáta Tosai	Comhthéacs

		gh	
An Creagán, Cathair Dhoire	Comhairle Dhoire & an tSratha Báin	2025	Déanfar staidéar indéantachta ar dtús le pobal na háite lena fháil amach an mbeadh go leor éilimh ar sholáthar GS roimh dhul ar aghaidh chuig an chéad chéim forbartha eile; coiste bainistíochta a bhunú, ionad/suíomh a shainaitheint srl.
Baile Uí Dhálaigh Co. Thír Eoghain	Comhairle Buirge Dhún Geanainn agus Thír Eoghain Theas	2025	Déanfar staidéar indéantachta ar dtús le pobal na háite lena fháil amach an mbeadh go leor éilimh ar sholáthar GS roimh dhul ar aghaidh chuig an chéad chéim forbartha eile; coiste bainistíochta a bhunú, ionad/suíomh a shainaitheint srl.
Inis Ceithleann, Co. Fhear Manach	Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí	2026	Déanfar staidéar indéantachta ar dtús le pobal na háite lena fháil amach an mbeadh go leor éilimh ar sholáthar GS roimh dhul ar aghaidh chuig an chéad chéim forbartha eile; coiste bainistíochta a bhunú, ionad/suíomh a shainaitheint srl.

4.0 Tacaíocht Oideachais

Mar gheall ar chatagóirí scoilte na hearnála, a chuimsíonn scoileanna rialaithe, scoileanna Caitliceacha agus scoileanna eile atá faoi chothabháil, tá sé tábhachtach bealaí láidre a aimsiú chun tacú le riachtanais churaclaim na Gaelscolaíochta agus chun dea-chleachtas, eispéiris agus acmhainní a roinnt ar fud na hearnála. Go dtí seo tá an RO agus an ÚO ag brath ar chomhoibriú mar chur chuige chun scoileanna agus tacaíocht a fhorbairt in earnáil na Gaelscolaíochta.

Tá CnaG go láidir den tuairim go gcaithfidh an ÚO a bheith lárnach i bhforbairt creat tacaíocht straitéiseach a tharraingíonn ar shaineolas agus ar eolas Choláiste Ollscoile Naomh Muire, An tÁisaonad, CCEA, Altram, CnaG, ETI, an Chomhairle Ghinearálta Mhúinteoireachta do Tuaisceart Éireann (GTCNI) agus cleachtóirí rathúla aonair GS.

Tá na réimsí seo a leanas sainaitheanta ag CnaG mar na riachtanais is práinní san earnáil GS:

- Soláthar leordhóthanach agus iomchuí do dhaltaí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu i gcomhthéacs tumoideachais sa Ghaelscolaíocht, lena n-áirítear líonra réigiúnach d'ionaid tacaíochta foghlama a sholáthar;
- Cur chuige straitéiseach maidir le saincheisteanna a bhaineann le soláthar múinteoirí;
- Soláthar leordhóthanach do scoileanna GS lena n-áirítear uirlisí iomchuí measúnaithe;
- Tacaíocht do Ghobharnóirí Scoileanna;
- Comhordaitheoir do Chomhphobal na Gaelscolaíochta a cheapadh (IMLC)
- Tacaíocht shonrach ón ÚO don Ghaelscolaíocht;
- Athbhreithniú ar dheiseanna Oideachais Roinnte don Ghaelscolaíocht;
- Cur i bhfeidhm moltaí maidir leis an chleachtas is fearr i réimse na luathbhlianta sa Ghaelscolaíocht;
- Comhoibriú trasteorann a fhorbairt;
- Seirbhísí don óige agus naisc leis an phobail san earnáil GS.

4.1 Sainriachtanais Oideachais (SRO)

Tá constaicí suntasacha go fóill ann maidir le Sainriachtanais Oideachais i soláthar na Gaelscolaíochta, (SENIM), lena chinntiú go bhfaigheann gach dalta an tacaíocht oideolaíoch-shonrach agus teanga-shonrach atá oiriúnach do thimpeallacht Ghaelscolaíochta. Cuirtear leis seo níos mó mar gheall ar easpa tuisceana agus comhordaithe i measc gníomhaireachtaí freagracha reatha, chun tacaíocht leordhóthanach a chinntiú do pháistí SENIM.

Tá páistí i nGaelscoileanna faoi mhíbhuntáiste mór ó tharla nach bhfuil siad in ann teacht ar idirghabháil iomchuí nó thráthúil maidir lena sainriachtanais oideachais. Tá géarghá leis seo go háirithe maidir le páistí a bhfuil deacrachtaí foghlama ar leith acu, lena n-áirítear disléicse, agus a chuireann easpa tástálacha caighdeánaithe oiriúnacha bac mór ar shainathint agus ar idirghabháil ina dhiaidh sin. Is i mBéarla amháin atá na critéir reatha a úsáideann Síceolaithe Oideachais, mar

shampla, rud a chiallaíonn nach dtig le páistí sa Ghaelscolaíocht iad a rochtain go dtí i bhfad níos moille ina saol scoile.

Tá méadú ag teacht freisin ar líon na ndaltaí GS a bhfuil deacrachtaí cainte agus teanga acu; Deacrachtaí Sóisialta, Mothúchána agus Iompraíochta (DSMI) chomh maith le Neamhoird Speictrim Uathachais (NSU). Tá easpa ábhar tacaíochta breise nó a gcoibhéis i nGaeilge do na páistí sin a bhfuil deacrachtaí acu; Breith ar an Léitheoireacht; Lexia; *Catch up Maths* srl.

Tá easpa feasachta ag eagraíochtaí oideachais agus tacaíochta sláinte ar mhiondífriochtaí sa Ghaelscolaíocht, lena n-áirítear na buntáistí oideachasúla agus cognaíoch a bhaineann le tumoideachas, leis an dátheangachas agus leis an délitearthacht. Go minic is féidir le suíomh délitearthachta a bheith tairbheach i ndáiríre do pháistí a bhfuil sainriachtanais acu oideachais, go háirithe nuair a bhíonn doimhneachtaí ortagrafacha difriúla ag na teangacha agus a chuireann cur chuige nua ar fáil dóibh. Caithfidh oiliúint agus acmhainní feasachta é seo a léiriú seachas comhairleoirí seachtracha ag cur brú ar thuismitheoirí páistí a bhogadh go suíomh Béarla.

Ó foilsíodh an Tuarascáil Taighde urraithe ag an RO, *Measúnú Riachtanas agus Staidéar Féidearthachta chun Uirlisí Diagnóiseacha Ardleibhéil a fhorbairt i nGaeilge do Pháistí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu in Earnáil na Gaelscolaíochta* (2012), creidtear go forleathan i measc cleachtóirí SRO in earnáil na Gaelscolaíochta go ndéantar leatrom ar pháistí a bhfuil sainriachtanais acu, cionn is nár aontaigh na gníomhaireachtaí tacaíochta ábhartha aon chritéir inghlactha maidir lena ndiagnóis agus a n-idirghabháil. Ba é cinneadh na tuarascála nach raibh aon ghá le measúnuithe diagnóiseacha deiridh ardleibhéil sa Ghaelscolaíocht. Níor ghlac agus ní ghlacann an earnáil leis seo.

Molann CnaG na nithe seo a leanas:

- Tá géarghá práinneach le polasaí oiriúnaithe SENIM, chomh maith le córas comhleanúnach dea-chomhordaithe de sheirbhísí SENIM a chruthú, tríd an ÚO, a fhágfaidh go mbainfidh gach páiste a gcumas amach;
- Ní mór modh inghlactha agus oiriúnach ó thaobh na teanga de a fhorbairt chun sainaithint agus idirghabháil luath a dhéanamh maidir le SRO i scoileanna GS, lena chinntiú go dtugtar aghaidh ar na neamhionannais reatha go práinneach;
- Ba chóir don ÚO agus gníomhaireachtaí seachtracha eile tacú le páistí GS a bhfuil réimse de riachtanais bhreise acu, más féidir, trí mheán na Gaeilge, ionas nach mbeidh ar thuismitheoirí rogha a dhéanamh idir tacaíocht bhreise dá bpáistí agus an Ghaelscolaíocht;
- Ba chóir tástálacha iomchuí a mheasann na scileanna breise atá ag páistí dátheangacha a fhorbairt le húsáid san earnáil;
- Ba chóir roinnt múinteoirí/Comhordaitheoirí SRO san earnáil GS a ligean ar iasacht óna bpoist i scoileanna le hoiliúint a fháil mar Shíceolaithe Oideachais don earnáil GS. Ag teacht leis an tsamhail a cuireadh ar fáil do scoileanna san earnáil Bhéarla san am atá thart, molann CnaG go leanfaidh múinteoirí dá dtuarastal teagaisc a fháil le linn a gcuid oiliúna; go n-íoctar tuarastal an mhúinteora ionaid fosta; go gceanglófar ar gach Síceolaí Oideachais a cháilíonn de thoradh na scéime seo oibriú don ÚO ar feadh tréimhse 3 bliana i ndiaidh

cáiliú agus go n-oibreoidh siad go príomha leis an earnáil GS. Molann CnaG go láidir fosta go leasófaí an cúrsa nuair is gá le hé féin a ailíniú le miondífriochtaí a bhaineann leis an tumoideachas.

- Ba chóir don ÚO tabhairt faoi fheachtas iniúchadh scileanna agus earcaíochta le teiripeoirí Urlabhra agus Teanga, múinteoirí comhairleacha/tacaíochta don Uimhearthacht, Litearthacht srl. a sholáthar mar is cuí san earnáil GS;
- Ba chóir don ÚO oifigeach/oifigigh tacaíochta san earnáil a cheapadh, i gcomhair le stiúthóireacht an CYPS faoi mar atá sa stiúthóireacht oideachais;
- Ba chóir buiséad sonrath a chinntiú chun acmhainní tacaíochta a chruthú do dhaltaí GS a bhfuil sainriachtanais nó riachtanais bhreise acu mar Neamhord Speictrim Uathaigh (NSU), Deacrachtaí Sóisialta, Mothúchána agus Iompraíochta agus Urlabhra agus Teanga srl.

Ionaid Tacaíochta Foghlama

Ó Aibreán 2020 ní raibh aon Ionad Tacaíochta Foghlama (ITFanna) in earnáil na Gaelscolaíochta; chuir an ÚO tús le próiseas, áfach, le scoileanna a shainnithint ina gcuirtear soláthar sealadach de chineál tacaíochta foghlama (acmhainní) ar fáil idir an dá linn, agus Moltaí Forbartha á gcur chun cinn, le líonra réigiúnach ITFanna GS buan a chinntiú amach anseo.

Molann CnaG na nithe seo a leanas:

Go mbunófar líonra réigiúnach de ITFanna a bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu don earnáil GS ar bhonn comhréireach le hearnáil an Bhéarla, chun déileáil mar is cuí leis an líon méadaitheach atá ag freastal ar Ghaelscoileanna chomh maith leis an réimse leathan saincheisteanna atá ann.

4.2 Soláthar Múinteoirí

Ós í an earnáil is mó fáis í san oideachas faoi láthair, tá riachtanais phráinneacha soláthar múinteoirí GS aici. Braithfear tionchar Covid-19 ar an fhórsa saothair níos géire freisin san earnáil GS ina bhfuil soláthar múinteoirí teoranta cheana féin. Tá straitéis de dhíth go práinneach le soláthar múinteoirí don earnáil GS a mhéadú, le coinneáil suas leis an fhás san éileamh, go háirithe san oideachas iarbhunscoile, de réir dhualgas reachtúil na Roinne Oideachais. Aithníodh i dtuarascáil neamhspleách a rinne saineolaithe teanga ó Chomhairle na hEorpa, agus a cuireadh i láthair ar 1 Iúil 2020, an gá atá le múinteoirí breise a oiliúint. Dúradh ann, "De réir mar a bhíonn líon na ndaltaí ag fás gach bliain, tá gá ann go fóill le planáil níos straitéisí don éileamh réamh-mheasta. Baineann sé seo, go háirithe, le hoiliúint múinteoirí atá in ann ábhair a theagasc i nGaeilge ag leibhéil réamhscoile agus mheánscoile, agus na riachtanais áirithe oideachais san tumoideachais san áireamh."

4.2.1 An Gá le hOiliúint Múinteoirí a Shainmhíniú

Tá gá seanbhunaithe le múinteoirí cáilithe a sholáthar don líon méadaitheach náiscoilleana agus bhunscoilleana san earnáil GS, chomh maith le dul i ngleic leis an ghá phráinneach atá le

múinteoirí nuacháilithe dea-oilte don earnáil iarbhunscoile. Rinne CnaG meastachán ar riachtanais oiliúna múinteoirí bunaithe ar na samhlacha fáis éadóchasacha, réadúla agus dóchasacha a leagtar amach i gcuid 3.2 agus tá na riachtanais seo leagtha amach sa tábla thíos:

Riachtanas measta iomlán oiliúna múinteoirí in aghaidh na bliana idir 2019-2025, ag glacadh le fás sna trí chás thíos.			
	Réamhscoil/ Bunscoil	Iarbhunscoil	Riachtanas iomlán múinteoirí in aghaidh na bliana
Cás Éadóchasach Fáis	21	26	47
Cás Réadúil Fáis	31	29	60
Cás Dóchasach Fáis	40	30	70

Léirigh an tábla thuas léargas ar thionchar an fháis réamh-mheasta maidir le riachtanais foirne teagaisc san earnáil. Aithníonn an cás réadúil go gcaithfear 60 múinteoir a oiliúint gach bliain idir seo agus 2025, ag glacadh le ráta fáis measartha de 3.43% in aghaidh na bliana. I mbliana níl ach 40 múinteoir á n-oiliúint le haghaidh GS - 20 tríd an chlár 1 bliana TICO Bunscoile GS, 12 tríd an chlár 4 bliana B.Ed i gColáiste Ollscoile Naomh Muire agus 8 sa chlár 1 bliana TICO IarBhunscoile in OnB/OU agus is léir go bhfuil easnamh ann fiú sa chás éadóchasach (gan aon fhás i rolluithe).

Tá réimse fachtóirí ann nach mór a mheas agus a chur san áireamh lena chinntiú go bhfuil riachtanais na hearnála á gcomhlíonadh maidir le múinteoirí nua-cháilithe a sholáthar. Ina measc sin tá:

Fás san Earnáil Reachtúil Réamhscolaíochta

I mbliain acadúil 2019/2020, d'fhreastail 51% de na páistí sa Ghaelscolaíocht ina mbliain réamhscoile ar sholáthar reachtúil agus d'fhreastail an chuid eile ar réamhscoileanna deonacha. Faoin Bheart Nua Deich mBliana tá tiomantas ann leibhéal an tsoláthair reachtúil náiscoilleana a mhéadú agus is dócha go dtiocfaidh méadú ar an fhiigiúr seo sna 5 bliana amach romhainn a mbeidh gá le méadú múinteoirí réamhscoile dá bharr.

Sainmhúinteoirí Ábhair

Tá gá atá ag fás fosta le múinteoirí a bhfuil na hábhair chúí acu, inniúlacht ardleibhéil sa Ghaeilge, léargas speisialaithe ar an tumoideachas agus na hacmhainní a theastaíonn chun iad seo a chur i bhfeidhm. Ó tharla go dtógann sé roinnt blianta múinteoirí a oiliúint agus go bhfuil ganntanas suntasach sainmhúinteoirí ann cheana féin i réimsí mar eolaíocht agus matamaitic, caithfear aghaidh a thabhairt air seo mar ábhar práinne.

Cailleadh múinteoirí ar bhogadh dóibh chuig earnálacha/dlínsí eile

Is measa arís ceist an tsoláthair múinteoirí nuair a chuirtear san áireamh go bhfaigheann cuid mhór de na múinteoirí a oiltear gach bliain fostaíocht i ndlínsí eile nó ag teagasc Gaeilge agus/nó ábhair eile in earnáil an Bhéarla agus níl siad ar fáil d'fhostaíocht san earnáil GS.

Is údar tromchúiseach inní é, i bhfianaise an ghá atá le tuilleadh múinteoirí, gur tairgeadh do bhunús mór na múinteoirí Gaelscolaíochta nuacháilithe, a tháinig as Coláiste Ollscoile Naomh Muire in 2019 poist teagaisc in Aontas na Éimíróchtaí Arabacha (UAE) agus in áiteanna eile taobh amuigh d'Éirinn. Aithnímid gur fadhb í seo ar fud earnáil an oideachais, ach is mó a théann an

treocht seo i bhfeidhm ar earnáil na Gaelscolaíochta, áit a bhfuil fás as cuimse ar líon na ndaltaí agus a bhfuil an líon múinteoirí cáilithe agus múinteoirí ionaid gann go leor cheana.

Tá níos mó múinteoirí ná riamh ag aistriú chuig réimsí eile lena n-áirítear léachtóireacht ollscoile, seirbhísí aistriúcháin Pharlaimint na hEorpa agus na státseirbhíse agus sa gheilleagar i gcoitinne. Roinnt blianta ó shin, rinne Coláiste Ollscoile Naomh Muire taighde ar fhostaíocht múinteoirí a bhain céim amach idir 2013 agus 2015 lena fháil amach cé na hearnálacha ina bhfuil siad ag obair agus tá achoimre ar na torthaí sa tábla seo a leanas:

Ceann Scríbe Mic Léinn Oideachais i ndiaidh Bhronnadh na Céime ó Choláiste Ollscoile Naomh Muire 2013-15						
	B.Ed		TICO		Iomlán	
	Líon Céimithe	% de Chéimithe	Líon Céimithe	% de Chéimithe	Líon Céimithe	% de Chéimithe
Gaelscoil ó Thuaidh	13	32%	20	40%	33	36%
Gaelscoil ó Dheas	3	7%	14	28%	17	19%
Scoil Bhéarla	4	10%	10	20%	14	15%
Thar Lear	17	41%	3	6%	20	22%
Obair eile	4	10%	3	6%	7	8%
Dífhostaithe	0	0%	0	0%	0	0%
	41	100%	50	100%	91	100%

Tá sé dochreidte go bhfuil 64% de na céimithe sa staidéar nach ndeachaigh leis an earnáil GS sa Tuaisceart. Ar an drochuair, is cosúil nach ndeachaigh an leibhéal i laghad go mór le blianta beaga anuas agus de réir mar a thuigeann CnaG, go bhfuil an cailleadh múinteoirí agus iad thar lear, ó dheas nó in earnáil an Bhéarla ar aon dul leis na figiúirí thuas.

Ní bheadh an fás san earnáil GS inghnóthaithe dá leanfadh an cailleadh múinteoirí nuacháilithe seo san earnáil GS ar aghaidh. Sna figiúirí bliantúla oiliúint múinteoirí a leagtar amach ag tús na míre seo do na cásanna réadúla agus dóchasacha, glactar leis gur féidir an 'cailteanas' seo a laghdú go dtí 40%. Ní léir, áfach, go bhfuil sé seo indéanta. Má ghlactar leis go bhfanfaidh an figiúr seo ag 64%, bheadh an riachtanas bliantúil oiliúint múinteoirí mar a léirítear sa tábla thíos:

Líon iomlán múinteoirí a bheidh de dhíth sa bhliain idir 2019- 2025, ag glacadh le trí chás fáis - agus ag glacadh leis nach dtéann 64% de chéimithe leis an GS.			
	Réamhscoil/ Bunscoil	Iarbhunscoil	Iomlán
Fás Éadóchasach	35	44	79
Fás Réadúil	51	48	99
Fás Dóchasach	66	50	116

Sa tábla thuas léirítear an tionchar suntasach atá ag cailteanas múinteoirí nuacháilithe san earnáil GS ar an ghá atá le múinteoirí a oiliúint - .i. mura féidir an cailteanas seo a laghdú ó na leibhéil reatha (thart faoi 64%) go dtí sprioc 40% bheadh 99 múinteoir san iomlán le hoiliúint sa bhliain faoin chás réadúil.

Tá gá práinneach le haghaidh a thabhairt ar chailteanas múinteoirí nuacháilithe GS agus beidh CnaG i dteagmháil le RO agus le hinstiúidí oiliúint múinteoirí le straitéis a fhorbairt le níos mó de na múinteoirí a thabhairt isteach sa GS.

Ganntanas Múinteoirí Ionaid

Is tearc múinteoirí atá ar fáil cheana agus bíonn deacrachtaí leanúnacha ag scoileanna clúdach fóirsteanach ionadaíochta a fháil nuair a bhíonn sé de dhíth. Tá ganntanas múinteoirí ionaid a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu cheana féin agus bíonn deacrachtaí suntasacha ag beagnach gach scoil teacht ar chlúdach ionadaíochta do mhúinteoirí atá tinn agus fiú do mhúinteoirí a bhíonn as láthair go fadtéarmach lena n-áirítear clúdach Máithreachais. Tá a fhianaise seo feicthe ag CnaG san earnáil agus muid ag plé na gcúrsaí seo le príomhoidí; tá fianaise láidir starógach ann go bhfuil sé deacair teacht ar chlúdach ionadaíochta go háirithe i dtéarmaí 2 agus 3 óir laghdaítear an líon múinteoirí a bhíonn ar fáil i dtéarma 1 agus 2 trí thréimhsí máithreachais á dtairiscint do mhúinteoirí úra. Tá gá leis an líon múinteoirí ionaid don earnáil a atógáil lena chinntiú go dtig léi feidhmiú go héifeachtach.

Cuireann CnaG fáilte roimh choimisiúnú chlár *Engage* ag RO le cuidiú le hathghreim ar an fhoghlaim i ndiaidh thréimhse dhianghlása Covid-19 ach tá údar imní ann nach mbeidh scoileanna GS in ann leas a bhaint as an tionscnamh seo ina iomláine de dheasca easpa múinteoirí ionaid. Arís, beidh daltaí GS faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid lena gcomhdhaltaí Béarla mar gheall ar na ganntanais seo atá ann le fada agus is fianaise é ar an tionchar díreach a bheidh ag ganntanais ar chaighdeán oideachais i nGaelscoileanna.

Scor/imeacht ón ghairm

Cé gur earnáil measartha óg muid, tá próifíl aoise múinteoirí GS ag méadú bliain ar bhliain agus beidh níos mó múinteoirí ná riamh ag éirí as an earnáil sna blianta atá le teacht. Bíonn múinteoirí ag imeacht as earnáil an Oideachais ar bhonn nádúrtha mar gheall ar scor, drochshláinte, athrú gairme nó aistriú chuig réimse eile oideachais taobh amuigh de scoileanna. Má ghlactar le laghdú an-mheasartha 4% (bunaithe ar staitisticí iarbhir RO ar scor/imeacht ón ghairm gach bliain) agus seo a chur i bhfeidhm sna leibhéil baill foirne san earnáil GS amháin (.i. neamhiontas a dhéanamh den fhás san earnáil) chruthódh sé seo gá le tuairim ar 12 phost breise FTE sa bhliain - .i. 60 FTE faoi cheann 5 bliana.

Cóimheas Múinteoirí is Daltaí

I dteannta a bhfuil thuasluaite, tá géarghá le hinfheistiú i laghdú a líon daltaí i ranganna. Faoi láthair, níl RO sásta riachtanais shainiúla seomra ranga GS / tumoideachais a aithint mar a bhfuil ríthábhacht lena oiread teagmhála agus is féidir leis an sprioctheanga ó thaobh sealbhú rathúil teanga de agus mar a bhfuil ábhar breise .i. an Béarla, á theagasc ó dheireadh Ech1.

Más dúshlánach a bheith ag teagasc i rang tumoideachais, is dúshlánaí arís é mar gheall ar ranganna dul i méid san earnáil GS le tamall de bhlianta le 46% ó 2009/2010.

Tá tábhacht ar leith leis seo ós rud é nach labhraíonn bunús mór na bpáistí a fhreastalaíonn ar GS Gaeilge sa bhaile ná ní bhíonn taithí acu ar leibhéal shuntasacha den Ghaeilge labhartha, comharthaíocht Ghaeilge ná taithí eile ar an teanga ina bpobail.

De réir na fianaise starógaí, tá tionchar diúltach ag ranganna móra, le cois easpa tacaíochta agus ábhar curaclaim nuair a bhítear ag iarraidh ar mhúinteoirí cáilithe teacht isteach san earnáil. Nuair a chuirtear san áireamh fosta téarmaí agus coinníollacha i bhfad níos tarraingtí sa Phoblacht agus thar lear, is beagnach cinnte go bhfuil sé seo ag cur le múinteoirí nuacháilithe imeacht ón earnáil mar atá leagtha amach thuas.

Níl baill foirne neamhtheagaisc san áireamh san anailís thuas agus mar a maíodh cheana, is gá plean breise a fheidhmiú le cúntóirí ranga a chur ar fáil agus foireann thánaisteach eile chomh maith le foireann cháilithe réamhscolaíochta a bhfuil an líofacht chuí Ghaeilge acu.

4.2.2 Plean Soláthair Múinteoirí

Tá codarsnacht idir an gá méadaithe le múinteoirí san earnáil GS agus an farasbarr, is cosúil, de mhúinteoirí cáilithe san earnáil Bhéarla. De réir an bharaméadair scileanna is déanaí do 2019, a d'fhoilsigh an Roinn Eacnamaíochta, táthar ag meas go gcuirfead oiliúint ar 140 múinteoir de bharraíocht in TÉ gach bliain go ceann 10 mbliana. Rinneadh tagairt do na staitisticí seo i dtuairisc nuachta de chuid an BBC ar 1 Lúnasa 2019; <https://www.bbc.co.uk/news/uk-northern-ireland-49177327>.

Tá CnaG ag comhairliú don Roinn smaoineamh ar dhóigheanna le hacmhainní atá le húsáid chun múinteoirí a oiliúint i réimsí nach mbeidh deiseanna fostaíochta acu a chur ar atreo chuig earnáil na Gaelscolaíochta ar a bhfuil éileamh reatha agus an t-éileamh sin le méadú feasta.

Is den rithábacht go gcuirfead struchtúr i bhfeidhm le soláthar líon leordhóthanach múinteoirí a theagascann na hábhair atá riachtanach don earnáil GS a chinntiú. Ní leor an cur chuige reatha soláthar múinteoirí le riar ar riachtanais na hearnála seo atá ag fás.

Molann CnaG an méid seo a leanas:

- Ba chóir an líon áiteanna ar an B.Ed., agus ar an chlár TICO do Mhic Léinn Oideachais GS i gColáiste Naomh Muire, Béal Feirste a mhéadú ó 12 áit go 18 n-áit ar an Chlár B.Ed. agus ó 20 go 25 áit ar an Chlár TICO sa bhliain le go riarfar mar is cuí ar an éileamh ar mhúinteoirí in earnáil atá ag fás go gasta agus le go gcuirfead san áireamh an tsolúbthacht atá de dhíth i saol na fostaíochta atá ag athrú;
- Cé go dtéann an Cúrsa Feabhsúcháin Iarbhunscolaíochta GS a thairgeann Coláiste Ollscoile Naomh Muire, i gcomhar le OnB agus OU fad áirithe le soláthar múinteoirí iarbhunscolaíochta a fheabhsú, ní leor an cúrsa seo níos mó le freastal ar riachtanais mhéadaithe na hearnála agus ba chóir a chur ina áit cúrsa iomlán príomhshruthaithe a thabharfadh níos mó sairse d'fhoireann Ghaelscolaíochta Choláiste Naomh Muire mic léinn a earcú. Molann CnaG scéim phiólótach ina mbeadh ar a laghad 10 n-áit ollscoile sa bhliain á n-athdhírú ar ábhair múinteoirí iarbhunscolaíochta GS i bhfoirm áiteanna breise B.Ed. nó TICO. Leis na háiteanna breise seo, d'fhéadfaí sainchúrsa B.Ed iarbhunscolaíochta a thabhairt isteach a chuirfeadh ar chumas na hearnála GS agus na nInstitiúidí Oideachas

Tosaigh Múinteoirí a bhfuil taithí acu ar chleachtóirí a oiliúint don earnáil, ní hé amháin iarrthóirí a roghnú ach, lena chois, sairse a bheith acu maidir le hábhar na gcúrsaí. Is cinnte go léireodh sé seo an gá atá le riar ar an riachtanas práinneach le múinteoirí dea-oilte, nuacháilithe don earnáil iarbhunscolaíochta;

- Cruthú conair do speisialtóirí ábhair san earnáil Bhéarla a bhfuil labhairt na Gaeilge acu aistriú go Scoileanna GS. D'fhéadfaí speisialtóirí ábhair a bhfuil líofacht Gaeilge labhartha acu a mhaoiniú le bheith ag obair i scoileanna agus, san am céanna, tacú leo chun líofacht Ghaeilge a fheabhsú le cois saoire staidéir a mhaoiniú do mhúinteoirí le Gaeilge a fhoghlaim agus filleadh ar scoileanna le leanúint de theagasc a gcuid ábhar féin;
- Cruthú conair do chainteoirí líofa Gaeilge le hathoiliúint mar speisialtóirí ábhar i spriocréimsí. Rinne iarbhunscoileanna GS, as a mbuiséad féin, oiliúint a leithéid de mhúinteoirí a éascú agus a bheith ina speisialtóirí ábhair i réimsí éagsúla trí thacú le baill foirne staidéar breise a dhéanamh agus tacaíocht inscoile nó píaraí seachtracha a chur ar fáil. Ba chóir do RO clár a chur ar fáil trína dtig le múinteoirí ar cainteoirí líofa Gaeilge iad athoiliúint mar speisialtóirí ábhair i réimsí ina bhfuil siad de dhíth go géar;
- Is gá feacht deiseanna fostaíochta in earnáil na Gaelscolaíochta a chothú. Mar chuid den snáithe 14-19 Chlár Claochlaithe 14-19, ba chóir do RO scéim shaincheaptha ghairmthreorach GS a mhaoiniú lena n-áirítear ceapadh oifigeach faisnéise. Ba chóir an scéim seo a sholáthar i gcomhar le páirtíocht d'eagrais Ghaeilge lena n-áirítear Comhairle na Gaelscolaíochta, Conradh na Gaeilge agus Gael Linn, le hábhair chúí a chruthú agus le treoir a thairiscint do mhúinteoirí gairmthreorach agus do dhaltaí ar na deiseanna suntasacha atá ann do Ghaeilgeoirí i réimsí éagsúla lena n-áirítear an t-oideachas.
- B'fhadálach an fhreagairt a bhí ag Ollscoileanna agus Coláistí Breisoideachais don éileamh méadaitheach ar chúrsaí ina bhfuil gné cumas Gaeilge. Mar shampla, ní féidir staidéar a dhéanamh ar Ghaeilge agus Mata ar OnB ná ar OU. Molann CnaG, le cuidiú ó RO agus RA naisc idir dámha institiúidí tríú leibhéal a neartú le riar ar an líon mac léinn, atá ag fás, ó scoileanna Béarla agus GS ar mian leo leanúint dá staidéar i réimse ar leith ach a gcumas Gaeilge a fhorbairt. Bheadh sé seo le leas na hearnála GS fosta.
- Ba chóir don RO scéim Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí amhail an Scéim Shaoire Shabóideach sa Bhreatain Bheag a chur ar fáil agus a mhaoiniú (Féach aguisíní), cúrsa teanga do mhúinteoirí agus do chúntóirí ranga ar mian leo a gcuid Breatnaise a fheabhsú agus a bheith níos muiníní in úsáid na teanga. Is é aidhm an chúrsa teanga cleachtóirí oideachais a fheabhsú sa dóigh go mbeidh muinín acu a bheith ag teagasc trí mheán na Breatnaise. Chuirfeadh sé seo ar chumas múinteoirí/cúntóirí ranga ar mian leo teagasc trí mheán na Gaeilge cur lena gcumas é sin a dhéanamh.

4.3 Acmhainní GS

Tá dearcadh forleathan ann gur féidir go díreach acmhainní a aistriú le go n-úsáidfear iad i seomraí ranga GS ach ní hamhlaidh atá. Is minic a ardaítear an leibhéal teanga i bhfad os cionn leibhéal an dalta nuair a aistrítear ábhar go díreach agus fágann sé sin nach féidir iad a úsáid. Is é seo an cás maidir le hábhair teagaisc agus scrúduithe poiblí araon agus is féidir daltaí a bheith faoi mhíbhuntáiste dá réir.

Tá forbairt de dhíth i dtáirgeadh téacsanna léitheoireachta agus ábhair thacaíochta neamhspleácha, churaclaim agus neamh-churaclaim do dhaltaí ag gach leibhéal gnóthachtála sa GS. Tá clár luathléitheoireachta á fhorbairt ag an Áisaonad a fuair tacaíocht theoranta ón Roinn Oideachais i dtús báire. Tá moill dhoghactha anois ar tháirgeadh agus cruthú an chláir seo mar gheall ar mhaoiniú easnamhach. Tá clár eile de dhíth anois le forbairt na léitheoireachta a chur chun cinn ag gach leibhéal agus ina gcuimseofar straitéisí léitheoireachta agus acmhainní eile le go spreagfar páistí le bheith ina léitheoirí neamhspleácha Gaeilge ó aois chomh hóg agus is féidir. Tá an tÁisaonad ag gabháil do thaighde sa réimse seo agus tá an obair ar siúl go han-mhalltriallach ar fad mar gheall ar shrianta uafásacha ar an bhuiséad.

Léirigh teacht Covid-19 an easpa acmhainní atá ar fáil do dhaltaí GS, go háirithe acmhainní ar líne a fhóireann don chianfhoghlaim nó cur chuige foghlama cumaiscthe. Arís, bhí daltaí GS faoi mhíbhuntáiste mór óir ní thiocfadh leo tairbhe a bhaint as an réimse d'acmhainní ar líne i nGaeilge mar a bhain a gcomhdhaltaí i scoileanna Béarla. De réir mar a bhogaimid chun cinn sa scoilbhliain úr agus Covid-19 ag bagairt go fóill, tá géarghá le comhionannas i dtaca leis na hacmhainní atá ar fáil.

Molann CnaG an méid seo a leanas:

- Ba chóir na hacmhainní uilig a tháirgeann gníomhaireachtaí a fhaigheann maoiniú rialtais agus na hacmhainní curaclaim agus scrúduithe uilig a aistriú ar chaighdeán atá fóirsteanach do scileanna teanga na ndaltaí agus iad a chur ar fáil lena n-úsáid i scoileanna GS - ba chóir go n-áireofaí leis seo painéal de dhaoine a bhfuil taithí acu ar fhorbairt teanga sa GS.
- Is gá gach polasaí oideachais, tionscnamh curaclaim agus oiliúint bhainteach a chur in oiriúint don GS ionas go bhfóireann siad do riachtanais shonracha na hearnála GS;
- Ba chóir straitéis uileghabhálach táirgeadh acmhainní GS a cheapadh agus a fheidhmiú sna 3-5 bliana atá romhainn. Cuirfidh sé seo ar chumas an Áisaonaid agus CCSM pleanáil go straitéiseach, faoi threoir mhórearnáil GS, stór acmhainní cuimsitheach, ardchaighdeáin a chruthú agus riar ar gach eochairchéim sa GS;
- Ba chóir maoiniú GS do CCSM agus don Áisaonad araon a imfhálú agus é buan agus faoi réir athbhreithniú leanúnach, ar aon dul le treochtaí rollúcháin agus riachtanais a thiocfaidh aníos san earnáil. Ba chóir fosta comhoibriú trasteorann a bheith i gceist le COGG nuair is cuí;
- Tá maoiniú de dhíth faoi choinne acmhainní, lena n-áirítear réimse leathan d'ábhair léitheoireachta, idir ábhair churaclaim agus neamh-churaclaim ar gá iad a chruthú agus a chur in oiriúint. Ba chóir gur daoine a thuigeann oideolaíocht tumoideachais a dhéanfadh an obair seo, daoine a dtig leo í a dhéanamh go

híogair, ag cur san áireamh na leibhéal éagsúil cumas teanga agus cúlra páistí a thagann isteach sa GS:

- Ba chóir stór de chluichí Mata do dhaltáí i ngach gné den churaclam Mata a fhorbairt agus a chur ar fáil don earnáil GS gan mhoill:
- Ba chóir maoiniú a chur ar fáil le speisialtóirí ábhair ag leibhéal na hiarbhunscolaíochta a ligean saor le bheith ag obair i bpáirt leis an Áisaonad le hábhair shaincheaptha a chruthú agus an caighdeán a dhearbhu de réir sonraíochtaí reatha;
- Ba chóir buiséad ar leith a imfhálú le hacmhainní tacaíochta a chruthú do dhaltáí GS a bhfuil riachtanais ar leith nó bhreise acu amhail Neamhord de Chuid Speictream an Uathachais (ASD), Deacrachtaí Sóisialta, Mothúchánacha agus Iompraíochta agus Urlabhra agus Teanga srl;
- Ba chóir deimhnithe a thabhairt agus maoiniú a leithdháileadh le go gcuirfear ar fáil ar bhonn inbhuanaithe buntéacsanna agus acmhainní, m/sh. An Clár Luathléitheoireachta (arna fhoilsiú ag an Áisaonad agus nach bhfuil ar fáil faoi láthair ach do dhaltáí suas a fhad le Rang 4).
- Go dtabharfar na moltaí thuas chun tosaigh ar bhonn práinne i bhfianaise ghéarchéim Covid-19 agus maoiniú láithreach d'acmhainní a fhóireann don fhoghlaim chumaiscthe/cianfhoghlaim.

Sainuirlisí Measúnachta CCSM/GS

Moladh amháin den dá mholadh i dtuarascáil *IMSLWG* nár glacadh leo, bhain sé leis an ghá atá le huirlisí measúnachta atá fóirsteanach lena n-úsáid in earnáil na gaelscolaíochta. An tAire a bhí ann san am, mhaígh sé gur ar CCSM a bhí an fhreagracht as measúnacht agus, mar sin de, nach dtiocfadh leis an moladh áirithe sin a ghlacadh.

Ina dhiaidh sin, bhí cainteanna ag an Phobal Foghlama GS nuabhunaithe agus ag CnaG le CCSM ar cheist na measúnachta GS agus in 2017, ceapadh taighdeoir go ceann tréimhse sé mhí in CCSM leis an cheist a fhiosrú. Níor tugadh chun tosaigh, ná níor measadh iad fiú, torthaí na tuairisce seo.

Braitheann RO go mór ar thorthaí dheireadh Eochairchéime (1&2) sa bhunscolaíocht agus TGMO san iarbhunscolaíocht maidir le measúnú. Ag leibhéal na bunscolaíochta, tá buntáiste ag scoileanna Béarla sa mhéid go bhfuil a lán tascanna ar fáil ar eiseamláirí iad ar Leibhéal Ghnóthachtála. Sna Gaelscoileanna, tá roinnt tascanna aistrithe ag CCSM ach is i mBéarla amháin atá a bhformhór agus is sampla eile de neamhionannas é seo.

Maíonn scoileanna gur tosaíocht don earnáil é Creat Gaeilge. Is aistriúchán é an curaclam reatha do scoileanna GS ar an churaclam Béarla, le beagán ábhar breise ach níl sé oiriúnach don fheidhm. Ba chéim ollmhór é Creat Teanga leis an cheist a réiteach. Lena chois sin, ag céim luathfhorbartha atá an Ghaelscolaíocht: tá an tumoideachas nua go leor agus tá treoirínte den sórt seo riachtanach ó thaobh an dea-chleachtais de. Thiocfadh Creat Teanga roimh thacaíocht churalaim agus mheasúnachta le cois táirgeadh acmhainní

ábhartha. Chuirfí treoir ar fáil do gach scoil agus foras tacaíochta agus shábhálfaí am agus airgead i soláthar acmhainní.

Ag leibhéal na hiarbhunscolaíochta san earnáil GS, i roinnt cásanna aistríonn agus marcálann scrúdaitheoirí Béarla scrúdpháipéir páistí a dhéanann scrúduithe TGMO. Níl an cleachtas seo inghlactha sa mhéid nach féidir leagan iomlán beacht a chur ar fáil den téacs bunaidh agus ba chóir aghaidh a thabhairt air ar bhonn práinne.

De thoradh plé idir CnaG agus CCSM, cuireadh plean trí bliana i láthair le hobair na n-oifigeach a chomhordú le go leanfar ar aghaidh go réidh le hobair an aonaid GS. Tá Bord Tionscadail ar bun ar a bhfuil páirtithe leasmhara as gach cuid den earnáil GS le feidhmiú an phlean trí bliana a mhaoirsiú. Tá imní ar CnaG go fóill, áfach, nach leor an leibhéal acmhainní a leithdháileann CCSM le freastal ar riachtanais na hearnála.

Molann CnaG an méid seo a leanas:

- Tabhairt faoin ghá phráinneach atá le huirlisí measúnachta saincheaptha agus trialacha caighdeánaithe don earnáil GS ar bhonn tosaíochta;
- Cruthú uirlisí measúnachta coigníocha uasdátaithe, saincheaptha agus forbairt measúnuite ar líne, seachas ar páipéar, don earnáil;
- Ba chóir Creat Teanga do GS a thabhairt chun cinn go práinneach;
- Go n-athbhreithneoidh CCSM a pholasaí reatha inar gá aistriú scrípteanna GS go Béarla roimh mheasúnú, le próiseas measúnachta níos cothroime a chinntiú do dhaltáí GS;
- Go dtabharfaidh CCSM faoin cheist faoin teanga a úsáidtear i scrúduithe agus ábhair eile a chur in oiriúint do leibhéal na ndaltáí GS a bhfuil siad dírithe orthu, ag cur san áireamh gur dara teanga ag formhór na ndaltáí GS í an Ghaeilge;
- Ba chóir go gcuimseofaí sna hábhair thacaíochta uile, ábhair mheasúnachta shamplacha, iarpháipéir srl. a chaithfear a chur ar fáil i nGaeilge ag an am céanna leis an Bhéarla.

Soláthar C2K i Scoileanna GS

Ní raibh aon soláthar don Ghaelscolaíocht san áireamh sa chonradh reatha C2K, cé go ndearna an tÁisaonad obair shuntasach chúlghabhálach ar leagan Gaeilge den *NewsDesk - Seomra Nuachta*. Tagraíodh do *Seomra Nuachta* mar chroí-acmhainn a úsáideadh le linn thréimhse dhianghlasála ghéarchéim Covid-19 de thairbhe a éifeachtaí atá sé le timpeallacht thumtha ar líne a chur ar fáil do dhaltáí a d'fhéadfaí a rochtain ón bhaile. Ba chóir, mar sin de, an acmhainn seo a mhéadú agus a fhorbairt lena chinntiú go leanann sé dá chur ar chumas daltaí ag gach eochairchéim an teanga a rochtain.

Síneadh an conradh reatha C2K go dtí Márta 2021, rud a fhágann nach riarfar mar is ceart ar an Ghaelscolaíocht ina leith seo go ceann bliain eile ar a laghad. Bhí CnaG agus Grúpa

Stiúrtha na Gaelscolaíochta don Fhoghlaim ar Líne (IMSGOL) gníomhach sa phlé faoi ábhar chonradh úr C2K LOT 8. Tá ionadaíocht ag CnaG ar an Ghrúpa Chomhairleach Straitéiseach agus Teicniúil (STAG) a mhaoirsíonn ábhar agus feidhmiú céimneach an chéad chonartha eile.

Molann CnaG an méid seo a leanas:

- Go gcinnteoidh ETS (Seirbhísí Teicneolaíocht Oideachais) feidhmiú gach moladh a dhéanann an earnáil GS agus idirbheartaíochtaí faoi agus bronnadh an chéad chonartha eile ar siúl ar aon dul leis an Dualgas Reachtúil i leith GS.
- Sa dóigh go gcaithfidh ÚO go cothrom le gach dalta tríd an chonradh úr, tá gá práinneach le plean a fhorbairt agus a fheidhmiú ina gcaithfear mar is cuí le soláthar GS. Cinntear leis seo soláthar tráthúil aistriúcháin a fhóireann ó thaobh aoise agus comhthéacs do dhaltáí GS i ngach Eochairchéim mar is amhlaidh do dhaltáí scoileanna Béarla.
- Maoiniú breise láithreach ó RO/ÚO le réimse agus acmhainneacht *Seomra Nuachta* a fheabhsú. Dá méadófaí an acmhainneacht, d'fheabhsófaí dá réir na hacmhainní atá ar fáil cheana féin do dhaltáí bunscoile agus chuirfí ar chumas daltaí iarbhunscoile tairbhe a bhaint as an ábhar laethúil céanna atá ar fáil d'earnáil an Bhéarla.

4.4 Clár Tacaíochta agus Forbartha Gobharnóirí

Aicmítear bunús na scoileanna GS mar *eile-faoi chothabháil* agus ní cuid d'údarás riaracháin iad. Dá thoradh sin, tá inniúlacht Bhord na nGobharnóirí ríthábhachtach maidir le forbairt straitéiseach, rialachas agus bainistiú rathúil na scoile. Tá gá dáiríre ann, inniúlachtaí na ngobharnóirí a chothú le forbairt na hearnála a neartú.

I dtéarmaí níos leithne, is den ríthábhacht go bhfreastalaíonn gobharnóirí GS ar oiliúint ÚO do Ghobharnóirí, go háirithe na gnéithe éigeantacha den oiliúint a bhaineann le Cosaint Leanaí srl. Go dtí seo, is beag Gobharnóir GS a chuaigh faoi oiliúint agus is gá do CnaG, ÚO agus RO dul i ngleic leis seo ar bhonn práinne.

Molann CnaG an méid seo a leanas:

- Go bhforbróidh ÚO, i gcomhairliúchán le CnaG clár forbartha acmhainne do ghobharnóirí GS ina gcuimseofar gnéithe d'oiliúint éigeantach cosaint leanaí; oiliúint ar earcaíocht, roghnú, ceisteanna airgeadais agus saincheisteanna GS.

4.5 Pobal Foghlama Gaelscolaíochta

Ag eascairt as tuairisc a choimisiúnaigh RO ar *Collaborative Practice to Drive School Improvement* (Aguisín 3), mhol Meitheal Cheannairí na Gaelscolaíochta (IMSLWG) in 2016 go mbunófaí Pobal Foghlama Gaelscolaíochta le réitigh phraiticiúla, insolártha a fhorbairt le feabhsúchán scoile a thabhairt chun cinn in earnáil na Gaelscolaíochta trí chleachtadh

comhoibríoch. D'oibrigh CnaG, ÚO agus baill d'IMSLWG le ceithre bhraisle réigiúnacha a bhunú de phríomhoidí GS agus ceannairí aonaid GS i scoileanna Béarla agus as seo ainmníodh Grúpa Ceannairí le treo straitéiseach an Phobail Foghlama a mhaoirsiú.

Cruthaíodh cur chuige seo na mbraislí a bheith éifeachtach i roinnt réimsí, go háirithe Braisle Phríomhoidí Iarthar Bhéal Feirste a bhfuil comhordaitheoir lánmhaoinithe, lánaimseartha acu. Aithníodh gur éirigh go maith le pobail foghlama le linn thréimhse na dianghlasála le comhroinnt cleachtas éifeachtach, comhghleacaíocht agus tacaíocht i measc príomhoidí agus ceannairí láir a éascú. Cé gur CnaG a dhéanann obair riaracháin an IMC faoi láthair de dhea-thoil, níl an grúpa chomh héifeachtúil agus a d'fhéadfadh sé cheal an comhordú fuinte a thiocthadh le comhordaitheoir.

I dtuairisc bhunaidh an IMSLWG, moladh Tionscadal IMPACT ina bhféadfaí cleachtóirí GS a bhfuil an-taithí acu a scaoileadh saor le dea-chleachtas a scaipeadh agus a fhorbairt i réimsí na Litearthachta, Uimhearthachta, TFS agus SRO. D'oibreodh na cleachtóirí ainmnithe le ceannairí láir agus le braislí ar thosaíochtaí a shainaitheodh an Grúpa Ceannairí taobh istigh den Phobal Foghlama GS agus le scoileanna aonair agus braislí de scoileanna, ag eagrú seimineáir scaipthe dea-chleachtais. Níor tharla sé seo go fóill óir níl acmhainní ar bith ar fáil lena éascú.

Molann CnaG an méid seo a leanas:

- Is gá don ÚO tacaíocht agus treoir a thabhairt don IMLC agus iad ag obair lena gcéad Phlean Straitéiseach 3 Bliana a chur i bhfeidhm;
- Tá maoiniú de dhíth le comhordaitheoir páirtaimseartha (ar a laghad) a fhostú le riarachán agus reáchtáil na gceithre ghrúpa réigiúnacha agus an Grúpa Ceannairí a mhaoirsiú;
- Is gá acmhainní cuimsitheacha a thabhairt don IMLC ionas go dtig leis na moltaí uilig atá luaite i dtuairisc bhunaidh IMSLWG a fheidhmiú (féach Aguisín 3), go háirithe tionscadal IMPACT.

4.6 Tacaíocht Shainiúil do GS ó ÚO

Creideann CnaG gur gné thábhachtach d'fhorbairt acmhainne agus tacú le gréasán GS é an comhoibriú, ach gur ríthábhachtach go dtabharfaidh ÚO go díreach faoi na dúshlán agus na riachtanais shonracha atá ag an earnáil GS. Le hardchaighdeán agus comhsheasmhacht a sholáthar sna seirbhísí tacaíochta a thairgtear don earnáil GS, creideann CnaG gur gá do RO agus ÚO béim níos mó a chur ar fhorbairt saineolais, scileanna agus eolas go himmheánach lena chur ar a gcumas tacú le scoileanna go díreach seachas an bhéim reatha atá bunaithe den chuid is mó, is cosúil, ar chleachtas comhoibríoch, piara le piara.

Cé go bhfuil cur chuige comhoibríoch úsáideach maidir le tacú le baill foirne i scoileanna GS, tá earnáil na Gaelscolaíochta réasúnta óg agus níl an taithí chéanna inti agus atá san earnáil Bhéarla. Roimhe seo, ba é a bhí i bhfoireann CASS GS, 1 chomhordaitheoir lánaimseartha agus 2 mhúinteoirí ar iasacht don Litearthacht agus Uimhearthacht. Faoi láthair níl múinteoirí Gaelscolaíochta ar bith ar iasacht agus ar fáil go heisiach don earnáil GS. Tá fostaí amháin de chuid Seirbhís Forbartha Scoile (SDS) ÚO, ag a bhfuil cúlra Gaelscolaíochta, ar fáil le tacú le scoileanna GS. Níl siad, áfach, dírithe ar an Ghaelscolaíocht amháin agus níl oifigeach ar bith eile

de chuid ÚO a bhfuil an tuiscint chéanna acu ar mhodheolaíocht agus oideolaíocht tumoideachais. Céim ar gcúl é don eanáil gur cailleadh an fhoireann CASS a bhí ann roimhe seo óir cailleadh a saineolas suntasach nuair a cuireadh deireadh lena gcuid post.

Faoi láthair, ní ann do thacaíocht shaincheaptha, i bhfoirm soláthar TPL, ag ÚO don eanáil GS. Roimhe seo, cuireadh laethanta breise oiliúna ar fáil trí fhoireann CASS ÚO, go háirithe do Mhúinteoirí Nuacháilithe ach do chleachtóirí GS go ginearálta. Tá an tacaíocht seo riachtanach le freastal ar riachtanais eanála atá ag méadú.

Tá na dúshlán seo ag dul i bhfeidhm go mór ar Sheirbhísí Páistí agus Daoine Óga, go háirithe maidir le SRO GS agus Oibríochtaí agus Eastáit.

Molann CnaG an méid seo a leanas:

- Beirt Ghairmithe Feabhsúchán Scoile le hearcú ag an ÚO go luath le bheith ag obair go heisiach leis an eanáil GS;
- Soláthar FGM le tabhairt isteach arís ar bhonn práinne;
- Grúpa tras-stiúrthóireachta a bhunú ag leibhéal AD le hidirchaidreamh a dhéanamh le CnaG ar bhonn téarma le meicníocht a chruthú le tacaíocht GS a mhonatóiriú, a luacháil agus a chur in ord tosaíochta;
- Go leor maoiniúcháin a chur ar fáil don Scéim Sparánachta GS mar chuid de straitéis na gCeannairí Foghlama lena chur ar chumas cleachtóirí deiseanna FGM a thapú.

4.7 Oideachas Comhroinnte

D'ainneoin leibhéal arda suime agus a bheith lántoilteanach dul i bpáirt le hearnálacha eile, is í an eanáil Ghaelscolaíochta go fóill an eanáil is lú ionadaíochta sa dá thionscadal reatha Oideachais Chomhroinnte, de réir fhiigiúirí is déanaí an ÚO. Tá míbhuntáiste ollmhór ag an eanáil GS mar gheall ar an easpa rannpháirtíochta seo, ní hé amháin i dtéarmaí rannpháirtíocht daltaí ach lena chois sin, oiliúint foirne agus forbairt ghairmiúil i bhfoirm deiseanna TPL don fhoireann. Tá CnaG go mór i bhfách leis na fáthanna atá taobh thiar den easpa rannpháirtíochta seo a fhiosrú.

Molann CnaG an méid seo a leanas:

- Sraith de sheisiúin plé chomhstádais ag leibhéal RO/ÚO le pleananna a dhéanamh le constaicí reatha a shárú, maidir le rannpháirtíocht GS roimh sciar eile maoiniúcháin a bheith ar fáil;
- Fóram Oideachais Chomhroinnte le bunú agus ionadaíocht air ó gach eanáil ina bhféadfadh Plean Gnímh nó cur chuige sainiúil GS a bheith de dhíth. D'fhéadfadh na trí chéim seo a leanas a bheith sa chur chuige seo le rannpháirtíocht GS a chur chun cinn agus a spreagadh agus a bheith toilteanach comhroinnt leis an eanáil GS i measc earnálacha eile;

- Caidreamh stóinsithe oibre a roinnt agus a fhorbairt idir BGanna agus Príomhoidí;
- Seisiúin comhroinnt múinteoirí agus fiosraithe le comhthuiscint a chothú agus miotais a bhaineann leis an Ghaeilge agus leis an Ghaelscolaíocht a bhréagnú;
- Imeachtaí comhroinnt daltaí le teacht ar thuiscint ar oidhreacht chomhroinnte chultúrtha agus theanga lena n-áirítear logainmneacha, sloinnte, miotais agus finscéalta agus ceachtanna bun-Ghaeilge sa dóigh go n-éascófar amach anseo seisiúin dhátheangacha Oideachais Chomhroinnte.

4.8 Luathbhlianta GS

4.8.1 Taighde ar Thorthaí Oideachais Réamhscolaíochta trí Mheán na Gaeilge

Cheap an Roinn Oideachais RSM McClure Watters (Consulting) Teo in 2015 le Taighde ar Thorthaí Oideachais Réamhscolaíochta trí Mheán na Gaeilge a dhéanamh. Chuir RSM McClure Watters (Consulting) Teo gnéithe den obair amach ar fochonradh don Dr. Eibhlín Mhic Aoidh (Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste) mar Bhainisteoir Tionscadail agus don Dr. Laoise Ní Thuairisg (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh) agus Aileen Nic Íomhair (Bunscoil Eoin Baiste, Port an Dúnáin) mar chomhlaigh thaighde.

Cé nár foilsíodh í go dtí mí Eanáir 2019, tá an iomad moltaí suntasacha sa tuairisc maidir le dea-chleachtas i réimse na luathbhlianta Gaelscolaíochta:

Moladh 1: Ba chóir aghaidh a thabhairt ar an éagsúlacht a síltear a bheith idir ionaid reachtúla agus dheonacha réamhscoileanna GS le comhleanúnachas eispéiris a chinntiú do gach dalta. Dóigh amháin le tabhairt faoi na difríochtaí seo an leibhéal riachtanach tacaíocht churaclaim agus theanga agus forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil, do lucht reachtúil agus deonach araon. Dóigh eile an líon ionaid reachtúla náiscolaíochta a mhéadú.

Moladh 2: Ba chóir sainathint agus comhroinnt dea-chleachtas i measc na n-earnálacha uilig a chur chun cinn i gclár shaincheaptha FGL a bheadh ar fáil do gach ionad Réamhscolaíochta GS. Ba chóir fosta gur bhonn eolais é seo do chreat deimhnithe cáilíochta i soláthar FGL.

Moladh 3: Ba chóir creat inniúlacht teanga a fhorbairt le cois clár forbairt ghairmiúil leanúnach do bhaill foirne ag obair in ionaid réamhscolaíochta GS le soláthar a fheabhsú agus na torthaí is fearr foghlama, ó thaobh teanga de, a ghnóthú.

Moladh 4: Ba chóir foirm chomhaontaithe thuairisc aistrithe a cheapadh atá oiriúnach don fheidhm agus a léiríonn eispéiris foghlama GS agus forbairt teanga na bpáistí ag deireadh a mbliain réamhscolaíochta.

Moladh 5: Nuair a chuirtear san áireamh an bunchaidreamh idir tuismitheoirí agus soláthar réamhscolaíochta dá bpáistí, ba chóir acmhainní teanga a fhorbairt le tacú le comhpháirtíochtaí tuismitheoirí GS.

Moladh 6: Ba chóir creat féideartha de chur síos/táscairí de ghnáthfhorbairt teanga GS do pháistí in ionaid réamhscolaíochta a fhorbairt agus a thriail ar bhonn píolótach. Ba chóir go gcuirfí san áireamh sa chur síos/táscairí seo na trí bhunfhoinse: creata dátheangacha sa taighde idirnáisiúnta; taithí múinteoirí réamhscoileanna GS agus fianaise eimpíreach de na gnáthleibhéil tumtheanga a breathnaíodh sna hionaid.

Moladh 7: Ba chóir Treoir shaincheaptha churaclaim réamhscolaíochta ina gcuirtear sa mheá comhthéacs tumoideachais GS a fhorbairt ag grúpa comhoibríoch páirtithe leasmhara, cleachtóirí san áireamh.

Moladh 8: Ba chóir táscairí cáilíochta in ionaid réamhscolaíocht GS a fhorbairt le bonn agus taca a chur faoin phróiseas féinmheastóireachta Le Chéile i dTreo Feabhsúcháin.

Moladh 9: Ba chóir gur riachtanas acu sin uilig a dhéanann meastóireacht ar cháilíocht an tsoláthair agus na foghlama in ionaid réamhscolaíocht GS tuiscint ar phrionsabail agus cleachtais réamhscolaíocht GS le cois iniúilacht sa Ghaeilge.

Molann CnaG an méid seo a leanas:

- Ba chóir do RO agus ÚO tús gan mhoill a chur le plé le CnaG agus Altram lena chinntiú go bhfeidhmeofar gach moladh sa tuairisc seo. Tá an cheist faoi sholáthar oideachas reachtúil réamhscolaíocht GS pléite níos mine i mír 1.6.9 thuas.

4.8.2 altram agus Tuairisc ar an Bhail atá ar an Earnáil (2017)

In 2017 choimisiúnaigh Altram, tuairisc ar earnáil na luathbhlianta Gaelscolaíochta agus d'aidhm aici:

- Tionchar na hearnála a athbhreithniú;
- Na foinsí brú agus na dúshláin atá roimh an earnáil;
- Inbhuanaitheacht na hearnála a mheas; agus
- Riachtanais tacaíochta san earnáil a shaináithint.

Áirítear le croíthorthaí na tuairisce:

- Ba chóir d'Altram plean costáilte agus faoi theorainn ama Straitéis Lucht Saothair agus Oiliúna a fhorbairt ina bhfuil spriocanna soiléire agus í a chomhaontú le comhpháirtithe, maoinitheoirí agus le húdaráis rialála. Éascóidh sé seo cur chuige níos straitéisí ag gach duine i leith soláthar lucht saothair oilte, cáilithe agus forbartha i ngach réimse de mhodheolaíocht Chúram agus Oideachas Luathbhlianta, Gaeilge agus Tumoideachais.
- Ba chóir d'Altram Straitéis Lucht Saothair don earnáil a fhorbairt ina dtabharfar faoi riachtanais lucht saothair, earcú foirne, téarmaí fostaíochta agus faoi cheisteanna eile a ardaítear tríd an phróiseas rannpháirtíochta le "rogha fostóra" a dhéanamh den earnáil.
- Ba chóir d'Altram, i gcomhar lena gcomhpháirtithe straitéiseacha, Creat Inbhuanaitheachta a fhorbairt le tuismitheoirí agus páistí a mhealladh chun na hearnála.
- Ba chóir don earnáil straitéis Chumarsáide a fhorbairt.

- Ba chóir d'Altram smaoineamh ar an ghá ata le taighde oibiachtúil ar ghnéithe a chuireann le torthaí dearfacha do pháistí i suíomhanna luathbhlianta agus béim ar leith ar shealbhú teanga, lena n-áirítear an chomparáid idir ionaid reachtúla agus ionaid dheonacha/pobail.
- Ba chóir d'Altram agus do Chomhairle na Gaelscolaíochta féachaint lena ról agus freagrachtaí ar leith a shainaithint, a shoiléiriú agus a chomhaontú agus conair comhpháirtíocht éifeachtach a fhorbairt.
- Ba chóir go mbeadh athbhreithniú ar na socruithe do thacú le tuismitheoirí i bhforbairt teanga a bpáistí, lena n-áirítear ranganna agus acmhainní teanga a rochtain.
- Ba chóir d'Altram Treoir ar Ról agus Freagrachtaí Coistí Bainistíochta a fhorbairt le cois straitéis oiliúna le socruithe cuí rialachais a chinntiú.
- Ba chóir d'Altram, i gcomhar lena gcomhpháirtithe straitéiseacha, iniúchadh a dhéanamh ar an chóiríocht ina soláthraítear seirbhísí Gaelscolaíochta.

Tá Altram á mhaoiniú faoi láthair ar feadh tréimhsí trí bliana trí Chomhaontú Seirbhíse le CnaG le hairgead a chuireann an Roinn Oideachais ar fáil. Ní sásúil gur socruithe sealadacha maoinithe atá i gceist agus is iad is cúis le himní agus éiginnteacht i measc na foirne agus briseadh féideartha seirbhíse idir chonarthaí.

Molann CnaG an méid seo a leanas:

- RO leanúint den dlúth-chomhoibriú le CnaG agus Altram ag leibhéal straitéiseach agus oibríochta lena chinntiú go ngnóthaítear gach moladh atá sa tuairisc seo.
- Ba chóir don Roinn Oideachais féachaint lena chinntiú go mbeidh socrú níos buaine ann le tacaíocht agus maoiniú a chur ar fáil don earnáil Luathbhlianta GS amach anseo.

4.9. Bonneagar tacaíochta do thuismitheoirí.

Ní cainteoirí Gaeilge iad bunús mór maith tuismitheoirí a chuireann a bpáistí chuig an Ghaelscolaíocht agus is beag cur amach acu ar an Ghaelscolaíocht. Is intuigthe go mbíonn ábhair imní ar leith ag tuismitheoirí úra faoin Ghaelscolaíocht agus is minic iad ag brath ar ghréasán neamhfhoirmiúil tacaíochta de thuismitheoirí eile a bhfuil páistí acu sa Ghaelscolaíocht. I measc na n-údar imní seo tá an dóigh le tacú lena bpáistí agus iad ag déanamh obair bhaile nó fios a bheith acu faoi dhul chun cinn a bpáistí ina bhforbairt oideachais agus teanga.

Thug oideachas trí mheán Ghaeilge na hAlban faoin fhadhb seo trí bhunú grúpa tacaíochta tuismitheoirí “Comann nam Pàrant” atá ag feidhmiú le breis agus 25 bliain agus a thugann comhairle agus tacaíocht ar oideachas trí mheán Ghaeilge na hAlban do thuismitheoirí trí eagrais náisiúnta agus líonra de thart faoi 30 grúpa áitiúil.

Déanann an grúpa seo ionadaíocht thar ceann tuismitheoirí páistí a fhaigheann oideachas trí mheán Ghaeilge na hAlban ag leibhéal éagsúla, ó réamhscoil go meánscoil. D'éirigh thar barr leis an eagrais seo teacht i dteagmháil agus tacú le tuismitheoirí oideachas trí mheán Ghaeilge na hAlban ar fud na hAlban agus go háirithe ag an leibhéal áitiúil.

Tá an gá le freastal ar riachtanais na dtuismitheoirí sa GS sainaitheanta ag CnaG agus d'fhéadfaí é seo a bhunú ar shamhail ar nós Comann nam Pàrant a oibríonn chomh maith sin in Albain.

Molann CnaG an méid seo a leanas:

- Staidéar indéantachta agus comhairliúchán a dhéanamh chun a fháil amach faoin ghá ata le tacú le tuismitheoirí páistí GS sa Tuaisceart agus straitéis chuige sin.
- An réimse de réitigh fhéideartha a fhiosrú le freastal air seo lena n-áirítear bunú eagrais cosúil le Comann nam Pàrant agus dul i gcomhairle leis an earnáil faoi seo.
- Teagmháil a dhéanamh le pobail áitiúla le ceantair a shainathint ar mhaith leo a bheith páirteach i dtionscadal scéim phíolótach thosaigh leis an réiteach is fearr a ghnóthú.
- Maoiniú a iarraidh ar RO le tionscnamh/ líonra tacaíochta do thuismitheoirí a sholáthar agus an fócas ar dtús ar roinnt tionscadail píolótacha.

4.10 Comhoibriú Trasteorann

Tá réimsí leathan ann ina mbeadh comhoibriú trasteorann idir eagrais ar fud na hÉireann go mór lena gcomhleas. Tá roinnt réimsí tosaigh aitheanta ag CnaG ina bhféadfaí a bheith ag comhoibriú mar seo a leanas:

Réimse Comhoibrithe	Mionsonraí an chomhoibrithe fhéideartha	Gníomh
Oideachas Múinteoirí agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	Cé go bhfuil comhoibriú de shórt éigin idir Coláiste Ollscoile Naomh Muire agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (ONÉG) i réimse an oideachais múinteoirí dara leibhéal (TICO agus MGO), tá an-scóip ann leis an chomhoibriú seo a mhéadú le freastal ar riachtanais an hearnála sa dá dhlínse.	Is gá riachtanais teagaisc na hearnála a shainiú agus bearta cuí a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh a gcuid cúrsaí ag freastal ar riachtanais na hearnála ar fud na hÉireann agus go gcuirfear ar fáil céimithe ardcháilithe múinteoireachta a bhfuil na scileanna, ábhair agus ardleibhéil líofachta chúí acu le gur féidir an earnáil a fhás agus a fhorbairt. Ba chóir tabhairt faoi cheist comhoiriúnacht cáilíochtaí teagaisc ar bhonn práinne.

<p>Rochtain ar sholáthar GS dara leibhéal do dhaltáí mar a bhfuil sé seo áisiúil.</p>	<p>Tá ceantair ann ina bhféadfaí soláthar iarbhunscolaíochta GS a eagrú ar bhonn trasteorann agus daltaí ón dá dhlínse ag taisteal trasna na teorann. Tarlaíonn sé seo cheana féin i gceantair áirithe agus daltaí as Doire agus An Srath Bán ag taisteal go Leitir Ceanainn agus Bun Chranncha agus in Ard Mhacha Theas mar a mbíonn páistí ag taisteal go Dún Dealgan.</p>	<p>Moladh leis an phraiticiúlacht agus na dúshláin a bhaineann le héascú an chuir chuige trasteorann seo a fhiosrú le RO, ÚO, Gaelscoileanna Teo agus leis na húdaráis oideachais sa deisceart.</p>
<p>Forbairt Acmhainní Teagaisc</p>	<p>Tá comhoibriú suntasach ann cheana féin idir an tÁisaonad i gColáiste Ollscoile Naomh Muire agus COGG i bhforbairt acmhainní do bhunscoileanna, le cois CCSM.</p>	<p>D'fhéadfaí an comhoibriú seo a fhorbairt trí chomhoibriú i bhforbairt acmhainní do scoileanna 2ú leibhéal.</p>

Is é cuspóir CnaG an Coiste Seasta Thuaidh Theas ar an Ghaelscolaíocht a athbhunú i gcomhar le Foras na Gaeilge, leis na réimsí comhoibrithe thuas a thabhairt chun tosaigh.

4.11 Seirbhísí Óige agus naisc leis an phobal

Sainithníodh in Bain agus sa *Bheartas Scoileanna Inbhuanaithe* araon an leas breise a chuirtear le hinbhuanaitheacht scoile tríd an réimse seirbhísí a chuireann an scoil ar fáil a mhéadú. Tá achoimre air seo i bParagraf 2.13 den Bheartas Scoileanna Inbhuanaithe.

Féadann seirbhísí sínte cur go mór le difreálacha a laghdú agus cáilíocht na beatha a fheabhsú do pháistí agus do dhaoine óga, go háirithe iad sin as ceantair atá faoi mhíbhuntáiste. Is cuidiú iad rannpháirtíocht dhearfach le teaghlaigh, áiseanna a roinnt le grúpaí pobail na háite agus naisc dhlútha a bhunú le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha a oibríonn sa cheantar le háit na scoile a atreisiú agus tarraingítear aird ar a ról lárnach i dtéarmaí a hionchuir i bhforbairt phearsanta, sláinte agus pobail.

Is féidir na buntáistí seo a sholáthar ar bhealaí éagsúla, bíodh sé trí chláir fhoirmiúla scoileanna sínte, comhoibriú i mbunú club óige cláraithe, comhoibriú le heagrais agus gréasáin óige atá ann cheana agus comhoibriú le heagrais pobail Ghaeilge eile.

Tá buntáistí ar leith leis an chur chuige seo don Ghaelscolaíocht le réimse deiseanna a thabhairt do dhaltáí a dteanga a úsáid i gcomhthéacs sóisialta agus le deiseanna a thabhairt do dhaoine óga oiliúint agus taithí a fháil san obair óige agus rannpháirtíocht an phobail i gcoitinne san athbheochan teanga a chothú. Féadann an-tábhacht a bheith leis fosta le gréasán tacaíochta a chur ar fáil do thuismitheoirí páistí atá sa chóras GS nó atá ag smaoineamh ar GS dá bpáistí.

Tá roinnt réimsí ann ina mbíonn comhoibriú agus naisc an-láidir idir an soláthar GS agus an pobal agus tá samhlacha dea-chleachtais le sonrú iontu sin is féidir a úsáid i réimsí eile.

Molann CnaG an méid seo a leanas:

- Tacaíocht RO do CnaG le creat a chur ar bun faoi choinne comhoibriú le réimse d'eagrais Ghaeilge (lena n-áirítear Foras na Gaeilge, Ciste Infheistíochta Gaeilge, Fóram na nÓg, Iontaobhas na Gaelscolaíochta, Conradh na Gaeilge, Glór na nGael agus Altram);
- Cruthú straitéis/polasaí óige agus pobail le comhchur chuige a chur ar bun agus chun cinn idir scoil agus pobal san earnáil GS le gur fearr a thacófar le daltaí GS, ar aon dul le GSSM.

5.0 Samhail Riachtanais Fo-réigiúnach/ Gheografach

D'fhonn bailíocht agus insolárthacht na Samhla Riachtanais Earnála ón bhonn aníos atá leagtha amach i Mír 3 a dhearbhu, tá cur chuige ón bhonn aníos ag CnaG fosta maidir lenár n-anailís ina mbreathnaítear ar fhéidearthacht agus fás dóchúil taobh istigh de cheantair shainiúla gheografacha.

5.1 Cur chuige ón bhonn aníos

Is den rithábacht an cur chuige seo ón bhonn aníos le riachtanais scoileanna aonair agus braislí de scoileanna a thuar, a mhonatóiriú agus a athbhreithniú agus le cuspóirí sainiúla pleanáil cheantair a shocrú a chuirfidh leis an Phróiseas fhoriomlán Pleanáil Cheantair.

Ionas go gcuirfeadh é seo ar fáil, tá anailís déanta ag CnaG ar na riachtanais ar leith atá ag 9 bhfo-réigiún le réamh-mheastacháin a chruthú, bunaithe ar thosca agus tréithe sainiúla na gceantar sin.

Tá na 9 gceantar gheografacha fo-réigiúnacha seo a bhfuil soláthar iarbhunscolaíocht GS acu faoi láthair nó a bhfuil d'fhéidearthacht iontu a leithéid de sholáthar a chur ar fáil. Glacann CnaG leis go mb'fhéidir go mbeadh roinnt dúbailte idir scoilcheantair na n-iarbhunscóileanna éagsúla GS, ach creidimid go mbeadh sé seo teoranta go leor agus tig linn é seo a chur san áireamh ag gach fo-réigiún. Tuigeann CnaG nach ionann go díreach na ceantair seo agus fo-réigiúin Pleanáil Cheantair na Roinne Oideachais. Ach is rithábachtach go bpleanálfaid GS bunaithe ar a creat forbairt straitéiseach féin agus is é an plean seo a chuirfidh bonn eolais faoi na pleananna éagsúla ceantair atá á gcur i dtoll a chéile ag an Roinn Oideachais.

5.2 Réasúnaíocht le fo-réigiúin a shainmhíniú

I measc chuspóirí straitéiseacha na Comhairle, laistigh de gach fo-réigiúin tá éascú fhás na hearnála lena chinntiú go bhfuil go leor daltaí ann le hinmharthanacht fhadtéarmach iarbhunscóile a sholáthar sna ceantair seo uile. Tá CnaG ar aon intinn faoi na leibhéil rollúcháin atá molta i straitéis na Scoileanna Inbhuanaithe faoi mar a bhaineann sí le rollú fadtéarmach (RFT) 50+ dalta le scoil inmharthana a chruthú. Creideann CnaG, maidir le ceantar ar bith nach bhfuil soláthar acu faoi láthair agus atá ag smaoineamh ar Mholadh Forbartha iarbhunscolaíochta a fheidhmiú, gur chóir dóibh patrún fáis a bheith acu atá bunaithe go follasach agus, bunaithe ar sprioc fhadtéarmach ráta aistrithe 67%, 50+ dalta sa bhliain a bheith acu.

Mura dócha go dtig le ceantar RFT 50+ dalta a bheith acu ar bhonn leanúnach, ba chóir machnamh a dhéanamh ar sholáthar srutha i scoil Bhéarla mar réiteach eatramhach go dtí gur féidir soláthar neamhspleách a chosaint trí RFT. Molann Comhairle cur chuige forbairt chéimnithe i leith a leithéid de shruthanna (sruthanna reatha san áireamh) ar thoradh dóibh iad a fhorbairt ina scoileanna neamhspleácha nuair a shroichfeadh an tairseach inmharthana.

Is é cuspóir straitéiseach na Comhairle maidir le rolluithe bunscolaíocht GS a bheith ag fás laistigh de na ceantair seo, soláthar reatha a neartú agus a fhás agus, mar ar gá, soláthar úr a bhunú. Sa chás go mbíonn an tairseach inmharthana bainte amach ag aonaid GS laistigh de scoileanna Béarla le gur féidir scoileanna neamhspleácha a dhéanamh díobh, molann CnaG, faoi réir próiseas foirmiúil comhairliúcháin agus Moladh Forbartha, na hAonaid seo a athrú ina soláthar neamhspleách.





5.3 Sainmhíniú fo-réigiún

Tá na ceantair fo-réigiúnacha seo ar an léarscáil i bhfíor 1 agus tá achoimre orthu thíos agus iad nasctha le Ceantair Rialtais Áitiúil (CRÁ) agus limistéir Pleanáil Cheantair (PC):

Ceantar	CRÁ Comhfhreagra ch agus (Limistéir PC)	Cur Síos Ginearálta (2019/20)
Béal Feirste Thiar agus Theas	Béal Feirste (Limistéar 3)	Coláiste Feirste, ina bhfuil rollú iomlán reatha 720, a fheastalaíonn ar an cheantar seo ina bhfuil 7 nGaelscoil san iomlán i scoilcheantar Béal Feirste Thiar agus Theas. Tá líon iomlán de 136 páiste le teacht amach as seacht scoil fhriothálacha in 2019 agus méadóidh sé sin go 175 in 2025. Soláthraítear leis seo, dúshraith dhaingean d'iarbhunscoil reatha inmharthana. Tá bunscoil GS eile á pleanáil faoi láthair i mórcheantar Cheathrú Aodha Dhuibh (CRÁ Lios na gCearrbhach agus an Chaisleáin Riabhaigh).
Béal Feirste Thuaidh agus na ceantair máguaird	Aontroim agus Baile Nua na Mainistreach (Limistéar 2); Béal Feirste (Limistéar 3)	Coláiste Feirste a fheastalaíonn ar an cheantar seo nach bhfuil a iarbhunscoil féin aige. Tá líon iomlán de 69 páiste le teacht amach as ceithre scoil fhriothálacha in 2019 agus táthar ag tuar go méadófar sin go 71 in 2025. Mar sin de, tá rollú fadtéarmach ann trína bhféadfaí soláthar inmharthana iarbhunscolaíochta dar líon 50+ sa bhliain a sholáthar. Tá Coláiste Feirste agus CnaG ag fiosrú suíomhanna go gníomhach faoi choinne an dara soláthar a bheadh ceangailte den Choláiste san fho-réigiún seo.
An tlúr agus an Dún Theas	An tlúr, Múrna agus an Dún (Limistéar 3)	Sruth GS in Ard-Scoil Naomh Maolmhaadhóg i gCaisleán Uidhilín a bhfuil 105 dalta ar an rolla aici faoi láthair a fheastalaíonn ar an cheantar seo. Tá 46 páiste ag teacht amach as trí scoil fhriothálacha agus aonad bunscolaíochta GS friothálach in 2019, agus méadóidh sé sin go 58 in 2025. Níl an ceantar ag leibhéal go fóill trína bhféadfaí iarbhunscolaíocht GS neamhspleách a chosaint. Déanfar monatóireacht ar rolluithe sa cheantar seo agus iad ag dul i dtreo leibhéal inmharthanachta don soláthar neamhspleách.
Ard Mhacha	Ard Mhacha, Droichead na Banna agus Craigavon (Limistéar 1);	Sruth GS i gColáiste Chaitríona, Cathair Ard Mhacha a bhfuil 142 dalta ar an rolla aici faoi láthair a fheastalaíonn ar an cheantar seo. Tá 61 páiste ag teacht amach as ceithre Aonad bunscolaíochta GS fhriothálacha in 2019, agus

	An tIúr, Múrna agus an Dún (Limistéar 3)	méadóidh sé sin go 88 in 2025. Táthar ag dúil le scoil eile fhriothalach i gCathair Ard Mhacha feasta. Ba chóir an ceantar seo a mheas anois mar cheantar ina bhféadfaí iontráil inmharthana iarbhunscolaíochta dar líon 50+ sa bhliain a sholáthar.
Tír Eoghain Thoir / Láir	Fear Manach agus an Ómaigh (Limistéar 1); Lár Uladh (Limistéar 1)	Sruth GS i Scoil Ghramadaí Naomh Iósaef, ar an Domhnach Mór a bhfuil 156 dalta ar an rolla aici faoi láthair a fhreastalaíonn ar an cheantar seo. Tá 70 páiste ag teacht amach as ceithre scoil fhriothálacha agus as Aonad bunscolaíochta fhriothalach amháin in 2019, agus méadóidh sé sin go 117 in 2023. Tá rollú fadtéarmach ag an cheantar trína bhféadfaí soláthar inmharthana iarbhunscolaíochta dar líon 50+ sa bhliain a chosaint. Mura dtabharfar chun cinn forbairt soláthar neamhspleách sa cheantar seo, thacódh CnaG le réiteach níos áitiúla i gceantar na hÓmaí, a tharraingeodh isteach daltaí as Fear Manach agus an Srath Bán.
Doire & An Srath Bán	Cathair Dhoire agus an Srath Bán (Limistéar 2)	Níl soláthar iarbhunscolaíochta ag an cheantar seo faoi láthair agus tá roinnt daltaí sa scoilcheantar ag dul chuig Gaelcholáiste Dhoire agus cuid acu chuig Coláiste Ailigh i Leitir Ceanainn agus tá an líon seo ag méadú. Tá 45 páiste ag teacht amach as na ceithre scoil sa cheantar agus méadóidh sé sin go 82 in 2025. Níl an ceantar ag leibhéal go fóill trína bhféadfaí iarbhunscolaíocht GS neamhspleách a chosaint. Déanfar monatóireacht ar rolluithe sa cheantar seo agus iad ag dul i dtreo leibhéal inmharthanachta don soláthar neamhspleách. Go dtí sin, leanfaidh Gaelcholáiste Dhoire de rogha a chur ar fáil do dhaltaí ar mian leo taisteal chuig iarbhunscóil GS.
Co. Dhoire Tuaithe	Cósta an Chlocháin agus na Glinntí (Limistéar 2); Lár Uladh (Limistéar 1)	Gaelcholáiste Dhoire a osclaíodh i Meán Fómhair 2015 a fhreastalaíonn ar an cheantar seo. Tá líon iomlán 121 dalta ar an scoil. Tá 63 páiste ag teacht amach as na cúig scoil sa cheantar in 2019 agus méadóidh sé sin go 86 in 2025. Ba chóir an scoil a aithint anois mar sholáthraí inmharthana iarbhunscolaíochta agus ba chóir a cóiríocht agus riachtanais eile a phleanáil ar an bhonn sin.
Aontroim Thuaidh	Cósta an Chlocháin agus na Glinntí (Limistéar 2)	Níl soláthar iarbhunscolaíochta ag an cheantar seo faoi láthair. Tá bunscóil GS amháin sa cheantar agus 11 pháiste ag teacht amach aisti le dul ar iarbhunscóil in 2019 agus méadóidh sé sin go 15 in 2025. Is beag seans go gcuirfear aon soláthar inmharthana iarbhunscolaíocht GS ar fáil, bíodh sé neamhspleách nó mar shruth go dtí go mbunófar tuilleadh soláthar bunscolaíocht GS i mórcheantar Aontroim Thuaidh Dhoire Thoir Thuaidh.
Fear Manach	Fear Manach agus an Ómaigh (Limistéar 1)	Níl soláthar iarbhunscolaíochta i gCo. Fhear Manach faoi láthair. Tá bunscóil GS amháin ag ceantar Fhear Manach agus 8 bpáiste ag teacht amach aisti in 2019 agus méadóidh sé sin go 15 in 2025. Is beag seans go bhféadfaí soláthar neamhspleách nó sruth a chosaint. Mar sin féin, tá Coláiste Oiriaila i Muineachán cóngarach go leor agus d'fhéadfadh an rogha seo a bheith acu siúd ar mian leo aistriú chuig iarbhunscóil GS.

Key

-  Area with Existing Post-Primary Provision in north
-  Area with current potential for post-primary provision
-  Area not yet in a position to deliver viable post-primary provision
-  Area with Existing Post-Primary Provision in south





Figure 1. Map of sub-regions

6.0 Anailís agus tosaíochtaí fo-réigiúnacha

6.1 Béal Feirste Theas agus Thiar

6.1.1 Achoimre ar an soláthar reatha

Ag leibhéal na hiarbhunscolaíochta, freastalaíonn Coláiste Feirste, an mhéanscoil GS is mó in Éirinn agus an scoil neamhroghnaitheach is airde gnóthachtáil i mBéal Feirste, ar an cheantar seo. Osclaíodh Coláiste Feirste in 1991 gona 9 ndalta agus tá breis agus 700 dalta anois uirthi. Léirítear sa léarscáil thíos suíomhanna na naiscoileanna, na mbunscoileanna agus na n-iarbhunscoileanna éagsúla sa cheantar.



Tá na soláthraithe GS uilig sa cheantar seo in CRÁ Bhéal Feirste.

Gaelscoileanna (Bunscoileanna GS)

Faoi láthair freastalaíonn Coláiste Feirste ar scoilcheantar leitheadach agus daltaí ag freastal uirthi ó Ghaelscoileanna as gach cearn de Bhéal Feirste agus as ceantair eile lena n-áirítear Dún Pádraig agus Cromghlinn. Maidir leis an bheart Pleanáil Cheantair seo, áfach, táimid ag glacadh leis go mbunófar an dara hiarbhunscoil i gceantar Bhéal Feirste agus go bhfreastalóidh sí ar scoileanna thuaisceart na cathrach agus i gCromghlinn (cé go bhféadfadh roinnt daltaí as Cromghlinn an soláthar reatha a roghnú go fóill). Táimid ag glacadh leis, mar sin de, go bhfuil 7 scoil i gceantar bunscoileanna Choláiste Feirste mar seo a leanas:

Sa tábla thíos tá achoimre ar na scoileanna sa cheantar.

Ainm na scoile	Suíomh	Cineál Bainistíochta	Soláthar Reatha	Rollú Faofa	Iontráil M. Fó 18	Iontráil M. Fó 19
Bunscoil an tSléibhe Dhuibh	Bóthar na Carraige Báine	Faoi Chothabháil Eile	189	203	30	26
Gaelscoil an Lonnáin	Íochtar na bhFál	Faoi Chothabháil Eile	56	71	6	12
Gaelscoil na bhFál	Bóthar na bhFál	Faoi Chothabháil Eile	186	196	26	26
Gaelscoil na Móna	Ard na Móna	Faoi Chothabháil Eile	116	145	22	23
Scoil an Droichid	Bóthar Ormeau	Faoi Chothabháil Eile	152	145	25	25
Bunscoil Phobal Feirste	Bóthar Seoighe	Faoi Chothabháil Eile	339	406	49	59
Scoil na Fuiseoige	Dún Muirígh	Faoi Chothabháil Eile	148	145	17	26
IOMLÁN			1186	1311	175	197

Thit líon na n-áiteanna 'gan líonadh' go mór ó 410 i Meán Fómhair 2016 go 48 i Meán Fómhair 2018 - laghdú 64%. Gnóthaíodh é seo trí rolluithe a mhéadú i ngach scoil agus lena chois sin, Rollú Faofa Ghaelscoil na bhFál a choigeartú go dtí an mhéid cheart (laghdaithe ó 290 go 196).

Cé go bhfuil bunús na scoileanna gar do, nó os cionn, 140 ar an rolla, tá scoil amháin, Gaelscoil an Lonnáin, i bhfad níos ísle ná an leibhéal seo. D'ainneoin gur fhás sí faoi 11 dhalta (18%) is mór an dúshlán é a cóiríocht reatha má tá an scoil le bheith ábalta eispéireas saibhir oideachais a chur ar fáil agus fás.


Naíscoileanna (Réamhscoileanna GS)

Tá seacht naíscoil san iomlán sa cheantar mar seo a leanas:

Ainm	Suíomh	Cineál	Rollú 2019/20	1 ^ú Roghanna M.Fó. 2019
Naíscoil an Lonnáin	Béal Feirste	Deonach	12	8
Naíscoil an tSléibhe Dhuibh	Béal Feirste	Aonad Reachtúil	27	25
Naíscoil Bhreandáin	Béal Feirste	Aonad Reachtúil	61	60
Naí-Ionad na bhFál	Béal Feirste	Aonad Reachtúil	28	28
Naíscoil na Móna	Béal Feirste	Aonad Reachtúil	24	23
Naíscoil an Droichid	Béal Feirste	Aonad Reachtúil	27	31
Naíscoil na Fuiseoige	Béal Feirste	Deonach	24	26
IOMLÁN			203	201

6.1.2 Treochtaí Rolluithe

De réir an ghraif seo a leanas tá fás comhleanúnach sa líon iomlán rolluithe san earnáil le deich mbliana anuas. Léirítear, áfach, sna hiontrálacha bliantúla R1 fás leanúnach sa tréimhse seo agus tá impleachtaí suntasacha aige seo maidir le fás na hearnála sa cheantar seo feasta. Pléitear leis seo níos faide ar aghaidh sa chuid seo den tuarascáil. De réir an ghraif nuashonraithe seo a leanas tá an treocht rollaithe ag leanúint den ardú.



Mar gheall ar dhéimeagrafaic na hearnála tá an meánlíon ghrúpaí Eochairchéim 1 níos airde ná Ech2 agus dá thoradh sin, d'fhás líon foriomlán na ndaltaí san earnáil de réir mar a fhágann ranganna beaga ECh2 agus go dtagann líon iontrála níos mó isteach bliain ar bhliain.

Tá mionsonraí sa tábla seo a leanas de threochtaí foriomlána rollúcháin i Naíscóileanna agus Gaelscóileanna an cheantair.

Líon Páistí ag Teacht as Naíscóileanna								
Naíscóil / Réamhscoil	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Naíscóil an Lonnáin	15	15	17	13	8	8	9	12
Naíscóil an tSléibhe Dhuibh	26	26	26	29	29	28	25	27
Naíscóil Bhreandáin	52	52	51	51	52	52	60	61
Naí-Ionad na bhFál	29	26	26	26	27	24	28	28
Naíscóil na Móna	28	19	19	23	24	26	23	24
Naíscóil an Droichid	26	26	26	29	28	30	31	27
Naíscóil na Fuiseoige	26	20	26	26	24	24	24	24
Iomlán	202	184	191	197	192	192	200	203

Miondealú ar Iontrálacha Bunscoile								
Bliain	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Bunscoil an tSléibhe Dhuibh	22	29	28	22	29	28	30	26
Gaelscoil an Lonnáin	9	14	9	11	11	9	6	12
Gaelscoil na bhFál	23	25	26	24	29	26	26	26
Gaelscoil na Móna	13	19	16	18	15	16	22	23
Scoil an Droichid	17	22	22	22	23	28	25	25
Bunscoil Phobal Feirste	36	44	43	45	57	51	49	59

Scoil na Fuisseoige	21	22	16	22	27	21	17	26
Iomlán	141	175	160	164	191	179	175	197
Fás le 5 bliana anuas - coibhéiseach bliantúil agus ollmhéid							4.25%	23%

Rolluithe Iomlána ar Ghaelscoileanna								
Bliain	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Bunscoil an tSléibhe Dhuibh	146	153	157	159	162	174	189	189
Gaelscoil an Lonnáin	44	49	51	54	60	63	65	56
Gaelscoil na bhFál	162	159	158	161	161	172	176	186
Gaelscoil na Móna	92	94	93	102	101	108	117	116
Scoil an Droichid	120	131	125	128	137	147	158	152
Bunscoil Phobal Feirste	287	243	255	263	287	302	314	339
Scoil na Fuisseoige	113	115	125	121	132	141	144	148
Iomlán	964	944	964	988	1040	1107	1163	1186
Fás le 5 bliana anuas - coibhéiseach bliantúil agus ollmhéid							4.23%	23%

Léirítear sa tábla thuas rolluithe atá comhsheasmhach go leor agus rolluithe méadaithe le beagán luaineachta. Is ábhar imní é go bhfuil na hiarratais céad rogha i Naíscóil an Lonnáin go han-íseal agus eascraítear iad as an scoil a bheith lonnaithe i gcóiríocht easnamhach, ísealchaighdeáin.

Go ginearálta, léirítear sna staitisticí fás láidir iontrálacha agus rolluithe sa cheantar le cúig bliana anuas - iontrálacha R1 ag fás faoi 30% le linn na tréimhse (meán 5.37% sa bhliain) agus rolluithe foriomlána ag fás faoi 23% (meán 4.25% sa bhliain).

6.1.3 Rátaí Aistrithe

Naíscóileanna – Gaelscoileanna

Léirítear sa tábla thíos na rátaí aistrithe idir Naíscóileanna agus Gaelscoileanna an cheantair le hocht mbliana anuas.

Ráta Aistrithe Réamhscoil go Bunscoil GS								
	2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019
Ag teacht amach as Naíscóileanna	177	202	184	191	197	192	192	200
Líon ag Dul ar Aghaidh go Bunscoil GS.	141	175	160	164	191	179	175	198
Ráta Aistrithe	80%	87%	87%	86%	97%	93%	91%	99%

Léirítear thuas eanáil atá ag neartú agus méadú ar rollú iomlán le cois méadú ar rátaí aistrithe le cúig bliana anuas go háirithe. Le cothromú an líon rolluithe sna Naíscóileanna le ceithre bliana anuas, is cosúil gur gá, maidir le haon fhás amach anseo in eanáil na Gaelscolaíochta, soláthar breise san eanáil Naíscóileanna trí thabhairt isteach seisiúin bhreise réamhscolaíochta nó trí sholáthar úr i gceantair ina bhfuil éileamh féideartha.

Gaelscoileanna – Iarbhunscoil

Léirítear sa tábla seo a leanas an t-aistriú ó gach Gaelscoil i gCeantar Bhéal Feirste (Cromghlinn san áireamh) go Coláiste Feirste.

Aistriú Réamh-Mheasta Ó Bhunscoil go Iarbhunscoil GS					
Bliain Aistrithe	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Coláiste Feirste					
Líon Iomlán ag Teacht as R7 i scoileanna an cheantair	186	164	160	175	213
Ráta Aistrithe	55%	76%	64%	56%	73%
Iontrálacha Bhliain 8 Choláiste Feirste	103	124	102	98	155

Áirítear sna figiúirí thuas gach scoil i mBéal Feirste. Anuraidh, 73% de na daltaí a bhí ag imeacht as R7 sa scoilcheantar, roghnaigh siad Coláiste Feirste. Is méán é seo bunaithe ar gach scoil sa cheantar ach léirítear sna staitisticí gur airde i bhfad an céatadán a d'aistrigh i mBéal Feirste Thiar agus Theas (78%) ná mar a d'aistrigh i mBéal Feirste Thuaidh agus i gCromghlinn (60%).

6.1.4 Cóiríocht

Cheana féin sa tuarascáil seo, bhí gá le measúnú mionsonraithe bonnlíne a choimisiúnú ar na srianta cóiríochta san earnáil GS sainaitheanta againn agus táthar ag moladh go ndéanfar é seo a luaithe agus is féidir. Go dtí sin, sa tábla seo a leanas tá achoimre ar an bhail atá ar an chóiríocht sa cheantar agus na srianta a bhaineann leis an chóiríocht.

Bunscoil an tSléibhe Dhuibh	
Stádas reatha	Stádas Inmharthanacht Chaipitil.
Cur síos ar na Foirgnimh	Tá foirgneamh na scoile comhaimseartha agus é lonnaithe ar shuíomh atá fóirsteanach do riachtanais reatha na scoile.
Srianta Reatha	Níl chomhlíonann cóiríocht na scoile coinníollacha lámhleabhar RO agus tá riachtanais ar leith ann i dtaca le soláthar am lóin, TFC agus SRO, easpa spáis faoi choinne comhairleoireachta/gníomhaireachtaí seachtracha. Tá na riachtanais leagtha amach i Lámhleabhar RO ach bhí an scoil ann roimh an lámhleabhar. Tá an scoil beagnach lán gan aon fhairsinge lena méadú.
Bunscoil Phobal Feirste	
Stádas reatha	Stádas Inmharthanacht Chaipitil.
Cur síos ar na Foirgnimh	Tá foirgneamh na scoile comhaimseartha agus é lonnaithe ar shuíomh atá fóirsteanach do riachtanais reatha na scoile. Leanfar, áfach, den suíomh a mhonatóiriú
Srianta Reatha	Níl acmhainn bhreise seomra ranga ag an Scoil faoi láthair (2 rang in aghaidh an bhliainghrúpa agus gach seomra in úsáid). Tá acmhainn bhreise stórais de dhíth go práinneach, seomraí/oifigí breise do chruinnithe tuismitheoirí nó seirbhísí tacaíochta seachtraí, SRO / Cuairteoirí Sláinte srl, seomra foirne agus leithris bhreise do dhaltai agus do bhail foirne, ar aon dul le Lámhleabhar Foirgnimh na Roinne Oideachais Dé réir mar a mhéadaíonn rolluithe scoil i dtreo leibhéal faofa rolluithe, níl cóiríocht na scoile ag cur le Lámhleabhar RO agus tá riachtanais shainiúla chóiríochta maidir le soláthar SRO, TFC, spás oifige, spás comhairleoireachta/gníomhaireachtaí seachtracha,

	ceaintín agus leithris. Tá seomraí ranga breise de dhíth go práinneach
Gaelscoil an Lonnáin	
Stádas reatha	Gan Stádas Inmharthanacht Chaipitil.
Cur síos ar na Foirgnimh	Níl cóiríocht reatha na scoile oiriúnach don fhéidhm. Tá géarghá leis an scoil a athlonnú chuig suíomh agus cóiríocht fhóirsteanach óir tá sí suite i bhfoirgneamh a tógadh 100 bliain ó shin nach bhfuil go leor spáis ann agus nach bhfóireann d'úsáid mar fhoirgneamh comhaimseartha scoile.
Srianta Reatha	Ní chomhlíonann cóiríocht na scoile caighdeáin lámhleabhar RO, beag ná mór. Níl áiseanna spóirt, faoi dhíon ná faoin spéir, ag an scoil, ná limistéar halla ná lóin, ná limistéar féir ar a cuid tailte. Níl aon soláthar páirceála ann, tá ganntanas seomraí/oifigí ann do chuairoteoirí, easpa áiseanna leithris, easpa stórais agus gan aon pháirc imeartha ann. Tá bac tromchúiseach ar fhás na scoile mar gheall ar an áitreabh a bheith mí-oiriúnach don fheidhm.
Gaelscoil na bhFál	
Stádas reatha	Stádas Inmharthanacht Chaipitil.
Cur síos ar na Foirgnimh	Tá foirgnimh chomhaimseartha ag an scoil agus tá an suíomh oiriúnach do riachtanais reatha na scoile. Tá foirgneamh na scoile comhaimseartha agus é lonnaithe ar shuíomh atá fóirsteanach do riachtanais reatha na scoile.
Srianta Reatha	Tá gá le soláthar súgartha faoin spéir níos fóirsteanáí. Níl limistéar glas ar bith ag an scoil.
Gaelscoil na Móna	
Stádas reatha	Stádas Inmharthanacht Chaipitil.
Cur síos ar na Foirgnimh	Tá foirgneamh na scoile comhaimseartha agus é lonnaithe ar shuíomh atá fóirsteanach do bhunriachtanais reatha na scoile amháin. Ciallaíonn fás seasta na scoile gur gearr go mbeidh cóiríocht úr de dhíth ar an scoil. Beidh suíomh úr agus cóiríocht bhreise de dhíth roimh i bhfad.
Srianta Reatha	Ní chomhlíonann cóiríocht na scoile caighdeáin lámhleabhar RO, beag ná mór. Níl áiseanna spóirt, faoi dhíon ná faoin spéir, ag an scoil, ná halla tionóil agus tá an áis bhialainne teoranta. Tá limistéar féir iontach teoranta ar na tailte, soláthar teoranta páirceála, gan aon seomra faoi choinne cruinnithe tuismitheoirí ná seirbhísí tacaíochta seachtracha, SRO / Cuiarteoirí Sláinte agus tá an limistéar súgartha faoin spéir an-teoranta, gan aon pháirc imeartha.
Scoil an Droichid	
Stádas reatha	Stádas Inmharthanacht Chaipitil.
Cur síos ar na Foirgnimh	Tá foirgneamh na scoile lonnaithe ar shuíomh easnamhach i gcóiríocht shoghluaiste agus mhodúlach.
Srianta Reatha	Tá an scoil ar shuíomh iontach cúng agus i gcóiríocht easnamhach. Tá áiseanna spóirt faoin spéir teoranta aici, gan aon halla tionóil agus limistéar teoranta féir ar na tailte; soláthar teoranta páirceála, gan aon seomra faoi choinne cruinnithe tuismitheoirí ná seirbhísí tacaíochta seachtracha, SRO / Cuiarteoirí Sláinte srl., gan aon pháirc imeartha agus is géarghá bogadh chuig suíomh úr. D'fhág an méadú bliantúil iontrálacha gur laghdáíodh an limistéar súgartha. * Ba chóir a shonrú go bhfuil forbairt suíomh úr scoile idir lámha anois agus táthar ag dúil go gcuirfear i gcrích í go mall in 2020.
Scoil na Fuisioige	

Stádas reatha	Stádas Inmharthanacht Chaipítíl.
Cur síos ar na Foirgnimh	Tá foirgneamh na scoile comhaimseartha agus é lonnaithe ar shuíomh atá fóirsteanach do riachtanais reatha na scoile.
Srianta Reatha	Is leor cóiríocht na scoile faoi láthair. Fuair an scoil cóiríocht bhreise ar na mallaibh chomh maith le hAcmhainní Soláthar SRO.
Coláiste Feirste	
Stádas reatha	Stádas Inmharthanacht Chaipítíl.
Cur síos ar na Foirgnimh	Foirgnimh chomhaimseartha a bhformhór agus cuireadh obair shuntasach forbartha i gcrích ar an suíomh in 2017/18. Tá pobal na scoile, áfach, ag fás leis go mear. Ar chur i gcrích an tionscadail caipítíl, sholáthraigh RO 4 sheomra mhodúlacha le riar ar líon méadaithe na scoile. Ní leor an chóiríocht bhreise seo go fóill le freastal ar riachtanais na scoile. Cuireadh moladh forbartha faoi bhráid RTO le rollúchán agus iontrálacha na scoile a mhéadú agus le cóiríocht bhreise a chur ar fáil mar réiteach sealadach ar an éileamh atá ag fás.
Srianta Reatha	Cuireadh obair athchóiriúcháin i gcrích sa scoil le riar ar 600 dalta agus ar an scoil faoi láthair tá níos mó ná an líon faofa de 600 dalta. Tá an rollú iomlán in 2019/20 ag 721 dalta agus ardófar é sin le 40 go 50 dalta sa bhliain go dtí breis agus 900 dalta faoi 2023/24. Mar sin de, tá an chóiríocht reatha níos mó cheana féin ná an figiúr sealadach inghlactha de chuid RO. Ní bheidh an suíomh reatha in ann freastal ar an líon atá ag méadú agus beidh an dara suíomh de dhíth i mBéal Feirste Thuaidh.

Tá cuid mhór feabhsúcháin de dhíth sna Gaelscoileanna sa scoilcheantar seo agus tá athlonnú de dhíth ar Ghaelscoil an Lonnáin ar bhonn práinne. Tá cóiríocht agus áiseanna Ghaelscoil an Lonnáin go hiomlán easnamhach agus is cinnte go gcuireann siad srianta ar fhás na scoile. Tá áiseanna breise de dhíth ar Ghaelscoil na Móna, Bunscoil Phobal Feirste agus Bunscoil an tSléibhe Dhuibh agus mar scoileanna ina bhfuil an líon daltaí ag fás, méadófar a gcuid riachtanas.

Tá Coláiste Feirste níos mó cheana féin ná an 600 dalta dar deardh an foirgneamh reatha. D'fhas líon daltaí na scoile go dtí breis agus 700 dalta (2019/2020) agus, mar sin de, is den riachtanas an chóiríocht a mhéadú.

I dtéarmaí ginearálta, tá gá le soláthar iomlán áiseanna ar fud an scoilcheantair, agus tá easpa ar leith ann maidir le háiseanna le freastal ar chuairoteoirí seachtracha, TFC, SRO agus ar chuairoteoirí sláinte srl. Mar thagairt shainiúil d'Ionaid Tacaíochta Foghlama, is gá an soláthar agus cóiríocht shealadach reatha (Acmhainn) a fhorbairt ina réiteach buan agus é a mhéadú le bheith mar chuid de líonra réigiúnach LSCanna don earnáil GS.

Is minic a úsáidtear seomraí seirbhísí tánaisteacha mar sheomraí ranga mar thoradh díreach ar chóiríocht easnamhach seomraí ranga. Tá tionchar díreach aige seo ar an timpeallacht foghlama ina dteagasctar a lán de na páistí. Mar sin de, baintear na háiseanna seo agus an fheidhm dar deardh i dtús báire iad de scoileanna.

6.1.5 Acmhainneacht le haghaidh fáis in GS

Is iad Béal Feirste Theas agus Thiar an ceantar is faide bunaithe ina soláthraítear GS sa tuaisceart agus is ceantar seasta go leor é i dtaca le rolluithe de.

Tháinig fás suntasach ar rollú foriomlán sa cheantar seo le 10 mbliana anuas ó 119 i Meán Fómhair 2009, go 197 i Meán Fómhair 2019, rud is ionann agus méadú foriomlán 79% nó fás cumaisc 6% sa bhliain. Tá próifíl déimeagrafaice na scoile ar sceabha go fóill i leith Ech1 agus, dá thairbhe sin, tá cumas suntasach folaigh fáis sa cheantar sna blianta atá romhainn.

I dtéarmaí figiúirí rollúcháin a mhéadú, cé go bhfuil áiteanna barrachais ag cuid de na Naíscoileanna agus Gaelscoileanna, tá rolluithe móra, seasmhacha ag an chuid is mó de na Naíscoileanna. Creideann CnaG gur ríthábhachtach neartú agus forbairt earnáil na Naíscolaíochta GS chun tuilleadh fás agus forbartha a ghnóthú in earnáil GS fhoriomlán an cheantair.

Chuige seo, is tábhachtach breathnú ar bhonn straitéiseach ar an soláthar ar fad i mórcheantar Bhéal Feirste (Béal Feirste Thuaidh agus an scoilcheantar máguaird san áireamh) agus straitéis fáis a fhorbairt trína gcruthófar rolluithe breise GS ach a mheasfaidh inmhharthanacht an tsoláthair reatha sa cheantar. Creideann CnaG go bhféadfaí an soláthar GS a mhéadú ar roinnt dóigheanna, lena n-áirítear:

- Rolluithe i Naíscoileanna/ Gaelscoileanna a bhfuil áiteanna barrachais reatha acu a uasmhéadú.
- Soláthar i Naíscoileanna/ Gaelscoileanna reatha a shíneadh - rolluithe faofa a shíneadh le riar ar éileamh cruthaithe.
- Trí sholáthar úr Naíscolaíochta i gceantair ina bhfuil an soláthar teoranta nó nach ann dó nó i gceantair ina bhfuil an soláthar áitiúil ró-shuibscríofa. Tacú le Soláthar Reachtuil Naíscolaíochta breise mar a bhfuil éileamh.

Leanfaidh CnaG den comhairliúcháin le Naíscoileanna agus Gaelscoileanna an cheantair lena shocrú cén dóigh is fearr le riar ar an éileamh méadaithe ar GS, ag comhoibriú le gach comhpháirtí bainteach ar dhóigh a chuirfidh bonn agus taca faoi inmhharthanacht an tsoláthair reatha sa cheantar.

6.1.6 Réamh-mheastacháin – Bunscolaíocht


Tá treocht fáis láidir 23% in iontrálacha bhunscoileanna GS sa cheantar le cúig bliana anuas (4.25% sa bhliain ar an mheán) agus táthar ag dúil go leanfar den fhás réamh-mheasta san earnáil go dtí 2025. Tá an fás réamh-mheasta bunaithe ar thrí chás mar seo a leanas:

Cás Éadóchasach - fás 0% i rolluithe

Cás Réadúil – fás 3.25%. Tá sé seo bunaithe ar eachtarshuíomh ráta fáis na 5 bliana seo a chuaigh thart i scoileanna an cheantair lúide 1%. Is é an dearcadh atá ag CnaG gur féidir an ráta fáis laghdaithe seo a choinneáil sna blianta atá romhainn má fhaightear an tacaíocht agus na hacmhainní atá de dhíth ó CnaG, RO agus ÚO.

Dóchasach – fás 5.25%. Tá sé seo bunaithe ar 1% de bhreis ar ráta fáis an ama atá caite. Creideann CnaG gur féidir é seo a ghnóthú, arís má fhaightear an tacaíocht agus na hacmhainní atá de dhíth ó CnaG, RO agus ÚO.

Léirítear sa ghráf seo a leanas tionchair na réamh-mheastachán thuas ar rolluithe iomlána san earnáil go dtí bliain acadúil 2025/26.



Mar a léirítear thuas, bhí fás suntasach in iontrálacha san earnáil ó 2009. Léirítear sa ghraf, fiú le fás 0% in iontrálacha san earnáil, feicfeadh fás i rolluithe san earnáil faoi 132 dalta nó 11% faoi bhliain acadúil 2025/26.

Leis an chás réadúil 3.25% sa bhliain, mhéadófaí an rollú foriomlán san earnáil faoi 279 dalta nó 23.5% agus leis an chás dhóchasach mhéadófaí rollú na hearnála faoi 348 dalta nó 29.3% faoi Mheán Fómhair 2025. Beidh impleachtaí suntasacha pearsanra agus acmhainní eile don earnáil sa chathair agus déanfar monatóireacht bhliantúil air seo leis na riachtanais seo a shainiú roimh ré agus le pleanáil dá réir. Leis na réamh-mheastacháin thuas fosta is mó an tábhacht atá leis an chomhairliúchán a bhfuil breac-chuntas air i mír 6.1.6 thuas.

6.1.7 Réamh-mheastacháin – Iarbhunscolaíocht

Tá an líon féideartha daltaí san earnáil mheánscolaíochta bunaithe ar rolluithe na mbunscoileanna éagsúla atá sa scoilcheantar. Soláthraítear leis seo 7 mbliana de shonraí iontaofa le Rollú Fadtéarmach a réamh-mheas i gColáiste Feirste. Faoi láthair, riarann Coláiste Feirste fosta ar pháistí as Béal Feirste Thuaidh agus as Cromghlinn, atá roinnte againn, i dtaca leis an tuarascáil seo de, ina scoilcheantar ar leith óir creidimid gur féidir soláthar neamhspleách a fhorbairt i de dtuaisceart na cathrach.

In 2019, aistroidh 202 páiste ón earnáil bhunscolaíochta go dtí an iarbhunscolaíocht agus bhí 288 iontráil i R1 an bhliain chéanna. I dtaca leis na rolluithe fadtéarmacha de, is léir go bhfuil go leor daltaí san earnáil bhunscolaíochta le dhá iarbhunscoil neamhspleácha a chosaint taobh istigh de cheantar Bhéal Feirste. 155 dalta líon na n-iontrálacha Bhliain 8 go Coláiste Feirste agus, mar sin de, is é 72% an ráta reatha aistrithe ón bhunscolaíocht go meánscolaíocht sa chomhcheantar seo agus is é 78% an ráta i scoilcheantar Bhéal Feirste Thiar agus Theas agus gan ach 60% de pháistí thuaisceart na Cathrach agus Chromghlinne ag aistriú. Dá mbeadh soláthar meánscolaíochta i dtuaisceart na cathrach, bheimis ag súil le méadú sna rátaí aistrithe ag páistí thuaisceart na cathrach agus Chromghlinne.


Tá CnaG ag obair faoi láthair le Coláiste Feirste agus le hionadaithe ó scoileanna GS Bhéal Feirste Thuaidh le soláthar breise áitiúil a fhorbairt i dTuaisceart na cathrach.

Léirítear sa tábla agus sna graif seo a leanas an rollú réamh-mheasta i gColáiste Feirste agus i scoil nuabhunaithe go dtí deireadh bhliain acadúil 2025/26. Tá sé bunaithe ar an tuiscint go bhfanfaidh rátaí aistrithe i nDeisceart agus Iarthar Bhéal Feirste ar bhonn seasta 75% agus go dtosóidh na rátaí i dtuaisceart na cathrach agus i gCromghlinn ag 60%, ag ardú go 75% faoi Mheán Fómhair 2025. Glactar leis fosta sna figiúirí go n-aistroidh dhá dtrian de na daltaí ó TGMO go 6ú/7ú bliain.

Aistriú Réamh-mheasta ó Bhunscolaíocht GS go hIarbhunscolaíocht GS						
Bliain Aistrithe	20/21	21/22	22/23	23/24	24/25	25/26
	1	2	3	4	5	6
Béal Feirste Theas agus Thiar						
Líon Iomlán ag Teacht as R7	166	154	152	176	175	164
Ráta Aistrithe	75%	75%	75%	75%	75%	75%
Líon Measta ag Aistriú go hIarbhunscolaíocht GS	125	116	114	132	131	123
Béal Feirste Thuaidh agus Ceantair Máguaird						
Líon Iomlán ag Teacht as R7	67	70	73	76	79	72
Ráta Aistrithe	60%	63%	66%	69%	72%	75%
Líon Measta ag Aistriú go hIarbhunscolaíocht GS	40	44	48	52	57	54
Líon foriomlán ag Teacht as R7	233	224	225	252	254	236
Líon foriomlán ag Dul Isteach i mBliain 8 GS	165	160	162	184	188	177
Iontrálacha Bhliain 8 Choláiste Feirste	165	116	114	132	131	123
Iontrálacha Bhliain 8 Soláthar Úr	0	44	48	52	57	54
Rollú Réamh-Mheasta Choláiste Feirste	797	799	812	833	846	849
Rollú Réamh-Mheasta Soláthar Úr	0	44	92	144	201	255


Is leor na hiontrálacha réamh-mheasta leis an dara soláthar iarbhunscolaíocht GS a oscailt i mBéal Feirste le riar ar pháistí i dTuaisceart na cathrach agus sna ceantair máguaird. Chuirfeadh

an soláthar breise seo le hinrochtaineacht iarbhunscolaíocht GS agus, lena chois, mhéadódh céatadán foriomlán na bpáistí ag aistriú ó bhunscolaíocht GS go hiarbhunsolaíocht GS. Léirítear sa ghráf seo a leanas an treocht i ndaltaí ag fágáil R7 i leith rollú réamh-mheasta Choláiste Feirste agus an soláthar nua GS atá á mholadh.



Léirítear sa ghráf seo a leanas an treocht fáis iarbhír i rolluithe iomlána i gColáiste Feirste agus an soláthar nua GS atá á mholadh i mBéal Feirste Thuaidh ó 2012 go 2015. Léirítear sa ghráf go bhfuil cumas follasach ann don leibhéal iontrálacha atá de dhíth don soláthar nua i mBéal Feirste Thuaidh gan dul i bhfeidhm ar bhun-inmharthanacht iontráil Choláiste Feirste.

Léirítear sa ghráf seo a leanas an fás rollú foriomlán réamh-mheasta Choláiste Feirste agus an tsoláthair nua i mBéal Feirste Thuaidh.



Léiríonn a bhfuil thuas gur dócha go leanfaidh Coláiste Feirste den fhás i dtéarmaí rollú iomlán go dtí breis agus 850 faoi 2025 agus san am céanna gur féidir an dara soláthar iarbhunscolaíochta a fhás sa chathair. Táthar ag meas go dtosódh an soláthar le hiontráil tosaigh 44 i Meán Fómhair 2021 agus go n-ardóidh sé seo go rollú foriomlán 255 faoi Mheán Fómhair 2025.

6.1.8 Cuspóirí Pleanáil Cheantair / Forbartha

Bunaithe ar an anailís agus ar na réamh-mheastacháin thuas, tá réimse de chuspóirí forbartha agus pleanáil cheantair sainaitheanta.

Tá na cuspóirí seo a leanas i leith an cheantair bunaithe ar mheasúnú riachtanais na scoileanna éagsúla GS agus glactar leis go mbeidh cás réadúil fáis i gceist do rolluithe i mbunscoileanna GS.

Tá roinnt Tosaíochtaí Forbartha práinneacha sa cheantar seo mar atá thíos:

1. Athlonnú Ghaelscoil an Lonnáin.

Is bac an-mhór í an chóiríocht reatha ar fhás agus forbairt na scoile seo feasta. Ní féidir an scoil a dhéanamh inbhuanaithe laistigh de shrianta na cóiríochta reatha. Tá an chóiríocht as dáta agus tá gá práinneach leis an athlonnú atáthar a mholadh le go n-éireoidh go maith leis an scoil amach anseo agus le heispéireas foriomlán oideachais a bhfuil gach páiste ina theideal a chinntiú. Le cois athlonnú Ghaelscoil an Lonnáin, tá an-chuid oibre de dhíth le rolluithe a mhéadú i Naíscoil agus Gaelscoil an Lonnáin araon le go dtig leis an Ghaelscoil an Tairseach Rollú Uirbeach 20 dalta sa bhliain a bhaint amach.

Gníomh: Leanfaidh CnaG den idirphlé le RO, ÚO agus leis an scoil le hathlonnú chuig suíomh fóirsteanach do Ghaelscoil an Lonnáin sa scoilcheantar reatha a luaithe agus is féidir.

2. Athlonnú Scoil an Droichid.

Tá gá práinneach le Scoil an Droichid a athlonnú mar gheall ar an suíomh cúng. Ba chóir an obair reatha leanúnach ar an suíomh agus foirgneamh úr a thabhairt chun cinn chomh gasta agus is féidir.

Gníomh: Leanfaidh CnaG den dul chun cinn a mhonatóiriú trí rannpháirtíocht ar Bhord Tionscadail na tógála úire.

3. Gaelscoil na Móna, riachtanais phráinneacha chóiríochta. Níl spásanna tánaisteacha ag Gaelscoil na Móna nach seomraí ranga iad. Tá tionchar diúltach aige seo ar chumas na scoile a líon daltaí a mhéadú. Ba chóir tosú láithreach ar phleanáil faoi choinne suíomh úr scoile. D'ainmnigh CnaG an scoil sa ghairm ar Thógáil Chaipitiúil i nD.Fó 2019.

Gníomh: Oibreoidh CnaG i bpáirt leis an scoil, RO agus ÚO le suíomh fóirsteanach athlonnaithe agus forbartha a shainaithint agus a fháil d'fhoirgneamh úr scoile inar féidir riar ar an éileamh méadaithe ar GS sa cheantar.

4. Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, riachtanais chóiríochta.

Tá easpa áiseanna SRO, am lóin, TFC agus spás comhairleoireachta/gníomhaireachtaí seachtracha ag Bunscoil an tSléibhe Dhuibh.

Gníomh: Oibreoidh CnaG i bpáirt leis an scoil, RO agus ÚO le dul i ngleic leis an easpa áiseanna riachtanacha atá léirithe thuas.

5. Bunscoil Phobal Feirste, riachtanais chóiríochta

Cé go bhfuil áiteanna barrachais 'ar páipéar' ag Bunscoil Phobal Feirste, tá easpa áiseanna acu ar nós seomraí cruinnithe faoi choinne SRO agus cuairteanna sláinte agus gan go leor spás stórála. Chomh maith leis sin, ní léir san fhiigiúr oifigiúil Rollú Faofa acmhainn fhisiciúil na scoile.

Gníomh: Oibreoidh CnaG i bpáirt leis an scoil, RO agus ÚO le dul i ngleic leis an easpa áiseanna riachtanacha atá léirithe thuas.

6. Coláiste Feirste agus Iarbhunscolaíocht GS i mBéal Feirste

De thairbhe an fháis leanúnaigh in éileamh iarbhunscolaíocht GS atá anois rómhór don chóiríocht atá ar fáil i gColáiste Feirste, suíomh Ard na bhFeá, tá gá le tacú le forbairt an dara suíomh i dTuaisceart na cathrach.

Gníomh: CnaG comhoibriú le Coláiste Feirste, le hionadaithe scoileanna GS Bhéal Feirste Thuaidh, RO agus ÚO, le soláthar breise áitiúil a fhorbairt i dTuaisceart na cathrach.

7. Bunú Ionaid Tacaíochta Foghlama Bhuana

An soláthar reatha sealadach (Acmhainn) atá bunaithe ag Coláiste Feirste agus ag Scoil na Fuiseoige a fhorbairt ina ITFanna buana, le cois soláthar ITF pleanáilte mar chuid de thógáil úr do Scoil an Droichid. Ba chóir pleanáil faoi choinne soláthar breise sa cheantar fosta.

Gníomh: RO, ÚO, CnaG. cuidiú le tabhairt chun cinn Moltaí Forbartha cuí i scoileanna an cheantair mar chuid d'fhorbairt líonra réigiúnach ITF.

8. Bunú Soláthar Úr Réamhscolaíocht GS


Mar a sainaithníodh san anailís, 99% an ráta aistrithe reatha ó Réamhscoil go Bunscoil GS. D'fhonn tuilleadh fáis a éascú, is gá tuilleadh áiteanna réamhscolaíochta a chur ar fáil, bíodh sé trí spásanna a mhéadú nó taobh istigh d'áiseanna atá ann cheana nó trí sholáthar úr.

Gníomh: CnaG agus InaG comhoibriú leis na heagrais thuas agus le scoileanna GS in aice láimhe le soláthar úr féideartha a shainaithint.

6.2 Béal Feirste Thuaidh agus na ceantair máguaird

6.2.1 Achoimre ar an Soláthar Reatha

Is é atá sa cheantar seo Béal Feirste Thuaidh agus na ceantair máguaird. Ag leibhéal na hiarbhunscolaíochta, Coláiste Feirste a fhreastalaíonn ar an cheantar seo faoi láthair ach, mar atá léirithe i mír 5.1 thuas, creideann CnaG, bunaithe ar rolluithe reatha in earnáil na bunscolaíochta, go bhfuil éileamh féideartha ann trína gcosnófaí iarbhunscoil úr GS. Léirítear sa léarscáil thíos síomh na réamhscoileanna agus na mbunscoileanna GS éagsúla sa cheantar.



Cumhdaíonn na soláthraithe GS sa cheantar seo na CRÁna seo a leanas:

Aontroim agus Baile Nua na Mainistreach:	Naíscoil Ghleann Darach, Naíscoil na Tamhnaí Móire, Gaelscoil Éanna, Gaelscoil Ghleann Darach
Béal Feirste:	Naíscoil Mhic Reachtain, Bunscoil Mhic Reachtain, Bunscoil Bheann Mhadagáin

Gaelscoileanna (Bunscoileanna GS)

Faoi láthair, riarann Coláiste Feirste ar scoilcheantar fairsing agus tagann páistí as Gaelscoileanna atá ar fud Bhéal Feirste agus ceantair eile lena n-áirítear Dún Pádraig agus Cromghlinn. Ar mhaithe leis an chleachtas Pleanáil Cheantair seo, áfach, táthar glacadh leis go mbunófar an dara soláthar iarbhunscolaíochta i gceantar Bhéal Feirste le riar ar scoileanna i dTuaisceart na cathrach agus i gCromghlinn (cé go bhféadfadh roinnt daltaí as Cromghlinn an soláthar reatha a roghnú). Maidir leis an mhír seo den tuairisc, cuimsíodh 4 scoil fhriothálacha sa scoilcheantar mar atá léirithe sna táblaí seo leanas.

Ainm Scoile	Suíomh	Cineál Bainistíochta	Soláthar Reatha	Rollú Faofa	Iontráil M.Fó '18	Iontráil M.Fó '19
Bunscoil Bheann Mhadagáin	Cliftonville	Faoi Chothabháil Eile	157	182	22	27
Bunscoil Mhic Reachtain	Sráid Eabhrac	Rialaithe	105	87	10	20
Gaelscoil Ghleann Darach	Cromghlinn	Faoi Chothabháil Eile	79	105	19	13
Gaelscoil Éanna	Gleann Ghormlaithe	Faoi Chothabháil Eile	184	205	21	28
IOMLÁN			502	579	66	82

Thit an líon áiteanna 'gan líonadh' ó 97 i Meán Fómhair 2015 go 54 i Meán Fómhair 2019 - laghdú 56%, Is tábhachtach a shonrú gur tharla an laghdú suntasach seo le linn tréimhse inar cruthaíodh 37 áit bhreise i mBunscoil Bheann Mhadagáin.

Cé go bhfuil an dá scoil go maith os cionn a dtairseacha riachtanacha rollúcháin, tá ceisteanna le réiteach ag an dá scoil eile. Tá Bunscoil Mhic Reachtain ag leanúint den fhás d'ainneoin suíomh easnamhach a chuireann an-srian ar an scoil agus nach bhfuil na hacmhainní cuí inti. Mar gheall ar an fhás seo, tá gá le Moladh Forbartha le rollú faofa na scoile a mhéadú le gur fearr a léireofar líon daltaí reatha agus an ama atá caite.

Tá léirithe ag Gaelscoil Ghleann Darach fosta go dtig léi fás agus tá sé seo le feiceáil sa phatrún rolluithe méadaithe sna ranganna is óige sa scoil.

Naíscóileanna (Réamhscoileanna GS)


Tá 6 naíscóil sa cheantar mar seo a leanas:

Ainm	Suíomh	Cur síos	Rollú 2019/20	1 ^ú Rogha M.Fó. 2019
Naíscóil Mhic Reachtain	Béal Feirste	Deonach	13	11
Naíscóil Bheann Mhadagáin	Béal Feirste	Reachtúil	26	26
Naíscóil Ghleann Darach	Cromghlinn	Deonach	17	17
Naíscóil Éanna	Gleann Ghormlaithe	Aonad Reachtúil	26	26
Naíonra Éanna	Gleann	Deonach	16	16

	Ghormlaithe			
		IOMLÁN	98	96

6.2.2 Treochtaí Rollúcháin

Le 5 bliana anuas, tá méadú 22% tagtha ar an iontráil iomlán bhliantúil cumaisc R1, rud is ionann agus fás cumaisc bliantúil 4.02%. Léirítear sa ghráf seo a leanas an phróifíl fáis sách seasmhach a bhaineann le fás na hearnála sa cheantar le deich mbliana anuas - fás breis agus 80% ó bhí 2009 ann.



De thairbhe dhéimeagrafaic na hearnála tá meánmhéid na mbliainghrúpaí in Eochairchéim 1 níos airde ná mar atá in Ech2. Is léir é seo ón 88 dalta a tháinig isteach i R1 den Bhunscoil GS áitiúil i gcomparáid le 67 dalta sna ranganna P7 sa cheantar.

Tá mionsonraí sna táblaí thíos faoi bhuntreochtaí rollúcháin Naíscóileanna agus Ghaelscóileanna an cheantair.

Líon páistí ag teacht amach as Naíscóileanna								
Naíscóil / Réamhscoil	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Naíscóil Mhic Reachtain	18	17	16	17	16	14	18	13
Naíscóil Bheann Mhadagáin	26	26	26	30	29	25	30	26
Naíscóil Ghleann Darach	14	10	16	9	19	18	21	17

Naíscóil Éanna	33	25	26	26	26	26	26	26
Naíonra Éanna	-	-	-	-	-	-	-	16
Iomlán	91	78	84	82	90	83	95	98

Miondealú ar Iontrálacha Bunscolaíochta								
Bliain	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Bunscoil Bheann Mhadagáin	12	19	18	24	28	27	22	27
Bunscoil Mhic Reachtain	13	10	17	15	18	17	10	20
Gaelscoil Ghleann Darach	13	13	9	13	7	15	19	13
Gaelscoil Éanna	34	38	20	25	25	27	21	28
Iomlán	72	80	64	77	78	86	72	88
Fás le 5 bliana anuas - Coibhéiseach agus oll-líon bliantúil							6.58%	38%

Iontrálacha Iomlána Bunscolaíochta								
Bliain	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Bunscoil Bheann Mhadagáin	104	108	118	126	129	139	145	157
Bunscoil Mhic Reachtain	61	61	82	84	92	100	100	105
Gaelscoil Ghleann Darach	75	84	79	77	74	78	87	79
Gaelscoil Éanna	104	136	152	158	174	185	187	184
Iomlán	344	389	431	445	469	502	519	525
Fás le 5 bliana anuas - Coibhéiseach agus oll-líon bliantúil							4.02%	22%

Léirítear sna figiúirí thuas patrúin láidre rollúcháin i mBunscoil Bheann Mhadagáin agus i nGaelscoil Éanna agus rolluithe ag méadú i mBunscoil Mhic Reachtain. Tá feabhsú ag teacht ar an líon athraitheach iontrálacha i nGaelscoil Ghleann Darach agus meániontráil 3 bliana os cionn na tairsí inmharthana oibríochta de 15 dhalt. Is dea-thuar, áfach, na hiarratais céad rogha do Naíscóil Ghleann Darach i Meán Fómhair 2016 (féach mír 5.2.1) a bhfuiltear ag súil lena gcoinneáil sna blianta atá romhainn. Leithdháilfidh CnaG acmhainní ar Ghaelscoileanna nach bhfuil patrún rollúcháin seasmhach bainte amach acu atá os cionn go fóill na tairsí inmharthana oibríochta.

Go ginearálta, léirítear sna figiúirí fás láidir in iontrálacha agus rolluithe sa cheantar le cúig bliana anuas – d'fhás iontrálacha R1 faoi 38% sa tréimhse (6.6% ar an mheán sa bhliain) agus d'fhás rolluithe foriomlána faoi 22% (4% ar an mheán sa bhliain).

6.2.3 Rátaí Aistrithe

Naíscóil – Gaelscoil

Léirítear sa tábla thíos na rátaí aistrithe idir Naíscóileanna agus Gaelscoileanna an cheantair le blianta beaga anuas.

Ráta Aistrithe Réamhscoil go Bunscoil GS

	2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019
Ag Teacht Amach as Naíscoileanna	77	91	78	84	99	102	91	107
Líon ag Dul ar Aghaidh chuig Bunscoil GS	72	80	64	77	78	86	72	88
Ráta Aistrithe	94%	88%	82%	92%	79%	84%	79%	82%

Gaelscoileanna – Iarbhunscoil

Léirítear sa tábla thíos an t-aistriú ó na Gaelscoileanna ar fad i Scoilcheantar Bhéal Feirste (Cromghlinn san áireamh) go Coláiste Feirste.

Ráta Aistrithe Bunscoil go Iarbhunscoil GS								
	2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019
Ag Teacht Amach as Rang 7	142	162	180	179	164	160	175	259
Líon ag Dul ar Aghaidh chuig Coláiste Feirste	75	94	111	103	124	102	98	155
Ráta Aistrithe	53%	58%	62%	58%	76%	64%	56%	60%

Áirítear sna figiúirí thuas gach scoil i mBéal Feirste agus is é 60% an meánráta agus áirítear gach scoil sa scoilcheantar. Tá céatadáin i bhfad níos airde de pháistí i mBéal Feirste Thiar agus Theas ag aistriú ná mar atá i mBéal Feirste Thuaidh agus Cromghlinn. Tá na rolluithe i mBéal Feirste Thuaidh agus Cromghlinn ag leibhéal anois trína bhféadfaí soláthar breise a bheith lonnaithe i dtuaisceart na cathrach a chosaint. Pléitear leis seo i Mír 5.2 den tuarascáil seo.

6.2.4 Cóiríocht

Tá an gá atá le coimisiúnú measúnú bonnlíne mionsonraithe ar na srianta cóiríochta san earnáil GS sainaitheanta againn níos luaithe sa tuarascáil seo. Go dtí go ndéanfar é sin, áfach tá achoimre sa tábla seo a leanas ar an bhail atá ar an chóiríocht sa cheantar agus ar na srianta a bhaineann leis an chóiríocht.

Bunscoil Bheann Mhadagáin	
Stádas Reatha	Stádas Inmharthanacht Chaipitil.
Cur síos ar na foirgnimh	Tá foirgneamh na scoile comhaimseartha agus é lonnaithe ar shuíomh atá fóirsteanach do riachtanais reatha na scoile.
Srianta Reatha	D'ainneoin chur i gcrích an fhoirgnimh úir ar na mallaibh, tá riachtanais chóiríochta seomra ranga ag an fhoirgneamh cheana féin mar gheall ar fhaomhadh MF do Mheadú Iontrálacha. Tá obair idir lámha faoi láthair le dhá sheomra ranga breise a chur ar fáil don scoil.
Bunscoil Mhic Reachtain	
Stádas Reatha	Is scoil GS rialaithe í seo. Tá stádas inmharthanacht chaipitil gnóthaithe ag an scoil.
Cur síos ar na foirgnimh	Tá an scoil suite i seanfhoirgneamh de chuid BOLBF agus tá sé easnamhach ó thaobh riachtanais na scoile de.
Srianta Reatha	Ní chomhlíonann áiseanna tánaisteacha, suíomh ná cóiríocht na scoile caighdeáin lámhleabhar RO, beag ná mór. Níl an foirgneamh atá ag an scoil faoi láthair oiriúnach don

	fheidhm agus tá áitreabh úr de dhíth. Tá fadhb ar leith ann maidir le soláthar súgradh faoin spéir agus tá sí lonnaithe i gceantar ina bhfuil an-chuid foirgneamh gan aon spás ann leis an scoil a mhéadú agus aithnítear é seo mar chonstaic inbhuanaitheachta.
Gaelscoil Éanna	
Stádas Reatha	Stádas Inmharthanacht Chaipitil.
Cur síos ar na foirgnimh	Tá an scoil suite ar shuíomh atá easnamhach i gcóiríocht shoghluaiste agus mhodúlach.
Srianta Reatha	Bronnadh maoiniú infheistíocht chaipitil ar an scoil i Márta 2016 ach tá siad ag fanacht go fóill ar thógáil scoil úr.
Gaelscoil Ghleann Darach	
Stádas Reatha	Stádas Inmharthanacht Chaipitil.
Cur síos ar na foirgnimh	Tá foirgnimh chomhaimseartha ag an scoil agus tá an suíomh fóirsteanach do riachtanais reatha na scoile.
Srianta Reatha	Is tábhachtach a thabhairt faoi deara, d'ainneoin cóiríocht úr seomra ranga a bheith ag an scoil, nach bhfuil an chóiríocht thánaisteach aici atá de dhíth de réir Lámhleabhar RO.

Tá cuid mhór ceisteanna a bhfuil beart láithreach de dhíth ina leith sa cheantar seo. Tá Gaelscoil Éanna ag fás go gasta agus is easnamhach an chóiríocht atá aici faoi láthair. Lena chois sin, is cóir a shonrú go bhfuil an dara réamhscoil GS fhriothálach bunaithe ag pobal na scoile ar na mallaibh. Má leantar d'fhás an dara réamhscoil seo, ba ghá an líon breise seo a chur san áireamh in aon phleanáil amach anseo.

Is scoil eile í Bunscoil Bheann Mhadagáin ina bhfuil rolluithe ag méadú agus d'ainneoin go bhfuair sí tógáil úr 5 sheomra ranga ar na mallaibh, is den riachtanas cóiríocht bhreise le freastal ar sheacht rang ar leith. San am i láthair, ós rud é go bhfuil sí ar na Gaelscoileanna is mó éileamh sa mhórchearntar, is riachtanach nach gcuirfidh na srianta fisiciúla as d'fhás GS i dtuaisceart na cathrach.

Tá Bunscoil Mhic Reachtain thíos leis fosta mar gheall ar shrianta fisiciúla a cóiríochta reatha agus chuir sé seo cosc ar fhás nádúrtha na scoile agus, mar sin de, ar an éileamh le go seachnófar an róphlódú. Maidir le Bunscoil Mhic Reachtain a bheith lonnaithe ar shuíomh a bhfuil srianta fisiciúla air, cuirfidh sé seo cosc ar an scoil an tairseach rollúcháin uirbeach a bhaint amach. Ba chóir a shonrú go bhfuil an scoil faoi láthair (i gcomhar le ÚO agus CnaG) ag tabhairt chun cinn moladh forbartha le gur fearr a léireofar a rollú reatha agus a shainaitheofar riachtanais chóiríochta. Lena chois sin, tá obair idir lámha le suíomh fóirsteanach eile a shainaitheint le todhchaí fhadtéarmach GS a chinntiú sa cheantar.

Sna trí scoil seo ar fad, is léir go gcuireann na srianta fisiciúla as d'fhás GS i dtuaisceart Bhéal Feirste agus caithfear dul i ngleic leis an cheist seo ar bhonn práinne.

6.2.5 Acmhainneacht le haghaidh fáis sa GS

Is tábhachtach fás agus forbairt GS laistigh de mhórchearntar Bhéal Feirste a mheas trí chur chuige straitéiseach fáis trína gcruthófar rolluithe breise GS ach trína measfar fosta inmharthanacht an tsoláthair reatha sa cheantar.

Creideann CnaG go bhfuil de chumas againn soláthar GS a mhéadú ar roinnt dóigheanna, lena n-áirítear:

- Rolluithe i Naíscóileanna / Gaelscoileanna a bhfuil áiteanna barrachais acu a uasmhéadú.


- Soláthar i Naíscóileanna/ Gaelscóileanna reatha a mhéadú - rolluithe faofa a shíneadh le riar ar éileamh cruthaithe.
- Trí sholáthar úr i gceantair ina bhfuil soláthar teoranta nó gan aon soláthar nó i gceantair ina bhfuil an soláthar áitiúil ró-shuibscríofa.

Leanfaidh CnaG den comhairliúcháin le Naíscóileanna agus Gaelscóileanna sa cheantar lena mheas cén dóigh is fearr le rolluithe GS a mhéadú ar dhóigh a thugann dúshraith agus tacaíocht d'inmharthanacht sholáthar reatha an cheantair.

Is deis thábhachtach í an fhorbairt fhéideartha Gaelscolaíochta ag an Tamhnach Mhór óir mheallfaí daltaí ó Bhaile Raghnaill, Aontroim agus ón Bhaile Meánach.

6.2.6 Réamh-mheastacháin – Bunscolaíocht

Mhéadaigh rolluithe R1 faoi 38% le cúig bliana anuas, rud is ionann agus meánfhás cumaisc 6.6% sa bhliain. Mothaímid nach dócha, ach gur féidir, an ráta fáis seo a ghnóthú san fhadtéarma. Mar sin de, úsáideadh ráta fáis réadúil 4.6% agus d'úsáid muid figiúr fáis 6.6% ón am atá caite mar chás dóchasach. Glacadh le fás 0% mar an chás éadóchasach.



Gan aon fhás in iontrálacha bliantúla san earnáil, táthar ag dúil go méadóidh an líon daltaí GS sa cheantar seo faoi 71 dalta nó 13.5% sna 5 bliana atá romhainn.

Léirítear sa chás réadúil fás suntasach faoi 155 dalta nó 29.5% sna 5 bliana atá romhainn.

Léirítear sa chás dhóchasach, fás i rolluithe foriomlána faoi 204 dalta nó méadú 48.9% sa líon iomlán rolluithe sa cheantar.

Beidh impleachtaí suntasacha líon foirne agus acmhainní eile ag na cásanna thuas don earnáil sa cheantar agus déanfar monatóireacht bhliantúil air seo leis na riachtanais seo a aithint roimh ré agus pleanáil dá réir.

6.2.7 Réamh-mheastacháin – Iarbhunscolaíocht

Tá an líon daltaí féideartha don earnáil iarbhunscolaíochta bunaithe ar rolluithe na mbunscoileanna éagsúla atá sa scoilcheantar. Is 7 mbliana de shonraí iontaofa iad seo le hinmharthanacht na hearnála a réamh-mheas amach anseo. Faoi láthair, bíonn Coláiste Feirste ag freastal ar pháistí Thuaisceart Bhéal Feirste agus Chromghlinne agus ar mhaithe leis an tuarascáil seo, deighleadh an ceantar ina scoilcheantar ar leith ós rud é gur léir an fhéidearthacht le soláthar úr iarbhunscolaíochta a fhorbairt i dThuaisceart na cathrach.


In 2019, d'aistrigh 202 páiste ón earnáil bhunscolaíochta go hiarbhunscolaíocht agus bhí 288 iontráil in R1 an bhliain chéanna. I dtéarmaí rolluithe fadtéarmacha, is léir go bhfuil go leor daltaí san earnáil bhunscolaíochta le dhá iarbhunscoil neamhspleácha a chosaint i gceantar Bhéal Feirste. 155 dalta an líon iontrála a bhí ag Coláiste Feirste agus is ionann sin agus ráta aistrithe 72% ó bhunscoil go hiarbhunscoil sa cheantar ina iomláine - agus thart ar 78% de pháistí Bhéal Feirste Theas agus Thiar ag aistriú ach gan ach 60% de pháistí Thuaisceart na cathrach agus Chromghlinne ag aistriú. Dá mbeadh soláthar breise i dThuaisceart na cathrach, ba réasúnta glacadh leis go bhféadfaí rátaí aistrithe ag páistí as bunscoileanna GS Thuaisceart na cathrach agus Chromghlinne a mhéadú.

Tá CnaG ag comhoibriú le Coláiste Feirste agus le hionadaithe scoileanna GS Bhéal Feirste Thuaidh le soláthar breise áitiúil a fhorbairt i dThuaisceart na cathrach. Sa tábla agus sna graif seo a leanas, léirítear an rollú réamh-mheasta i gColáiste Feirste agus i soláthar nuabhunaithe go dtí bliain acadúil 2025/26. Tá sé bunaithe ar an tuairim go bhfanann rátaí aistrithe cobhsaí ag 75% agus go dtosóidh Béal Feirste agus Cromghlinn ag 60%, ag ardú go 75% faoi Mheán Fómhair 2025. Glactar leis sna figiúirí fosta go n-aistreoidh dhá thrian de na daltaí ó TGMO go 6ú/7ú bliain.

Aistriú Réamh-mheasta ó Bhunscoil go hIarbhunscoil GS						
Bliain Aistrithe	20/21	21/22	22/23	23/24	24/25	25/26
	1	2	3	4	5	6
Béal Feirste Theas agus Thiar						
Líon iomlán ag Teacht as R7	166	154	152	176	175	164
Ráta Aistrithe	75%	75%	75%	75%	75%	75%
Líon Measta ag Aistriú go hIarbhunscolaíocht GS	125	116	114	132	131	123
Béal Feirste Thuaidh agus Ceantair Máguaird						
Líon iomlán ag Teacht as R7	67	70	73	76	79	72
Ráta Aistrithe	60%	63%	66%	69%	72%	75%
Líon Measta ag Aistriú go hIarbhunscolaíocht GS	40	44	48	52	57	54
Líon foriomlán ag Teacht as R7	233	224	225	252	254	236

Líon foriomlán ag Dul Isteach i mBliain 8 GS	165	160	162	184	188	177
Iontrálacha Bhliain 8 Coláiste Feirste	165	116	114	132	131	123
Iontrálacha Bhliain 8 Soláthar Úr	0	44	48	52	57	54
Rollú Réamh-mheasta Choláiste Feirste	797	799	812	833	846	849
Rollú Réamh-mheasta Soláthar Úr	0	44	92	144	201	255


Is leor na hiontrálacha réamh-mheasta le go n-osclofar an dara soláthar iarbhunscolaíocht GS i mBéal Feirste le riar ar pháistí i dTuaisceart na cathrach agus sna ceantair máguaird. Cuirfidh an dara soláthar seo le hinrochtaineacht iarbhunscolaíocht GS agus, dá thoradh, méadófar an céatadán iomlán de pháistí ag aistriú ó bhunscoil GS go hiarbhunscoil GS. Léirítear sa ghraf seo a leanas an treocht i méadú daltaí R7 ag fágáil i gcoinne rollú réamh-mheasta Choláiste Feirste agus an tsoláthair nua iarbhunscolaíocht GS atáthar a mholadh.



Léirítear sa ghraf seo a leanas an treocht fáis íarbhír i rolluithe iomlána i gColáiste Feirste agus sa soláthar nua iarbhunscolaíocht GS atáthar a mholadh i mBéal Feirste Thuaidh ó 2023 go 2025. Is léir ón ghraf go bhfuil an fhéidearthacht ann go mbeidh an leibhéal cuí iontrálacha bliantúla do

sholáthar úr iarbhunscolaíocht GS i mBéal Feirste Thuaidh gan dul i bhfeidhm ar inmharthanacht líon iontrála Choláiste Feirste.

Léirítear sa ghráf seo a leanas an fás i rollú réamh-mheasta iomlán Choláiste Feirste agus an soláthar nua i mBéal Feirste Thuaidh.



Léirítear sa ghráf thuas gur dócha go leanfaidh Coláiste Feirste d'fhás i dtéarmaí rolluithe foriomlána go dtí breis agus 850 faoi 2025 agus go mbeidh ar chumas an dara hionad iarbhunscolaíochta fás sa chathair. Meastar go mbeidh iontráil tosaigh 44 sa soláthar seo i Meán Fómhair 2021 agus go n-ardóidh sé go rollú foriomlán 255 faoi Mheán Fómhair 2025.

6.2.8 Pleanáil Cheantair / Cuspóirí Forbartha

Bunaithe ar an anailís agus na réamh-mheastacháin thuas, sainithníodh réimse de chuspóirí forbartha agus pleanáil cheantair.

Tá na cuspóirí seo a leanas sa cheantar bunaithe ar mheasúnú riachtanais na scoileanna/aonaid éagsúla GS agus glactar leis an chás fhéideartha réadúil fáis i rolluithe bhunscoileanna GS.

Tá roinnt Tosaíochtaí Forbartha práinneacha sa cheantar mar atá thíos:

1. Gaelscoil Éanna – Cóiríocht úr

Fuair Gaelscoil Éanna faomhadh faoi choinne foirgneamh úr i Márta 2016. Tá gá práinneach leis an fhoirgneamh úr scoile a éascú agus a thabhairt chun cinn chomh gasta agus is féidir.

Gníomh: CnaG leanúint (den chomhoibriú le InaG) den idirchaidreamh leis an scoil agus le Stiúrthóireacht Bhonneagair RO leis an fhoirgneamh scoile a thabhairt chun cinn.

2. Bunscoil Mhic Reachtain. Riachtanais athlonnaithe

Tá cóiríocht agus suíomh na scoile iomlán mí-oiriúnach i leith riachtanais na scoile agus tá siad ag cur bac ar a forbairt agus ar a cumas na tairseacha rollúcháin le bheith ina scoil inbhuanaithe a bhaint amach. Tá Bunscoil Mhic Reachtain ag feidhmiú de bharráíocht ar Rollú Faofa na scoile le tamall de bhlianta agus ag dúil le tuilleadh fáis. Tá RO agus CnaG, i gcomhar leis an scoil, ag tabhairt chun cinn faoi láthair Moladh Forbartha ar beaichte a léireoidh sé rollú reatha na scoile. Is riachtanas é athlonnú na scoile chuig suíomh fóirsteanach.

Gníomh: ÚO agus an scoil DP/CfC a thabhairt chun tosaigh le rollú a mhéadú agus tabhairt faoi na riachtanais chóiríochta a thiocfaidh dá bharr.

3. Bunscoil Bheann Mhadagáin. Riachtanais bhreise chóiríochta.

D'ainneoin oscailt a foirgnimh úir agus de thairbhe líon ard iarratas a fuarthas don Naíscoil agus don Bhunscoil, beidh dhá sheomra ranga breise de dhíth le riar ar na seacht mbliainghrúpa uile. Tá an obair seo á tabhairt chun cinn cheana féin agus is riachtanach í a chur i gcrích go tráthúil roimh thús scoilbhliain 2020.

Gníomh: CnaG leanúint den idirchaidreamh leis an scoil agus le Stiúrthóireacht Bhonneagair RO leis an chóiríocht reatha a thabhairt chun cinn.

4. Bunscoil na Tamhnaí Móire / Tannaghmore PS

Tá soláthar reatha réamhscolaíochta GS ar thailte BS na Tamhnaí Móire a thugann deis do pháistí GS a bheith acu i sruth neamhaitheanta sa scoil ina bhfuil 23 dalta faoi láthair. Is gá féidearthachtaí soláthar GS príomhshruthaithe sa cheantar seo a fhiosrú.

Gníomh: CnaG, CSCfC agus an scoil leanúint d'fhiosrú roghanna do sholáthar buan don cheantar is fairsinge ina gcuimseofaí An Baile Meánach, Baile Raghnaill agus Aontroim. Forbairt roghanna Iarbhunscolaíochta GS i dTuaisceart Bhéal Feirste agus na ceantair máguaird. Leis an fhás leanúnach in éileamh iarbhunscolaíochta GS atá níos mó anois ná an chóiríocht atá ar fáil ar shuíomh Ard na bhFeá Choláiste Feirste, tá Béal Feirste Thuaidh sainaitheanta mar chroí-cheantar fáis do Choláiste Feirste. Is gá tacú le forbairt an dara suíomh i dTuaisceart na Cathrach.


Gníomh: RO, ÚO, CnaG agus Coláiste Feirste comhoibriú lena chinntiú go bhfreastalaítear ar an éileamh ar Iarbhunscolaíochta GS agus go mbunófar soláthar breise i dtuaisceart na cathrach.

6.3 An tíur agus an Dún Theas

6.3.1 Achoimre ar an Soláthar Reatha

Is é atá sa cheantar seo an Dún Theas agus an tíur agus ag leibhéal na hiarbhunscolaíochta is sruth Gaelscolaíochta ag Ardscoil Mhaolmhaodhóg i gCaisleán Uidhilín, iarbhunscoil neamhrognach Chaitliceach faoi chothabháil, ina raibh 5 dhalta in 2011/12 a fhreastalaíonn ar an cheantar agus tá 120 dalta sa sruth faoi láthair.

Léirítear sa léarscáil seo a leanas suíomh na réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna éagsúla GS sa cheantar.



Tá na soláthraithe uile GS in CRÁ an Iúir, Mhúrna agus an Dúin.

Gaelscoileanna (Bunscoileanna GS)

Trí Ghaelscoil agus aonad Gaelscolaíochta amháin sa cheantar mar seo a leanas:

Ainm na scoile	Suíomh	Cineál Bainistíochta	Soláthar Reatha	Rollú faofa	Iontráil M.Fó '18	Iontráil M.Fó '19
Bunscoil an Iúir	An tIúr	Faoi Chothabháil Eile	96	129	11	17
Bunscoil Bheanna Boirche	Caisleán Uidhilín	Faoi Chothabháil Eile	100	145	14	13
Gaelscoil na mBeann	Cill Chaoil	Faoi Chothabháil Eile	76	87	12	14
Scoil Mhuire 's Phádraig	Dún Pádraig	Aonad i scoil CSCfC	99	105	19	12
IOMLÁN			371	466	56	56

Tá rolluithe éagsúla ag na trí scoil thuas agus tá an tAonad i nDún Pádraig cóngarach don tairseach le bheith ina scoil neamhspleách.

Naíscoileanna (Réamhscoileanna GS)


Tá 5 Naíscoil dheonacha sa cheantar mar seo a leanas:

Ainm	Suíomh	Cur síos	Rollú 2019/20	1 ^ú Roghanna M.Fó. 2019
Naíscoil an Iúir	An tIúr	Réamhscoil Dheonach	16	10
Naíscoil na mBeann	Cill Chaoil	Réamhscoil Dheonach	23	23
Naíscoil Shliabh gCuilinn	Baile Cláir	Réamhscoil Dheonach	22	22
Naíscoil Dhún Pádraig	Dún Pádraig	Réamhscoil Dheonach	21	8
Naíscoil Bheanna Boirche	Caisleán Uidhilín	Réamhscoil Dheonach	26	20
IOMLÁN			108	83

Tá rolluithe láidre i dtrí cinn de na Naíscoileanna agus iad uile gar dá bheith lán ach tá scóip shuntasach, áfach, le rolluithe a mhéadú ar an Iúr agus i gCill Chaoil.

6.3.2 Treochtaí Rollúcháin

Léirítear sa ghráf thíos an phróifíl fáis sách seasmhach a bhaineann le fás na hearnála le deich mbliana anuas.



Léirítear sa ghráf thuas láidreacht na hearnála sa cheantar seo agus dúshraith an-láidir trína gcuirfear earnáil iarbhunscolaíochta inmharthana, bheoga ar fáil.

Sna táblaí seo a leanas tá na buntreochtaí rollúcháin i Naíscóileanna agus Gaelscóileanna an cheantair.

Líon Páistí ag Teacht Amach as Naíscóileanna								
Naíscóil / Réamhscoil	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Naíscóil an Iúir	14	16	16	16	16	13	14	16
Naíscóil na mBeann	11	14	15	12	12	20	18	23
Naíscóil Shliabh gCuilinn	10	11	23	23	23	18	16	22
Naíscóil Chamlocha	13	10	10	-	-	-	-	-
Naíscóil Dhún Pádraig	21	21	20	22	22	23	17	21
Naíscóil Uachtar Tíre	26	23	24	32	32	31	27	26
Naíscóil Chill Locha	10	9	8	8	7	-	-	-
Iomlán	105	104	116	113	112	105	92	108

Miondealú ar Iontrálacha Bunscoile								
Bliain	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Bunscoil an Iúir	13	10	11	21	14	17	11	17
Bunscoil Bheanna Boirche	14	9	15	15	22	20	14	13
Gaelscoil na mBeann	10	11	11	8	8	15	12	14
Scoil Mhuire agus Pádraig	13	12	19	17	14	15	19	12
Iomlán	50	42	56	61	58	67	56	56
Fás le 5 bliana anuas - coibhéiseach agus oll-líon bliantúil							5.9%	33%

Iomlán Rolluithe Gaelscoileanna								
Bliain	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Bunscoil an Iúir	86	79	78	87	89	97	97	96
Bunscoil Bheanna Boirche	84	83	85	86	98	105	105	100
Gaelscoil na mBeann	20	28	40	46	54	64	73	76
Scoil Mhuire agus Pádraig	79	86	93	100	99	96	101	99
Iomlán	269	276	296	319	340	362	376	371
Fás le 5 bliana anuas - coibhéiseach agus oll-líon bliantúil							4.6%	25%

Cé go léirítear sna figiúirí thuas patrúin athraitheacha rollúcháin sna Gaelscoileanna, rud a fhágann deacair é rollú féideartha amach anseo a thuar, tá fianaise shoiléir ann d'fhás seasmhach le deich mbliana anuas. D'fhás líon iomlán na rolluithe le beagnach 40% le seacht mbliana sna bunscoileanna áitiúla GS.

Tá tacaíocht go fóill ó CnaG ag Gaelscoileanna atá ag feidhmiú faoi bhonn na tairisí inmharthanacht oibríochta dar suim 15 dhalta sa bhliain agus tá na trí scoil neamhspleácha sa cheantar gar don tairseach rollaithe íosta. Leithdháilfidh CnaG acmhainní ar na Gaelscoileanna seo le cuidiú leo iontrálacha seasta a bhaint amach a sháraíonn an tairseach. Le linn na bliana atá romhainn, tabharfaidh CnaG fosta tacaíocht agus cúnamh ginearálta mhargaíochta do Naíscóileanna agus Gaelscoileanna an cheantair le go gcothófar agus go socrófar patrúin rollúcháin an cheantair.

Go ginearálta, léiríonn na figiúirí fás in iontrálacha agus i rolluithe sa cheantar le cúig bliana anuas ach laghdú beag sa bhliain 2019/20. Fiú agus an laghdú seo san áireamh, le cúig bliana anuas, d'fhás iontrálacha R1 go rábach faoi 56% (9.2% sa bhliain) agus, ar an dóigh chéanna, bhí fás suntasach 25% (4.6% sa bhliain ar an mheán) i rolluithe foriomlána.

6.3.3 Rátaí Aistrithe

Naíscóil – Gaelscoil

Léirítear sa tábla seo a leanas na rátaí aistrithe idir Naíscóileanna agus Gaelscoileanna an cheantair ó bhí 2012 ann.

Rátaí Aistrithe Réamhscoil go Bunscoil GS								
	2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019
Ag Teacht Amach as Naíscoileanna	105	105	104	116	113	112	105	92
Líon ag Dul ar Aghaidh chuig Bunscoil GS	50	42	56	61	56	67	56	56
Ráta Aistrithe	48%	40%	54%	53%	50%	60%	53%	61%

Ar an mheán, mhéadaigh na rátaí aistrithe sa cheantar seo le blianta beaga anuas. Mar gheall ar an athrú go soláthar réamhscoil reachtúil i gCaisleán Uidhilín agus i gCill Chaoil, ba chóir go méadófaí an ráta aistrithe seo a thuilleadh sna blianta atá romhainn.

Gaelscoil – Iarbhunscoil GS

Tá sruth Gaelscolaíochta ag Naomh Maolmhaodhóg i gCaisleán Uidhilín agus ghlac sé an chéad 5 dhalta isteach in 2011/12. Le blianta beaga anuas, tá 20+ dalta ag aistriú ar bhonn seasmhach chun an tsrutha. Tháinig fás seasmhach ar aistrithe bliantúla R7 de réir mar a chuir an sruth bonn daingean faoi agus tá iontrálacha anois ag leibhéal comhsheasmhach mar atá léirithe sa tábla thíos.

Ráta Aistrithe Bunscoil GS go Iarbhunscoil GS					
	2015	2016	2017	2018	2019
Ag Teacht Amach as Rang 7	44	36	33	43	46
Líon ag Dul ar Aghaidh chuig Ardscoil Naomh Mhaolmhaodhóg	10	21	26	24	24
Ráta Aistrithe	23%	58%	79%	56%	52%

6.3.4 Cóiríocht

Tá an gá atá le measúnú mionsonraithe bonnlíne a choimisiúnú ar na srianta cóiríochta san earnáil GS luaite thuas. Sá tábla thíos tá achoimre ar an bhail atá ar an chóiríocht sa cheantar agus na srianta a bhaineann leis an chóiríocht.

Bunscoil an Iúir	
Stádas Reatha	Is scoil neamhspleách faoi chothabháil í seo ag céim idirthréimhseach ar lorg suíomh úr. Tá a stádas inmharthanacht chaipitil gnóthaithe aici.
Cur síos ar na Foirgnimh	Tá an scoil lonnaithe den chuid is mó i bhfoirgnimh neamhoiriúnacha mhodúlacha agus in aonad seanchaite soghluaiste atá mar sheomra ranga/oifig atá suite laistigh de pháirc fiontraíochta gnó. Níl an suíomh fóirsteanach do riachtanais fhadtéarmacha na scoile agus tá údair imní shuntasacha phráinneacha sláinte agus sábháilteachta ag baint leis.
Srianta Reatha	Tá na seomraí ranga atá ag an scoil faoi láthair an-aosta, tá na háiseanna súgartha laistigh agus lasmuigh easnamhach, tá an seomra foirne, cistin, stóras agus oifigí don fhoireann agus do chuairoteoirí easnamhach, agus níl halla spóirt ná láthair bhia ann. Tá an foirgneamh reatha easnamhach do riachtanais na scoile. Tá suíomh úr de dhíth go práinneach ar an scoil ina bhfuil go leor cóiríochta cuí. Tá an ÚO ag fiosrú dhá shuíomh úra fhéideartha.

Bunscoil Bheanna Boirche	
Stádas Reatha	Is scoil neamhspleách faoi chothabháil í seo. Tá a stádas inmharthanacht chaipitil gnóthaithe aici.
Cur síos ar na Foirgnimh	Tá an scoil lonnaithe laistigh de dhá fhoirgneamh mhodúlacha nua-aoiseacha a tógadh in 2014 agus tá 4 sheomra ranga ann. Tá an suíomh fóirsteanach do riachtanais reatha na scoile. Tá seomra ranga dúbailte eile á suiteáil faoi láthair
Srianta Reatha	Faoi láthair níl an chóiríocht laistigh den scoil fóirsteanach le haghaidh fáis; níl halla ilfheidhme ann, tá achar teoranta súgartha ann tá áiseanna agus oifigí don fhoireann teoranta, níl seomraí le haghaidh cruinnithe le tuismitheoirí nó le seirbhísí seachtracha tacaíochta nó le hoifigigh RSO/Sláinte srl. ann, agus tá an spás stórais teoranta.
Gaelscoil na mBeann	
Stádas Reatha	Is scoil neamhspleách faoi chothabháil í seo. Tá a stádas inmharthanacht chaipitil gnóthaithe aici.
Cur síos ar na Foirgnimh	Meascán de sheomraí ranga modúlacha agus seomraí ranga sealadacha soghluaiste atá suite ar chúl Choláiste Naomh Colmán atá sna foirgnimh reatha. Níl siad fóirsteanach do riachtanais na scoile.
Srianta Reatha	Tá bac curtha ar dhul chun cinn agus ar fhorbairt na scoile mar gheall ar éiginnteacht maidir le suíomh buan don scoil. Tá 4 sheomra ranga laistigh de 2 fhoirgneamh shoghluaiste. Tá spás oifige agus seomra foirne ann. Níl láthair bhia ná halla spóirt ann. Go dtí go ndeimhneofar MF 559 d'Aonad Reachtuil Náiscolaíochta, beidh cóiríocht bhreise de dhíth. Tá an suíomh reatha ar léas ó lontaobhaithe na Scoileanna Caitliceacha a bhfuil sé maíte acu nach bhfuil ach dhá bhliain fágtha ar an léas agus go bhféadfaí an suíomh a dhíol ina dhiaidh sin. Tá an limistéar súgartha agus spás páirceála teoranta agus rachaidh sé seo in olcas nuair a chuirfear cóiríocht bhreise ar an suíomh. Níl spás breise oifige/seomra cuairteoirí ar bith ann m.sh. Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta, Teiripeoirí Saothair, múinteoirí tacaíochta Litearthachta nó seirbhísí seachranga eile ag an scoil.
Scoil Mhuire 's Phádraig	
Stádas Reatha	Is aonad GS é seo atá ceangailte le bunscoil Bhéarla faoi riarachán CSCfC.
Cur síos ar na Foirgnimh	Tá an scoil lonnaithe i bpáirt laistigh d'fhoirgneamh buan agus i bpáirt laistigh d'fhoirgnimh mhodúlacha.
Srianta Reatha	Caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar an teorainn rollaithe reatha atá leagtha síos ag an RO mar go bhféadfadh sé srian a chur ar rogha na dtuismitheoirí agus ar fhás agus rochtain ar GS sa cheantar seo. Faoi láthair níl go leor spáis ar fáil ar shuíomh na scoile Béarla le riar mar is ceart ar riachtanais líon reatha na ndaltaí maidir le: timpeallacht tumtha teanga; spás súgartha ar leith; limistéar iteacháin; halla tionóil. Is constaic é an suíomh an-srianta ar thuilleadh fáis sa scoil GS agus san óstscoil araon.

6.3.5 Acmhainneacht le haghaidh fáis in GS


Bhí méadú seasmhach ar GS sa cheantar le deich mbliana anuas, le méadú de 47%, rud a chiallaíonn 3.94% in aghaidh na bliana. Tá go fóill roinnt scóipe chun tuilleadh fáis sna rolluithe sna Náiscoilleana agus sna Gaelscoilleana atá sa cheantar cheana. Tá roinnt srianta ann, áfach, a gcaithfear tabhairt fúthu sna blianta atá le teacht chun fás a éascú. D'fhéadfadh cáilíocht na cóiríochta san earnáil bhunscolaíochta agus an acmhainn atá sna suíomhanna atá ann cheana sa scoilcheantar srian a chur ar chumas na hearnála fás, agus caithfear tabhairt fúthu.

Le tamall anuas, chruthaigh fás san earnáil agus faomhadh an iomad Moladh Forbartha cumas folaigh suntasach le haghaidh mhéadú na hearnála agus tá go fóill scóip shuntasach ann iontrálacha bunscolaíochta a mhéadú. Déanfar tacaíocht spriocdhírthe a sholáthar do naíscoileanna sa cheantar le rolluithe a chobhsú agus a mhéadú, agus le soláthar GS i gcoitinne a mhéadú agus a leathnú.

Ag brath ar réiteach na saincheisteanna leanúnacha cóiríochta a bhaineann le Gaelscoileanna, tá go fóill cumas suntasach fáis sna scoileanna, trí spásanna barrachais a líonadh agus rolluithe a mhéadú sna scoileanna atá ann cheana.

6.3.6 Réamh-mheastacháin – Bunscolaíocht

Mar a léiríodh thuas, bhí fás an-láidir i rolluithe an scoilcheantair le cúig bliana anuas agus an figiúr fás 5.9% sa bhliain ar an mheán le cúig bliana anuas. Táthar ag dúil go leanfaidh rátaí fáis de bheith láidir. Cuireadh 1% breise leis an fhiúir fáis seo, don chás dhóchasach (6.9%) agus laghdú 1% ar an fhás stairiúil a úsáideadh don chás Réadúil (4.9%). Arís glacadh le 0% mar ár gcás éadóchasach. Léirítear sa ghraf seo a leanas tionchair na réamh-mheastachán thuas ar rolluithe na hearnála ina n-iomláine sna seacht mbliana atá romhainn.



Léirítear inár gcás réadúil fás beagnach breis agus 26.4% i méid fhoriomlán na hearnála sa cheantar seo, is é sin ó 371 go 469. Tá impleachtaí suntasacha aige seo do riachtanais forbartha na hearnála sna blianta atá romhainn i dtéarmaí cóiríocht bhreise, múinteoirí breise agus acmhainní breise teagaisc. Dá mbeadh méadú faoi náid sna rolluithe, d'fhásfadh an earnáil faoi 7%, figiúr measartha, i dtéarmaí a rollúcháin fhoriomláin agus sa chás dhóchasach, bheadh fás timpeall 38% san earnáil.


6.3.7 Réamh-mheastacháin - Iarbhunscolaíocht

Tá an líon féideartha daltaí san earnáil iarbhunscolaíochta bunaithe ar rolluithe na mbunscoileanna éagsúla atá sa scoilcheantar. Soláthraítear leis seo 7 mbliana de shonraí iontaofa le Rollú Fadtéarmach na hearnála iarbhunscolaíochta a réamh-mheas.

Léirítear sa tábla thíos mar a d'fhéadfaí rolluithe iarbhunscolaíochta a mhéadú sna 6 bliana atá romhainn, bunaithe ar an ráta aistrithe a mhéadú ó 55% in 2020 go 40% faoi 2025. Glactar leis sna figiúirí réamh-mheasta go leanfaidh dhá thrian de dhaltaí den GS a fhad le 6ú agus 7ú bliain.


Aistriú Réamh-mheasta ó Bhunscoil go hIarbhunscoil GS						
Bliain Aistrithe	20/21	21/22	22/23	23/24	24/25	25/26
Naomh Maolmhaodhóg, Caisleán Uidhilín						
R7 Líon Iomlán ag Teach as R7	42	56	61	58	67	56
Ráta Aistrithe	55%	57%	59%	60%	64%	64%
Iontrálacha Bliain 8 i Naomh Maolmhaodhóg	23	32	36	35	43	36
Rollúchán Réamh-mheasta i Naomh Maolmhaodhóg	134	151	172	185	202	214

Léirítear sa ghráf seo a leanas patrún aistrithe an ama atá caite agus reatha idir bunscoil agus iarbhunscoil GS an cheantair.



Léirítear sa ghráf thuas gur féidir iontrálacha a mhéadú sna blianta atá romhainn. Gan méadú i rolluithe in earnáil Bhunscolaíochta an cheantair, áfach, agus/nó ráta aistrithe níos airde ná mar atáthar a mheas is doiligh a shamhlú go mbeidh an líon daltaí ann le scoil neamhspleách inmharthana a dhéanamh den sruth sa mheántearma.

Léirítear sa ghráf seo a leanas rolla an ama atá caite agus réamh-mheasta sa Sruth GS ag Scoil Mhaolaodhóg, Caisleán Uidhilín.



Léirítear thuas go bhfuil cumas suntasach fáis ag an Sruth GS sna blianta atá romhainn agus líon níos airde daltaí GS ag aistriú go hiarbhunscolaíocht.

6.3.8 Cuspóirí Pleanáil Cheantair / Forbartha

Bunaithe ar an anailís agus na réamh-mheastacháin thuas, sainithníodh réimse de chuspóirí forbartha agus pleanáil cheantair.

Tá na cuspóirí seo a leanas don cheantar bunaithe ar mheasúnú ar riachtanais na scoileanna/aonaid éagsúla GS agus táthar ag glacadh leis an chás réadúil fáis i rolluithe bunscoileanna GS

Tá roinnt Tosaíochtaí Forbartha práinneacha i gceist sa cheantar mar seo a leanas:

- 1. Bunscoil an Iúir – Suíomh agus cóiríocht fhadtéarmach a aimsiú a fhóireann do riachtanais na scoile.** Tá suíomh úr ina bhfuil cóiríocht dhóthanach chuí de dhíth go práinneach ar an scoil lena chur ar a cumas fás i dtreo na hinbhuanaitheachta.

Gníomh: CnaG agus RO, suíomh fóirsteanach eile a shainithint agus a aimsiú go práinneach le todhchaí fhadtéarmach GS a dhaingniú sa cheantar a luaithe agus is féidir. Staidéar indéantachta ar shuíomhanna sainaitheanta le comhlánú ag an RO.

- 2. Gaelscoil na mBeann – suíomh agus cóiríocht fhadtéarmach a aimsiú a fhóireann do riachtanais na scoile.** Tá suíomh úr ina bhfuil cóiríocht dhóthanach chuí de dhíth go práinneach ar an scoil. Tá suíomh buan de dhíth ar an scoil seo atá ag fás ina bhfuil cóiríocht leordhóthanach, chuí lena chur ar a cumas fás i dtreo na hinbhuanaitheachta.

Gníomh: CnaG agus RO, suíomh buan a shainaithe agus a aimsiú le todhchaí fhadtéarmach GS a dhaingniú sa cheantar a luaithe agus is féidir.

Dún Pádraig– Soláthar GS a mhéadú

Tá rollúchán Scoil Mhuire 's Phádraig ag lánacmhainneacht faoi láthair. Tá an cumas ann GS a fhorbairt a thuilleadh sa cheantar. Leanfaidh CnaG d'fhorbairt straitéiseach GS sa cheantar a phlé le CSCfC, lena n-áirítear scoil neamhspleách nó aonad ar shuíomh ar leith.

Gníomh: a bheith i dteagmháil leis an scoil agus leis an phobal áitiúil GS le roghanna a fhiosrú i leith a bhfuil i ndán don soláthar.

- 3. Gaelscoil na mBeann – Moladh Forbartha faoi Choinne Méadú Rollúcháin**

Tá Rollú Faofa na scoile sáraithe ag Gaelscoil na mBeann agus táthar ag dúil le tuilleadh fáis i ndiaidh bunú soláthar náiscolaíocht reachtúil GS sa scoil. CnaG, i gcomhar leis an scoil, Moladh Forbartha a thabhairt chun cinn ina léirítear rollú reatha agus ionchais na scoile.

Gníomh: An scoil soláthar aonad náiscolaíochta a fhorbairt faoi réir thoradh an MF agus CfC reatha.

CnaG agus an scoil MF/CfC a thabhairt chun tosaigh faoi choinne rollú agus líon iontrála méadaithe agus dul i ngleic le riachtanais chóiríochta reatha agus feasta.

- 4. Bunscoil Bheanna Boirche – Cóiríocht Bhreise de Dhíth**

Tá dhá sheomra ranga breise de dhíth le riar ar ranganna ó Náiscoil go R7. Tá an obair seo idir lámha cheana féin agus is gá í a chur i gcrích go tráthúil faoi choinne thús bhliain acadúil 2020. Tá an scoil ainmnithe ag CnaG i leith na gairme Tógáil Chaipitil a eisíodh i nD.Fó 2019.

Gníomh: CnaG leanúint den idirchaidreamh leis an scoil agus le Stiúrtóireacht Bhonneagair RO leis an chóiríocht bhreise a thabhairt chun cinn.

- 5. Rolluithe fadtéarmacha a chothú le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach a chothú – Is tábhachtach patrún seasta rollúcháin a fhorbairt ar fud an cheantair le leibhéal inbhuanaitheachta a chinntiú.**

Gníomh: CnaG agus scoileanna leanúint den chomhoibriú chun próifíl GS sa cheantar a mhéadú agus tógáil ar threochtaí reatha rollúcháin.

6.4 Contae Ard Mhacha

6.4.1 Achoimre ar an Soláthar Reatha

Is é atá sa cheantar seo an chuid is mó de Chontae Ard Mhacha, lena n-áirítear Cathair Ard Mhacha, An Lorgain, Port an Dúnáin agus Crois Mhic Linnáin. Ag leibhéal na hiarbhunscolaíochta, Coláiste Chaitríona, Ard Mhacha a fheastalaíonn ar an cheantar seo. Ó thaobh na tíreolaíochta de, is cóngaraí Crois Mhic Linnáin do Choláiste Lú i nDún Dealgan agus tá sé faoi fhad taistil de Choláiste Oiriail i mBaile Mhuineacháin fosta. Mar gheall ar na naisc fhadbhunaithe le Cathair Ard Mhacha, áfach, is furasta Crois Mhic Linnáin a chur sa scoilcheantar áirithe seo.

Léirítear sa léarscáil thíos suíomh na réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna atá sa cheantar.



Ciúdaíonn soláthraithe GS sa cheantar seo na CRÁna seo a leanas:

Ard Mhacha, Droichead na Banna agus Craigavon:	Naíscoil na Banna, Naíscoil na Caille, Naíscoil an Chéide, Naíscoil Chois Locha, Naíscoil na Páirce Glaise, Bunscoil Phroinsias, Bunscoil Eoin Baiste, Bunscoil na mBráithre Chríostaí, Coláiste Chaitríona
An tIúr, Múrna agus an Dún:	Naíscoil an Chreagáin, Gaelscoil Phádraig Naofa

Gaelscoileanna (Bunscoileanna GS)

Níl aon soláthar neamhspleách GS sa cheantar ach tá ceithre Aonad GS atá mar chuid de scoileanna Béarla de chuid CSCfC, mar seo a leanas:

Ainm na Scoile	Suíomh	Cineál Bainistíochta	Soláthar Reatha	Rollúchán Faofa	Rollú M.Fó '18	Rollú M.Fó '19
Bunscoil na mBráithre Críostaí	Ard Mhacha	Aonad i Scoil de chuid CSCFC	195	203	30	30
Bunscoil Eoin Baiste	Port an Dúnáin	Aonad i Scoil de chuid CSCFC	75	71	8	19
Gaelscoil Phádraig Naofa	Crois Mhic Lionnáin	Aonad i Scoil de chuid CSCFC	168	203	25	22
Bunscoil Naomh Proinsias	An Lorgain	Aonad i Scoil de chuid CSCFC	171	145	25	31
IOMLÁN			609	622	88	102

Is rolluithe thar a bheith folláin atá sna haonaid seo agus tá trí cinn as na ceithre cinn imithe thar an tairseach le scoileanna neamhspleácha a bhunú. Tá d'fhianaise i leibhéil reatha iontrála go dtiocfadh le gach pobal scoil neamhspleách GS a bhunú.

Naíscoileanna (Réamhscoileanna GS)


Tá 6 Naíscoil dheonacha agus Naíscoil reachtúil sa cheantar mar seo a leanas:

Ainm	Suíomh	Cur Síos	Rollúchán 2019/20	1 ^ú Rogha M.Fó. 2019
Naíscoil Ard Mhacha	Ard Mhacha	Reachtúil	27	28
Naíscoil na Páirce Ghlaise	Ard Mhacha	Deonach	27	26
Naíscoil na Caille	Ard Mhacha	Deonach	11	9
Naíscoil an Chreagáin	Béal Átha an Airgid	Deonach	17	12
Naíscoil Chois Locha	An Lorgain	Deonach	25	21
Naíscoil na Banna	Port an Dúnáin	Deonach	23	13
Naíscoil an Chéide	An Céide	Deonach	25	32
IOMLÁN			155	141

Taobh amuigh de na trí Naíscoil in Ard Mhacha agus ar an Lorgain, tá an-scóip ann le soláthar a mhéadú in earnáil na Naíscolaíochta. Go dearfa, de réir an éilimh shuntasaigh i gCathair Ard Mhacha, tá scóip ann do thuilleadh soláthar réamhscolaíochta agus bunscolaíochta.

6.4.2 Treochtaí Rolluithe

Léirítear sa ghráf seo a leanas an phróifíl fáis sách seasmhach a bhaineann le fás na hearnála le 10 mbliana anuas.



Léirítear sa ghráf thuas neart na hearnála sa cheantar agus dúshraith an-láidir trína gcruthófar earnáil inmharthana, bheoga iarbhunscolaíochta. D'fhás rolluithe bunscóile le breis agus 31% le cúig bliana anuas agus is comhartha é an treocht dea-bhunaithe seo gur croícheantar fáis é seo don am atá romhainn.

Sna táblaí seo a leanas mionsonraítear na buntreochtaí rollúcháin i Naíscóileanna agus Gaelscóileanna an cheantair.

Líon Páistí ag Teacht as Naíscóileanna								
Naíscóil / Réamhscoil	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Naíscóil Ard Mhacha	26	26	30	26	30	26	26	27
Naíscóil na Páirce Ghlaise	22	23	25	26	26	24	26	27
Naíscóil na Caille	-	-	-	-	-	-	10	11
Naíscóil an Chreagáin	16	16	16	16	16	16	16	17
Naíscóil Chois Locha	24	24	24	23	24	23	24	25
Naíscóil na Banna	12	15	13	16	10	14	22	23
Naíscóil an Chéide	-	-	-	5	7	24	24	25
Iomlán	100	104	108	112	113	127	148	155

Miondealú ar Iontrálacha Bunscoile								
Bliain	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Bunscoil na mBráithre Críostaí	20	24	29	30	30	31	30	30
Bunscoil Eoin Baiste	9	10	10	9	9	7	8	19
Gaelscoil Phádraig Naofa	13	17	24	23	23	26	25	22
Bunscoil Naomh Proinsias	20	26	24	21	21	23	25	31
Iomlán	62	77	87	83	83	87	88	102
Fás le 5 bliana anuas - coibhéiseach agus oll-líon bliantúil							3.2%	17%

Rolluithe Iomlána i nGaelscoileanna								
Bliain	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Bunscoil na mBráithre Críostaí	124	139	152	164	164	185	195	195
Bunscoil Eoin Baiste	42	45	48	54	58	57	61	75
Gaelscoil Phádraig Naofa	102	103	111	122	128	139	151	168
Bunscoil Naomh Proinsias	139	150	151	156	157	152	155	168
Iomlán	407	437	462	496	507	533	562	606
Fás le 5 bliana anuas - coibhéiseach agus oll-líon bliantúil							5.6%	31%

Le cúig bliana anuas, mhéadaigh an iontráil chumaisc bhliantúil R1 sa cheantar faoi fhiigiúr measartha beag dar suim 17%, ó 83 go 102 dalta, rud is ionann agus fás bliantúil iontrálacha 3.2%.

Le linn na tréimhse céanna, d'fhás rollú iomlán bunscolaíocht GS sa cheantar ó 462 to 606, rud is ionann agus fás 31% sa tréimhse nó meánchumasc 5.6% sa bhliain. Leis an fhás seo, daingnítear go dtig le gach aonad san cheantar a bheith ina scoileanna neamhspleácha agus a thrí nó a cheathair de na haonaid go maith os cionn na tairsí rollúcháin íosta.

Go ginearálta, le cúig bliana anuas, bhí fás láidir in iontrálacha agus rolluithe sa cheantar - d'fhás iontrálacha R1 le 28% (5.1% sa bhliain) agus bhí fás den sórt céanna i rolluithe foriomlána dar suim 31% (5.6% sa bhliain ar an mheán).

Cás iontach sonrach í Cathair Ard Mhacha agus trí naíscoil sa chathair agus ceann eile ar na gaobhair ar an Chéide. Le 90 páiste i réamhscoileanna GS sna ceithre shuíomh seo in 2019/20, is léir gur féidir soláthar breise bunscolaíochta a chur ar fáil sa bhreis ar an 26 áit fhaofa atá ar fáil faoi láthair san aonad GS i mBunscoil na mBráithre Críostaí.

6.4.3 Rátaí Aistrithe

Naíscoil – Gaelscoil

Léirítear sa tábla seo a leanas na rátaí aistrithe idir Naíscoileanna agus Gaelscoileanna an cheantair le blianta beaga anuas.

Ráta Aistrithe Réamhscoil go Bunscoil GS								
	2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019
Ag Teacht as Naíscoileanna	77	100	104	108	112	113	127	145
Líon ag Dul ar Aghaidh chuig Bunscoil GS	52	77	87	83	83	87	88	102
Ráta Aistrithe	68%	77%	84%	77%	74%	77%	69%	70%

Léirítear sa tábla thuas ráta aistrithe atá measartha seasmhach, folláin idir an earnáil Naíscoileanna agus Gaelscoileanna. Ní insíonn an titim sa ráta aistrithe iomlán an scéil; tá an soláthar bunscolaíochta ag barr acmhainne i dtrí cinn de na ceithre scoil. Leis an fhás láidir in iontrálacha réamhscolaíochta, is léir gur gá soláthar bunscolaíochta a mhéadú nuair a chuirtear an ráta aistrithe agus treochtaí fáis reatha san áireamh.

Gaelscoil – Iarbhunscoil

Tá sruth Gaelscolaíochta ag Coláiste Chaitríona le roinnt blianta anuas agus ó shin tá sé ag mealladh daltaí ó Co. Ard Mhacha agus Tír Eoghain chomh maith leis an lú. Le bunú srutha i Scoil Ghramadaí ar an Domhnach Mór, áfach, tá an dara rogha Iarbhunscolaíocht Ghaelscolaíochta ag scoileanna anois i dTír Eoghain Thoir agus Láir.

Léirítear sa tábla thíos an líon iomlán cumaisc daltaí ag teacht amach as scoileanna in Ard Mhacha agus Tír Eoghain agus na rátaí aistrithe idir na Gaelscoileanna agus an dá Iarbhunscoil GS.

Rata Aistrithe Bunscoil GS go Iarbhunscoil GS					
	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Ag Teacht as Rang 7	43	60	69	58	62
Líon ag Dul ar Aghaidh chuig Coláiste Chaitríona	35	23	29	38	33
Ráta Aistrithe	81%	38%	42%	66%	53%

Tá aistrithe go Coláiste Chaitríona luaineach go maith bliain ar bhliain, idir 81% go 42%. Anuraidh d'aistrigh 53% agus an figiúr céanna mar mheán le trí bliana anuas. Tá dé chumas ag an líon atá ag teacht isteach san Iarbhunscolaíocht GS méadú go suntasach sna blianta ata romhainn de réir mar a mhéadóidh an líon daltaí ó Ghaelscoileanna bliain ar bhliain agus tá cumas suntasach ann go méadófar an meánchéatadán daltaí a aistroidh go Iarbhunscolaíocht GS.

6.4.4 Cóiríocht

Tá gá le measúnú mionsonraithe bonnlíne a choimisiúnú ar na srianta cóiríochta san earnáil GS sainaitheanta ag CnaG agus táimid ag moladh go ndéanfar é seo a luaithe agus is féidir. Go dtí sin, sa tábla seo a leanas tá achoimre ar an bhail atá ar an chóiríocht sa cheantar agus na srianta a bhaineann leis an chóiríocht.

Bunscoil na mBráithre Críostaí	
Stádas Reatha	Is aonad GS é seo ar cuid de Bhunscoil Bhéarla é: Bráithre Críostaí, Ard Mhacha, faoi stiúir CSCfC.
Srianta Reatha	Tá an Rollú Faofa (180) sáraithe ag an Aonad GS agus tá an rollú ag fás leis. Faoi láthair, níl spás ag an scoil ach do 7 rang ach táthar ag dúil go méadófar an t-éileamh sa cheantar.

Bunscoil Eoin Baiste	
Stádas Reatha	Is aonad GS é seo ar cuid de Bhunscoil Bhéarla é: Naomh Eoin Baiste, Port an Dúnáin, faoi stiúir CSCfC.
Srianta Reatha	
Gaelscoil Phádraig Naofa	
Stádas Reatha	Is aonad GS é seo ar cuid de Bhunscoil Bhéarla é: Gaelscoil Phádraig Naofa, Crois Mhic Linnáin faoi stiúir CSCfC.
Srianta Reatha	Gan srianta ar bith faoi láthair. Ar na mallaibh (2017) faomhadh MF le rollú a mhéadú go 203 agus bonn 7 rang a dhéanamh den Aonad GS.
Bunscoil Naomh Proinsias	
Stádas Reatha	Is aonad GS é seo ar cuid de Bhunscoil Bhéarla é: Bunscoil Naomh Proinsias, An Lorgain, faoi stiúir CSCfC.
Srianta Reatha	Gan srianta ar bith sainaitheanta faoi láthair
Coláiste Chaitríona	
Stádas Reatha	Is aonad iarbhunscolaíochta GS é seo ar cuid d'Iarbhunscoil Bhéarla é: Coláiste Chaitríona, Ard Mhacha faoi stiúir CSCfC.
Srianta Reatha	Tá an sruth bogtha go dtí foirgneamh neamhspleách di féin. Tugtar Coláiste Chaitríona air seo seachas Saint Catherine's College mar atá ar an phríomhscóil. Áirítear leis an srianta reatha easpa áiseanna spóirt do bhuachaillí. Níl spás ar bith ann do thuilleadh fáis agus forbartha le riar ar éileamh níos airde.

6.4.5 Acmhainneacht fáis sa GS

Tá an GS ag leibhéal na bunscolaíochta an-láidir sa cheantar seo agus rolluithe láidre bliantúla aici. Is léir go bhfuil acmhainneacht fáis ann maidir le hiontrálacha bliantúla san earnáil, le cois éileamh folaigh suntasach mar gheall ar rolluithe atá ag ardú le 7 mbliana anuas.

Tá acmhainneacht shuntasach ann iontrálacha a mhéadú i mBunscoileanna de thairbhe soláthar úr Naíscolaíochta in Ard Mhacha agus ar an Chéide le déanaí. Mar gheall ar na rolluithe arda sna Naíscóileanna atá sa chathair, táthar ag leanúint d'fhiosrú roghanna le riar ar an éileamh méadaithe ar bhunscolaíocht GS. Beidh CnaG ag obair i bpáirt leis an phobal áitiúil GS leis an soláthar seo a chur ar fáil más dóigh leo gur indéanta.


Tá na rolluithe sna haonaid bhunscolaíochta GS ag leibhéal trína gcosnófaí cruthú soláthar neamhspleách sna ceantair seo agus is é tuairim CnaG gur chóir é seo a phlé agus gur chóir dul i mbun comhairliúchán tuismitheoirí lena fháil amach an é seo an cur chuige ab fhearr don Ghaelscolaíocht sna ceantair seo.

Bheadh an-tábhacht go deo ó thaobh na straitéise de leis an soláthar neamhspleách le hearnáil Ghaelscolaíochta a chruthú ina gcomhlíonfaí ról straitéiseach i bhforbairt pobal Gaeilge agus chuirfeadh sé seo ar chumas na Gaelscolaíochta fás agus forbairt a thuilleadh agus a bheith ina hearnáil shuntasach aisti féin.

6.4.6 Réamh-mheastacháin – Bunscolaíocht

Bhí fás measartha san earnáil le cúig bliana anuas, 3.2% ar an mheán sa bhliain. Creideann CnaG go bhfuil an fás seo inbhuanaithe sna blianta atá romhainn agus ar mhaithe lenár réamh-

mheastacháin, úsáideadh figiúr fáis 3.2% don réamh-mheastachán fáis réadúil. Don chás dhóchasach chuir muid 2% leis an fhiigiúr fáis seo ón am atá caite le meastachán 5.2% a chruthú, rud atá indéanta, dar linn. Léirítear sa ghráf seo a leanas an rollú réamh-mheasta bunaithe ar na rátaí fáis seo.



Léirítear lenár gcás réadúil fás 3.2%, 191 dalta nó 31.5% i méid fhoriomlán na hearnála laistigh den cheantar seo ó 606 go 797. Tá impleachtaí tromchúiseacha ag baint leis seo maidir le riachtanais forbartha na hearnála sna blianta atá romhainn i dtéarmaí cóiríocht bhreise, múinteoirí breise agus acmhainní teagaisc. Fiú an cás éadóchasach gan aon fhás sna rolluithe, léirítear go bhfásann an t-éileamh folaigh le breis agus 107 dalta nó beagnach 18%.

6.4.7 Réamh-mheastacháin - Iarbhunscolaíocht


Tá an líon daltaí féideartha don earnáil mheánscolaíochta bunaithe ar rolluithe na mbunscoileanna éagsúla sa scoilcheantar. Leis seo, cuirtear 7 mbliana de shonraí iontaofa ar fáil le rolluithe fadtéarmacha iarbhunscoileanna an cheantair a réamh-mheas.

Tá na rátaí aistrithe cumaisc thart ar 60% ar an mheán le ceithre bliana anuas agus creidimid, má bhíonn na dálaí cuí ann, go bhféadfaí an ráta seo a mhéadú go 65% sna blianta atá romhainn. Tá breac-chuntas sa tábla agus na graif seo a leanas thíos den rollú réamh-mheasta meánscolaíochta sna blianta atá romhainn, ag cur san áireamh an líon páistí atá le haistriú go meánscolaíocht agus ráta aistrithe atá ag méadú ó 53% go 60%.

Aistriú Réamh-mheasta ó Bhunscoil go hIarbhunscoil GS						
Bliain Aistrithe	20/21	21/22	22/23	23/24	24/25	25/26
Coláiste Chaitríona Ard Mhacha						
Líon Iomlán ag Teach as R7	77	87	83	83	87	88
Ráta Aistrithe	53%	54%	56%	58%	59%	60%
Iontrálacha Bliain 8 Coláiste Chaitríona	41	47	46	48	51	53
Rollú Réamh-mheasta Coláiste Chaitríona	153	170	183	203	224	238


Léirítear thuas, fiú le méadú measartha sa mheánráta aistrithe go sroichfidh an scoil rollú gar do 50 faoi Mheán Fómhair 2021 agus os cionn 50 páiste faoi Mheán Fómhair 2024.

Léirítear sa ghráf seo a leanas an bhearna idir daltaí ag fágáil R7 agus ag tosú i mBliain 8 go dtí seo agus na réamh-mheastacháin go dtí 2025.



Léirítear sa ghráf thuas an fhéidearthacht shuntasach ata ann leis an ráta aistrithe páistí ó bhunscolaíocht GS go hIarbhunscolaíocht GS a mhéadú. Dá dtarlódh sé seo, áfach, bheadh ceistanna móra acmhainne le réiteach a bhaineann le Coláiste Chaitríona.

Léirítear sa ghráf seo a leanas rollú iomlán an ama atá caite agus réamh-mheasta sa sruth GS i gColáiste Chaitríona agus an cumas atá ann fás go suntasach fiú le méadú measartha sa ráta aistrithe.



De réir na bpatrún rollúcháin, d'fhéadfaí soláthar a mhéadú sa cheantar. Le linn na bliana atá romhainn, beidh CnaG i dteagmháil le Coláiste Chaitríona agus le gach páirtí leasmhar eile le soláthar sa cheantar seo a mhéadú ar aon dul leis an éileamh.

6.4.8 Pleanáil Cheantair/ Cuspóirí Forbartha

Bunaithe ar an anailís agus na réamh-mheastacháin thuas, tá réimse de chuspóirí forbartha agus pleanáil cheantair sainaitheanta.

Tá na cuspóirí seo a leanas laistigh den cheantar bunaithe ar mheasúnú riachtanais na scoileanna/aonaid éagsúla GS agus glactar leis an chás réadúil le haghaidh fáis i rolluithe bunscolaíochta GS. Tá roinnt Tosaíochtaí Forbartha práinneacha sa cheantar seo mar seo a leanas:

1. Ard Mhacha – Méadú Soláthar GS

Ag tarraingt ar an phatrún fáis i gCathair Ard Mhacha, ar ghlacadh iomlán áiteanna sa soláthar reatha GS ar Scoil na mBráithre, méadú, ar na mallaibh agus beartaithe, i soláthar réamhscolaíochta GS áitiúil, tá riachtanas sainaitheanta ag CnaG faoi choinne forbairt bunscoil neamhspleách GS i dtuaisceart na cathrach agus an ceantar máguaird.

Gníomh: Oibreoidh CnaG i bpáirt leis an phobal áitiúil Gaeilge ar fhorbairt soláthar úr ag leibhéal réamhscolaíochta agus bunscolaíochta do scoilcheantar úr i dtuaisceart na cathrach agus an ceantar máguaird.

2. An Lorgain – Méadú Soláthar GS

Tá rollú Ghaelscoil Phádraig Naofa lán faoi láthair. Leanfaidh CnaG den phlé faoi fhorbairt straitéiseach GS sa cheantar le CSCfC le réimse de roghanna a shainaitheint le riar ar éileamh amach anseo sa cheantar.

Gníomh: CnaG leanúint d'fhorbairt straitéiseach GS sa cheantar a phlé le CSCfC le cois roghanna feasta.

3. Crois Mhic Linnáin – Méadú Soláthar GS

Tá rollú Ghaelscoil Phádraig Naofa lán faoi láthair. Leanfaidh CnaG den phlé faoi fhorbairt straitéiseach GS sa cheantar le CSCfC le réimse de roghanna a shainaitheint le soláthar a mhéadú roimh aon chomhairliúchán nó moladh forbartha a bheadh de dhíth.

Gníomh: CnaG leanúint d'fhorbairt straitéiseach GS sa cheantar a phlé le CSCfC le cois roghanna feasta.

4. Soláthar Iarbhunscolaíochta i gCathair Ard Mhacha

Tá Aonad GS Choláiste Chaitríona, an t-aon soláthraí iarbhunscolaíochta GS sa cheantar, ag feidhmiú faoi láthair ag iomlán acmhainne, nó gar dó. De réir mar a ardóidh an líon daltaí ag fágáil R7, is léir go bhfuil gá le méadú iarbhunscolaíochta GS amach anseo a phleanáil go straitéiseach.


Gníomh: CnaG a bheith i dteagmhail le RO agus CSCfC le leanúint d'fhorbairt straitéiseach iarbhunscolaíochta GS sa cheantar a phlé lena n-áirítear scoil neamhspleách.

6.5 Tír Eoghain Thoir/Láir

6.5.1 Achoimre ar an Soláthar Reatha

Leathann an ceantar seo ó bhruacha Thiar Loch nEathach a fhad leis an Ómaigh agus déantar soláthar ar an leibhéal iarbhunscoile i Sruth i Scoil Íosaef ar an Domhnach Mór.

Léirítear sa mhapa thíos suíomhanna na réamhscoileanna, na mbunscoileanna agus na n-iarbhunscoileanna éagsúla atá sa cheantar.



Fear Manach agus an Ómaigh:

Naíscoil Cholmcille na Carraige Mhóire, Bunscoil Naomh Colmcille, Naíscoil & Gaelscoil na gCrann

Lár Uladh:

Gaelscoil Aodha Rua, Gaelscoil Eoghain, Gaelscoil Uí Néill, Scoil Íosaef

Gaelscoileanna (Bunscoileanna GS)

Tá ceithre Ghaelscoil Neamhspleácha sa cheantar agus Aonad Gaelscolaíochta amháin laistigh d'earnáil Bhéarla an CSCfC:

Ainm na Scoile	Suíomh	Cineál Bainistíochta	Soláthar Reatha	Rollú Faofa	Iontrálacha M.Fó '18	Iontrálacha M.Fó '19
Gaelscoil Uí Néill	Oileán Ghuail	Faoi Chothabháil Neamhspleách	136	185	24	16
Gaelscoil Aodha Rua	Dún Geanainn	Faoi Chothabháil Neamhspleách	141	135	27	21
Gaelscoil Eoghain	An Chorr Chríochach	Faoi Chothabháil Neamhspleách	104	130	26	16
Gaelscoil na gCrann	An Ómaigh	Faoi Chothabháil Neamhspleách	162	160	30	25
Bunscoil Naomh Colmcille	An Charraig Mhór	Aonad i Scoil de chuid CSCfC	79	70	10	14
IOMLÁN			622	680	117	92

Tá rolluithe réasúnta seasmhach ag na scoileanna agus an t-aonad thuas ar cheart dóibh tacú le fás na hearnála iarbhunscoile.

Naíscoileanna (Réamhscoileanna GS)


Tá dhá Naíscoil dheonacha agus trí Naíscoil reachtúla sa cheantar mar a leanas:

Ainm	Suíomh	Cur síos	Rollú 2019/20 t	1 ^ú Rogha M.Fó. 2019
Naíscoil Aodha Rua	Dún Geanainn	Deonach	27	22
Naíscoil Uí Néill	Oileán an Ghuail	Reachtúil	24	21
Naíscoil Eoghain	An Chorr Chríochach	Reachtúil	22	12
NS Cholmcille na Carraige Mhóire	An Charraig Mhór	Deonach	25	12
Naíscoil na gCrann	An Ómaigh	Reachtúil	29	23
IOMLÁN			127	90

I mbunús na naíscoileanna thuas tá rollú láidir agus cumas rolluithe agus iarratais 1^ú rogha sa cheantar a mhéadú

6.5.2 Treochtaí Rolluithe

Léirítear sa ghráf thíos an fás sách seasmhach a bhaineann le fás na hearnála seo le 10 mbliana anuas.



Léirítear sa ghráf thuas láidreacht na hearnála laistigh den cheantar seo agus an bunús fíor-láidir a chuideoidh le hearnáil iarbhunskoile inmharthana agus rathúil a bheith mar thoradh air. Tá rolluithe i ndiaidh fás faoi bheagnach 30% le cúig bliana anuas agus tá an treocht seo ag dul siar blianta fada.

Léiríonn na táblaí thíos mionsonraí na dtreochtaí rolluithe sna Naískoileanna agus sna Gaelscoileanna laistigh den cheantar seo.

Líon Páistí ag Teacht as Naískoileanna								
Naíscóil / Réamhscoil	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Naíscóil Aodha Rua	23	23	24	24	24	26	26	27
Naíscóil Uí Néill	26	26	26	30	23	29	23	24
Naíscóil Eoghain	16	16	21	15	26	27	21	22
Naíscóil Cholmcille na Carraige Mhóire	26	26	26	26	21	24	24	25
Naíscóil na gCrann	19	12	26	19	26	26	28	29
Iomlán	110	103	123	114	120	132	122	127

Miondealú ar Iontrálacha Bunscoile								
	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Gaelscoil Uí Néill	26	20	26	22	26	21	24	16
Gaelscoil Aodha Rua	19	18	19	20	19	22	27	21

Gaelscoil Eoghain	10	12	21	11	19	11	26	16
Gaelscoil na gCrann	16	22	18	23	25	19	30	25
Bunscoil Naomh Colmcille	6	12	8	14	10	12	10	14
Iomlán	77	84	92	90	99	85	117	92
Fás le 5 bliana Anuas - coibhéiseach agus oll-líon bliantúil							0.4%	2.2%

Iomlán Rolluithe i nGaelscoileanna								
Iomlán	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Gaelscoil Uí Néill	152	165	163	160	158	155	152	136
Gaelscoil Aodha Rua	31	48	67	88	106	128	143	141
Gaelscoil Eoghain	13	19	41	54	76	82	103	104
Gaelscoil na gCrann	90	97	105	120	131	143	156	162
Bunscoil Naomh Colmcille	58	60	60	61	63	69	70	79
Iomlán	344	389	436	483	534	577	624	622
Fás le 5 bliana Anuas - coibhéiseach agus oll-líon bliantúil							5.2%	28.8%

Le 5 bliana anuas, bhí an líon iomlán cumaiscthe iontráil R1 go luaineach agus níor fhás sé ach sa bheag. Tá go leor fianaise starógaí go bhfuil na húdair leanúnacha imní ag na ceithre Ghaelscoil uile ag tosú ag dul i bhfeidhm ar iontrálacha agus caithfear na ceisteanna seo a réiteach ag na suíomhanna uilig.

Le blianta beaga anuas, d'ainneoin an fháis theoranta ar iontrálacha tá an rollú foriomlán sna scoileanna méadaithe agus líonta beaga R7 ag imeacht agus líonta móra R1 ag teacht isteach ina n-áit. Mhéadaigh an rollú foriomlán ó 483 go 663, rud is ionann agus fás 29% le linn na tréimhse nó meán os cionn 5% cumaiscthe sa bhliain.

Go ginearálta, léirítear leis na figiúirí seo fás measartha in iontrálacha agus rolluithe sa cheantar le cúig bliana anuas agus laghdú beag sa bhliain 2019/20. Fiú agus an laghdú seo san áireamh, le linn na gcúig bliana, d'fhás iontrálacha R1 faoi 8.2% (1.6% sa bhliain) agus d'fhás rolluithe foriomlána go mór - 42% (7.4% ar an mheán sa bhliain). Dá bhféadfaí an laghdú beag sna rolluithe in 2019/20 a chúiteamh, tá an-chumas fáis sa cheantar sna blianta atá romhainn.

6.5.3 Rátaí Aistrithe

Naíscoil – Gaelscoil

Léirítear sna táblaí thíos mionsonraí na dtreochtaí rollaithe sna Naíscoileanna agus sna Gaelscoileanna laistigh den cheantar seo.

Ráta Aistrithe Réamhscoil go Bunscoil GS								
	2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019
Ag teacht as Naíscoileanna	92	110	103	123	114	120	132	122
Líon ag Dul ar Aghaidh chuig Bunscoil GS	77	84	92	90	99	85	117	92
Ráta Aistrithe	84%	76%	89%	73%	87%	71%	89%	75%

Léiríonn an tábla thuas ráta aistrithe atá an-fhóna agus an-fhoisteanach ón earnáil Naíscolaíochta go dtí an earnáil Ghaelscolaíochta sa cheantar. Léirítear leis na rátaí arda aistrithe de bheagnach

90% na rátaí féideartha aistrithe a bheidh le gnóthú gach bliain agus an scóip faoi choinne tuilleadh fáis in iontrálacha Bunscoile ón chohórt reatha réamhscolaíochta.

Gaelscoil – Iarbhunscoil

Cuireadh an sruth GS ar bun i Scoil Ghramadaí Naomh Iósaef ar an Domhnach Mór i mí Mheán Fómhair 2010 chun rogha Ghaelscolaíocht iarbhunscoile a chur ar fáil do na scoileanna i dTír Eoghain Thoir/Láir.

Léirítear sa tábla thíos líon coibhéiseach na ndaltaí a d'aistrigh ó cheantar Thír Eoghain Thoir (.i. Gaelscoileanna ar an Chorr Chríochach, i nDún Geanainn agus Oileán an Ghuail) agus Tír Eoghain Láir (An Ómaigh agus an Charraig Mhór).

Ráta Aistrithe Bunscoil go Iarbhunscoil GS					
	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Tír Eoghain Thiar					
Ag Teacht as Rang 7	25	26	20	29	55
Líon ag Dul ar Aghaidh chuig Naomh Iósaef	21	19	17	22	41
Ráta Aistrithe	84%	73%	85%	76%	75%
Lár Thír Eoghain					
Ag Teacht as Rang 7	19	14	20	25	22
Líon ag Dul ar Aghaidh chuig Naomh Iósaef	8	8	5	3	0
Ráta Aistrithe	42%	57%	25%	12%	0%
Cumaiscthe					
Ag Teacht as Rang 7	44	40	40	54	77
Líon ag Dul ar Aghaidh chuig Naomh Iósaef	29	27	22	25	41
Ráta Aistrithe	66%	68%	55%	46%	53%

Tá na haistrithe go hiarbhunscolaíocht GS sa cheantar an-luaineach ó bhliain go bliain agus is é thart faoi 52% an meán le trí bliana anuas. Léirítear sa tábla thuas gur céatadán íseal go leor de na páistí a fhreastalaíonn ar bhunscoil GS i Lár Thír Eoghain a théann ar aghaidh chuig Iarbhunscolaíocht GS ach go dtéann céatadán ard go leor ó Thír Eoghain Thoir ar aghaidh go Scoil Naomh Iósaef

6.5.4 Cóiríocht

Tá gá le measúnú mionsonraithe bonnlíne a choimisiúnú ar na srianta cóiríochta san earnáil GS sainaitheanta againn agus súil againn go ndéanfar é seo sna míonna atá romhainn. Mar sin féin, sa tábla seo a leanas tá achoimre ar an bhail atá ar an chóiríocht sa cheantar agus na srianta a bhaineann leis an chóiríocht.

Scoil	Cur síos ar stádas reatha	Cur síos ar Fhoirgnimh	Srianta reatha
Gaelscoil Uí Néill	Is scoil neamhspleách faoi chothabháil í seo a bhfuil a stádas inmharthanacht	Faoi láthair tá an scoil suite i seomraí ranga soghluaiste réamhdhéanta agus i bhfoirgnimh	Sainaitníodh suíomh úr ach ní bheidh fáil ar an suíomh go ceann dhá bhliain eile

	chaipitil aici.	mhodúlacha.	
Gaelscoil Aodha Rua	Is scoil neamhspleách faoi chothabháil í seo a bhfuil a stádas inmharthanacht chaipitil aici.	Tá an scoil suite laistigh d'fhoirgnimh mhodúlacha agus tá an spás lasmuigh agus an spás stórais teoranta.	Tá an scoil suite go fóill ar shuíomh sealadach atá ar cíos ón chumann CLG áitiúil. Fuarthas faomhadh tógáil chaipitil in 2016. 3 shuíomh fhéideartha ag dul faoi staidéir indéantachta faoi láthair. Áiseanna teoranta súgartha faoin aer ar an suíomh.
Gaelscoil Eoghain	Is scoil neamhspleách faoi chothabháil í seo a bhfuil a stádas inmharthanacht chaipitil aici.	Tá an scoil suite laistigh d'fhoirgnimh mhodúlacha agus faoi láthair tá cóiríocht mhodúlach bhreise á soláthar a ídeoidh an spás reatha. Tá an suíomh teoranta agus ní fhóireann sé do riachtanais forbartha fhadtéarmacha na scoile	Faoi láthair ag tabhairt faoin phróiseas suíomh a shainaitint leis an RO agus an chomhairle áitiúil. Táthar ag súil leis go mbeidh an chóiríocht seo róbheag do riachtanais na scoile sula gcríochnófar aon nuathógáil. Cuireadh soláthar úr naíscolaíochta ar fáil agus faoi láthair tá cóiríocht mhodúlach bhreise á suiteáil. Níl spás ar bith ann le haghaidh tuilleadh forbartha. Tá an scoil ainmnithe ar liosta Tógáil Chaipitil 2019.
Gaelscoil na gCrann	Is scoil neamhspleách faoi chothabháil í seo a bhfuil a stádas inmharthanacht chaipitil aici.	Faoi láthair tá an scoil suite laistigh de mheascán d'fhoirgnimh mhodúlacha shoghluaiste. Tá trí sheomra ranga shealadacha agus trí sheomra ranga laistigh den fhoirgneamh mhodúlach. Fuarthas faomhadh faoi choinne tógáil scoil úr i Meith 2014. M.Fó 2020 an spriocdháta lena cur i gcrích.	Nuathógáil idir lámha agus Meán Fómhair 2020 an dáta críochnaithe ionchais.
Bunscoil Naomh Colmcille	Is aonad GS é seo atá ceangailte le bunscoil Bhéarla <i>Saint Columbcille</i> faoi riaracháin CSCfC.	Tá an t-aonad suite taobh istigh d'fhoirgneamh seasta mar aon leis an mháthairscoil.	Níl aon srianta láithreacha ag an scoil ach féadfaidh gá a bheith ann le riachtanais cóiríocht bhreise de réir mar a mhéadóidh agus a fhásfaidh an scoil sna blianta atá le teacht.


Laistigh den scoilcheantar seo, tá na ceithre scoil neamhspleácha faoi láthair ag céimeanna éagsúla d'fhoirgnimh scoile nua a bhaint amach i ndiaidh a bheith curtha ar an liosta Tógáil Chaipitil. D'fhéadfadh an éiginnteacht leanúnach agus moilleanna ar shealbhuithe suímh tionchar diúltach a bheith acu ar iontrálacha feasta.

6.5.5 Acmhainneacht le haghaidh fás GS

Cé go raibh fás measartha 2.2% ar iontrálacha bunscolaíochta an cheantair le cúig bliana anuas, d'fhás an rollú foriomlán faoi bheagnach 29% go 622 dalta in 2019/20. Is ionann an fás seo agus 5.2% sa bhliain. Tá cumas ann go fóill faoi choinne tuilleadh fáis sa líon seo trí rollú a fhás sna naiscoileanna atá ann cheana agus tríd an ráta aistrithe a mhéadú ó réamhscolaíocht go bunscolaíocht. Beidh gá, áfach, le straitéis le tacú leis an fhás seo agus a chinntiú go soláthrófar an chóiríocht agus áiseanna eile a bheidh de dhíth leis an fhás seo a éascú.

6.5.6 Réamh-mheastacháin – Bunscoileanna

I ndiaidh an fás teoranta ar iontrálacha le cúig bliana anuas a chur sa mheá agus an fás féideartha i rolluithe bunscolaíochta, tá figiúr coimeádach in úsáid againn, 2%, don réamh-mheas réadúil sa scoilcheantar seo agus 4% don chás dhóchasach. Léirítear sa ghraf seo a leanas an rollú réamh-mheasta bunaithe ar na rátaí fáis measta seo. Arís ghlac muid le fás 0% mar an chás éadóchasach.



Is é an toradh a bheidh ar an chás éadóchasach, gan aon mhéadú in iontrálacha, go méadófar an glanrollú foriomlán san earnáil faoi 27 dalta. Faoinár bhfás réadúil de 2% méadófar an líon daltaí faoi 48 dalta nó 7.7% faoi bhliain acadúil 2025/26 agus faoin chás dhóchasach beidh méadú 126 dalta nó 20.3% sa rollú foriomlán.

6.5.7 Réamh-mheastacháin - Iarbhunscoileanna

Tá an líon féideartha daltaí don earnáil iarbhunscoile bunaithe ar na rolluithe sna bunscoileanna éagsúla laistigh den scoilcheantar. Cuireann sé seo 7 mbliana de shonraí iontaofa ar fáil le réamh-mheastachán a dhéanamh maidir leis an rollú fadtéarmach sa cheantar.

Mar a léiríodh i mír 6.5.3 tá na rátaí aistrithe i gceantar Thír Eoghain Thoir i bhfad níos airde ná mar atá i gceantar Lár Thír Eoghain. Is toradh díreach é seo ar a chónगराई atá na scoileanna éagsúla do Scoil Naomh Iósaef agus na naisc iompair a bheith ar chaighdeán níos airde. Go deimhin, le cúig bliana anuas, níor aistrigh ach 7 bpáiste go Naomh Iósaef ó Ghaelscoil na gCrann.


Ar mhaithe lenár réamh-mheastacháin, ghlac muid go méadódh an ráta aistrithe do scoileanna i dTír Eoghain Thoir ó 67% go 75% le linn na sé bliana go dtí scoilbhliain 2025/26. Ghlac muid leis go n-ardódh an iontráil ó scoileanna i dTír Eoghain Lár ó thart ar 15% go 20% le linn na tréimhse céanna.

Léirítear sa tábla agus sna graif seo a leanas fás réamh-mheasta san aistriú iarbhunscolaíocht GS bunaithe ar na toimhdí seo.

Aistrithe Réamh-mheasta ó Bhunscoil go hIarbhunscoil i dTír Eoghain Lár agus Thiar						
Bliain Aistrithe	20/21	21/22	22/23	23/24	24/25	25/26
Tír Eoghain Lár						
Líon ag Teacht as R7	47	59	57	54	54	77
Líon réamh-mheasta ag aistriú go Naomh Iósaef	31	41	40	39	41	58
Ráta Aistrithe	67%	69%	71%	73%	75%	75%
Tír Eoghain Thiar						
Líon ag Teacht as R7	34	28	39	35	30	40
Líon réamh-mheasta ag aistriú go Naomh Iósaef	5	4	7	6	6	8
Ráta Aistrithe	15%	16%	17%	18%	19%	20%
An dá cheantar le Chéile						
Líon ag Teacht as R7 ón dá cheantar	81	87	96	89	84	117
Iontrálacha Bliain 8 Naomh Iósaef	36	45	47	45	47	66
<i>Iontrálacha mar % de rollú iomlán an dá cheantar</i>	44%	52%	49%	51%	56%	56%
Rollú Réamh-mheasta Iomlán Naomh Iósaef	176	201	221	240	259	296

Fágann an ráta aistrithe íseal ó scoileanna Lár Thír Eoghain ar an Ómaigh agus ar an Charraig Mhór gur dócha nach roghnóidh ach 56% den líon iomlán daltaí ag fágáil bunscoileanna GS iarbhunscolaíocht GS. Is léir ó na figiúirí nach bhfuil ach dornán tuismitheoirí ó Ghaelscoil na gCrann agus ón aonad i Scoil Cholm Cille ar an Charraig Mhór ag smaoineamh ar Naomh Iósaef mar rogha.


Léirítear sa ghráf seo a leanas na hiontrálacha bliantúla réamh-mheasta i leith an líon atá ag fágáil bhunscoileanna an cheantair.



Táthar ag meas, faoi 2025, go mbeidh 50 páiste sa cheantar nach bhfuil ag roghnú leanúint de GS san iarbhunscolaíocht agus a mbunús siúd i gceantair na hÓmaí/na Carraige Móire.

Léirítear sa ghráf thuas fosta go bhfuil deacracht fhéideartha ann ó thaobh acmhainne óir tá sé curtha in iúl ag Naomh Iósaef nach bhfuil d'acmhainn acu a soláthar GS a mhéadú le riar ar iontráil bhliantúil atá níos mó ná 50. Meastar, i dTír Eoghain Thoir amháin, go beidh 58 páiste ag iarraidh áite i Scoil Naomh Iósaef faoi 2025.

Léirítear sa ghráf seo a leanas an fás réamh-mheasta sa rollú iomlán i Scoil Naomh Iósaef ar an Domhnach Mór go dtí 2025.



Léirítear sa ghráf thuas go bhfuiltear ag dúil go méadóidh an rollú i Sruth GS Naomh Iósaef go dtí tuairim ar 296 dalta faoi 2025. Léirítear sa líon iontrála bliantúil go mb'fhéidir gur rogha inmhathana é soláthar neamhspleách don cheantar, ach bheadh comhaontú ina leith sin de dhíth idir na soláthraithe reatha (Naomh Iósaef) agus na páirtithe leasmhara eile sa cheantar.

Maidir leis an scoilcheantar is leithne, tuigimid go bhfuil méadú ar an éileamh ó thuismitheoirí cheantar na hÓmaí ar sholáthar iarbhunscolaíochta sa cheantar seo agus go bhfuil teagmháil déanta acu cheana féin le hiarbhunscóil amháin sa cheantar seo maidir le héascú bunú sruth iarbhunscolaíocht GS.

Faoi láthair, tá CnaG ag machnamh ar an dóigh is fearr le dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh freastal ar éilimh ar sholáthar iarbhunscolaíochta i gceantar Thír Eoghain Láir/Thoir lena n-áirítear comhairliúcháin pleanáilte le réimse de pháirtithe leasmhara. I ndiaidh an chomhairliúcháin seo, athbhreithneoidh CnaG a straitéis soláthar iarbhunscolaíocht GS sa cheantar seo. Is dócha go gcuimseofar inti moltaí le soláthar breise a chur ar fáil sa cheantar seo le haghaidh a thabhairt ar an ráta íseal aistrithe ag páistí ó bhunscolaíocht GS go hiarbhunscolaíocht GS, go háirithe i gceantar na hÓmaí.

6.5.8 Pleanáil Cheantair/Cuspóirí Forbartha

Bunaithe ar an anailís agus na réamh-mheastacháin thuas, sainithníodh réimse de chuspóirí forbartha agus pleanáil cheantair.

Tá na cuspóirí seo a leanas laistigh den cheantar bunaithe ar mheasúnú riachtanais na scoileanna/aonaid éagsúla GS agus glacann siad leis go bhfuil cás réadúil fairs ann do rolluithe GS.

1. Gaelscoil Uí Néill – Suíomh fóirsteanach agus tógáil scoile de dhíth

Cé go bhfuil suíomh sainaitheanta d'fhoirgneamh úr, seans nach mbeidh an suíomh áirithe seo ar fáil mar gheall ar an tionónta reatha. Mar scoil fhadbhunaithe sa cheantar agus rollú folláin aici, caithfear todhchaí fhadtéarmeach GS in Oileán an Ghuaile a dhaingniú agus suíomh cóiríocht bhuan a sholáthar.

Gníomh: CnaG, InaG, agus RO, i gcomhar leis an scoil, suíomh cuí a shainaitheant agus a fháil agus tosú ag tógáil a luaithe agus is féidir.

2. Gaelscoil na gCrann –Tógáil úr a Chur i gCrích

Tá an foirgneamh úr scoile do GS na gCrann á tógáil faoi láthair agus táthar ag dúil lena chur i gcrích agus a oscailt faoi Mheán Fómhair 2020.

Gníomh: Bord Tionscadail GS na gCrann leanúint de dhul chun cinn a mhonatóiriú lena chinntiú go n-éireoidh leo í a oscailt do dhaltáí i M.Fó 2020.

3. Gaelscoil Aodha Rua – Suíomh fóirsteanach agus tógáil scoile de dhíth

D'éirigh leis an scoil faomhadh caipitil a fháil in 2016 ach go dtí seo, ní bhfuarthas suíomh. Is den riachtanas maidir le todhchaí GS i nDún Geanainn go n-aimseofar suíomh buan le háiseanna cuí. Tá 3 shuíomh fhéideartha ag dul faoi staidéir indéantachta faoi láthair.

Gníomh: CnaG, InaG, agus RO, i gcomhar leis an scoil, suíomh cuí a shainaitheant agus a fháil agus tosú ag tógáil a luaithe agus is féidir.

4. Gaelscoil Eoghain – Suíomh fóirsteanach agus tógáil scoile de dhíth

Mar scoil atá ag fás agus stádas inmharthanacht chaipitil, is riachtanach, maidir le todhchaí GS ar an Chorr Chríochach go bhfaighfear suíomh buan le háiseanna cuí. Tá seomra ranga dúbailte modúlach á chur ar an suíomh faoi láthair le dul i ngleic le riachtanais chóiríochta phráinneacha atá ag dul i méid. Ós rud é, áfach, go bhfuil gá le suíomh úr agus foirgneamh scoile iomlán, tá GS Eoghain ainmnithe ag CnaG faoi choinne Liosta Tógáil Chaipitil 2019.

Gníomh: CnaG comhoibriú le InaG, RO agus leis an scoil le suíomh cuí eile a shainaitheant agus a fháil agus tosú ag tógáil a luaithe agus is féidir.

5. Bunscoil Naomh Colmille – Rollú a Mhéadú

Is Aonad GS í Bunscoil Naomh Colmille atá ag sárú a hacmhainne agus a bhfuil an cumas inti fás a thuilleadh. Leanfaidh CnaG den chumas forbairt straitéiseach GS sa cheantar le CSCfC a phlé d'fhonn roghanna a shainaitheant.

Gníomh: CnaG forbairt straitéiseach GS sa cheantar agus an gá le rollú na scoile a mhéadú go gearrthéarmach a phlé.

6. Scoil Iósaef, An Domhnach Mór –Rollú a Mhéadú

Tá an sruth iarbhunscolaíochta GS i Scoil Naomh Iósaef ag fás go seasta le blianta beaga anuas agus le tuilleadh rolluithe bhunscolaíochta is réasúnta a bheith ag dúil le tuilleadh fáis ar éileamh. Tá Moladh Forbartha agus Cás i gcomhair Athraithe foilsithe cheana le hiontrálacha agus rollú a mhéadú go dtí 50 dalta sa bhliain. Táthar ag dúil leis an fhiúir.

rollúcháin seo a shárú faoi cheann 5 bliana. Is gá pleanáil faoi choinne forbairt straitéiseach iarbhunscolaíocht GS sa cheantar le comhpháirtithe bainteacha.

Gníomh: CnaG le comhoibriú leis an scoil, RO, GBA agus leis na hlontaobhaithe chun roghanna a fhorbairt do sholáthar iomlán iarbhunscolaíocht GS amach anseo ar aon dul le fás an éilimh.

7. Athbhreithniú ar Iarbhunscolaíocht go Ginearálta

Mar a luadh cheana, tá líon nach beag daltaí ag fágáil bunscoileanna GS ar an Ómaigh agus ar an Charraig Mhór agus níl siad ag roghnú taisteal píosa fada go leor chun an Domhnaigh Mhóir. Lena chois sin, tá deacrachtaí féideartha do Naomh Iósaef a chuirfeadh bac ar an líon áiteanna a bheadh ar fáil do pháistí na hÓmaí. Dá thoradh sin, tá gá sainaitheanta ag CnaG dul i mbun comhairliúchán le gach páirtí leasmhar sna hearnálacha bunscolaíocht agus iarbhunscolaíocht GS ar fud an cheantair seo agus roghanna a fhiosrú le rochtain agus glacadh iarbhunscolaíocht GS a mhéadú, go háirithe i gceantar na hÓmaí.


Gníomh: CnaG comhoibriú le RO, ÚO, le páirtithe bainteacha eile, roghanna a fhorbairt do sholáthar iarbhunscolaíocht GS amach anseo ar aon dul le fás an éilimh.

6.6 Doire agus an Srath Bán

6.6.1 Achoimre ar an Soláthar Reatha

Cuimsíonn an ceantar Cathair Dhoire agus an Srath Bán agus léirítear sa léarscáil seo a leanas suíomhanna na scoileanna GS sa scoilcheantar, lena n-áirítear scoileanna cóngaracha i nDún na nGall. Níl soláthar iarbhunscolaíocht GS sa cheantar seo. Faoi láthair is é Gaelcholáiste Dhoire i nDún Geimhin an soláthraí straitéiseach iarbhunscolaíocht GS agus tá roinnt daltaí ag freastal ar Choláiste Ailigh i Leitir Ceanainn.

In 2019, cheap CnaG plean straitéiseach faoi choinne forbairt soláthar bunscolaíochta GS i gCathair Dhoire, "Moltaí Pleanáil Cheantair do Sholáthar Bunscolaíocht GS i gCathair Dhoire." Tá an doiciméad sin iniata (Aguisín 2). Tá plé leanúnach ar siúl le RO, ÚO agus le CSCfC maidir le cur i bhfeidhm na moltaí.



Is i gceantar Chomhairle Ceantair Dhoire agus an tSratha Bán atá gach scoil sa cheantar.

Gaelscoileanna (Bunscoileanna GS)

Tá ceithre Ghaelscoil sa cheantar mar seo a leanas:

Ainm na Scoile	Suíomh	Cineál Bainistíochta	Soláthar Reatha	Rollú Faofa	Iontráil M.Fó '18	Iontráil M.Fó '19
Bunscoil Cholmcille	Bóthar Bhaile Stíl, Doire	Caitliceach faoi Chothabháil	91	196	22	15
Gaelscoil Éadain Mhóir	Tobar an Fhuaruisce, Doire	Eile faoi Chothabháil	156	182	29	24
Gaelscoil na Daróige	Baile Mhig Rabhartaigh, Doire	Eile faoi Chothabháil	88	81	15	21
Gaelscoil Uí Dhochartaigh	Srath Bán	Eile faoi Chothabháil	140	160	23	17
IOMLÁN			475	619	89	77


Naíscóileanna (Réamhscoileanna GS)

Tá sé Naíscóil sa cheantar mar seo a leanas:

Ainm	Suíomh	Cur síos	Rollú 2019/20	1 ^ú Rogha M.Fó. 2019
Naíscóil Dhoire	Doire	Reachtúil	26	26
Naíscóil Éadain Mhóir	Doire	Reachtúil	26	21
Naíscóil na Daróige	Doire	Deonach	22	17
Naíscóil an tSratha Bán	Srath Bán	Reachtúil	26	26
Naíscóil na Deirge	Caisleán na Deirge	Deonach	8	7
Naíscóil Cholmcille	Doire	Deonach	15	5
IOMLÁN			123	102

6.6.2 Treochtaí Rollúcháin

Tharla luainiú sa líon foriomlán páistí in GS sa cheantar ó bhliain go bliain ach le deich mbliana anuas, thar an fhráma ama léirigh siad go raibh éileamh ar an GS ag fás mar a léirítear sa ghráf thíos.



I ndiaidh tréimhse marbhántachta, tá GS sa cheantar seo ag fás le cúig bliana anuas. Is i nGaelscoil Éadain Mhóir a bhí an fás is mó sa tréimhse seo agus i ndiaidh fhaomhadh MF ar iontrálacha a mhéadú, is garr go mbeidh bonn seacht rang ag an scoil. Beidh impleachtaí an fháis fhoriomláin seo le mothú i ngach pobal scoile agus beidh gníomh láithreach de dhíth i leith na saincheisteanna cóiríochta agus suímh a eascrófar astu.

Léiríonn na táblaí thíos mionsonraí na dtreochtaí rolluithe sna scoileanna uile sa cheantar.

Líon Páistí ag Teach as Naíscoileanna								
	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Naíscoil an tSraitha Báin	26	25	26	26	26	26	26	26
Naíscoil na Deirge	6	8	8	6	9	10	10	8
Naíscoil Éadain Mhóir	21	26	28	26	26	26	31	26
Naíscoil Cholmcille	-	-	6	8	12	7	14	15
Naíscoil Dhoire	26	26	25	26	26	26	26	26
Naíscoil na Daróige	14	15	17	14	15	19	20	22
Iomlán	93	100	110	106	114	114	127	123

Miondealú ar iontrálacha Bunscoile									
Bliain	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20	
Bunscoil Cholmcille, Doire	12	15	11	11	14	18	22	15	
Gaelscoil Éadain Mhóir	11	13	20	22	27	34	29	24	
Gaelscoil na Daróige	9	11	12	7	11	10	15	21	
Gaelscoil Uí Dhochartaigh	17	25	20	25	24	23	23	17	
Iomlán	49	64	63	65	76	85	89	77	
Fás le 5 Bliana Anuas - Coibhéiseach agus oll-líon bliantúil							4.1%	22%	

Rolluithe Iomlána ar Ghaelscoileanna									
Bliain	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20	
Bunscoil Cholmcille, Doire	97	91	88	84	82	86	88	91	
Gaelscoil Éadain Mhóir	113	113	110	108	123	136	146	156	
Gaelscoil na Daróige	55	61	69	69	66	68	76	88	
Gaelscoil Uí Dhochartaigh	129	137	134	133	144	149	140	140	
Iomlán	394	402	401	394	415	439	450	475	
Fás le 5 Bliana Anuas - Coibhéiseach agus oll-líon bliantúil							3.4%	18%	

Bhí fás seasta le blianta beaga anuas i rollú GS sa cheantar. Dála go leor eile san earnáil GS, bhí moilleanna fada ar na ceithre scoil uile suíomhanna fóirsteanacha, cóiríocht chúil agus/nó cóiríocht úr in áit cóiríocht reatha de chaighdeán doghlactha nó sealadach a fháil. Níl amhras ná go ndeachaigh sé seo i bhfeidhm ar chumas fáis na scoileanna.

D'ainneoin na srianta fisiciúla seo, léirítear fás thar a bheith láidir sna figiúirí iontrálacha agus rollúcháin sa cheantar le cúig bliana anuas - d'fhás iontrálacha RT1 faoi 49% (8.3% sa bhliain ar an mheán) agus d'fhás rolluithe foriomlána fosta, 19% (3.4% sa bhliain ar an mheán).

6.6.3 Rátaí Aistrithe

Naíscoil – Gaelscoil

Léiríonn an tábla thíos na rátaí aistrithe ó na Naíscoileanna go dtí na Bunscoileanna le blianta beaga anuas.

Ráta Aistrithe ó Réamhscoil go Bunscoil GS								
	2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019
Ag Teacht as Naíscoileanna	91	93	100	110	106	114	114	127
Líon ag Dul ar Aghaidh chuig Bunscoil GS	49	64	63	65	77	85	89	77
Ráta Aistrithe	54%	69%	63%	59%	73%	75%	78%	61%

Tá an ráta aistrithe ó réamhscoil go bunscoil GS sa cheantar seo beagán luaineach. Is patrún fáis é tríd is tríd, cé go bhfuil titim sa ráta aistrithe sna figiúirí is déanaí. Ba chóir a shonrú go bhfuil an líon áiteanna réamhscolaíochta atá ar fáil (138) i bhfad níos airde ná an líon áiteanna R1 atá ar fáil (95) i gceithre scoil an cheantair.

Lena chois sin, caithfidh daltaí Naíscoil na Deirge i gCaisleán na Deirge píosa fada go leor a thaisteal le freastal ar an bhunscoil GS is cóngaraí agus, dá thoradh sin, ní théann bunús na ndaltaí ar aghaidh go bunscolaíocht GS. Ba chóir an deis a thapú féachaint le soláthar bunscolaíocht GS a chur ar fáil níos cóngaraí don soláthar náiscolaíochta seo.

Ábhar ceiliúrtha forbairt leanúnach GS i gCathair Dhoire óir, le trí bliana i ndiaidh a chéile, tá an líon iontrála i Rang 1 sna trí scoil níos mó ná 60 dalta. Cruthaíonn sé seo inmharthanacht réiteach trí scoil bhuna sa chathair de réir mar a leanann Gaelscoil na Daróige agus Bunscoil Cholmcille dá rolluithe a mhéadú. Tabharfaidh CnaG tacaíocht spriocdhírthe do na scoileanna seo le cuidiú leo iontrálacha a mhéadú agus a dhaingniú sna blianta atá romhainn le go sroichfear na tairseacha inmharthanachta agus inbhuanaitheachta.

Gaelscoil – Meánscoil (Iarbhunscoileanna)

Níl aon iarbhunscoil GS sa cheantar comhairle faoi láthair. Faoi láthair, is é Gaelcholáiste Dhoire, Dún Geimhin an soláthraí straitéiseach iarbhunscolaíocht GS agus bliain ar bhliain, tá méadú ar an líon daltaí atá ag roghnú an tsoláthair seo mar is léir sa tábla thíos.

Aistriú ó Bhunscoil go hIarbhunscoil GS					
Bliain Aistrithe	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Cathair Dhoire agus an Srath Bán					
Líon Iomlán ag Teach as R7	79	75	39	56	58
Líon ag aistriú go Gaelcholáiste Dhoire	0	9	13	13	16
Ráta Aistrithe	0%	12%	33%	23%	28%

De réir mar a fhásann iontrálacha, bheifí ag dúil go mbeadh fianaise amach anseo trína dtacófaí le bunú iarbhunscoil neamhspleách GS i gCathair Dhoire.

Le blianta beaga anuas, d'aistrigh líon beag daltaí as an cheantar go hIarbhunscoileanna i Leitir Ceanainn agus i mBun Cranncha.

6.6.4 Cóiríocht

Sa tábla seo a leanas tá achoimre ar an staid atá ar chóiríocht Ghaelscoileanna an cheantair, agus na srianta a bhaineann leis an chóiríocht.

Bunscoil Cholmcille	
Stádas Reatha	Stádas Inmharthanacht Chaipitil
Cur Síos ar Fhoirgnimh	Tá an scoil suite i seomraí ranga soghluaiste; tá bunús na seomraí ranga os cionn 25 bliain d'aois agus tá siad imithe i léig go fisiciúil agus go feidhmiúil agus tá deacrachtaí sláinte agus sábháilteachta ag baint leo. Tá bunús na seomraí ranga i bhfad níos lú ná an 60m ² a mholann an Roinn.
Srianta Reatha	Tá an chóiríocht reatha sa scoil easnamhach; níl spás súgartha inmheánach ann, tá spás an-teoranta seachtrach ann, tá spás ar fhéar nó ar pháirc imeartha go teoranta, níl halla spóirt ann, tá easpa chóiríocht oifige, stórais agus seomra foirne ann. Údar imní eile nádúr oscailte na scoile nuair is gá do dhaltaí dul chuig foirgneamh eile nach bhfuil ar amharc na múinteoirí le dul chuig an leithreas. I measc deacrachtaí eile, d'iarr an scoil sconsa trí iarratas ar Mhionobreacha.

	Tá gá práinneach le seomraí ranga úra in áit na seomraí reatha, soláthar halla scoile, ceaintín agus réiteach na bhfadhbanna uile Sláinte agus Sábháilteachta. Tá RO le tabhairt faoi chuid de na riachtanais is práinní cóiríochta in 2020.
Gaelscoil Éadain Mhóir	
Stádas Reatha	Stádas Inmharthanacht Chaipitil
Cur Síos ar Fhoirgnimh	Tá an scoil lonnaithe i seomraí ranga soghluaiste agus tá halla modúlach ilchuspóireach léi. Tá sí lonnaithe ar shuíomh nach bhfuil fóirsteanach do riachtanais na scoile faoi láthair ná feasta mar gheall ar an fhás leanúnach i rolluithe.
Srianta Reatha	Tá áiseanna coimhdeacha, suímh agus cóiríocht na scoile seo easnamhach agus ní shroicheann siad ar bhealach ar bith na caighdeáin i lámhleabhar cóiríochta RO. Níl spásanna súgartha faoin aer ann, níl limistéar glas ann, gan aon pháirc imeartha, stóras easnamhach, seomra foirne easnamhach agus gan aon seomra do chruinnithe tuismitheoirí ná seirbhísí seachtracha tacaíochta SRO / Cuairteoirí Sláinte srl. Tugadh spás ilfheidhme don scoil ar gá é a uasdátú. Mar gheall ar sheomraí ranga breise ar an suíomh, níl go leor spás súgartha ag an scoil. Tá an scoil ainmnithe ar Liosta Tógáil Chaipitil 2019.
Gaelscoil na Daróige	
Stádas Reatha	Gan Stádas Inmharthanacht Chaipitil
Cur Síos ar Fhoirgnimh	Tá an scoil go hiomlán lonnaithe i gcóiríocht shoghluaiste ar shuíomh atá go hiomlán neamh-fóirsteanach dá riachtanais reatha. In 2018, cuireadh aonad modúlach ar fáil faoi choinne áiseanna dinnéir, ach tá sé róbheag agus úsáidtear é ar an iomad cúis cheal cóiríocht eile.
Srianta Reatha	Tá áiseanna coimhdeacha, suímh agus cóiríochta na scoile seo easnamhach agus ní shroicheann siad ar bhealach ar bith na caighdeáin i lámhleabhar cóiríochta RO. Níl spás súgartha inmheánach ann, níl halla spóirt ná láthair bhia ann, níl spás páirceála ann agus tá cóiríocht foirne, oifige agus stórais an-teoranta. Tá bunús na bhfoirgneamh ar an suíomh imithe i léig go fisiciúil agus go feidhmiúil. Tá tionchar an-diúltach ag na cúinsí uile seo ar an scoil maidir le cumas na scoile a rollú a fhás. D'ainneoin go bhfuil míbhuntáiste ag an scoil de dheasca na gcúinsí seo uile agus iad ag iarraidh a líon rollaithe a mhéadú, tá an scoil ag leanúint d'fhás suntasach. Ní mór don scoil athlonnú go práinneach chuig suíomh atá fóirsteanach do riachtanais reatha agus fhadtéarmacha na scoile. Sa ghearrthearma, d'fhéadfaí suíomh reatha na scoile a mhéadú trí láithreacha in aice láimhe a shealbhú a chuirfeadh ar chumas na scoile méadú agus freastal ar an éileamh práinneach méadaitheach. Threoraigh RO do LPS sealbhú féideartha talún a fhiosrú sa ghearrthearma.
Gaelscoil Uí Dhochartaigh	
Stádas Reatha	Stádas Inmharthanacht Chaipitil
Cur Síos ar Fhoirgnimh	Tá an scoil go hiomlán lonnaithe i gcóiríocht shoghluaiste nach bhfuil oiriúnach don fheidhm níos mó.
Srianta Reatha	Tá áiseanna coimhdeacha, suímh agus cóiríochta na scoile seo easnamhach agus ní shroicheann siad ar bhealach ar bith na caighdeáin i lámhleabhar

	<p>cóiríochta RO.</p> <p>Níl spás ar fhéar ná páirc imeartha ann, níl halla spóirt ná láthair bhia ann, agus tá áiseanna agus oifigí don fhoireann teoranta, níl seomraí le haghaidh cruinnithe le tuismitheoirí nó le seirbhísí seachtracha tacaíochta nó le hoifigigh SRO/Sláinte srl. ann, agus tá an spás stórais teoranta. Is seanseomraí ranga soghluaiste iad roinnt de na seomraí ranga ar an suíomh atá imithe i léig go fisiciúil agus go feidhmiúil.</p> <p>In 2016, glacadh leis an scoil ar an liosta Tógáil Chaipitil agus cé go bhfuarthas suíomh scoile, níor tosaíodh go fóill ar an obair ar an suíomh.</p>
--	---

Tá ábhair thromchúiseacha inní i ngach scoil sa cheantar seo. Tá easnaimh thromchúiseacha i ngach ceann de na Scoileanna faoi Chothabháil Eile maidir leis an easpa áiseanna atá ar fáil. Tá gach ceann de na scoileanna seo ag fulaingt mar gheall ar easpa bunáiseanna mar cheaintíní, áiseanna spóirt, seomraí foirne agus seomraí iomchuí le haghaidh chuairteanna Sláinte/SRO srl. Is cinnte go bhfuil na heasnaimh seo ag cur bac ar cháilíocht an eispéiris oideachais atá ar fáil do gach páiste.

I gcás Bhunscoil Cholmcille, ní hamháin nach ann do na háiseanna seo, ach tá úsáid na cóiríochta ina bhfuil an scoil suite go hiomlán míchuí. Tá an scoil suite i seomraí ranga soghluaiste, cuid acu atá os cionn 25 bliain d’aois nach bhfuil ar bhealach ar bith fabhrach do thimpeallacht thaitneamhach foghlama. Caithfidh an tsaincheist seo a réiteach a luaithe agus is féidir faoi mar atá leagtha amach in *Moltaí Pleanáil Cheantair don Soláthar Bunscolaíocht GS i gCathair Dhoire*.

6.6.5 Measúnú ar chumas fáis san earnáil GS

Tharla méadú seasmhach i rolluithe sa cheantar. Tá na trí scoil uile i gCathair Dhoire ag méadú a rolluithe le tamall de bhlianta anois. Is féidir a bheith beagnach cinnte go gcuireann cáilíocht na cóiríochta bac orthu agus gan aon cheann de na ceithre bhunscoil lonnaithe i bhfoirgneamh buan, saintógtha agus iad uile suite ar shuíomhanna atá an-teoranta agus róphlódaithe.

Tá drochdhóigh amach ar an chóiríocht atá go maith faoi bhun an chaighdeáin sa dá scoil atá faoi bhonn na tairsí rollaithe faoi láthair. Tá caighdeán chóiríocht na hearnála GS sa cheantar i ngéar-chontráthacht leis na cúinsí san earnáil Bhéarla, áit a bhfuil formhór mór na scoileanna seo suite laistigh de chóiríocht bhuan d’ardchaighdeán ar shuíomhanna dea-chóirithe.

Tá sé léirithe ag gach scoil sa cheantar seo go bhfuil siad ábalta 20+ dalta a mhealladh go dtí Rang 1 agus dá thairbhe sin, go dtig leo fás a thuilleadh amach anseo. Is i gCathair Dhoire go háirithe atá an t-éileamh folaigh sin le sonrú agus feicfear rolluithe iomlána ag leanúint den fhás sna blianta atá romhainn. Mar a maíodh cheana, is mórthosaíocht é don cheantar seo an gá atá le cóiríocht leordhóthanach, lonnaithe ar shuíomhanna atá mór go leor agus má sholáthraítear na bunchlocha oideachais seo, tá CnaG ag súil le leibhéil fáis níos airde arís, os cionn an 18% a bhí againn le cúig bliana anuas.


6.6.7 Réamh-mheastacháin – Bunscoileanna

Mar a léirítear thuas, tharla méadú seasmhach ar fhás na rolluithe san earnáil le cúig bliana anuas, 22% nó timpeall 4.1% in aghaidh na bliana.

Tharla an fás seo d’ainneoin drochbhail a bheith ar an chuid is mó de chóiríocht GS sa chathair. Leis an réiteach a tharla ar na mallaibh ar thoirmeasc RO ar ghníomhartha pleanáil cheantair agus

caiteachas caipitil sa chathair agus, mar sin de, mar a tugadh faoi chuid de na deacrachtaí reatha cóiríochta a bhí ag cur bac ar fhás na hearnála, ba chóir go n-éascófaí méadú suntasach na hearnála. Go dtí go soláthrófar cóiríocht níos fearr do bhunscoileanna GS sa chathair, ní ghlacfaimid leis go méadófar fás sna hiontrálacha. Mar sin de, táimid ag glacadh leis go leanfar den fhás a bhí againn le cúig bliana anuas agus athbhreithneofar é seo sna blianta atá romhainn.

Creideann CnaG gur féidir gan amhras an fás 4.1% a bhí againn le cúig bliana anuas a ghnóthú arís agus úsáideadh é seo mar an fhiigiúr cás réadúil. Úsáideadh 0% arís don chás éadóchasach agus úsáideadh ardú 2% sa chás dhóchasach 6.1%.



Léiríonn an chás réadúil fás 4.1% 128 dalta, nó beagnach 27% den mhéid iomlán san earnáil ó 475 go 603. Ciallaíonn sé seo impleachtaí do riachtanais forbartha na hearnála sna blianta atá le teacht, le cois na riachtanas atá ann cheana, agus áirítear leo cóiríocht bhreise, múinteoirí breise agus tuilleadh acmhainní teagaisc srl.


Leis an chás dhóchasach fáis bheadh 149 dalta breise san earnáil go háitiúil agus fás 31.4%. Is cinnte gur féidir an cás seo a ghnóthú agus is tríd seo a dhaingnítear an gá atá le suíomh buan agus réitigh chóiríochta sna soláthraithe bunscolaíocht GS uile sa scoilcheantar.

Mar a léiríodh i bpáipéar CnaG ar Mholtaí Pleanáil Cheantair, tá an ráta fáis in GS i gCathair Dhoire i bhfad níos lú ná mar a bhí in Iarthar Bhéal Feirste, ceantar ina bhfuil a leithéid chéanna de dhéimeagrafaic. Freastalaíonn thart faoi 3.5% de pháistí Chathair Dhoire ar GS, i gcomparáid le 10.5% in Iarthar Bhéal Feirste. Creideann CnaG gurb é an míniú atá ar sciar suntasach den difríocht seo na leibhéil arda droch-chóiríochta agus an ganntanas mór suíomhanna atá ar fáil do na trí scoil i nDoire. Léiríonn sé seo fosta an cumas ollmhór nár tapaíodh go fóill sa chathair, a fhad is go réiteofar na deacrachtaí cóiríochta.

6.6.7 Réamh-mheastacháin – Iarbhunscolaíocht

Tá an líon féideartha daltaí don earnáil iarbhunscoileanna bunaithe ar na rolluithe sna bunscoileanna éagsúla laistigh den scoilcheantar. Cuireann sé seo sonraí iontaofa 7 mbliana ar fáil le réamh-mheastachán a dhéanamh maidir le rolluithe fadtéarmacha sna hiarbhunscoileanna sa cheantar.

Léiríonn an graf seo a leanas líon na ndaltaí a bheidh ag aistriú ó bhunscolaíocht GS go dtí an leibhéal iarbhunscolaíochta sna blianta atá le teacht.



Léirítear sa ghráf thuas go bhfuil rollú láidir sa bhunscolaíocht GS agus ag glacadh le rátaí aistrithe 65%, go bhfuil cumas ann soláthar iarbhunscolaíochta GS neamhspleách a fhorbairt sa chathair sa mheántearma. Bhí deacrachtaí san am a chuaigh thart ag iarbhunscolaíocht GS sa chathair. Bunaíodh iarbhunscoil neamhspleách neamh-mhaoinithe sna 1990í agus druideadh í in 2000. Ar dhruidim an tsoláthair seo, d'aistrigh formhór na ndaltaí a bhí fágtha go Coláiste Bhríde, Cnoc an Chairn.

Cé nach ndearna Coláiste Bhríde riamh beart le Sruth / Aonad a bhunú go foirmiúil, thar na blianta, sholáthair sé rogha thábhachtach do pháistí a d'fhreastail ar Ghaelscolaíocht. Faoi láthair, soláthraíonn an scoil roinnt ábhar ag ECh3 agus ECh 4 trí mheán na Gaeilge do pháistí a bhí ar bhunscoil GS. Ba chóir aitheantas a thabhairt d'iarachtaí na scoile thar na blianta tacaíocht a thabhairt nuair nach raibh soláthar foirmiúil GS ar fáil agus iad a chur san áireamh i bhforbairt fhadtéarmach soláthar Gaelscolaíochta sa chathair.

Tá imní ar CnaG faoin líon íseal páistí atá ag dul ar aghaidh ón bhunscolaíocht GS sa scoilcheantar agus moltar teagmháil a dhéanamh le réimse de pháirtithe leasmhara sa chathair le breithniú ar an bhealach is fearr chun tosaigh le rochtain agus glacadh iarbhunscolaíocht GS a mhéadú do pháistí na cathrach. Faoi láthair, tá líon páistí atá beag go leor, ach ag méadú, de chuid an cheantair seo ag freastal ar Ghaelcholáiste Dhoire i nDún Geimhin mar a léirítear sa tábla thíos.

Aistriú ó Bhunscoil go hIarbhunscoil GS					
Bliain Aistrithe	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Cathair Dhoire & an Srath Bán					
Líon Iomlán ag Aistriú ó R7	79	75	53	56	45
Líon ag Aistriú Gaelcholáiste Dhoire	0	9	13	13	16
Ráta Aistrithe	0%	12%	25%	23%	36%

Is é an dearcadh atá ag CnaG, de thairbhe neartú leanúnach earnáil bhunscolaíocht GS sa chathair gur féidir soláthar foirmiúil iarbhunscolaíocht GS a chur ar fáil sa chathair sa mheántearma.

Go dtí go mbunófar soláthar iarbhunscolaíocht GS sa chathair, is rogha inmharthana Gaelcholáiste Dhoire do na tuismitheoirí sin ar mian leo go leanfadh a bpáistí den GS mar gheall ar dheas-sholáthar iompair agus i Meán Fómhair 2019, chuaigh breis agus 1/3 de na daltaí a d'fhág an bhunscolaíocht GS go Gaelcholáiste Dhoire.

Is tábhachtach, maidir le soláthar úr ar bith, bíodh sruth/aonad nó scoil neamhspleách i gceist, go bpleanálfar go cúramach é agus go rachfar i gcomhairle ar bhonn rannpháirtíochta le gach páirtí leasmhar lena n-áirítear RO, bunscóileanna GS agus pobal na Gaeilge sa cheantar.

Cionn is Gaelcholáiste Dhoire a bheith ar na gaobhair, tá cumas suntasach ann tacú leis an chur chuige roghnaithe i leith soláthar iarbhunscolaíocht GS sa chathair amach anseo trí chomhoibriú. Tá Gaelcholáiste Dhoire, áfach, ag céim an-chriticiúil dá fhorbairt agus ní thioctadh leis tacú le soláthar iarbhunscolaíocht GS i gCathair Dhoire, Srath Bán go ceann roinnt blianta.

Go dtí go mbunófar soláthar iarbhunscolaíocht GS i gCathair Dhoire, molann CnaG go tréan don RO agus ÚO leanúint de thacú le cinní tuismitheoirí ar mian leo taisteal go Gaelcholáiste Dhoire más mian leo dul ar aghaidh le hiarbhunscolaíocht GS.

6.6.8 Pleanáil Cheantair/Cuspóirí Forbartha

Bunaithe ar an anailís agus na réamh-mheastacháin thuas, sainithníodh réimse cuspóirí forbartha agus pleanáil cheantair atá ar aon dul le Moltaí Pleanáil Cheantair CnaG do Sholáthar Bunscolaíocht GS i gCathair Dhoire a cuireadh faoi bhráid RO i Meitheamh 2019.

Tá na cuspóirí seo a leanas sa cheantar bunaithe ar mheasúnú ar riachtanais na scoileanna éagsúla GS agus glacann siad leis an chás méaduithe réadúla fáis i rolluithe i mbunscóileanna GS.

Tá roinnt Tosaíochtaí Forbartha atá práinneach laistigh den cheantar, mar a leanas

1. Bunscoil Cholmcille – Suíomh agus Cóiríocht

Mar scoil fhadbunaithe de chuid an cheantair agus a rollú ag fás, caithfear todhchaí fhadtéarmach na scoile a chinntiú agus cóiríocht bhuan a sholáthar ar an suíomh reatha nó eile. Tá sí ar na Gaelscoileanna is sine sa tuaisceart agus an chéad scoil i gCathair Dhoire agus níl sé inghlactha gur chaith sí 30+ bliain i gcóiríocht shealadach.

Tá riachtanas láithreach ann aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna Sláinte agus Sábháilteachta sa scoil, a fháil réitithe de chóiríocht sheanaimseartha, neamhoiriúnach agus cóiríocht nua mhodúlach a chur ina háit le cois halla ilfheidhme nua modúlach.

Gníomh: CSCfC (i bpáirt le CnaG agus RO) a chinntiú go soláthrófar réitigh ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha ar fhadhbanna tromchúiseacha cóiríochta na scoile mar atá sainaitheanta i bpáipéar CnaG ar Mholtaí Pleanála.

2. Gaelscoil Éadain Mhóir – Suíomh agus Cóiríocht

Mar an scoil is mó i nDoire, tugadh seomraí ranga breise do Ghaelscoil Éadain Mhóir ar na mallaibh mar fhreagairt don éileamh méadaithe. Ach leis seo, laghdaíodh an spás súgartha agus spás faoin aer ar shuíomh a bhí srianta cheana. Caithfear suíomh cuí agus cóiríocht bhuan a chur ar fáil. D'ainmnigh CnaG an scoil faoi choinne Liosta Tógáil Chaipitil 2019.

Gníomh: RO/LPS i gcomhar leis an scoil suíomh slán, cuí a shainaitheant agus a fháil agus tosú ag tógáil a luaithe agus is féidir.

3. Gaelscoil na Daróige – Suíomh agus Cóiríocht

Tá Gaelscoil na Daróige dultha thar a Rollú Faofa cheana féin agus le rollú atá ag fás ní thig léi fanacht ar an suíomh cúng reatha go fadtéarmach. Ní hé amháin go bhfuil suíomh agus cóiríocht reatha de dhíth ach tá bearta eatramhacha de dhíth le riar ar gach dalta láithreach. Faoi láthair, tá RO ag fiosrú suímh atá gar don scoil reatha agus má fhaightear é, bheadh ar chumas na scoile díriú ar shuíomh buan a fháil don GS sa cheantar.

Gníomh: CnaG agus an scoil (i bpáirt le RO agus ÚO) a chinntiú go bhfuil réiteach gearrthéarmach agus fadtéarmach ar fhadhbanna tromchúiseacha cóiríochta agus suímh na scoile mar atá sainaitheanta i bpáipéar CnaG ar Mholtaí Pleanála Ceantair.

4. Gaelscoil Uí Dhochartaigh – Suíomh agus Cóiríocht

In 2016, glacadh an scoil ar an liosta Tógáil Chaipitil. Fuarthas suíomh buan don scoil ach níor cuireadh tús go fóill leis an obair thógála. Mar atá maíte thuas, caithfear an chóiríocht a sholáthar gan mhoill lena chur ar chumas na scoile leanúint den fhás agus a hionad ar an Srath Bán a dhaingniú.

Gníomh: Bord Tionscadail GS Uí Dhochartaigh leanúint de mhonatóireacht ar dhul chun cinn.

5. Bunscoil Cholmcille –Moladh Forbartha le go mbeidh an Líon Cuí Rollú Faofa Aici

Tá Rolladh Faofa na scoile i bhfad níos airde ná mar a bhí le thart faoi 50% d'áiteanna líonta le blianta beaga anuas. Is léir gur gá an rollú a bheith ar aon dul le figiúirí reatha agus réamh-mheasta. Dá dtarlódh sé sin, laghdófaí an líon áiteanna atá, is cosuil, gan líonadh ar fud na cathrach.

Gníomh: CSCfC MF a thabhairt chun tosaigh sa dóigh go mbeidh figiúr rollúcháin na scoile mar is ceart.

6. Gaelscoil na Daróige – Athrú na réamhscoile deonaí reatha ina Aonad Reachtúil

Tá sé curtha in iúl ag coiste na réamhscoile deonaí, Naíscóil na Daróige, gur mian leo go fóill aonad reachtúil a dhéanamh di mar chuid de Ghaelscoil na Daróige. Chuige sin, d'oibrigh an scoil i ndlúthpháirt leis an naíscóil le rollú a mhéadú agus d'éirigh leo é a mhéadú ar bhonn seasta go dtí breis agus 20. Tacaíonn CnaG leis an fhorbairt seo a chuideoidh leis an scoil dul i dtreo na hinbhuanaitheachta agus táimid ag tacú leis an scoil lena Moladh Forbartha agus CfC.

Gníomh: comhoibriú leis an scoil le MF agus CfC a ullmhú le go mbunófar aonad reachtúil réamhscolaíochta go luath in 2020.

7. Soláthar Iarbhunscolaíocht GS i gCathair Dhoire

Mar a luadh cheana, is mó daltaí ná riamh atá ag teacht isteach sa soláthar bunscolaíocht GS i gCathair Dhoire agus táthar ag dúil go leanfar den fhás seo. Tá sainaitheanta ag CnaG an gá atá le roghanna soláthar iarbhunscolaíocht GS i gCathair Dhoire ar aon dul leis an éileamh.

Gníomh: CnaG comhoibriú le RO agus ÚO agus le páirtithe bainteacha eile le roghanna a fhorbairt don soláthar iarbhunscolaíocht GS amach anseo, ar aon dul leis an éileamh.

8. Soláthar Féideartha Bunscolaíocht GS i gCaisleán na Deirge

Faoi láthair, bunús dhaltaí Naíscóil na Deirge, ní théann siad ar aghaidh go dtí bunscolaíocht GS. Is é an phríomhchúis atá leis seo an fad idir Caisleán na Deirge agus an soláthar is gaire ar an Srath Bán. Is gá roghanna a fhiosrú maidir le soláthar féideartha bunscolaíochta i Caisleán na Deirge le go dtig leis na páistí seo leanúint den GS.


Gníomh: CnaG dul i bpáirt le ÚO agus CSCfC le roghanna a fhiosrú faoi choinne soláthar féideartha GS i gceantar Chaisleán na Deirge.

6.7 Co. Dhoire Tuaithe

6.7.1 Achoimre ar an Soláthar Reatha

Cuimsíonn an ceantar seo bunús cheantair thuaithe chontae Dhoire, seachas Cathair Dhoire. Déanann Gaelcholáiste Dhoire, iarbhunscoil neamhspleách faoi chothabháil, atá lonnaithe laistigh de Chaisleán Dhún Geimhin, agus a osclaíodh i Meán Fómhair 2015, soláthar ar an cheantar seo ag an leibhéal iarbhunscoile.

Léiríonn an léarscáil thíos suíomhanna na náiscoiléanna, na mbunscoiléanna agus na n-iarbhunscoiléanna GS éagsúla sa cheantar.



Tá na soláthraithe GS sa cheantar seo lonnaithe sna CRÁna seo a leanas:

Cósta an Naíscoil Ghleann an Iolair, Naíscoil Ghreanacháin, Gaelscoil Léim an Chlocháin agus Mhadaidh, Gaelscoil Neachtain, Gaelcholáiste Dhoire na Glintí:

Lár Uladh: Naíscoil na Fíobha, Naíscoil Mhachaire Rátha, Naíscoil Charn Tóchair, Gaelscoil an tSeanchaí, Gaelscoil na Speiríní, Bunscoil Naomh Bríd

Gaelscoileanna (Bunscoileanna GS)

Tá ceithre Ghaelscoil agus Aonad amháin Gaelscolaíochta laistigh den cheantar, mar a leanas:

Ainm na Scoile	Suíomh	Cineál Bainistíochta	Soláthar Reatha	Rollú Faofa	Iontráil M.Fó '18	Iontráil M.Fó '18
Gaelscoil Léim an Mhadaidh	Léim an Mhadaidh	Faoi Chothabháil Eile	101	100	13	22
Gaelscoil Neachtain	Dún Geimhin	Faoi Chothabháil Eile	121	130	22	21
Bunscoil Naomh Bríd	Machaire Rátha	Faoi Chothabháil Eile	162	154	24	27
Gaelscoil na Speiríní	Baile na Scríne	Faoi Chothabháil Eile	60	58	10	7
Gaelscoil an tSeanchaí	Machaire Fíolta	Faoi Chothabháil Eile	109	120	17	20
IOMLÁN			553	562	86	97

Tá rolluithe réasúnta fóna atá ag fás ag na scoileanna sa cheantar agus tá an t-Aonad i dTír Chiana i ndiaidh an tairseach le bheith ina scoil neamhspleách a shárú.

Naíscóileanna (Réamhscoileanna GS)


Tá seacht Naíscóil deonach agus dhá scoil reachtúil sa cheantar, mar a leanas:

Ainm	Suíomh	Cur síos	Rollú 2019/20	1 ^ú Rogha M.Fó. 2019
Naíscóil Léim an Mhadaidh	Léim an Mhadaidh	Deonach	24	19
Naíscóil Neachtain	Dún Geimhin	Reachtúil	26	18
Naíscóil Mhachaire Rátha	Machaire Rátha	Deonach	15	13
Naíscóil na Speiríní	Baile na Scríne	Deonach	18	20
Naíscóil an tSeanchaí	Machaire Fíolta	Reachtúil	22	16
Naíscóil Charn Tóchair	Carn Tóchair	Deonach	26	18
Naíscóil Ghleann an Iolair	Gleann Iolair	Deonach	8	6
Naíscóil Ghreanacháin	An Suaitreach	Deonach	7	7
Naíscóil na Fíobha	Tuaim	Deonach	11	8
IOMLÁN			157	125

Tá sé d'acmhainn ag bunús na Naíscóileanna a rollú a mhéadú agus an earnáil a leathnú sa cheantar seo. Is gá iontrálacha a neartú sna réamhscoileanna a bunaíodh ar na mallaibh agus tá CnaG ag obair leis na coistí éagsúla chuige sin.

6.7.2 Treochtaí Rolluithe

Léiríonn an graf thíos an fás sách seasta a bhaineann le fás na hearnála seo le 10 mbliana anuas.



Léiríonn an graf thuas láidreacht na hearnála laistigh den cheantar seo agus an bunús fírláidir a leanfaidh de thacú le hiarbhunscóil inmharthana agus rathúil atá lonnaithe i nDún Geimhin.

De na ceantair uilig is i gContae Dhoire a bhí an ráta fáis is airde sa GS le 10 mbliana anuas - ag fás ó líon sách íseal 177 dalta faoi 300% le linn na tréimhse. D'fhás rolluithe iomlána le 5 bliana anuas faoi bhreis agus 44% ó 384 dalta go 553, rud a léiríonn an mhúinín bhreise áitiúil as GS agus riachtanais na hearnála sa cheantar atá ag fás go rábach.

Léiríonn na táblaí thíos mionsonraí na dtreochtaí rolluithe i Naíscóileanna agus Gaelscóileanna an cheantair seo.

Líon Páistí ag Teach as Naíscóileanna								
Naíscóil / Réamahscóil	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Naíscóil Léim an Mhadaidh	12	20	21	17	19	13	26	24
Naíscóil Neachtain	24	18	22	7	20	21	24	26
Naíscóil Mhachaire Rátha	16	15	12	19	16	11	13	15
Naíscóil Charn Tóchair	14	9	13	15	13	15	15	18
Naíscóil na Speiríní	8	11	12	19	11	13	13	22
Naíscóil an tSeanchaí	17	25	24	20	26	19	19	26
Naíscóil Ghleann an Iolair	-	-	16	10	16	20	16	8
Naíscóil Ghreanacháin	-	-	-	-	-	-	8	7
Naíscóil na Fíobha	-	-	-	-	-	-	13	11
Iomlán	91	98	120	107	121	112	147	157

Miondealú ar Iontrálacha Bunscoile								
Bliain	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Gaelscoil Léim an Mhadaidh	8	11	17	15	15	16	13	22
Gaelscoil Neachtain	14	23	14	14	13	23	22	21
Bunscoil Naomh Bríd	14	21	20	20	27	27	24	27
Gaelscoil na Speiríní	8	4	8	9	13	9	10	7
Gaelscoil an tSeanchaí	17	16	18	21	16	20	17	20
Iomlán	61	75	77	79	84	95	86	97
Fás le 5 bliana anuas - coibhéiseach agus oll-líon bliantúil							4.7%	26%

Rolluithe Iomlána i nGaelscoileanna								
Bliain	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Gaelscoil Léim an Mhadaidh	30	36	53	68	82	94	93	101
Gaelscoil Neachtain	63	68	90	86	93	109	122	121
Bunscoil Naomh Bríd	99	88	110	115	127	140	151	162
Gaelscoil na Speiríní	33	36	41	49	49	56	61	60
Gaelscoil an tSeanchaí	47	59	90	99	106	112	112	109
Iomlán	272	287	384	417	457	511	539	553
Fás le 5 bliana anuas - coibhéiseach agus oll-líon bliantúil							7.6%	44%

Léiríonn na figiúirí thuas go bhfuil patrúin láidre rolluithe ag bunús na scoileanna. Le fírinne, cuireadh isteach níos mó iarratais ar rollú ná a bhfuil spás ann dóibh le ceithre bliana anuas agus tá gá práinneach ann roghanna a bhreithniú le haghaidh soláthar a leathnú sa cheantar seo.

Léiríonn iarrachtaí rathúla ar na mallaibh chun rollú a mhéadú i Naíscoil na Speiríní gur dócha go méadóidh na rolluithe seo sna blianta atá le teacht.

Tharla stad le rolluithe i nGaelscoil Neachtain agus i nGaelscoil na Speiríní le blianta beaga anuas. B'fhéidir gurbh é an chúis atá leis seo go bhfuil an chóiríocht go dona ar fad, go háirithe nuair a chuirtear i gcomparáid í le scoileanna Béarla sa cheantar. Tá bogadh chuig suíomh buan de dhíth go géar ar Ghaelscoil an tSeanchaí.

Le bunú Naíscoil na Fíobha i dTuaim in aice lámhe mar réamhscoil fhriothálach, táthar ag dúil le tuilleadh fáis ar Ghaelscoil an tSeanchaí, rud a tharraingíonn tuilleadh airde ar an ghá atá le hathlonnú i suíomh agus foirgneamh úr scoile.

Go ginearálta, léirítear sna figiúirí fás láidir i rolluithe agus iontrálacha sa cheantar le cúig bliana anuas - d'fhás iontrálacha R1 faoi 28% (5.0% sa bhliain) agus d'fhás rolluithe foriomlána ar an dóigh chéanna faoi líon ard dar suim 44% (7.6% sa bhliain ar an mheán).

6.7.3 Rátaí Aistrithe

Naíscoil – Gaelscoil

Léirítear sa tábla seo a leanas na rátaí aistrithe idir Naíscoileanna agus Gaelscoileanna le cúpla bliain anuas.

Ráta Aistrithe Réamhscoil go Bunscoil GS								
	2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019
Ag Teacht as Naíscoileanna	91	91	98	120	107	121	112	147
Líon ag Dul ar Aghaidh chuig Bunscoil GS	61	75	77	79	84	95	86	97
Ráta Aistrithe	67%	82%	79%	66%	79%	79%	77%	66%

Léirítear leis seo ráta aistrithe seasta go leor ó réamhscoil go bunscoil GS. Tá an meánráta aistrithe ag 73% le cúig bliana anuas agus tá iontrálacha níos airde indéanta sna bunscoileanna áitiúla GS. Tá dhá réamhscoil bhreise bunaithe le cúpla bliain (Naíscoil Ghreanacháin & Naíscoil na Fíobha) agus de réir mar a chuirfear bonn fúthu ina ndúichí féin, táthar ag dúil go gcuirfidh siad le líon méadaitheach daltaí mar iontrálacha áitiúla R1 sna blianta atá romhainn.

Beidh sé tábhachtach aird ar leith a thabhairt ar an fhéidearthacht go méadófar na rátaí aistrithe ón Naíscoil i nGleann an Iolair go dtí an soláthraí bunscolaíochta GS is cóngaraí, .i. Bunscoil Naomh Bríd, Aonad GS i dTír Chiana agus na himpleachtaí don fhorbairt ag an ionad sin.

Gaelscoil – Meánscoil (Iarbunscoil GS)

Gaelcholáiste Dhoire, lonnaithe i nDún Geimhin, a chuireann soláthar iarbhunscolaíocht GS ar fáil sa cheantar seo.

Ghlac Gaelcholáiste Dhoire a céad iontráil dalta i Meán Fómhair 2015 as an iomlán de 23 dalta R7 tharraing sí 13, agus 3 dhalta eile ó bhliain 8 a roghnaigh bliain 8 a dhéanamh arís i nGaelcholáiste Dhoire.

Má chuirimid san áireamh an treocht in aistriú daltaí ó bhunscoileanna GS an cheantair, mhéadaigh aistriú daltaí R7, 57% sa chéad bhliain, go malltríallach ó shin go dtí 63% in 2019. Mar a léiríodh i míreanna eile den tuairisc seo cheana, meallann an scoil roinnt daltaí ó Chathair Dhoire agus an Srath Bán as siocair gan aon soláthar iarbhunscolaíocht GS a bheith sna ceantair sin. Tháinig fás suntasach san aistriú ón cheantar seo ó bunaíodh an scoil ó náid i Meán Fómhair 2015 go 36% i Meán Fómhair 2019.

Cuireann sé seo casadh beag sa scéal maidir leis an anailís agus réamh-mheastacháin ar an earnáil iarbhunscolaíochta sa cheantar seo. Mar sin de, léirítear an líon ag aistriú ó gach ceantar faoi seach ar leithligh agus úsáideadh rátaí aistrithe ar leith dóibh. Tá ráta aistrithe an ama atá caite sa tábla seo a leanas.

Aistriú ó Bhunscoil go hIarbhunscoil GS					
Bliain Aistrithe	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Co. Dhoire Tuaithe					
Líon Iomlán ag Teacht as R7	23	43	38	47	63
Líon ag aistriú go Gaelcholáiste Dhoire	13	23	22	29	40
Ráta Aistrithe	57%	53%	58%	62%	63%
Cathair Dhoire & An Srath Bán					
Líon Iomlán ag Teacht as R7	79	75	53	56	45
Líon ag aistriú go Gaelcholáiste Dhoire	0	9	13	13	16
Ráta Aistrithe	0%	12%	25%	23%	36%
Iontrálacha Bliain 8 Ghaelcholáiste Dhoire					
	13	32	35	42	56

6.7.4 Cóiríocht

Tá an gá atá le measúnú mionsonraithe bonnlíne a choimisiúnú ar na srianta cóiríochta san earnáil GS sainaitheanta againn agus tá súil againn go ndéanfar é seo sna míonna atá romhainn. Sá tábla thíos, áfach, tá achoimre ar an bhail atá ar an chóiríocht sa cheantar agus na srianta a bhaineann leis an chóiríocht.

Gaeilscoil an tSeanchaí	
Cur síos ar an stádas reatha	Stádas Inmharthanacht Chaipitil
Cur síos ar na Foirgnimh	Tá an scoil suite laistigh d'iar-réamhscoil reachtúil a tógadh c. 1895. Tá 2 sheomra ranga laistigh d'fhoirgneamh buan, 2 laistigh d'fhoirgneamh úr modúlach agus ceann amháin laistigh de sheomra ranga soghluaiste réamhdhéanta atá tuairim is ar 20 bliain d'aois ar a laghad.
Srianta Reatha	<p>Tá srianta tromchúiseacha ann, a d'fhéadfadh cumas na scoile eispéireas oideachais inghlactha a sholáthar dá cuid daltaí a chur i mbaol, mura dtabharfar fúthu mar ábhar práinne. Ní bheidh sé indéanta go fisiciúil freastal ar an rollú atá ag méadú agus rachaidh sé seo i bhfeidhm go diúltach ar fhás na scoile.</p> <p>Tá an chóiríocht laistigh den scoil an-teoranta don rollú reatha. Níl aon áiseanna spóirt inmheánacha ná seachtracha ann, tá na háiseanna súgartha an-teoranta, níl ceaintín ann, tá an spás páirceála teoranta agus contúirteach, agus tá an iomad saincheisteanna ann maidir le cosaint leanaí agus sláinte agus sábháilteacht.</p> <p>Níl córas nasctha Aláram Dóiteáin sa scoil agus mar shuíomh oscailte, tá sé an-deacair é a bhainistiú, go háirithe i dtaca le páistí ar baol go n-éalódh siad. Caithfear na háiseanna spóirt agus leabharlainne a rochtain ar shiúl ón suíomh agus, mar sin de, bíonn gá le tuilleadh bail foirne agus tionchar diúltach ar an bhuiséad an toradh atá air sin.</p> <p>De bharr suirbhé a rinneadh ar na mallaibh ar áiseanna itheacháin na scoile, nó a n-easpa, moladh go leagfar na háiseanna reatha. Is leis an Údarás Oideachais suíomh na scoile agus níl sé fóirsteanach mar shuíomh buan don scoil.</p> <p>Tá caighdeán na cóiríochta agus an easpa áiseanna i gcoitinne i ngéar-chontráthacht leis na cúinsí san earnáil Bhéarla agus is saincheist iallaigh</p>

	iad maidir le forbairt agus fás na scoile seo.
Gaelscoil na Speiríní	
Cur síos ar an stádas reatha	Stádas Inmharthanacht Chaipitil
Cur síos ar na Foirgnimh	Tá an scoil suite i dtrí sheomra ranga soghluaiste ar thalamh iarscoile de chuid CSCfC.
Srianta Reatha	Tá spás súgartha faoin aer teoranta ag an scoil agus níl aon áiseanna spóirt, faoi dhíon ná faoin aer aici. Tá rochtain aici ar an fhoirgneamh Réamhscoile cóngarach d'áiseanna teoranta spóirt. Tá an suíomh ar a bhfuil an scoil lonnaithe ar cíos ón lontaobhas Deoise agus ní bheadh sé fóirsteanach mar shuíomh fadtéarmach don scoil. Tá an rollú anois ag sárú Rollú Faofa na scoile agus níl spás ar bith fágtha. Suíomh agus foirgnimh úra de dhíth go práinneach.
Gaelscoil Léim an Mhadaidh	
Cur síos ar an stádas reatha	Stádas Inmharthanacht Chaipitil
Cur síos ar na Foirgnimh	Tá an scoil lonnaithe in 5 Sheomra ranga (dhá fhoirgneamh mhodúlacha agus dhá rang iontu beirt agus foirgneamh dara láimhe amháin ina bhfuil seomra Rang a 1).
Srianta Reatha	Tá an scoil suite ar shuíomh shealadach laistigh de chóiríocht shealadach, gan aon áiseanna spóirt faoi dhíon ná faoin aer, gan cheaintín agus le háiseanna teoranta súgartha faoin aer. Díoladh an suíomh le húinéir úr, forbróir réadmhaoine. Tá rún acu 34 teach a thógáil in aice leis an scoil, ag tosú go luath in 2020 agus rún acu geata na scoile a úsáid. Cruthóidh sé seo rioscaí tromchúiseacha Sláinte agus Sábháilteachta. Tá cead pleanála ann d'árasáin san áit a bhfuil an scoil suite faoi láthair. Tá níos lú ná dhá bhliain fágtha ag an scoil ar an léas reatha. Suíomh agus foirgnimh úra de dhíth go práinneach. Suíomh féideartha athlonnaithe ag iar-IPS Ghleann na Ró, á fhiosrú faoi láthair ag RO. Tá an scoil ainmnithe faoi choinne Liosta Tógáil Chaipitil RO 2019.
Bunscoil Naomh Bríd	
Cur síos ar an stádas reatha	Is aonad GS é seo atá ceangailte le Bunscoil Bhéarla Naomh Bríd, Tír Chiana, faoi rialú CSCfC.
Cur síos ar na Foirgnimh	Tá an scoil lonnaithe i bpáirt laistigh d'fhoirgneamh buan agus i bpáirt laistigh d'fhoirgnimh mhodúlacha. Tá trí sheomra ranga laistigh den fhoirgneamh buan agus trí sheomra ranga laistigh den fhoirgneamh úr modúlach.
Srianta Reatha	Tá an tAonad GS lonnaithe i 6 sheomra ranga san iomlán. Tá ceann amháin acu níos lú ná an ghnáthmhéid tógála (40 m. cearnach). Le gairid, cuireadh seomra ranga singil úr modúlach ar fáil de bhun MF fáis in 2019. Tá an treocht reatha fáis ag leanúint léi agus táthar imithe thar an Rollú Faofa cheana agus beidh cóiríocht agus suíomh breise de dhíth ar ball le déileáil leis an mhéadú a bhfuil súil leis. Roghanna Pleanáil Cheantair don bhealach chun cinn le fiosrú.
Gaelscoil Neachtain	
Cur síos ar an stádas reatha	Is Bunscoil Rialaithe í seo a bhfuil Stádas Inmharthanacht Chaipitil aici.
Cur síos ar na Foirgnimh	Tá an scoil lonnaithe laistigh d'iarbhunscoil rialaithe athchóirithe de chuid na hearnála Béarla agus is foirgneamh de chaighdeán an-ard é.
Srianta Reatha	Níl aon srianta láithreacha ag an scoil ach féadfaidh gá a bheith ann le

	riachtanais chóiríochta breise de réir mar a leathnaíonn agus a fhásann an scoil sna blianta atá le teacht.
--	---

Gaelcholáiste Dhoire	
Cur síos ar an stádas reatha	Níl stádas inmharthanacht chaipitil ag Gaelcholáiste Dhoire go fóill.
Cur síos ar na Foirgnimh	Tá an scoil suite i sean-Chaisleán Dhún Geimhin agus i bhfoirgnimh mhodúlacha eile atá taobh leis an Chaisleán. Cuireadh cóiríocht bhreise leis bliain ar bhliain le riar ar bhunriachtanais seomra ranga na scoile.
Srianta Reatha	Tá an suíomh reatha iontach cúng agus níl halla spóirt ná halla tionóil ag an scoil. Níl ceaintín aici ná cóiríocht thánaisteach ar bith eile amhail seomra foirne, limistéar acmhainní, leabharlann ná seomraí saintógtha ceoil, teicneolaíochta nó ealaíne. Tá plean gnó, atá faofa ag an Roinn, ag an scoil le réimse cóiríochta a sholáthar a riarfaidh ar riachtanais na scoile sa mheántéarma, lena n-áirítear ionad spóirt in aice láimhe a cheannach agus tógáil bloc úr seomraí ranga, svuít teicneolaíochta agus svuít ealaíne. Go dtí go bhfeidhmeofar an plean gnó beidh an chóiríocht a bheidh ar fáil don scoil an-srianta go deo. Táthar ag dúil go mbeidh an t-ionad spóirt ar fáil don scoil le linn scoilbhliain 2020/21 agus go gcuirfear an chóiríocht eile ar fáil le linn na chéad bhliana acadúla eile.

Taobh amuigh de Ghaelscoil Neachtain, níl cóiríocht/suíomhanna/áiseanna na scoileanna GS chomh maith céanna ar chor ar bith leo siúd i scoileanna san earnáil Bhéarla agus tá sé seo aitheanta ag CnaG mar ghné shuntasach a chuireann srian ar fhorbairt na hearnála GS sa cheantar.

6.7.5 Acmhainneacht le haghaidh fás GS

Tá GS sa cheantar i ndiaidh fás go gasta le deich mbliana anuas agus thacaigh bunú Naíscoileanna agus Gaelscoileanna úra leis seo. Tá go fóill acmhainneacht shuntasach le haghaidh fáis i rolluithe laistigh de na Naíscoileanna atá ann cheana agus Naíscoileanna eile a bunaíodh ar an Suaitreach agus i dTuaim ar na mallaibh chun an soláthar sa cheantar a mhéadú a thuilleadh. Tá srianta ann, áfach, a gcaithfear déileáil leo chun riar ar an fhás sna blianta atá le teacht. Tá cáilíocht na cóiríochta agus acmhainn na suíomhanna atá ann cheana sa scoilcheantar ina bhfachtóirí sriantacha maidir le cumas na hearnála fás agus caithfear déileáil leo.

Ag brath ar na saincheistean a bhaineann le cóiríocht agus eile sna Gaelscoileanna a réiteach, tá go fóill acmhainneacht shuntasach le haghaidh fáis sna Gaelscoileanna.


Ar an dóigh cheana, má réitítear riachtanais mheántéarmacha chóiríochta iarbhunscolaíocht GS, is dócha go bhfeabhsófar aistriú go dtí iarbhunscolaíocht GS. Tá ró-éileamh ar áiteanna san aonad Gaelscolaíochta i dTír Chiana fosta, agus gá práinneach ann an acmhainn a mhéadú sa cheantar seo óir d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag an éiginnteacht a bhaineann le háit a aimsiú ar fhás na hearnála.

6.7.6 Réamh-mheastacháin – Bunscoileanna

Tá fás an-láidir sna rolluithe sa scoilcheantar le deich mbliana anuas, le meán de 4.7% in aghaidh na bliana. Táthar ag súil go bhfanfaidh na rátaí fáis láidir go leor agus glactar leis sna réamh-mheastacháin go mb'fhéidir go mbeadh laghdú beag san fhás seo faoi 1% sna cúig bliana atá

romhainn. Mar sin de, is é 3.7% an cás réadúil fáis agus chuir muid 1% le fás an ama atá caite mar an chás dhóchasach (.i. 56.7%) sa cheantar seo. Fás 0% an cás éadóchasach.

Léiríonn an graf thíos an tionchar a bheidh ag na réamh-mheastacháin thuas ar an earnáil sna seacht mbliana atá le teacht.




Léiríonn an cás réadúil 3.7% fás de 167 dalta, nó 30.2% den mhéid iomlán san earnáil laistigh den cheantar ó 553 to 720. Ciallaíonn sé seo impleachtaí ollmhóra do riachtanais forbartha na hearnála sna blianta atá le teacht, maidir le cóiríocht bhreise, múinteoirí breise agus tuilleadh áiseanna teagaisc. Léirítear sa chás éadóchasach féin, agus gan aon fhás i rolluithe, go bhfásann an earnáil le 83 dalta nó 15% mar gheall ar an éileamh foliagh.

6.7.7 Réamh-mheastacháin - Iarbhunscoileanna

Chuir muid san áireamh an treocht fáis sna rátaí aistrithe ó bhunscoileanna GS go Gaelcholáiste Dhoire mar atá leagtha amach i mír 6.7.4 thuas. Faoi láthair, is thart faoi 63% de na páistí a fhágann bunscóileanna GS i scoilcheantar Chontae Dhoire tuaithe agus 36% de na páistí a fhágann bunscóileanna GS i scoilcheantar Chathair Dhoire/Srath Bán atá i gceist. Ar mhaithe lenár réamh-mheastacháin, ghlac muid leis go méadódh na rátaí seo beagán sna cúig bliana atá romhainn go dtí

65% agus 38% faoi seach. Léirítear sa tábla thíos an iontráil bhliantúil réamh-mheasta agus an rollú foriomlán réamh-mheasta i nGaelcholáiste Dhoire go dtí scoilbhliain 2025/26.

Aistriú Réamh-mheasta Bunscoil go hIarbhunscoil GS							
Bliain Aistrithe	20/21	21/22	22/23	23/24	24/25	25/26	
Co. Dhoire Tuaithe							
Líon ag Teacht as R7	67	78	75	77	93	86	
Líon ag Aistriú go Gaelcholáiste Dhoire	42	50	48	50	60	56	
Ráta Aistrithe	63.0%	63.5%	64.0%	64.5%	65.0%	65.0%	
Cathair Dhoire & An Srath Bán							
Líon ag Teacht as R7	58	52	62	73	78	82	
Líon ag Aistriú go Gaelcholáiste Dhoire	21	19	23	27	30	31	
Ráta Aistrithe	36%	36.5%	37.0%	37.5%	38.0%	38.0%	
Iontrálacha Bliain 8 Ghaelcholáiste Dhoire	63	69	71	77	90	87	
<i>Iontrálacha mar % de rollú iomlán an dá cheantar</i>	<i>50%</i>	<i>53%</i>	<i>52%</i>	<i>51%</i>	<i>53%</i>	<i>52%</i>	
Rollú Réamh-mheasta GCD	234	287	340	373	421	480	



Léirítear sna figiúirí thuas, fiú le méadú an-mheasartha sna rátaí aistrithe ó Chontae Dhoire agus Cathair Dhoire, go méadóidh iontrálacha bliantúla go Gaelcholáiste Dhoire go dtí 90 faoi Mheán Fómhair 2025. Dá mbunófaí soláthar iarbhunscolaíochta i gCathair Dhoire roimh 2025/26, is dócha gur thart ar 60 an líon a bheadh ag freastal ar Gaelcholáiste Dhoire as Contae Dhoire Tuaithe, ag ardú ina dhiaidh sin go dtí breis mhaith agus 70 de thairbhe líon níos airde páistí ag teacht as earnáil bhunscolaíocht GS.

6.7.8 Pleanáil Ceantair/ Cuspóirí Forbartha

Bunaithe ar an anailís agus na réamh-mheastacháin thuas, rinneadh réimse cuspóirí maidir le forbairt agus pleanáil ceantair a shainaithint.

Tá na cuspóirí seo a leanas bunaithe ar mheasúnú riachtanais na scoileanna/na n-aonad GS éagsúla agus glactar leis go mbeidh fás réadúil ann i rolluithe bunscolaíocht GS.

Tá roinnt Tosaíochtaí Forbartha atá práinneach laistigh den cheantar, mar a leanas:

1. Bunscoil Naomh Bríd, Machaire Rátha - Méadú soláthair GS.

Bhí BS Naomh Bríd faoi réir Moladh Forbartha fás iontrálacha agus rollúcháin in 2018. Tá an scoil thar a hacmhainneacht cheana féin agus tá gá práinneach ann réiteach áitiúil Pleanáil Cheantair a fhorbairt le plé go straitéiseach le héileamh méadaitheach ar GS sa cheantar.

Gníomh: CnaG agus CCMS i gcomhar leis na hlontaobhaithe agus leis an scoil réiteach fadtéarmach féideartha a fhiosrú le riar ar an éileamh méadaitheach ar GS sa cheantar agus an riachtanas atá leagtha amach i bhfaomhadh RO an Mholta Forbartha (DP 531).

2. Gaelscoil an tSeanchaí – Athlonnú Soláthair

Tá daltaí breise ag GS an tSeanchaí anois ag teacht as Naíscoil na Fíobha, naíscoil úr i dTuaim. Tá an scoil róphlódaithe ar fad ina suíomh reatha agus tá géarghá le hathlonnú chuig suíomh fóirsteanach le go bhfásfaidh sí a thuilleadh. Rinneadh aonad reachtúil réamhscolaíochta na scoile a athlonnú i mbliana chuig seansuíomh *Magherafelt Primary School*. Tá plé leanúnach idir lámha le RO maidir le hathlonnú na coda eile den Bhunscoil ar an suíomh céanna agus feidhm a bhaint as cóiríocht na seanscoile le cois aonaid mhodúlacha úra.

Gníomh: CnaG leanúint den rannpháirtíocht le RO, ÚO agus an scoil maidir lena hathlonnú chuig seansuíomh *Magherafelt Primary School*. Tá an rogha is fearr leis an scoil sainaitheanta le RO agus ÚO.

3. Gaelscoil na Speiríní - Suíomh úr de dhíth agus rolluithe a mhéadú

Tá Gaelscoil na Speiríní lonnaithe i suíomh an-srianta agus tá an rollú ag sárú na hacmhainneachta agus a figiúirí faofa rollúcháin. De réir líon daltaí na Naíscoile, tá treocht chun fáis ann a bhféadfaí inbhuanaitheacht teacht dá toradh. Is constaic é an suíomh srianta ar fhás amach anseo agus tá géarghá le suíomh úr don scoil níos cóngaraí do mhórphobal Bhaile na Croise.

Gníomh: CnaG leanúint den obair leis an scoil agus Naíscoil le rolluithe agus iontrálacha a mhéadú agus obair i bpáirt leis an RO le deiseanna athlonnaithe a fhiosrú chuig suíomh níos fóirsteanáil le riar ar an fhás leanúnach.

4. Gaelscoil Léim an Mhadaidh – Suíomh agus Cóiríocht de Dhíth

Tá an scoil ag fás léi agus tá sí thar a rollú faofa don suíomh reatha. Tá úinéir a suímh (ar léas agus dhá bhliain fágtha) i ndiaidh a chur in iúl dóibh go mbeidh an suíomh de dhíth orthu le tithe a thógáil ag deireadh an léasa. Tá riachtanas práinneach ann faoi choinne suíomh agus foirgneamh úr don scoil a luaithe agus is féidir.

Gníomh: CnaG le bheith ag obair i bpáirt leis an scoil, le RO agus ÚO le suíomh cuí eile a shainaithint agus a fháil agus pleanáil i dtreo an athlonnaithe agus soláthar foirgneamh úr scoile a luaithe agus is féidir. Tá seansuíomh *Roe Valley IPS* á fhiosrú faoi láthair.

5. An Suaitreach - Daingniú NS Ghreanacháin agus Forbairt soláthar Bunscolaíochta

Bunaíodh Naíscoil Greanacháin in 2018. Tá éileamh dearbhaithe, méadaitheach ar sholáthar bunscolaíocht GS ó thuismitheoirí. BS Naomh Bríd an sholáthar bunscolaíocht GS is cóngaraí agus tá sí lán. Tá curtha in iúl agus an bhunscoil áitiúil Bhéarla, *St. John's*, go mbeadh siad toilteanach aonad GS a chur ar fáil ar an Suaitreach le riar ar an éileamh.

Gníomh: CnaG dul i bpáirt leis an scoil agus CSCfC le MF agus CFC a thabhairt chun cinn le haonad GS a bhunú in *St. John's Primary school*.

6. Naíscoil na Fíobha – Suíomh agus Cóiríocht Bhuan.

Bunaíodh Naíscoil na Fíobha in 2018 agus í mar sholáthraí foirmiúil friothálach ag GS an tSeanchaí i Machaire Fíolta. Is gá an NS a athlonnú i gcóiríocht níos fóirsteanáil le go dtig léi fás a thuilleadh ar aon dul leis an éileamh áitiúil mar chuid de straitéis áitiúil Pleanáil Cheantair GS.

Gníomh: CnaG leanúint den obair le NS na Fíobha, GS an tSeanchaí agus an pobal áitiúil Gaeilge le suíomh úr a shainaithint.

7. Gaelcholáiste Dhoire – Soláthar Cóiríocht Fhaofa.


Tá na hiontaobhaithe, RO, ÚO ag obair i dtreo an chóiríocht chuí a sholáthar a riarfadh ar riachtanais mheántéarmacha na scoile, lena n-áirítear sealbhú an tseanionaid spóirt in aice leis an scoil agus tógáil bloc úr seomraí ranga, svúit teicneolaíochta agus svúit ealaíne.

Gníomh: CnaG leanúint de cibé tacaíocht is gá leis an chás gnó faofa seo a sholáthar.

6.8 Aontroim Thuaidh.

6.8.1 Achoimre ar an Soláthar Reatha

Tá soláthraí amháin GS sa cheantar seo, mar atá Naíscoil & Gaelscoil an Chaistil, Baile an Chaistil agus aithníonn Comhairle na Gaelscolaíochta an soláthar mar scoil a bhfuil tábhacht straitéiseach léi. Faoi láthair ní dócha go gcuirfead aon soláthar iarbhunscolaíocht GS ar fáil, bíodh sé neamhspleách nó mar shruth go dtí go mbunófar soláthar bunscolaíocht GS breise i mórcheantar Aontroim Thuaidh, Chontae Dhoire Thoir Thuaidh. Tá an ceantar le feiceáil ar an léarscáil seo a leanas:



Tá Naíscoil agus Gaelscoil an Chaistil lonnaithe i gComhairle Ceantair Chósta an Chlocháin agus na nGlinntí.


Seo a leanas mionsonraí faoin soláthar sa Ghaelscoil agus sa Naíscoil amháin sa cheantar:

Ainm na Scoile	Suíomh	Cineál Bainistíochta	Soláthar Reatha	Rollú Faofa	Iontráil M.Fó '18	Iontráil M.Fó '19
Gaelscoil an Chaistil	Baile an Chaistil	Faoi Chothabháil Eile	103	116	15	13

Ainm	Suíomh	Cur síos	Rollú 2019/20	1 ^ú Rogha M.Fó. 2019
Naíscóil an Chaistil	Baile an Chaistil	Reachtúil	14	13

6.8.2 Treochtaí Rolluithe

Léirítear sa ghráf thíos gur mhéadaigh an líon foromlán páistí GS seasta go leor le cúig bliana anuas. Dá thoradh sin, tá Gaelscoil an Chaistil iontach cóngarach de spriochairseach 15 dhalta sa bhliain/ 105 dalta a bhaint amach.



Mionsonraítear sna táblaí seo a leanas na buntreochtaí foriomlána sa Náiscoil agus Gaelscoil sa cheantar.

Líon Páistí ag Teacht as Naíscoileanna								
Naíscoil / Réamhscoil	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Naíscoil an Chaistil	22	20	16	25	26	22	14	14

Miondealú ar Iontrálacha Bunscoile								
Bliain	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Bunscoil an Chaistil	12	18	15	17	15	17	15	13
Fás le 5 bliana anuas - coibhéiseach agus oll-líon bliantúil							-2.5%	-13%

Rolluithe Iomlána ar Ghaelscoileanna								
Bliain	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Bunscoil an Chaistil	77	82	81	83	87	94	101	103
Fás le 5 bliana anuas - coibhéiseach agus oll-líon bliantúil							4.3%	23%

Bhí fás measartha ach seasta ag Gaelscoil an Chaistil le deich mbliana anuas, ach ar na mallaibh thit an líon iontrála ag an aonad réamhscolaíochta agus sa Ghaelscoil.

Dá ainneoin seo, léirítear sna figiúirí go ginearálta, fás suntasach rolluithe sa cheantar le cúig bliana anuas - d'fhás iontrálacha R1 faoi fhigiúr measartha, 8% (1.6% sa bhliain) agus bhí fás foriomlán 23% (4.3% sa bhliain) i rolluithe foriomlána. Is léir gur féidir iontrálacha a mhéadú sna blianta atá romhainn agus leanúint de rollú foriomlán na scoile a fhás.

6.8.3 Rátaí Aistrithe

Naíscoil – Gaelscoil

Léiríonn an tábla thíos na rátaí aistrithe ón Naíscoil go dtí an Ghaelscoil sa cheantar le blianta beaga anuas.

Ráta Aistrithe Réamhscoil go Bunscoil GS								
	2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019
Ag Teacht as Naíscoileanna	15	22	20	16	25	26	22	14
Líon ag Dul ar Aghaidh chuig Bunscoil GS	12	18	15	16	15	17	15	13
Ráta Aistrithe	80%	82%	75%	100%	60%	65%	73%	93%

Tá luainíú áirithe sa ráta aistrithe ach le cúig bliana anuas tá méadú bliain ar bhliain in iomlán rolluithe na scoile. Beidh sé tábhachtach an rollú sa Naíscoil a chobhsú agus a chinntiú go mbíonn rollú seasmhach atá os cionn na tairsí inmhathana oibriúcháin ag an Ghaelscoil, agus an scoil a fhás le bheith ina soláthraí láidir GS laistigh dá scoilcheantar i gcoitinne.

6.8.4 Cóiríocht

Tá an gá sainitheanta againn le measúnú bunlíne mionsonraithe a choimisiúnú faoi shrianta cóiríochta na hearnála GS, agus tá súil againn go ndéanfar seo le linn na míonna atá le teacht. Tugann an tábla thíos, áfach, achoimre ar riocht na cóiríochta sa cheantar, agus achoimre ar aon srianta a bhaineann leis an chóiríocht.

Gaelscoil an Chaistil	
Stádas Reatha	Stádas Inmhathacht Chaipitil
Cur síos ar na Foirgnimh	Tá an scoil lonnaithe laistigh de shé sheomra ranga nua-aimseartha mhodúla a bhfuil ceaintín ar an suíomh atá fóirsteanach do riachtanais reatha na scoile. Seomraí modúlacha ina bhfuil 4 sheomra ranga, leithris, ionad freastail bia agus halla ilfheidhme a fhóireann do spóirt faoi dhíon, halla dinnéir agus gníomhaíochtaí scoile; seomra modúlach ina bhfuil spás riaracháin lena n-áirítear oifig, seomra foirne, seomra sainriachtanas agus seomra acmhainní agus seomra modúlach ar a bhfuil colbha brící
Srianta Reatha	Tá ganntanas ginearálta spáis ar an suíomh. Tá an chóiríocht reatha, áfach, ag cur le Lámhleabhar RO. Is é an bac is mó atá ar an scoil faoi láthair an deighilt fhisiciúil idir na foirgnimh mhodúlacha uilig, rud a fhágann ciotach é do bhealach a dhéanamh tríd an scoil agus a fhágann na páistí i mbaol na drochaimsire agus iad ag bogadh ó spás go chéile.


6.8.5 Acmhainneacht le haghaidh fás GS

Tá acmhainneacht shuntasach le haghaidh fáis rolluithe laistigh den Naíscoil agus an Ghaelscoil atá ann cheana a bhfuil sé d'acmhainn acu bheith ina soláthraithe tábhachtacha GS laistigh den scoilcheantar i gcoitinne.

Tabharfaidh CnaG tús áite do chomhoibriú le Gaelscoil an Chaistil sna blianta atá le teacht le GS a chur chun cinn go háitiúil agus rolluithe na scoile a mhéadú.

6.8.6 Réamh-mheastacháin – Bunscolaíocht

Tá acmhainneacht agus cumas ag Gaelscoil an Chaistil an rollú a fhás ina scoilcheantar. Creideann CnaG gur léir go dtiocfadh leis an scoil fás go dtí iontráil bhliantúil 20+ páiste sna cúig bliana atá romhainn. Ar mhaithe lenár réamh-mheastacháin, áfach, ghlac muid le ráta fáis an ama atá caite, 1.6%, do na blianta atá le teacht agus chuir muid 2% leis le figiúr fáis 3.6% a fháil don chás dhóchasach. Léirítear sa ghráf seo a leanas na rolluithe réamh-mheasta bunaithe ar na figiúirí seo.



6.8.7 Pleanáil Ceantair/ Cuspóirí Forbartha

Bunaithe ar an anailís agus réamh-mheastacháin thuas, sainaitníodh réimse cuspóirí forbartha agus pleanáil cheantair.

Rolluithe a Mhéadú - Tá sé tábhachtach rolluithe seasta a méadú sa scoil agus an scoil a dhaingniú mar chroílár láidir fo-réigiúnach Ghaelscolaíochta a chuideoidh le tuilleadh forbartha laistigh den fho-réigiún.

- Gníomh:** CnaG leanúint de chomhoibriú leis an scoil le hiontrálacha agus rollú a méadú trí: a. Comhoibriú leis an Naíscoil lena rollú a mhéadú agus b. Líon na bpáistí a aistríonn ón Naíscoil go dtí an Ghaelscoil a mhéadú oiread agus is féidir.
- An soláthar laistigh d'Aontroim Thuaidh agus Co. Dhoire Thoir-Thuaidh a leathnú amach.** Na féidearthachtaí meántéarmacha a fhiosrú chun an clúdach geografach

sholáthair GS a leathnú amach laistigh d'Aontroim Thuaidh agus Co. Dhoire thoir-thuaidh, trí chomhoibriú le comhphobail leasmhara le soláthar breise, inmharthana réamhscoile agus bunscoile a mhéadú, go háirithe i gcomhchathracha Chúil Raithin agus an Bhaile Mheánaigh.

Gníomh: CnaG agus InaG comhoibriú le pobail áitiúla Ghaeilge / chultúrtha in Aontroim Thuaidh agus Co. Dhoire Thoir Thuaidh le soláthar féideartha úr a shainnithint.

6.9 Fear Manach


6.9.1 Achoimre ar an Soláthar Reatha

Níl aon soláthar iarbhunskoile GS sa cheantar seo i bhFear Manach faoi láthair. Cuimsíonn an ceantar aon scoil amháin, Bunscoil an Traonaigh agus aithníonn Comhairle na Gaelscolaíochta an soláthar mar scoil a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi.

In 2014, d'fhaomh an tAire Oideachais athlonnú na scoile chuig suíomh úr ag seanscoil *Lisnaskea High*. Mar gheall ar an mhoill leanúnach leis an chinneadh seo a thabhairt chun cinn, tá an scoil go fóill i gcoiríocht shealadach, mhífheiliúnach ar shuíomh atá thar a bheith cúng.

Faoi láthair, is beag seans go bhféadfaí iarbhunscóil neamhspleách nó sruth a chosaint sa cheantar seo. Mar sin féin, caithfear machnamh ar sholáthar iarbhunscolaíochta amach anseo don líon méadaithe daltaí atá ag teacht as an scoil.

Tá an ceantar ginearálta le feiceáil ar an léarscáil thíos;



Tá Naíscoil agus Bunscoil an Traonaigh lonnaithe i gComhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí.


Seo a leanas mionsonraí faoin soláthar sa Ghaelscoil agus Naíscóil amháin sa cheantar:

Ainm na Scoile	Suíomh	Cineál Bainistíochta	Soláthar reatha	Rollú Faofa	Iontráil M.Fó'18	Iontráil M.Fó'19
Bunscoil an Traonaigh	Lios na Scéithe	Faoi Chothabháil Eile	60	58	15	13

Ainm	Suíomh	Cur síos	Rollú 2019/20	1 ^ú Rogha M/Fo. 2019
Naíscóil an Traonaigh	Lios na Scéithe	Deonach	7	5

6.9.2 Treochtaí Rolluithe

Le deich mbliana anuas tharla méadú de réir a chéile i líon foriomláin pháistí GS i bhFear Manach ó bhun íseal, mar atá le feiceáil ar an ghraf thíos.



Léirítear sa ghraf go bhfuil rolluithe Bhunscoil an Traonaigh ag méadú go seasta le seacht mbliana anuas. Má leantar den treocht seo, le tacaíocht ó athlonnú chuig suíomh cuí a bhfuiltear ag tnúth leis le fada, is garr go mbainfidh agus go sáróidh an scoil an tairseach íosta rollúcháin.

Léirítear sna táblaí seo a leanas na buntreochtaí rolluithe i Naíscóil agus i nGaelscoil an cheantair.

Líon Páistí ag Teacht as Naíscoileanna								
Naíscoil / Réamhscoil	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Naíscoil an Traonaigh	9	8	11	4	9	16	16	7

Miondealú ar Iontrálacha Bunscoile								
Bliain	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Bunscoil an Traonaigh	8	7	7	11	4	8	15	13
Fás le 5 bliana anuas - coibhéiseach agus oll-líon bliantúil					13.2%		86%	

Rolluithe Iomlána ar Ghaelscoileanna								
Bliain	12/13	13/14	14/15	15/16	16/17	17/18	18/19	19/20
Bunscoil an Traonaigh	37	36	38	45	44	47	59	60
Fás le 5 bliana anuas - coibhéiseach agus oll-líon bliantúil					9.6%		58%	

6.9.3 Rátaí Aistrithe

Naíscoil – Gaelscoil

Léiríonn an tábla seo a leanas na rátaí aistrithe ón Naíscoil go dtí an Ghaelscoil le blianta beaga anuas.

Ráta Aistrithe Réamhscoil go Bunscoil GS								
	2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019
Ag Teacht as Naíscoileanna	7	9	8	11	4	9	16	16
Líon ag Dul ar Aghaidh go Bunscoil GS	8	7	7	11	4	8	15	13
Ráta Aistrithe	114%	78%	88%	100%	100%	89%	94%	81%

Tá an ráta aistrithe ó réamhscoil go bunscoil go seasta an-ard agus léiríonn sé sin cumas na réamhscoile deonaí agus na bunscoile comhchur chuige a fheidhmiú.

6.9.4 Cóiríocht

Tugann an tábla thíos achoimre ar aon srianta a bhaineann leis an chóiríocht don scoil:

Bunscoil an Traonaigh	
Stádas Reatha	Inmharthanacht Chaipitil
Cur síos ar na Foirgnimh	2 aonad soghluaiste dúbailte, a bhfuil trí sheomra ranga iontu ar shuíomh nach bhfuil fóirsteanach do riachtanais reatha agus fadtéarmacha na scoile agus bhí tionchar aige seo ar fhás na scoile.
Srianta Reatha	Tá riachtanais phráinneacha chóiríochta ag bunscoil an Traonaigh. Tá an chóiríocht reatha sa scoil easnamhach; níl spás súgartha faoi dhíon ann, agus

	<p>tá an spás súgartha faoin aer an-teoranta, níl páirc imeartha ann, níl halla spóirt ann, níl ceaintín ann, tá cóiríocht agus stóras foirne agus oifige teoranta.</p> <p>Ní leor an t-ionad freastail le riar ar an líon daltaí sa scoil agus bíonn ar roinnt daltaí lón a ithe ina seomraí ranga dá bharr.</p> <p>Tá gá práinneach le háiseanna imleor de réir Lámhleabhair Tógála an RO mar tá na háiseanna reatha ag cur bac ar fhás agus forbairt na scoile.</p> <p>Tá an mhoill leanúnach ar fheidhmiú chinneadh an Aire Bunscoil an Traonaigh a aistriú go suíomh úr gan achar ama cinnte go fóill. Táthar ag dúil go leagfaí iar-Ardscoil Lios na Scéithe roimh dheireadh na bliana airgeadais 2019/20. Tá géarghá le hachar ama cinnte.</p>
--	---


6.9.5 Acmhainneacht le haghaidh fáis in GS

Tá acmhainneacht shuntasach le haghaidh fáis rolluithe sa Naíscóil agus an Ghaelscoil atá ann cheana a bhfuil sé d'acmhainn acu a bheith ina soláthraithe tábhachtacha GS laistigh den scoilcheantar i gcoitinne. Ní mór fás i rolluithe réamhscoile teacht roimh aon fhás in iontrálacha Bunscoile

Tabharfaidh CnaG tús áite do chomhoibriú le haon chomhphobail a mbeadh suim acu oideachas GS a chur ar bun laistigh de mhórchéantar Fhear Manach/Deisceart/Lár Thír Eoghain i gcoitinne, le cuidiú le hacmhainn agus fáil ar GS a aimsiú do pháistí an cheantair seo.

6.9.6 Réamh-mheastacháin – Bunscolaíocht

Le blianta beaga anuas go háirithe, bhí treocht fáis ina rolluithe agus iontrálacha ag 13% sa bhliain ar an mheán agus rolluithe foriomlána ag méadú faoi 9.6%. Creidimid go bhfuil an scoil san áit a dtig léi leanúint dá rollú a mhéadú ina scoilcheantar agus, má thugtar di an tacaíocht chuí mhargaíochta agus cúnamh gur féidir rolluithe a mhéadú ar bhonn seasta dar suim 15+ páiste taobh istigh d'achar gairid ama. Mar sin féin, beidh sé doiligh leanúint den fhás iontrálacha mar a bhí le cúig bliana anuas. Mar sin de, laghdaíodh ráta fáis 13% an ama atá caite go dtí 10% sa chás dhóchasach agus faoi 4% eile go 6% i dtaca leis an fhás réadúil de. Léirítear sa ghraf seo a leanas na rolluithe réamh-mheasta bunaithe ar na figiúirí seo.



Léiríonn ár gcás réadúil 6% fás de 47 dalta nó 78% den mhéid fhoriomlán san earnáil laistigh den cheantar go 107, rud a sháraíonn an tairseach íosta rollúcháin. Léiríonn an cas diúltach a ghlacann leis nach mbeidh aon mhéadú fáis sa rollú bliantúil reatha méadú de 26 dalta nó 43%.

6.9.8 Pleanáil Cheantair/Cuspóirí Forbartha

Bunaithe ar an anailís agus réamh-mheastacháin thuas, sainithníodh réimse cuspóirí forbartha agus pleanáil cheantair.

Tá na cuspóirí seo a leanas laistigh den cheantar bunaithe ar mheasúnú ar riachtanais reatha maidir le soláthar GS agus glactar leis an chás fáis réadúil maidir le méadú i rolluithe GS.

1. Bunscoil an Traonaigh – Athlonnú go suíomh iar-Ardscoil Lios na Scéithe

Tá BS an Traonaigh ar shuíomh sealadach go fóill agus fadhbanna mór cóiríochta aici. In 2019, tugadh aonad nua amháin cóiríocht mhodúlach di. Tá gá práinneach ann go fóill, áfach, an scoil a athlonnú ar shuíomh úr a sainithníodh ag seanscoil *Lisnaskea High*. Níor sainithníodh ná níor dearbhaíodh riamh an suíomh páirceála don scoil agus táthar ag beartú tosú a leagan na bhfoirgneamh reatha in 2020.

Gníomh: CnaG leanúint den chomhoibriú le RO, ÚO, InaG agus leis an scoil lena chinntiú go n-athlonnófar agus go bhforbrófar an foirgneamh úr scoile a luaithe agus is féidir. Tá

ceanglas ann fosta a chomhaontú go n-athlonnófar an naíscoil fhriothálach chuig an suíomh úr fosta.

2. Soláthar i mórcheantar Fhear Manach/Thír Eoghain Theas a mhéadú.

Na féidearthachtaí meántéarmacha a fhiosrú le cumhdach geografach soláthar GS i mórcheantar Fhear Manach/Thír Eoghain Theas a mhéadú trí chomhoibriú le páirtithe leasmhara le soláthar breise réamhscolaíochta agus bunscolaíochta inmharthana a thógáil.

Gníomh: CnaG agus InaG comhoibriú le pobail áitiúla Ghaeilge / chultúrtha i mórcheantar Fhear Manach/Thír Eoghain Theas le soláthar úr féideartha a shainaitint.

3. Bunscoil an Traonaigh – Rollú Faofa a Mhéadú

Tá an scoil ag sárú a hacmhainneachta agus tig léi fás a thuilleadh. Tá moladh forbartha de dhíth leis an Rollú Faofa a mhéadú ar an scoil le gur fearr a léireofar an rollú reatha agus an ama atá le teacht.

Gníomh: CnaG tacú leis an scoil i bhforbairt agus i bhfoilsíú an MF leis an Rollú Faofa a mhéadú.

4. Soláthar Úr Iarbhunscolaíochta i gCeantar Fhear Manach

Sainaitníonn CnaG an gá le roghanna meán- go fadtéarmach a fhiosrú don soláthar iarbhunscolaíochta sa mhórcheantar. Oibreoidh CnaG i gcomhar le comhpháirtithe le cumas soláthar eile réamhscolaíochta agus bunscolaíochta a fhorbairt, le bonn inmharthana a chruthú don soláthar iarbhunscolaíochta GS.

Gníomh: CnaG comhoibriú le RO, ÚO agus le páirtithe bainteacha eile le roghanna a fhorbairt do bhreis soláthar GS ag gach leibhéal.

7.0 Ráitis Chonclúide: Samhail Fáis Earnála vs Samhail Fáis Gheografaigh

Feidhmeoidh an tuarascáil seo mar bhonn d'imeachtaí comhordaithe agus forbartha Chomhairle na Gaelscolaíochta sna blianta atá le teacht. Bainfear úsáid aisti le bonn eolais a chur faoin earnáil agus rannpháirtíocht agus ionchur gach páirtí leasmhar a chur i bhfeidhm i bpleanáil agus i bhforbairt na hearnála. Déanfar na tosaíochtaí agus na spriocanna sa tuarascáil seo a athbhreithniú agus breathnófar uirthi ar bhonn bhliantúil chun tacú le comhaontú a fhorbairt agus a chothú faoi fhorbairt na hearnála i measc agus eatarthu siúd uile atá páirteach sa Ghaelscolaíocht.

Tacóidh sí, go bunúsach, le planáil na hearnála trí shamhaltú riachtanais laistigh den earnáil. Chun na críche seo tabharfaidh an tuarascáil dhá shlí dhifriúla chun aghaidh a thabhairt ar fhás agus forbairt na hearnála Gaelscolaíochta a chur faoi chaibidil, mar a leanas:

Samhail Fáis Earnála

In alt 3 ghlac sé seo anailís ó bharr anuas ar an fhás earnála ar fud an tuaiscirt agus léirigh sé réamh-mheastacháin a bhaineann le patrúin stairiúla fáis na hearnála. Moladh an cur chuige seo san Athbhreithniú ar an Ghaelscolaíocht a foilsíodh sa bhliain 2008.

Samhail Fáis Gheografaigh.

Chruthaigh an tsamhail seo tuartha fáis bunaithe ar chur chuige ón bhun aníos trí bhreathnú ar gach ceantar geografach ar leith agus déanann sé réamh-mheastacháin fáis atá bunaithe ar na cúinsí áitiúla, ag cur patrúin fáis stairiúla laistigh de na ceantair atá i gceist san áireamh.

Taispeánann comparáid idir na samhlacha seo méid suntasach comhaontaithe, leis an tsamhail fháis gheografaigh níos mionsonraithe ag táirgeadh tuar fáis beagán níos airde ar an iomlán. Cuireann an tábla thíos an dá chur chuige i gcomparáid lena chéile maidir le ceann amháin de na réimsí a breithníodh – an rollú foriomlán réamh-mheasta san earnáil Bhunscoile sa bhliain scoile 2022/23 agus taispeánann sé na difríochtaí idir an dá chineál difriúil cur chuige seo.

	Éadóchasach	Réadúil	Dóchasach
Tuar Ceantair Gheografacha			
Béal Feirste Thiar agus Theas	1,318	1,465	1,534
Béal Feirste Thuaidh agus ceantair máguaird	596	680	729
An tIúr agus an Dún Theas	397	469	511
Ard Mhacha	713	797	839
Tír Eoghain Thoir agus Láir	649	670	748
Cathair Dhoire & An Srath Bán	525	603	624
Co. Dhoire Tuaithe	636	720	742
Aontroim Thuaidh	95	110	122
Fear Manach	86	107	117
Iomlán na dTuartha Ceantair	5,015	5,621	5,966
Tuartha Samhail Earnála	5,015	5,600	6,079
Difríocht	-	21	- 113

Tá an cás éadóchasach mar an gcéanna sa dá shamhail óir ghlac muid leis, maidir le gach ceantar, nach mbeadh méadú ar bith i rolluithe reatha. Tá an-chuid ailínithe i gcás réadúil an dá shamhail ach tuar beagán níos airde sa chur chuige gheografach níos mionsonraithe. Sa chás dhóchasach tá tuar i bhfad níos ísle sa chur chuige gheografach seachas cur chuige earnála.

Tá úsáid an dá chur chuige thuas an-úsáideach maidir le húsáid na samhla seo don athbhreithniú bliantúil ar na réamh-mheastacháin bunaithe ar fhaisnéis nuashonraithe nuair is féidir an t-eolas seo a ionchur mar shamhail gheografach áitiúil agus ní gá dúinn a bheith ag brath ar shamhail ghinearálta riachtanais earnálacha amháin.

Tá an cur chuige seo an-úsáideach fosta i bpleanáil le haghaidh riachtanais áiseanna don earnáil lena n-áirítear múinteoirí, cóiríocht, cúntóirí ranga, oibríthe réamhscoile, mar aon le riachtanais oiliúna agus buiséid agus riachtanais tacaíochta earnála a mheas.

Mar sin de, tá sé i gceist go mbeidh an tuarascáil seo ina bonn don athbhreithniú bliantúil ar riachtanais na hearnála i gcoitinne agus nach doiciméad aonair í. Tá an fhaisnéis staidrimh a ghabhann leis seo eagraithe sa dóigh go ligeann sé athbhreithniú bliantúil staidrimh a dhéanamh le réamh-mheastacháin nuashonraithe don earnáil do na blianta atá le teacht a tháirgeadh.

Is tábhachtach a chur in iúl go bhfuil planáil cheantair chuí in earnáil na Gaelscolaíochta ag brath go hiomlán ar an Roinn Oideachais feidhmiú de réir a nDualgais Reachtúil agus go ndéanann sí fás 'a spreagadh agus a éascú', go díreach agus trí mhaoiniú an ÚO araon.